RTÉ

DO MHEÁIN SEIRBHÍSE POIBLÍ

Tuarascáil Bhliantúil agus
Ráitis Airgeadais an Ghrúpa 2024

# BLIAIN SÚIL SIAR AR AN 2024

# IS É RTÉ EAGRAÍOCHT NÁISIÚNTA MEÁN CUMARSÁIDE SEIRBHÍSE POIBLÍ NA HÉIREANN - AR AN TEILIFÍS, AR AN RAIDIÓ, AR LÍNE AGUS AR GHLÉASRA SOGHLUAISTE.

An 64ú Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais an Ghrúpa do na 12 mhí dar chríoch an 31 Nollaig 2024 arna gcur faoi bhráid an Aire Ealaíon, Meán, Cumarsáide, Cultúir agus Spóirt de réir alt 109 agus alt 110 den *Acht Craolacháin 2009*.

Is féidir leagan Béarla den Tuarascáil a íoslódáil ó
www.rte.ie/annualreport
www.rte.ie/about/ie/policies-and-reports/annual-reports/

| | |
|---|---|
| 2 | Aisling, Misean & Luachanna |
| 4 | Ráiteas an Chathaoirligh |
| 6 | Athbhreithniú an Phríomh-Stiúrthóra ar an mBliain |
| 8 | Athbhreithniú Airgeadais |
| 17 | Seo RTÉ |
| 18 | 2024 i bhfigiúirí |
| 20 | Obair na Bliana 2024 |
| 40 | Ábhar na Bliana 2024 |
| 88 | Dáileadh |
| 90 | Staitisticí |
| 100 | Bord RTÉ |
| 108 | An Fhoireann Ceannaireachta |
| 112 | Rialachas Corparáide |
| 135 | Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird |
| 137 | Ráiteas ar Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird |
| 138 | Tuarascáil ón Iniúchóir Neamhspleách |
| 141 | Ráitis Airgeadais |
| 148 | Nótaí atá mar chuid de Ráitis Airgeadais an Ghrúpa |
| 203 | Aguisín le Ráitis Airgeadais an Ghrúpa – Láithreoirí ar an Aer agus an Fhoireann Ceannaireachta |
| 205 | Aguisín le Ráitis Airgeadais an Ghrúpa – Polasaithe Cuntasaíochta |
| 215 | Gealltanais Feidhmíochta 2024 |
| 218 | Eolas Tuairiscithe & Staitistice Eile |
| 219 | Stair Airgeadais |

# CUSPÓIR

Is é an cuspóir atá againn ná a bheith inár bhfoinse neamhspleách scéalta, nuachta, eolais agus siamsaíochta d'Éirinn, a léiríonn ilchineálacht a muintire agus a chuireann eispéiris ar fáil a shaibhríonn saol gach duine.

# AISLING

A bheith ina chrann seasta do chultúr na hÉireann trí spéis an lucht féachana agus éisteachta a mhealladh agus a shásamh le hábhar atá iontaofa, spéisiúil agus dúshlánach; trí iléagsúlacht ildánach dhomhain na tíre a cheiliúradh; agus trí chumas mhuintir na hÉireann a chothú.

# MISEAN

Cur le saol na hÉireann le hábhar atá ina lón machnaimh, foghlama agus siamsaíochta.

# LUACHANNA

Beidh dearcadh oscailte, ilbhreathnach ag RTÉ, an eagraíocht agus na daoine san eagraíocht sin, agus beidh tréithe na cruthaitheachta, an mheasa, na hinmharthanachta agus na freagrachta, na comhoibríochta agus na trédhearcachta ag rith leo, tréithe a léireoidh chomh maith na hiompraíochtaí seo leanas:

**An Dearcadh Ilbhreathnach**
Tuiscint dhomhain a léiriú ar an lucht éisteachta agus féachana agus ar a gcuid riachtanas. Am agus dua a chaitheamh le súil a choinneáil ar na hathruithe a thagann ar thírdhreach na meán.

**Cruthaitheacht**
A bheith acmhainneach agus nuálach i mbun lón ábhair a chruthú. A bheith cróga, sásta dul i bhfiontar agus sásta ciall a cheannach nuair nach n-éiríonn le beart.

**Meas**
Déileáil le daoine – baill foirne agus páirtnéirí san áireamh – le teann measa, fiú nuair nach é sin is furasta. Muinín a chothú trína bheith cóir, cothrom agus macánta maidir le cinntí a dhéantar.

**Inmharthanacht agus Freagracht**
Bainistíocht fhreagrach a dhéanamh ar an ngnó. A bheith freagrach dá chéile taobh istigh de RTÉ agus don lucht éisteachta agus féachana agus do na páirtithe leasmhara.

**An Comhar**
Oibriú le chéile agus beocht a chur in eagraíocht 'Aon RTÉ Amháin'. Oibriú i gcomhar le páirtnéirí chun riachtanais lucht féachana agus éisteachta RTÉ a shásamh.

**Trédhearcacht**
Cinntí a dhéanamh ar bhealach trédhearcach oscailte. Na cúiseanna le bearta a lua go neamhbhalbh.

# Ráiteas an Chathaoirligh

Bliain shuntasach inar tharla athruithe móra do RTÉ ab ea 2024: bliain a bhí ina dá leath ar go leor bealaí.

Ceapadh mé i mo Chathaoirleach ar Bhord RTÉ i mí an Mhárta 2024, tar éis don iarChathaoirleach, Siún Ní Raghallaigh, cinneadh a ghlacadh éirí as. D'fhoilsigh an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán dhá Thuarascáil, mar aon le moltaí, ón Sainchoiste Comhairleach i mí na Bealtaine; i mí an Mheithimh d'fhoilsigh RTÉ a straitéis cúig bliana – Treo Nua: Ráiteas Straitéise (2025–2029) – agus Creat Rialachais nua. I mí Iúil fuair RTÉ gealltanas ón Rialtas go gcuirfí maoiniú poiblí €725 milliún ar fáil don eagraíocht thar thréimhse trí bliana, cinneadh a thug deis do RTÉ pleanáil chun tosaigh le cinnteacht, rud a bhfuilimid fíorbhuíoch as. Nílimid ag déanamh beag is fiú den fhreagracht a bhaineann leis an gcinneadh seo.

Leagtar amach sa straitéis an chaoi, sna cúig bliana amach romhainn, a bhfreagróidh RTÉ don ghá atá ann lena chinntiú go ndéanfar athrú ó bhonn go práinneach ar mhaithe le muinín a chinntiú arís in RTÉ agus ina ábharthacht i measc an lucht féachana agus éisteachta, agus san earnáil neamhspleách thábhachtach. Ag an am céanna, tugann Creat Rialachais nua RTÉ treoir chuimsitheach do Bhord RTÉ, don bhainistíocht, don fhoireann agus do pháirtithe leasmhara seachtracha mar a bhaineann le socruithe rialachais RTÉ.

Nuair a foilsíodh an Straitéis agus an Creat Rialachais do RTÉ, dúirt mé go raibh dúshláin bhunúsacha ann a gcaithfeadh na meáin seirbhíse poiblí dul i ngleic leo, dúshláin nach bhfuil RTÉ slán uathu. Mar gheall ar an teicneolaíocht, ar na meáin shóisialta agus ar athruithe a bheith tagtha ar an gcaoi a n-úsáidtear faisnéis agus ábhar, tá saol nua cruthaithe, ina gcaithfidh RTÉ forbairt radacach a dhéanamh chun go mbeidh sé in ann leanúint ar aghaidh ag freastal ar shochaí na hÉireann agus ag tabhairt léargas ar shochaí na hÉireann sa todhchaí. Tugann straitéis RTÉ treochlár réalaíoch chun go bhféadfaidh RTÉ athrú. Tá fís na straitéise soiléir. Tá a bhunús airgeadais soiléir agus inbhuanaithe.

Mar sin féin, caithfear na botúin a deineadh san am atá caite a fhágáil inár ndiaidh. Ní mór leibhéil níos airde den rialachas corparáideach agus den trédhearcacht a bheith ag teacht le gach rud eile atá á dhéanamh ar fud RTÉ le cinntiú go dtiocfaidh athrú ar an gcultúr agus go mbeimid, ag an am céanna, ag freastal ar riachtanais ár lucht féachana agus éisteachta agus iad ag athrú. Bhain cuid mhaith de mo chuid oibre mar Chathaoirleach ar an mBord, anuraidh, agus bainfidh i mbliana agus amach anseo, le bheith ag obair le mo chomhghleacaithe ar an mBord, leis an bPríomh-Stiúrthóir agus leis an bhFoireann Ceannaireachta d'fhonn a chinntiú go gcomhlíonfaimid an gealltanas sin agus go mbeidh RTÉ ina eagraíocht atá dea-reáchtáilte, dea-rialaithe agus cuntasach. Tá sé seo ríthábhachtach chun go mbeidh muinín ag daoine as RTÉ arís: muinín nach raibh ann le tamall anuas.

Agus maoirseacht á déanamh ar chur i gcrích na straitéise agus tacaíocht á tabhairt dóibh siúd atá freagrach as an athrú mór a chaithfear a dhéanamh ar an eagraíocht, is gá a chinntiú ag an am céanna go gcuireann RTÉ na moltaí atá in dhá Thuarascáil an Choiste Chomhairligh Saineolaithe i gcrích. Léiríonn an méid oibre atá ar bun ag RTÉ chun na moltaí seo a chur i bhfeidhm go bhfuilimid ar fad tiomanta do bheith ag obair i gcomhar lenár bpáirtithe leasmhara ionas go gcuirfear muinín ionainn arís.

I measc na n-athruithe a chuireamar i gcrích in 2024 tá: go bhfuil feabhas tagtha ar an gcumarsáid laistigh de Bhord RTÉ agus leis an mBord; go bhfoilsítear miontuairiscí na gCruinnithe Boird ar RTE.ie/About gach ráithe; go gcuireann an Príomh-Stiúrthóir tuarascáil mhíosúil iomlán i bhfoirm scríofa ar fáil don Bhord anois chomh maith leis na Miontuairiscí go léir ó chruinnithe na Foirne Ceannaireachta; go ndearnadh nuashonrú ar Théarmaí Tagartha an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an Choiste Luach

Saothair agus Forbartha Bainistíochta agus gur foilsíodh iad; gur leanadh leis an obair chun an bhainistíocht riosca a fhorbairt mar uirlis thábhachtach don phleanáil eagraíochta agus don chinnteoireacht; go ndéanann an Fhoireann Ceannaireachta, ina hiomláine, tuarastail agus conarthaí láithreoirí nua, atá ag saothrú níos mó ná €100,000, a fhaomhadh anois sula gceadaíonn Coiste Luach Saothair an Bhoird iad; go bhfuil na Cláir de Ghníomhaíochtaí Seachtracha, Leasanna agus Bronntanais ar fad i bhfeidhm agus sonraí achoimre Chlár na nGníomhaíochtaí Seachtracha foilsithe gach ráithe i riaráistí; go mbíonn an chumarsáid leis an bhfoireann ag tarlú go rialta agus ar bhonn duine le duine (trí Ollchruinnithe míosúla an Phríomhstiúrthóra) agus in dhá threo, agus go n-áirítear leis seo an chumarsáid le bainisteoirí sinsearacha agus le grúpaí ionadaíocha foirne.

Maidir leis na feabhsuithe seo atá déanta ar na caighdeáin rialachais, ag leibhéal an Bhoird agus ar fud na heagraíochta, tá ról lárnach acu agus muid ag tacú le RTÉ athrú ó bhonn a dhéanamh ionas go mbeidh sé oiriúnach don todhchaí, go dtabharfaidh sé tacaíocht dá chomhpháirtithe san earnáil, go mbeidh ról níos lárnaí aige maidir le hearnáil dhinimiciúil neamhspleách fuaime agus físe a fhorbairt ar fud na hÉireann agus go n-éireoidh sé níos gaire agus níos tábhachtaí don lucht féachana agus éisteachta ar a bhfuil sé ag freastal.

Creidim go bhfuilimid ar an mbóthar ceart, agus, má oibrímid go crua agus go díograiseach ar bhonn leanúnach, go bhfanfaimid ar an mbóthar ceart.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don obair a rinne an Cathaoirleach a bhí ar Bhord RTÉ roimhe seo, Siún Ní Raghallaigh agus baill an Bhoird, P.J. Mathews, a d'éirigh as in 2024, Anne O'Leary, ar tháinig deireadh lena dara tréimhse i mí na Samhna 2024 agus Daire Hickey a d'éirigh as in Eanáir 2025. Chreid siad seo sa tseirbhís phoiblí agus in RTÉ agus chuidigh siad go mór agus iad ag obair sna róil a bhí acu. Ba mhaith liom freisin buíochas a ghabháil leis an iar-Aire Catherine Martin as an bplé a bhí aici le RTÉ le linn tréimhse a bhí corrach don eagraíocht. Táimid ag tnúth le rannpháirtíocht leanúnach a bheith againn le Patrick O'Donovan, TD ina ról mar Aire Ealaíon, Meán, Cumarsáide, Cultúir agus Spóirt.

**Terence O'Rourke**
Cathaoirleach, Bord RTÉ



# Athbhreithniú an Phríomh-Stiúrthóra ar an mBliain 2024

Nuair a bhreathnaím siar ar 2024, seasann rudaí áirithe amach i mbliain a bhí dúshlánach agus inar tharla go leor – ach bliain inar thaispeáin RTÉ an chaoi a bhfuil sé breá ábalta freastal ar an lucht féachana agus éisteachta agus an tír a thabhairt le chéile do chuimhneacháin a bhfuil tábhacht náisiúnta leo. Mar gheall ar an obair chrua a rinne an oiread sin de comhghleacaithe ar fud RTÉ, chomh maith lena dtiomantas agus a ngairmiúlacht, bhí roinnt buaicphointí againn in 2024 nuair a chuir RTÉ cláir agus ábhar den scoth ar fáil i mBéarla, i nGaeilge agus in ISL i rith na bliana.

Chuir RTÉ aicsean bríomhar spóirt beo ar fáil agus rinne sé ceiliúradh ar go leor éachtaí spóirt, ó na Cluichí Oilimpeacha agus na Cluichí Parailimpeacha go dtí Craobh na Sé Náisiún, Craobh na hEorpa agus craobhchomórtais CLG; bhí clúdach agus anailís den scoth ar thoghcháin, sa bhaile agus thar lear, lena n-áirítear Olltoghchán na hÉireann; chuir muid imscrúduithe agus cláir faisnéise a bhfuil duaiseanna buaite acu ar fáil, chomh maith le cláir dhrámaíochta, ealaíon, fhíorasacha agus shiamsaíochta, cláir raidió agus podchraoltaí beo ar ardchaighdeán, imeachtaí tarraingteacha ar fud na tíre, léirithe beo speisialta a raibh sciob sceab orthu, tacaíocht do ghrúpaí ealaíon agus do phobail, agus, trí achainí ríthábhachtach an RTÉ Toy Show Appeal, tacaíocht do leanaí agus dá dteaghlaigh ... chomh maith le go leor leor eile.

Cé go raibh go leor dúshlán romhainn i rith an ama, go háirithe i dtús na bliana – tagraím dóibh sin thíos – agus go raibh orainn an-lear leasuithe riachtanacha a chur i bhfeidhm ar an eagraíocht, d’fhág muid an scéal dár gcláir, dár n-ábhar agus dár seirbhísí agus tháinig an lucht féachana agus éisteachta chuig RTÉ, agus iad go minic níos líonmhaire ná riamh. Ábhar dóchais is ea an fás iontach a tháinig ar shruthanna an RTÉ Player – ardú 44% bliain i ndiaidh bliana, rud atá dochreidte, – agus an oiread daoine a bhí gafa le RTÉ.ie, lenár n-aipeanna RTÉ News agus RTÉ Radio Player agus lenár n-ábhar ar na meáin shóisialta. D’éirigh thar barr freisin le foireann Tráchtála RTÉ in 2024 i margadh a bhí an-iomaíoch, agus gineadh ioncam tábhachtach a thacaigh lenár n-ábhar agus lenár gcláir seirbhíse poiblí.

Gach bliain, tríd an scéim RTÉ Ag Tacú leis na hEalaíona, cuireann RTÉ tacaíocht thábhachtach ar fáil do go leor imeachtaí ealaíon go háitiúil agus go náisiúnta fud fad na hÉireann trí chomhpháirtíochtaí sna meáin agus go leor ábhar cultúir a chur ar fáil ar fud ár seirbhísí, chomh maith le ham craolta don bholscaireacht a thairiscint ar ár seirbhísí fuaime agus físe. Ó athsheoladh í in 2014, tá an scéim tar éis an tacaíocht a thugtar d’imeachtaí ealaíon agus cultúir na hÉireann a ardú 82%, ó 98 imeacht in 2014 go dtí 178 imeacht in 2024.

Bhí muid faoi bhrón freisin i rith 2024 mar gur bhásaigh roinnt cairde agus comhghleacaithe speisialta – an iomarca acu in aon bhliain amháin. Bhí na daoine seo tábhachtach do go leor againn, agus airímid uainn iad. Daoine a bhain leis an saol poiblí a bhí i gcuid acu, a raibh cion agus meas orthu. Tá a gcuimhní beo i gcónaí inár n-intinn agus ní dhéanfaimid dearmad orthu, ná ar a dteaghlaigh agus a gcairde.

Taobh amuigh dár gcláir agus dár n-ábhar, bhíomar dírithe go mór i rith na bliana ar rialachas agus ar chuntasacht RTÉ. Tá mé féin agus an Fhoireann Ceannaireachta nua fós dírithe go hiomlán ar an athrú a chur i gcrích a léiríonn gur eagraíocht dea-reáchtáilte, oscailte agus trédhearcach é RTÉ a thugann luach ar airgead agus a bhfuil an mhuinín a chuirtear ann tuillte aige.

In 2024 bhí tuilleadh athruithe déanta agus tharla ócaidí nach ndéanfar dearmad orthu ar an aistear seo. Tar éis di go leor a dhéanamh le dul i ngleic leis na fadhbanna a bhí ag RTÉ roimhe seo, d'éirigh Siún Ní Raghallaigh as bheith ina Cathaoirleach ar Bhord RTÉ i mí Feabhra agus ceapadh Terence O'Rourke sa ról i gcomharbas uirthi. D'fháiltigh muid roimh fhoilsiú Thuarascálacha an Choiste Chomhairligh Saineolaithe agus a gcuid moltaí, atá á gcur i bhfeidhm againn anois; lean muid lenár dtiomantas a bheith chomh trédhearcach agus is féidir, lena n-áirítear, gur foilsíodh Clár RTÉ de Ghníomhaíochtaí Seachtracha gach ráithe ó mhí Lúnasa i leith, mar a bhí geallta; gur chuireamar baill thábhachtacha nua le Foireann Ceannaireachta RTÉ agus gur sheolamar ár straitéis cúig bliana, a réiteoidh RTÉ don todhchaí. Agus den chéad uair le breis agus fiche bliain, fuaireamar maoiniú poiblí ilbhliantúil, rud a thugann aitheantas don tábhacht agus don luach a bhaineann le meán seirbhíse poiblí láidir agus neamhspleách in Éirinn agus a chuireann ar ár gcumas pleanáil chun tosaigh le cinnteacht. Rinne sé seo athrú ó bhonn agus cuirfidh sé ar chumas RTÉ athruithe suntasacha a dhéanamh agus tuilleadh a chur ar fáil don lucht féachana agus éisteachta.

Ag deireadh na bliana, i ríomhphost chuig foireann RTÉ, dúirt mé, cé go mbeidh a cuid dúshlán féin ag baint le 2025 agus go mbeimid ag déanamh roinnt cinntí tábhachtacha, go bhfuil mé an-dóchasach faoi RTÉ agus faoina bhfuil i ndán dó. Ar go leor ócáidí le linn 2024, thaispeánamar an chaoi a mbíonn RTÉ agus é i mbarr a mhaitheasa. Oibreoidh mé go dian leis an bhFoireann Ceannaireachta agus le Bord RTÉ chun go ndéanfar na cinntí cearta agus chun a chinntiú go mbeidh ról tábhachtach agus fiúntach ag RTÉ i gcónaí i saol na hÉireann.

**Kevin Bakhurst**
Príomh-Stiúrthóir, RTÉ



# Athbhreithniú Airgeadais

## Torthaí agus Brabús Oibriúcháin

Bhí brabús á dhéanamh athuair ag RTÉ in 2024 agus barrachas roimh cháin ioncaim de €5.3 milliún á thuairisciú aige le haghaidh 2024, i gcomparáid le heasnamh €10.3 milliún in 2023. B'ionann an teacht isteach ón táillí ceadúnais agus €174.3 milliún, rud a bhí seasmhach go leor i gcomparáid le 2023. Bhí maoiniú poiblí breise de €48.0 milliún bronnta in aghaidh na bliana, agus bhí €32.0 milliún de sin faighte in 2024. Tháinig ardú €7.4 milliún nó 4.9% ar an ioncam tráchtála mar gheall gur éirigh chomh maith leis an bhfógraíocht teilifíse agus dhigiteach.

San áireamh sa Bharrachas don bhliain tá an t-ús ar shócmhainn an phinsin sochair shainithe de €6.7 milliún (2023: €7.5 milliún), rinneadh an t-ioncam sin a fhritháireamh nuair a bhí leachtú déanta ar na lascaine ar sholáthairtí de €4.5 milliún (2023: €nialas), is míreanna neamhairgid iad an dá mhír seo.

Bhí go leor imeachtaí speisialta ar siúl in 2024 ó chraobhchomórtais UEFA Euro 2024, na Cluichí Oilimpeacha agus Parailimpeacha, an tOlltoghchán, na Toghcháin Áitiúla agus Toghcháin na hEorpa. B'ionann na costais iomlána a bhain leis na himeachtaí speisialta agus €13.7 milliún (2023: €7.4 milliún).

Tháinig laghdú €7.3 milliún ar acmhainní airgid ar láimh i rith na bliana. Tharla sé seo mar gheall ar an tionchar a bhíonn ag gluaiseachtaí diúltacha caipitil oibre, infheistíocht i gcaiteachas caipitil agus an aisíoc sceidealta ar fhiachais i rith na bliana.

## Achoimre ar na Buaicphointí Airgeadais

| | 2024 €m | 2023 €m | Athrú €m |
|---|---|---|---|
| Ioncam Tráchtála | **158.1** | 150.7 | 7.4 |
| Ioncam ón Táille Cheadúnais agus Maoiniú Rialtais | **222.3** | 193.3 | 29.0 |
| Ioncam Iomlán | **380.4** | 344.0 | 36.4 |
| Costais Oibriúcháin (gan Imeachtaí Speisialta a áireamh)* | **(348.5)** | (341.9) | (6.6) |
| **EBITDA** (roimh Imeachtaí Speisialta)** | **31.9** | 2.1 | 29.8 |
| Costais maidir le hImeachtaí Speisialta | **(13.7)** | (7.4) | (6.3) |
| EBITDA | **18.2** | (5.3) | 23.5 |
| Dímheas & Amúchadh | **(14.5)** | (11.8) | (2.7) |
| Glanioncam airgeadais | **1.6** | 6.8 | (5.2) |
| **Barrachas/(Easnamh) roimh Cháin** | **5.3** | (10.3) | 15.6 |
| **Cáin** | **0.2** | 1.2 | (1.0) |
| **Glanbharrachas/(Glaneasnamh) don Bhliain** | **5.5** | (9.1) | 14.6 |

* Costais Oibriúcháin roimh Dhímheas & Amúchadh agus gan costais incriminteacha maidir le hImeachtaí Speisialta a áireamh.

** EBITDA: Tuilleamh roimh Ús, Cáin, Dímheas agus Amúchadh.

## Ioncam Tráchtála

Is ionann ioncam tráchtála €158.1 milliún na bliana 2024 agus méadú 4.9% bliain ar bhliain (2023: €150.7 milliún). Ba é an chúis ba mhó a bhí leis seo ná gur tháinig ardú ar an ioncam ón Trádáil Teilifíse agus ón Trádáil Dhigiteach.

| | 2024 v 2023 Athrú €m | 2024 v 2023 Athrú % |
|---|---|---|
| **Ioncam Tráchtála 2023** | **150.7** | |
| Trádáil - Teilifís | 3.4 | 2.2% |
| Trádáil - Raidió | 0.6 | 0.4% |
| Trádáil - Digiteach | 2.8 | 1.9% |
| Ioncam Neamhthrádála Eile | 0.6 | 0.4% |
| Gluaiseacht Bliain ar Bhliain | **7.4** | 4.9% |
| **Ioncam Tráchtála 2024** | **158.1** | |

D'ardaigh an teacht isteach ón trádáil teilifíse mar gheall go raibh an oiread spóirt ar siúl le linn an tsamhraidh agus an-tóir ag an lucht féachana agus ag na fógróirí araon ar chraobhchomórtais UEFA Euro 2024 agus ar na Cluichí Oilimpeacha. D'éirigh le RTÉ dul chun cinn a dhéanamh ar aon dul leis an margadh fógraíochta teilifíse san iomlán, a d'ardaigh bliain ar bhliain. Ba iad na catagóirí a spreag an t-ardú seo ná Seirbhísí Teaghlaigh, Siopaí Tí agus Miondíol. Mar chúiteamh ar na harduithe seo bhí laghdú i gcás Deoch, Teileachumarsáid agus Mótair.

Tháinig ardú freisin ar ioncam trádála eile a bhain leis an teilifís, lena n-áirítear urraíocht agus suíomh táirgí, de réir mar a tháinig an aicme seo ar ais chuige féin agus níos mó éilimh air tar éis laghdú dhá fhigiúr a bheith tagtha air in 2023.

Bhí bliain mhaith ag an trádáil raidió, lena n-áirítear fógraíocht, urraíocht agus margaíocht. Tháinig ardú ar an bhfógraíocht raidió nuair a thosaigh fógraíocht raidió ar RTÉ Raidió na Gaeltachta den chéad uair. Tá fógróirí an-tógtha leis an tionscnamh seo, a thosaigh i R1 2024. Tháinig ardú ar an trádáil Raidió eile freisin de réir mar a tháinig ardú bliain ar bhliain ar an urraíocht agus ar fhuaim dhigiteach.

Tháinig ardú 29.5% ar ioncam ó thrádáil dhigiteach i gcomórtas le 2023. Is ionann ioncam VOD agus an ranníocóir is mó chuig ioncaim ó thrádáil dhigiteach. Tá fás 35% tagtha ar an trádáil dhigiteach ó 2022 i leith, rud a eascraíonn as an infheistíocht atá déanta ag RTÉ ina ardán digiteach agus ar an Player.

### Ioncam ón gCeadúnas Teilifíse agus Maoiniú Rialtais

Ós craoltóir seirbhíse poiblí démhaoinithe RTÉ ar a leagtar réimse leathan cúraimí faoin reachtaíocht, tá buntábhacht leis an leibhéal maoinithe poiblí a fhaightear chun ról na heagraíochta a chomhlíonadh. An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (DTCAGSM) atá freagrach as ioncam ó dhíolachán na gceadúnas teilifíse a bhailiú ó An Post (an t-aon ghníomhaire amháin maidir le ceadúnais teilifíse a dhíol) agus ón Roinn Coimirce Sóisialaí (DSP) i ndáil le ceadúnais teilifíse 'saor in aisce'. Déanann an DTCAGSM íocaíocht ansin le RTÉ as an airgead maidir le táillí ceadúnais a bhailítear.

As an €196.5 milliún a bailíodh maidir le ceadúnas teilifíse sa bhliain 2024, fuair RTÉ €174.3 milliún (89%) de. Baineadh úsáid as an gcuid eile den airgead ón táille ceadúnais, €22.2 milliún, chun na costais bailiúcháin agus muirir ghaolmhara An Post a íoc agus chun airgead a chur ar fáil do Chiste Fís & Fuaim Choimisiún na Meán (CnaM). Tháinig laghdú €4.0 milliún ar an teacht isteach ó na táillí ceadúnais a fuair RTÉ in 2024 i gcomparáid le 2023.

Déanann an DTCAGSM na rátaí seachanta Ceadúnais Teilifíse is déanaí atá ar fáil (2021) a ríomh agus léiríonn siad go bhfuil ráta seachanta 13.7% i measc tithe teaghlaigh agus áitribh ghnó ar cheart dóibh a bheith á íoc.

Ina theannta sin, fuarthas €48.0 milliún d'ioncam maoinithe ón rialtas in 2024.

### Costais Oibriúcháin

Tháinig ardú €6.6 milliún, nó 1.9% bliain ar bhliain, ar na costais oibriúcháin, gan imeachtaí speisialta a chur san áireamh. Tháinig laghdú €7.6 milliún ar chostais a bhaineann le pearsanra toisc nach raibh aon táille curtha i leith an tsoláthair conraitheora in 2024 i gcomparáid le muirear €7.1 milliún in 2023. Bhí an t-ardú deireanach ó chomhaontú pá ilbhliantúil na bliana 2022 agus costas na n-incrimintí pá a tugadh i gcás 2024 in ann cúiteamh a dhéanamh ar an laghdú seo.

Tháinig ardú €14.2 milliún ar chostais oibriúcháin eile de réir mar a rinneadh soláthairtí a bhain le maoin i gcás Dhomhnach Broc chomh maith le réadmhaoine eile de chuid RTÉ. Gnéithe eile a chuir leis an ardú a tháinig ar chostais oibriúcháin ab ea an caiteachas ar RTÉ Player agus ar tháirgí digiteacha eile, chomh maith le go raibh costais teicneolaíochta níos airde.

Tháinig ardú €6.3 milliún ar chostais na n-imeachtaí speisialta in 2024 toisc gur bliain thar a bheith gnóthach a bhí inti ó thaobh imeachtaí speisialta de. Rinneadh tuairisciú i rith na bliana ar Chraobhchomórtais UEFA Euro, na Cluichí Oilimpeacha agus na Cluichí Parailimpeacha chomh maith leis an Olltoghchán, na Toghcháin Áitiúla agus Toghcháin na hEorpa. Ní hionann sin agus 2023 inar craoladh Corn Domhanda na mBan FIFA, an Corn Domhanda Rugbaí, Cluichí Cáilithe na hEorpa agus cuairt Uachtarán na Stát Aontaithe, Joe Biden.

| | **2024 v 2023 Athrú € m** |
|---|---|
| **Costais Oibriúcháin 2023** | **349.3** |
| Ardú ar Chostais Oibriúcháin | 6.6 |
| Ardú ar Chostais maidir le hImeachtaí Speisialta | 6.3 |
| Ardú in imeacht bliana (Imeachtaí Speisialta san áireamh) | **12.9** |
| **Costais Oibriúcháin 2024** | **362.2** |

### Treo Nua

In 2024, cheadaigh an Rialtas an straitéis Treo Nua do RTÉ agus gheall sé maoiniú poiblí €725 milliún do na blianta 2025 go 2027.

### Líon na bhFostaithe

B'ionann líon na bhfostaithe ar an 31 Nollaig 2024 agus 1,853 (2023: 1,836) agus bhí 219 (2023: 204) acu sin ina bhfostaithe ar bhonn páirtaimseartha / ócáideach. B'ionann coibhéis líon na bhfostaithe lánaimseartha (FTE) amhail an 31 Nollaig 2024 agus 1,740 (2023: 1,734).

Deineadh 7 athaicmiú ar chonraitheoirí le go raibh siad ina bhfostaithe i rith na bliana, rud a d'fhág go ndeachaigh an t-iomlán go dtí 1,853 (2023: 1,836).

Leanann RTÉ de bheith i dteagmháil leis an Roinn Coimirce Sóisialaí (DSP) maidir le stádas na gconraitheoirí agus tá soláthar curtha i leataobh don imscrúdú leanúnach seo. Le linn 2024, rinneadh €0.9 milliún d'íocaíochtaí leis an Roinn Coimirce Sóisialta agus leis na Coimisinéirí Ioncaim i dtaca leis an imscrúdú seo. In 2024 freisin, rinne RTÉ athbhreithniú ar a incháilitheacht maidir le bheith páirteach sa Scéim

Fóirdheontais Shealadaigh Pá ('TWSS') le linn na tréimhse 26 Márta – 31 Lúnasa 2020. Mar thoradh air sin, d'íoc RTÉ ar ais an fóirdheontas TWSS do na tréimhsí Iúil agus Lúnasa 2020. B'ionann é sin, in éineacht leis an ÁSPC a bheadh dlite mura n-éileofaí an fóirdheontas, agus €2.4 milliún. D'íoc RTÉ €2.6 milliún san iomlán leis na Coimisinéirí Ioncaim (is é sin an aisíocaíocht seo móide ús agus pionós). D'fhág sé sin gur tugadh glanchreidmheas €2.6 milliún don ráiteas ioncaim le linn 2024 toisc go raibh foráil déanta ag RTÉ roimhe seo le go n-íocfaí ar ais ina iomláine na méideanna a bhí faighte de bharr a bheith páirteach sa scéim.

Tá RTÉ fós ag plé go fóinteach leis na Coimisinéirí Ioncaim maidir le hiniúchadh ioncaim a thosaigh in 2024 agus tá íocaíochtaí €1.1 milliún déanta aige go dtí seo.

I mí an Mhárta 2025, cheadaigh an Rialtas scéim scoir dheonach do RTÉ agus seoladh an scéim i mí Aibreáin 2025.

### Glanioncam Airgeadais

Bhí glanioncam airgeadais €1.6 milliún i gceist in 2024 (2023: glanioncam €6.8 milliún), mar seo a leanas:

B'ionann an t-ioncam airgeadais iomlán sa bhliain 2024 agus €9.1 milliún (2023: €9.6 milliún) laghdú fánach agus léiríonn sé an tionchar a bhí ag an laghdú a tháinig ar na rátaí úis ón ardleibhéal a bhí i gceist in 2023. Áiríodh leis an nglanioncam úis €6.7 milliún (2023: €7.5 milliún) a bhaineann le hioncam scéime pinsin sochair sainithe IAS 19, ioncam infheistíochta €0.5 milliún ó chomhfhiontar GAAGO (2023: €0.4 milliún), gnóthachain cóirluacha ar dhíorthaigh €0.4 milliún (2023: €0.1 milliún) agus ús taisce €1.5 milliún (2023: €1.7 milliún).

B'ionann an costas airgeadais do 2024 agus €7.5 milliún (2023: €2.9 milliún). Tugtar san áireamh leis an gcostas €7.5 milliún an t-ús atá le híoc ar iasachtaí arb ionann é agus €2.9 milliún (2023: €2.8 milliún), lascaine ar sholáthairtí €4.5 milliún (2023: €nialas) agus ús ar chostais athstruchtúraithe.

### Cánachas

Tharla creidmheas cánach €0.2 milliún sa bhliain 2024 (2023: €1.2 milliún). D'eascair muirear cánach €0.8 milliún (2023: creidmheas cánach €0.1 milliún) mar gheall ar bhrabúis a bhí incháinithe. Frithháiríodh é sin le creidmheas cánach €1.0 milliún a d'eascair ón nglanghluaiseacht ar dhifríochtaí uainiúcháin pinsin, difríochtaí sealadacha a bhain le maoin, innealra & trealamh agus costais neamh-asbhainteacha eile.

### Sreabhadh Airgeadais agus Iasachtaí

B'ionann iarmhéid iomlán an airgid thirim amhail an 31 Nollaig 2024 agus €71.4 milliún (2023: €78.6 milliún). Is ionann é sin agus laghdú €7.3 milliún agus tharla sé go príomha mar gheall ar ghluaiseachtaí diúltacha caipitil oibre, infheistíocht chaipitil agus aisíoc sceidealta fiachais a bhí sceidealta i rith na bliana. Is féidir achoimre i ndáil leis an ngluaiseacht ó thaobh iarmhéideanna airgid thirim i rith na bliana 2024 a leagan amach mar seo a leanas:

**Ráiteas Achoimre faoi Shreabhadh Airgid**

| | 2024 €m | 2023 €m |
|---|---|---|
| EBITDA | **18.2** | (5.3) |
| Sreafaí airgid oibriúcháin: | | |
| – Iaghdú ar Chaipiteal Oibre | **(11.3)** | (11.6) |
| Sreabhadh airgid athstruchtúraithe: | | |
| - Íocaíochtaí | **(0.4)** | (0.5) |
| Beartaíocht Infheistíochta: | | |
| - Caiteachas Caipitil | **(10.5)** | (13.1) |
| Sreafaí airgid a mhaoiniú: | | |
| – Aisíocaíocht Iasachta | **(2.0)** | (3.6) |
| - Ús Íoctha | **(1.3)** | (1.3) |
| **Glanlaghdú maidir le hAirgead Tirim agus Infheistíocht i Sócmhainní Leachtacha** | **(7.3)** | (35.4) |

Bhí iasachtaí bainc iomlána €57.5 milliún ag RTÉ, amhail an 31 Nollaig 2024 (2023: €59.5 milliún) mar seo a leanas:

- Tá Saoráid Club €52.5 milliún ag 2rn, fochuideachta tarchurtha RTÉ, le Barclays Bank Ireland plc agus le Gobharnóir agus Cuideachta Bhanc na hÉireann. Baineann €45 milliún den tsaoráid sin le cistiú tionscadail don bhonneagar tarchuradóireachta agus dáileacháin a theastaíonn don líonra maidir le Teilifís Dhigiteach Trastíre (DTT), agus bhí a iomlán sin tarraingthe anuas amhail an 31 Nollaig 2024. Tá saoráid iasachta téarma breise dar luach €7.5 milliún i bhfeidhm, €2.5 milliún de sin a bhí tarraingthe anuas amhail an 31 Nollaig 2024.
- Tá saoráid €30 milliún ag RTÉ le Banc na hÉireann, lena n-áirítear saoráid €20 milliún de chreidmheas imrothlach agus iasacht téarma €10 milliún. Tá saoráid rótharraingthe €10 milliún ag RTÉ freisin (2023: €10 milliún) agus saoráid barántais €20 milliún (2023: €20 milliún) i bhfeidhm. Amhail an 31 Nollaig 2024 bhí an iasacht téarma €10.0 milliún (2023: €7.0 milliún) tarraingthe anuas.

### Bainistíocht maidir le Riosca Airgeadais

Formheasann Bord RTÉ polasaí Ciste an Ghrúpa, a chlúdaíonn iasachtaí, bainistiú airgid, riosca creidmheasa contrapháirtí, riosca maidir le leachtachta, riosca maidir le ráta úis agus riosca maidir le hairgeadra eachtraí. Tá nochtadh RTÉ faoi gach ceann de na rioscaí seo leagtha amach i Nóta 22 a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais: *Ionstraimí Airgeadais agus Bainistiú Riosca Airgeadais* Cuireadh an beartas seo faoi bhráid an Bhoird lena athbhreithniú agus lena cheadú i mí na Samhna 2024.

### Caiteachas Caipitil

B'ionann caiteachas iomlán RTÉ ar thionscadail caipitil i rith na bliana 2024 agus €10.5 milliún (2023: €13.1 milliún). Baineann an chuid is mó den chaiteachas le tionscadail teicneolaíochta agus le clár athsholáthair sócmhainne DTT in 2rn.

Lean infheistíocht na bhfáltas a gineadh ó dhíol na talún in 2017 ar aghaidh agus tá roinnt tionscadal caipitil straitéiseach idir lámha lena n-áirítear ródaire stáisiúin nua, stóráil agus ardáin mheán agus digitiú na gcartlann. Tá an chuid is mó de na fáltais ó dhíol na talún geallta anois do thionscadail.

Rinneadh athbhreithniú ar shaolré fhóinteach sócmhainní bogearraí doláimhsithe, lena n-áirítear an córas ERP, in 2024 agus mar thoradh air sin bíonn amúchadh déanta thar thréimhse níos giorra. Bhí an t-athbhreithniú déanta go príomha de bharr gur athraigh soláthraithe go dtí bogearra mar mhúnla seirbhíse, rud a chiallaíonn nach gcomhlíonann bogearraí den chineál sin, cé go bhfuil siad fós in úsáid go fónta, na critéir a bhaineann le caipitliú sócmhainní. Dá bharr seo gearradh muirir bhreise amúchta €2.4 milliún in 2024. Rinneadh athbhreithniú freisin ar shaolré fhóinteach sócmhainní greamaithe inláimhsithe, go háirithe i bhfoirgnimh atá ar champas Dhomhnach Broc. Is é an toradh a bhí air sin ná gur gearradh muirir dhímheasa bhreise €1.3 milliún in 2024.

### Tuairiscíocht Idirdhealaithe agus Leithroinnt Costais

Déantar anailís idirdhealaithe RTÉ a ullmhú i gcomhréir le caighdeán IFRS 8: *Réimsí Dealaithe* a leagtar amach i nóta 2(d) a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais: *Príomhghníomhaíochtaí agus Faisnéis Rannóige*. Is iad na ranna éagsúla na príomhréimsí dealaithe ag RTÉ agus rinneadh iad a leagan amach ar an 1 Eanáir 2018 i ndiaidh atheagar eagraíochta. Rinneadh modhanna oibre maidir le leithroinnt costais a chur i bhfeidhm go seasta leanúnach i rith na bliana 2024 faoi mar a leagtar amach i Nóta 2 maidir le Tuairisciú Idirdhealaithe.

I gcomhréir le hoibleagáidí RTÉ faoin Acht Craolacháin, tá an t-ioncam, an costas agus an barrachas/ easnamh de réir cainéil, seirbhíse agus seánra craolacháin agus idir gníomhaíochtaí seirbhíse poiblí agus gníomhaíochtaí seirbhíse poiblí liostaithe i Nóta 2(e).

### Cúrsaí Rialála

Tagann RTÉ faoi Choimisiún na Meán (CnaM) maidir leis na dualgais mar chomhlacht craolacháin seirbhíse poiblí. Téann RTÉ (faoi mar a éilítear faoin *Acht Craolacháin 2009*) i mbun comhairle le CnaM i ndáil leis an athbhreithniú bliantúil agus leis an athbhreithniú cúig bhliana ar an gcistíocht phoiblí a dhéanann CnaM faoi alt 124 an Achta.

D'ainmnigh an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide (ComReg) RTÉ roimhe seo agus a fhochuideachta 2rn mar fhochuideachta a bhfuil cumhacht shuntasach sa mhargadh aige maidir le rochtain mhórdhíola ar sheirbhísí ilphléacsaithe DTT (Margadh B) agus sa mhargadh maidir le rochtain mhórdhíola ar sheirbhísí náisiúnta tarchuir agus dáilte craolacháin talún (Margadh A). Chuir an cinneadh oibleagáidí áirithe ar RTÉ (Margadh B) agus 2rn (Margadh A). Cuirtear seirbhísí tarchurtha ar fáil do chraoltóirí ar a gcostas móide toradh ar infheistíocht ceadaithe ag ComReg ar na glansócmhainní a úsáidtear. Déantar cuntais dheighilte lena mbaineann cuntais rialáilte maidir le Margadh A agus Margadh B faoi seach chomh maith le buncháipéisíocht cuntasaíochta a fhoilsiú de réir na gcoinníollacha faoin rialáil.

### Cúrsaí Pinsin

Tá trí cinn de scéimeanna pinsin ar bun ag RTÉ do na fostaithe: scéim pinsin sochair sainithe (DB), scéim pinsin ranníocaíochta sainithe (DC) agus scéim hibrideach (scéim a mbaineann gnéithe DB agus gnéithe DC araon léi).

#### Scéim Aoisliúntais RTÉ

Is scéim pinsin mhaoinithe, ranníocach sochair shainithe, arna cur ar bun faoin reachtaíocht agus faoi urraíocht ag RTÉ, atá i Scéim Aoisliúntais RTÉ. Níor ligeadh aon fhostaithe nua isteach faoin scéim ón mbliain 1989 i leith. Amhail an 31 Nollaig 2024, bhí 26 fostaí ag RTÉ (2023: 40) a bhí ina gcomhaltaí den scéim.

Amhail an 31 Nollaig 2024, ba ionann luach shócmhainní na Scéime ar an margadh agus €1,060 milliún (2023: €1,070 milliún). Ba ionann dliteanais na Scéime, arna ríomh de réir IAS 19 maidir le *Sochair Fostaithe*, agus €873 milliún (2023: €890 milliún). Mar a éilítear faoi IAS 19, luaitear an farasbarr nó an t-easnamh idir sócmhainní agus dliteanais na Scéime mar shócmhainn ar ráiteas RTÉ faoin seasamh airgeadais. Dá réir sin, luaitear sócmhainn pinsin €187 milliún i leith na Scéime amhail an 31 Nollaig 2024 (2023: €180 milliún).

Tá barrachas ag baint leis an scéim faoi thástáil na gCaighdeán Íosta Maoiniúcháin agus na riachtanais leachtachta á sásamh faoi na cúlchistí riosca agus, dá réir sin, ní bheidh call aon chistíocht a bheartú i leith na scéime.

**Scéim Ranníocaíochta Sainithe RTÉ**
Is socrú ranníocaíochta sainithe maoinithe í Scéim Ranníocaíochta Sainithe RTÉ atá oscailte do chomhaltaí nua ó 1989. Amhail an 31 Nollaig 2024, bhí 1,261 fostaí ag RTÉ (2023: 1,240) a bhí ina gcomhaltaí den scéim.

**Scéim Pinsin 50/50 Riosca i bPáirt RTÉ**
Scéim mhaoinithe, ranníocach, hibrideach atá i Scéim Pinsin 50/50 Riosca i bPáirt RTÉ lena mbaineann gnéithe DB agus gnéithe DC agus atá faoi urraíocht RTÉ. Cuireadh tús leis an scéim seo i mí Mheán Fómhair 2010 mar shocrú pinsin roghnach d'fhostaithe atá i dteideal na scéime. Amhail an 31 Nollaig 2024, bhí 425 fostaí de chuid RTÉ ina gcomhaltaí de Scéim Pinsin 50/50 Riosca i bPáirt RTÉ (2023: 412).

Amhail an 31 Nollaig 2024, bhí luach €39.9 milliún ar an margadh le sócmhainní chuid DB na Scéime. Ba ionann na dliteanais faoi IAS 19 i ndáil leis an roinn DB agus €27.5 milliún, rud a fhágann barrachas €12.4 milliún (barrachas na bliana 2023: €8.7 milliún). Luaitear sin mar shócmhainn sa ráiteas maidir le seasamh airgeadais RTÉ.

Tá barrachas ag baint le cuid DB na Scéime faoi thástáil na gCaighdeán Íosta Maoiniúcháin agus na riachtanais leachtachta á sásamh faoi na cúlchistí riosca agus; dá réir sin, ní bheidh call aon chistíocht a bheartú i leith na scéime.

### Breathnú Romhainn
I mí Iúil 2024, d'fhógair an Rialtas plean maoinithe do RTÉ do na trí bliana ó 2025 go 2027. Is é seo an chéad uair a bhfuil maoiniú tiomanta faighte ag RTÉ thar thréimhse ilbhliantúil. Cuirfidh an maoiniú seo, mar aon le hoscailt Chlár Scoir Dheonach RTÉ (VEP) i mí Aibreáin 2025, ar chumas RTÉ tús a chur leis an athrú ó bhonn atá leagtha amach sa straitéis Treo Nua.

Cé go bhfuil an timpeallacht tráchtála ag éirí níos éiginnte agus an chontúirt ann go n-ardófar taraifí agus go mbeidh an trádáil idirnáisiúnta ag moilliú, tá an trádáil tráchtála don chéad ráithe de 2025 fós láidir agus ag teacht le réamhaisnéisí na bainistíochta.

### An Leas a Bhaintear as an Táille Ceadúnais agus Maoiniú Rialtais
Tugtar tuairisc i nóta 2 leis na ráitis airgeadais ar an leas a bhaintear as an airgead ón táille ceadúnais agus maoiniú rialtais a fhaigheann RTÉ chun seirbhísí poiblí RTÉ a mhaoiniú.

Leagtar amach i nóta 2(c) an bunús ar a gcuirtear an táille ceadúnais i leith chainéil agus sheirbhísí faoi leith. Sannann RTÉ maoiniú poiblí ar sheirbhísí faoi leith ar bhealach atá i gcomhréir le glanchostas na seirbhíse poiblí. Ríomhtar glanchostas na seirbhíse poiblí tríd an gcionroinnt ó bheartaíocht tráchtála a dhealú ón gcostas comhlán a bhaineann leis an tseirbhís phoiblí a thabhairt i gcrích.


Léirítear sa tábla seo a leanas an chaoi ar baineadh úsáid as an táille ceadúnais agus as an maoiniú rialtais a fuair RTÉ:

## An úsáid a baineadh as maoiniú rialtais agus táille ceadúnais

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| RTÉ One | **77,608** | 71,709 |
| RTÉ2 | **54,985** | 44,852 |
| Teilifís RTÉ | **132,593** | 116,561 |
| | | |
| RTÉ Radio 1 | **21,089** | 16,485 |
| RTÉ 2fm | **4,401** | 3,820 |
| RTÉ Raidió na Gaeltachta (RnaG) | **12,221** | 12,042 |
| RTÉ lyric fm | **5,406** | 5,007 |
| Raidió RTÉ | **43,117** | 37,354 |
| | | |
| Ceolfhoireann RTÉ | **5,775** | 5,966 |
| Seirbhísí ar Líne | **19,343** | 15,488 |
| Cainéil agus Seirbhísí Eile | **9,546** | 9,576 |
| Muirir Rialachais agus Cistíochta | **3,525** | - |
| Cúrsaí DTT | **593** | 765 |
| Beartaíocht RTÉ | **214,492** | 185,710 |
| | | |
| Tacaíocht RTÉ do TG4 | **7,819** | 7,586 |
| Beartaíocht Neamh-RTÉ | **7,819** | 7,586 |
| | | |
| Iomlán ón táille ceadúnais agus maoiniú rialtais | **222,311** | 193,296 |

Tugtar achoimre leis an bpíchairt thíos ar an dáileadh a rinneadh ar an ioncam ó tháillí an cheadúnais teilifíse a fuair RTÉ i rith na bliana 2024 i ndáil le gné na seirbhíse poiblí de bheartaíocht RTÉ.

### LEITHDHÁILEADH NA TÁILLE CEADÚNAIS AGUS AR MHAOINIÚ RIALTAIS A FUAIR RTÉ I 2024




* Áirítear in Eile muirir airgeadais agus rialaithe, a bhaineann le DTT

## An Costas in aghaidh na hUaire Craolta

Mar chuid den Ráiteas Bliantúil faoi na Gealltanais Feidhmiúcháin, foilsíonn RTÉ an meánchostas in aghaidh na huaire a bhain leis na cláracha a craoladh ar na cainéil éagsúla. Leagtar amach sa tábla thíos an t-eolas sin i ndáil leis an mbliain 2024 chomh maith le figiúirí inchomórtais leo i leith na bliana 2023.

| **2024** | RTÉ One €'m | RTÉ2 €'m | RTÉ Radio 1 €'m | RTÉ 2fm €'m | RTÉ lyric fm €'m | RTÉ RnaG €'m |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Costais** | | | | | | |
| Cláracha a dhéantar in Éirinn | 104.8 | 61.8 | 30.1 | 5.6 | 4.1 | 10.8 |
| Cláracha a Ceannaíodh – in Éirinn | 5.7 | 0.2 | - | - | - | - |
| – Thar Lear | 11.6 | 5.4 | - | - | - | - |
| Oibriúcháin Ghinearálta Craolacháin & Tarchuradóireachta | 16.0 | 11.4 | 5.8 | 4.6 | 0.7 | 0.6 |
| Táillí Tarchuradóireachta & Cumhachta | 1.0 | 1.0 | 1.5 | 1.4 | 1.4 | 1.4 |
| | **139.1** | **79.8** | **37.4** | **11.6** | **6.2** | **12.8** |
| **Uaireanta** | Uaireanta | Uaireanta | Uaireanta | Uaireanta | Uaireanta | Uaireanta |
| Uaireanta Tarchuradóireachta in aghaidh na Bliana (comhchraoladh san áireamh) | **8,784** | **8,784** | **8,784** | **8,784** | **8,784** | **8,784** |
| **Meánchostas Foriomlán in aghaidh na hUaire Craolta - 2024** | € | € | € | € | € | € |
| **Na hUaireanta Tarchuradóireachta ar fad** | **15,800** | **9,100** | **4,300** | **1,300** | **700** | **1,500** |

| **2023** | RTÉ One €'m | RTÉ2 €'m | RTÉ Radio 1 €'m | RTÉ 2fm €'m | RTÉ lyric fm €'m | RTÉ RnaG €'m |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Costais** | | | | | | |
| Cláracha a dhéantar in Éirinn | 109.8 | 56.3 | 28.0 | 5.5 | 3.9 | 10.4 |
| Cláracha a Ceannaíodh – in Éirinn | 4.7 | 0.4 | - | - | - | - |
| – Thar Lear | 11.3 | 6.8 | - | - | - | - |
| Oibriúcháin Ghinearálta Craolacháin & Tarchuradóireachta | 12.4 | 9.5 | 5.3 | 4.5 | 0.6 | 0.4 |
| Táillí Tarchuradóireachta & Cumhachta | 1.2 | 1.3 | 1.6 | 1.2 | 1.2 | 1.2 |
| | **139.4** | **74.3** | **34.9** | **11.2** | **5.7** | **12.0** |
| **Uaireanta** | Uaireanta | Uaireanta | Uaireanta | Uaireanta | Uaireanta | Uaireanta |
| Uaireanta Tarchuradóireachta in aghaidh na Bliana (comhchraoladh san áireamh) | **8,760** | **8,760** | **8,777** | **8,760** | **8,760** | **8,760** |
| **Meánchostas Foriomlán in aghaidh na hUaire Craolta - 2023** | € | € | € | € | € | € |
| **Na hUaireanta Tarchuradóireachta ar fad** | **15,900** | **8,500** | **4,000** | **1,300** | **700** | **1,400** |
| **Gluaiseacht i rith na bliana** | | | | | | |
| **% d'Athrú ar an gCostas in aghaidh na hUaire[1]** | | | | | | |
| **Na hUaireanta Tarchuradóireachta ar fad** | (0.4)% | 7.0% | 6.8% | 2.8% | 6.8% | 5.1% |

1. Déantar an costas in aghaidh na huaire a shlánú go dtí an céad Euro is gaire. Déantar an céatadán d'athrú a ríomh de réir chostas na huaire sula n-oibrítear an slánúchán..

Tarlaíonn athrú ar an meánchostas in aghaidh na huaire craolta mar gheall ar thosca éagsúla a dtagann ardú agus ísliú maidir le costais cláir dá mbarr, mar shampla athrú ar chineálacha agus ar mheascán na gclár, an leibhéal cómhaoiniúcháin, an líon uaireanta an chloig d'ábhar atá á chraoladh den chéad uair agus líon na n-uaireanta athchraolta. Chuir an líon ard de chláir a bhain le himeachtaí speisialta in 2024 leis an ardú a tháinig ar na meánchostais, go háirithe i gcás RTÉ2 agus RTÉ Radio 1.

# Seo RTÉ

### Teilifís

RTÉ ONE

RTÉ ONE +1

RTÉ 2

RTÉ 2 +1

rté jr

RTÉ News

### Raidió

RTÉ RADIO 1

RTÉ 2FM

RTÉ lyric fm

RTÉ RAIDIÓ NA GAELTACHTA

RTÉ 2XM

RTÉ pulse

RTÉ RADIO 1 EXTRA

RTÉ GOLD

rté jr RADIO

RTÉ radioplayer

### Nuacht & Cúrsaí Reatha

RTÉ News & Current Affairs

### Spórt

RTÉ Sport

### Digiteach

RTÉ.ie

RTÉ PLAYER

RTÉ Archives

RTÉ News

### Ceolfhoireann

RTÉ Concert Orchestra

RTÉ GUIDE

SAORVIEW

2rn

## 5 MHILLIÚN

Bhailigh RTÉ Toy Show Appeal 2024 os cionn €5 mhilliún, agus níos mó daoine sa bhaile agus thar lear ag tabhairt síntiús ná mar a bhí riamh cheana chun cabhrú le leanaí agus lena dteaghlaigh ar fud oileán na hÉireann. Sin le rá gur bailíodh níos mó ná €26 milliún le cúig bliana anuas.

## 142 MILLIÚN

Tapaíodh 142 milliún sruth agus 42 milliún uair an chloig de shruthú ar RTÉ Player – an líon is airde a bhí againn go dtí seo. Bhain an lucht féachana níos mó úsáide ná riamh as an RTÉ Player agus 1.5 milliún úsáideoir uathúil aige in aghaidh na míosa faoi dheireadh na bliana.

## 27.9

Bhain sciar RTÉ maidir leis an líon lucht féachana teilifíse sciar ard amach ag 27.9% in 2024.

## 1 BHILLIÚN

Shroich RTÉ.ie níos mó ná 1 billiún amharc leathanaigh (ardú 13% bliain ar bhliain), agus tháinig ardú 3% ar an meán-am a caitheadh (8 nóiméad 42 soicind).

## 20

Chun ceiliúradh a dhéanamh ar 20 bliain a bheith caite ag RTÉ ina urraitheoir teidil ar Fhéile Drámaíochta Uile-Éireann RTÉ, bronnadh duais speisialta aon uaire, Gradam Bride Rosney, ar dhaoine ó gach grúpa a bhí páirteach sa chomórtas den chéad uair.

## 98

Bhí 98% (2,072 uair an chloig) de na cláir bhuaic-ama ar fad agus os cionn 94% (5,639 uair an chloig) den ábhar iomlán ar RTÉ One, ar fáil le fotheidil orthu (98% agus 92% faoi seach ar RTÉ2)

## 700

Rinne Cartlann RTÉ níos mó ná 700 uair an chloig de chlúdach, tuairisciú agus aschur toghcháin a chlárú ar fud na n-ardán agus na seirbhísí go léir, agus bhí thart ar 400 uair an chloig ann de chlúdach agus de thuairisciú ar na Cluichí Oilimpeacha agus ar na Cluichí Parailimpeacha.

## 120

Comhpháirtíocht thábhachtach ab ea *Spreading the News: A Celebration of 120 Years of the National Theatre* idir RTÉ agus Amharclann na Mainistreach, a taifeadadh beo in Amharclann na Mainistreach a bhí lán go doras le lucht spéise agus craoladh é ar RTÉ Raidió 1 ar an 27 Nollaig, 120 bliain go dtí an lá ó d'oscail an amharclann.

## 70

Choimisiúnaigh RTÉ níos mó ná 70 uair a chloig d'ábhar físeáin nua RTÉ Kids agus RTÉjr in 2024 agus 40 uair a chloig d'ábhar nua podchraoltóireachta don lucht spéise óg.

## 178

Thacaigh RTÉ le 178 imeacht ealaíon agus cultúir ar fud oileán na hÉireann in 2024: méadú 82% thar na 10 mbliana ó athsheoladh an scéim in 2014, tráth ar thacaigh RTÉ le 98 imeacht.

## 2

Den dara bliain, rinne beirt ateangairí bodhra, Sarah-Jane O'Regan agus Jason Maguire an chomharthaíocht ar *The Late Late Toy Show*, agus iad ag obair leis na hateangairí friothálacha éisteachta Ciara Grant agus Lisa Harvey-Coleman.

## 25

Bhí RTÉ lyric fm ag ceiliúradh 25 bliain ar an aer in 2024 agus chun an chloch mhíle sin a cheiliúradh, choimisiúnaigh an stáisiún trí shaothar nua don cheolfhoireann a bhí dírithe ar théamaí an uaignis, an dóchais agus na hathbheochana.

# An Chruthaitheacht a Chothú agus Daoine Cumasacha a Chur Chun Cinn

Tá RTÉ tiomanta do thacú leis an gcruthaitheacht i measc daoine de gach aois agus ó chúlraí éagsúla ar fud na tíre agus ardán tábhachtach a chur ar fáil do thallann de chuid na hÉireann, atá ag teacht chun cinn agus atá seanbhunaithe.

**RTÉ Ag Tacú leis na hEalaíona**
Thacaigh RTÉ le 178 imeacht ealaíon agus cultúir ar fud oileán na hÉireann in 2024. Is ionann sin agus ardú 82% le linn na 10 mbliana ó seoladh an scéim arís in 2014, tráth ar thacaigh RTÉ le 98 imeacht. Faoin scéim iomráiteach seo - a bhuaigh Gradam Aitheantais Speisialta *Business to Arts* in 2018 - méadaíodh líon na n-imeachtaí a dtacaítear leo bliain ar bhliain freisin, ó 170 imeacht in 2023 go 178 imeacht in 2024.

Tá sé mar aidhm ag scéim RTÉ Ag Tacú leis na hEalaíona freastal daoine ar imeachtaí ealaíon a chur chun cinn ar fud na tíre, agus tacaíonn sí leis an réimse iomlán seánraí ó dhamhsa go ceoldrámaíocht, na físealaíona go himeachtaí do leanaí, féilte liteartha, scannán agus imeachtaí Gaeilge. Tríd an scéim seo, déantar cur chun cinn tiomanta ar imeachtaí éagsúla ar an teilifís, ar an raidió agus ar sheirbhísí digiteacha RTÉ chomh maith le tacaíocht leathan a thabhairt dóibh ar fud chainéil shóisialta RTÉ. Trí na seirbhísí léirithe a bheith á gcur ar fáil ag RTÉ, chomh maith le ham craolta fógraíochta, is scéim thar a bheith tábhachtach í scéim RTÉ Ag Tacú leis na hEalaíona d'earnálacha cruthaitheacha agus cultúir na hÉireann.

**RTÉ Choice Music Prize**
Rinne an RTÉ Choice Music Prize ceiliúradh arís ar an gcuid is fearr de cheol taifeadta na hÉireann, agus tá sé ar cheann de bhuaicphointí thionscal an cheoil ó bunaíodh é in 2005. D'óstáil muid an 19ú imeacht beo de chuid RTÉ Choice Music Prize i Vicar Street, Baile Átha Cliath Déardaoin an 7 Márta, agus é á óstáil ag Tracy Clifford ó RTÉ 2FM agus á chraoladh beo ar RTÉ 2FM le Beta Da Silva. Bhuaigh Lankum Albam Éireannach na Bliana le *False Lankum*, agus is í Denise Chaila, a bhuaigh an gradam roimhe seo, a rinne an bronnadh. Bhí an gradam Albam Tíre na Bliana buaite ag an albam coicís roimhe sin ag Gradaim Tíre RTÉ Radio 1. Agus an RTÉ Choice Music Prize buaite acu den dara huair, fuair Lankum seic €10,000, arna chur ar fáil ag Eagraíocht Chearta Ceoil na hÉireann (IMRO) agus Cumann Ceoil Taifeadta na hÉireann (IRMA), chomh maith le gradam a bhí coimisiúnaithe go speisialta.

Fuair 'Heaven' le Cian Ducrot an vóta mar Amhrán Éireannach na Bliana de chuid RTÉ Choice Music Prize trí vóta an phobail (Éire amháin); Bhuaigh Jazzy Amhránaí Éireannach na Bliana chomh maith le hAmhránaí Éireannach Ceannródaíoch na Bliana. Thug Dave Fanning leis gradam U2 don Albam Clasaiceach Éireannach *Achtung Baby*, agus sheol The Edge agus Adam Clayton teachtaireacht trí fhíseán ó Las Vegas.

Craoladh clár buaicphointí teilifíse uair an chloig ina raibh léirithe ó na ceoltóirí a fuair ainmniúcháin agus é á óstáil ag Tracy Clifford ar RTÉ2 ar an Déardaoin, 14 Márta.

(Féach cuid RTÉ 2FM le haghaidh sonraí faoi 2FM Rising.)


SODA BLONDE
RTÉ
CHOICE
MUSIC
PRIZE

# An Chruthaitheacht a Chothú agus Daoine Cumasacha a Chur Chun Cinn
(ar lean)

## Féile Drámaíochta Uile-Éireann

Thug Grúpa Drámaíochta Bhaile Dubh, faoi stiúir Ger Canning, an chraobh leo ag Féile Drámaíochta RTÉ Uile-Éireann nuair a léirigh siad *The Ferryman* le Jez Butterworth ag searmanas na ngradam ceiliúrtha in Óstán an Radisson Blu i mBaile Átha Luain Dé Sathairn an 11 Bealtaine. Ba é 2024 an 20ú bliain ag RTÉ a bheith mar urraitheoir teidil ar an bhféile, agus bhronn Adrian Lynch, Leas-Phríomh-Stiúrthóir RTÉ, gradam na craoibhe. Tháinig Dalkey Players, faoi stiúir Emma Jane Nulty, agus *The Crucible* le Arthur Miller á léiriú acu, sa dara háit agus sa tríú háit bhí na cáilitheoirí céaduaire Ballycogley Players, faoi stiúir Pat Whelan agus an scigdhráma *Out of Order* le Ray Cooney á chur i láthair acu.

Bhí Bride Rosney ina Stiúrthóir Cumarsáide ag RTÉ ó 2002 go dtí 2009. Ba le linn a tréimhse mar stiúrthóir a thosaigh an chomhpháirtíocht le Féile Drámaíochta Uile-Éireann RTÉ, agus ba í a leag an dúshraith don 20 bliain rathúil a tháinig ina dhiaidh sin. Chun ómós a thabhairt do Bhride Rosney agus chun comóradh a dhéanamh ar dhá scór bliain den chomhpháirtíocht, bhronn Féile Drámaíochta Uile-Éireann RTÉ duais speisialta aon uaire, Gradam Bride Rosney, ar an núíosach is fearr ó gach grúpa.

## This is Art!

Is comórtas ealaíne saor in aisce don óige é 'This is Art!' RTÉ a dhéanann ceiliúradh ar fhéith chruthaitheachta daoine óga ar gach leibhéal cumais ar fud oileán na hÉireann agus faigheann sé tacaíocht ó Éire Ildánach agus ó Thionscnamh an Oileáin Chomhroinnte. Ar na saothair shamhlaíocha a tháinig isteach ó pháistí ó seacht mbliana d'aois agus faoi suas go dtí 18 mbliana d'aois in 2024, bhí péintéireacht agus dealbha, éadaí saincheaptha, grianghrafadóireacht, ealaín dhigiteach agus píosaí taibhithe, agus léargas á thabhairt ar an gcruthaitheacht agus an tallann gan teorainn atá faoi bhláth i measc an chéad ghlúin eile d'ealaíontóirí.

Chomh maith le cúigear buaiteoirí sna catagóirí, fuair deichniúr duaiseanna dara háit, fuair 145 ealaíontóir moladh speisialta, agus bronnadh teastais ar 492 duine eile. Chuir gach duine acu rud éigin uathúil, bríomhar agus an-inspioráideach le téama na bliana seo – An tSamhlaíocht!

I measc mholtóirí na bliana seo bhí an t-ealaíontóir graifítí agus sráide Maser; an t-ealaíontóir teibí comhaimseartha Leah Hewson; an t-amharc-ealaíontóir Aideen Barry; an Coimeádaí Sinsearach ag The Glucksman i gCorcaigh, Tadhg Crowley; agus Sheena Barrett, Ceann Taighde agus Foghlama ag IMMA – Músaem Nua-Ealaíne na hÉireann.


RTÉ
IRELAND

# An Chruthaitheacht a Chothú agus Daoine Cumasacha a Chur Chun Cinn
(ar lean)

## Comórtas Gearrscéalta RTÉ

Ba é 'Dead Bait' le Mattie Brennan, ina léirítear, dar leis na moltóirí, máistreacht ar an scéalaíocht, éacht maidir le mionsonraí agus ina mbraitear an chontúirt ag teacht níos gaire agus an scéal ag teannadh lena chríoch corraitheach, an scéal a bhuaigh Comórtas Gearrscéalta RTÉ 2024 in ómós do Francis MacManus.

Rinneadh an fógra ar chlár speisialta de *Arena* ar RTÉ Radio 1 a bhí á óstáil ag Seán Rocks in Amharclann an Pavillion, Dún Laoghaire agus a craoladh ar *Arena* ar RTÉ Radio 1 an Luan dár gcionn. Roghnaigh na scríbhneoirí Claire Kilroy, Neil Hegarty agus Kathleen MacMahon na scéalta a bhuaigh as gearrliosta ar a raibh 10 scéal.

Mar bhuaiteoir, fuair Mattie Brennan seic €5,000. Bronnadh an dara duais ar 'Divination' le Stephen O'Reilly, agus bronnadh seic €4,000 air. Bhain 'The Other Órla' le Emer O'Toole, an tríú duais amach agus seic €3,000. Fuair an seachtar eile a bhain duaiseanna amach seic €250 an duine.

Foilsíodh na 10 scéal ar rte.ie/culture, craoladh iad (agus iad á léamh ag aisteoirí) ar *Late Date* ar RTÉ Radio 1, agus bhí siad le cloisteáil go rialta ar *Arena* ar RTÉ Radio 1 sular bronnadh na duaiseanna. Tús ríthábhachtach do scríbhneoirí nua agus scríbhneoirí atá ag teacht chun cinn in Éirinn atá i gComórtas Gearrscéalta RTÉ, a bunaíodh sa bhliain 1986 in ómós don scríbhneoir agus craoltóir Francis MacManus. Áirítear ar na scríbhneoirí a bhuaigh an comórtas agus a bhí ar an ngearrliosta roimhe seo Claire Keegan, Molly McCloskey, Danielle McLaughlin, Anthony Glavin, Chris Binchy, Nuala O'Connor, Liz Nugent, Colin Walsh, Stephen Walsh, Austin Duffy, Sarah Gilmartin agus eile.


RTE
Short

# Breis Rochtana, Breis Foghlama

I gcomhréir lena oibleagáidí, tá RTÉ tiomanta don chomhionannas a chur chun cinn, idirdhealú a chosc agus cearta daonna a bhaill foirne, a lucht féachana agus a pháirtithe leasmhara go léir a chosaint. Tá RTÉ rialaithe freisin ó thaobh seachadadh a dhéanamh ar Sheirbhísí Rochtana ag Coimisiún na Meán (Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI) roimhe seo).

**Uileghabhálacht**

Tá macántacht, uileghabhálacht, cothroime agus comhionannas mar bhonn agus mar thaca ag straitéis chuimsitheachta RTÉ, rud a thugann treoir dár ngníomhartha ar an aer agus lasmuigh de. Trí thosaíocht a thabhairt don uileghabhálacht agus don inrochtaineacht, cinntímid go dtugann ábhar RTÉ léargas fírinneach ar na pobail éagsúla atá ar fud na hÉireann agus go ndéanann sé freastal orthu.

I rith 2024, rinne ár gcleachtais maidir leis an uileghabhálacht cultúr RTÉ a mhúnlú, chuaigh siad i bhfeidhm ar ár gclár, agus neartaigh siad ár naisc le pobail éagsúla ar fud na hÉireann.

Chruthaigh ár n-imeacht le páirtithe leasmhara nasc idir lucht déanta ábhair RTÉ agus eagraíochtaí ó gach cearn d'Éirinn, rud a d'éascaigh plé an-tábhachtach maidir le hiléagsúlacht, ionadaíocht agus scéalaíocht iontaofa.

Lean tionscnamh Creative Futures RTÉ ar aghaidh i rith na bliana, agus seisiúin dhírithe curtha ar fáil chun tacú le daoine a bhfuil gealladh fúthu atá ag teacht chun cinn agus suim acu i Nuacht agus i gCúrsaí Reatha RTÉ, chomh maith leis an raidió, ionas go mbeidh léargais phraiticiúla agus scileanna craolacháin araon ag na rannpháirtithe.

Rinne Ceolfhoireann Coirme RTÉ ceiliúradh ar chomóradh 50 bliain ó bhí an chéad mhórshiúl Bróid i mBaile Átha Cliath le dhá léiriú speisialta i mBaile Átha Cliath agus i Luimneach, ag tabhairt ómóis don chaoi a gcuireann an pobal LGBTQ+ le saol na hÉireann.

Go hinmheánach, bhí ár dtiomantas don uileghabhálacht le feiceáil sa bhfeabhas a cuireadh go leanúnach ar ár gcaighdeáin i gcás na Bearna Pá idir na Fir agus na Mná, sna himeachtaí rathúla a bhain le rannpháirtíocht na foirne agus a bhí faoi stiúir Líonra na mBan RTÉ, agus chomh maith agus a éiríonn i gcónaí le Clár Intéirneachta RTÉ, rud a léiríonn ár dtiomantas don uileghabhálacht a leabú i ngach gné d'obair RTÉ.

**Clár Intéirneachta RTÉ**

Ag tógáil ar ár gcur chuige uileghabhálach maidir le forbairt tallainne, tá ag éirí thar barr i gcónaí le clár intéirneachta RTÉ. Tá an tionscnamh seo deartha agus an uileghabhálacht ina chroílár, agus cuireann sé ar chumas RTÉ daoine óga cumasacha ó gach cearn d'Éirinn a mhealladh agus cur lena gcumas.

Le tacaíocht leanúnach ó Spórt Éireann agus ó Údarás na Gaeltachta, cuidíonn an clár leis an nuálaíocht a chur chun cinn laistigh de RTÉ, go háirithe maidir le hearcaíocht agus forbairt foirne.

Tosaíonn na hintéirnigh amach le dianchúrsa oiliúna trí seachtaine, ag forbairt scileanna atá riachtanach do ghairm bheatha sna meáin, agus leanann siad ar aghaidh ag fáil treorach agus meantóireachta le linn a gcuid socrúchán. Tá na hintéirnigh tar éis cuidiú go mór leis an iliomad seirbhísí agus rannóg de chuid RTÉ. Tá an uileghabhálacht lárnach i gcónaí san intéirneacht, rud a chinntíonn go dtugann RTÉ léargas iontaofa ar na pobail éagsúla ar a bhfuil sé ag freastal agus go bpléann sé leo go macánta.



# Breis Rochtana, Breis Foghlama
(ar lean)

### Spriocanna Rochtana á Sárú

Le linn na bliana 2024, sháraigh RTÉ na spriocanna a bhí leagtha síos ag Coimisiún na Meán ó thaobh Seirbhísí Rochtana (fotheidil, Teanga Chomharthaíochta na hÉireann (ISL) agus Tráchtaireacht Fuaime) a sholáthar ar fud gach cainéal líneach:

- Bhí 98% (2,072 uair an chloig) de na cláir bhuaic-ama ar fad, agus os cionn 94% (5,639 uair an chloig) den ábhar ar fad a bhí ar RTÉ One, ar fáil le fotheidil orthu.
- Bhí 98% (1,925 uair an chloig agus 20 nóiméad) de na cláir buaic-ama ar fad, agus os cionn 92% (5,367 uair an chloig agus 33 nóiméad) den ábhar ar fad a bhí ar RTÉ2, ar fáil le fotheidil orthu.
- Ar RTÉjr bhí 65.9% (2,794 uair an chloig) de na cláir ar fáil le fotheidil.
- Craoladh 5.46% den ábhar ar RTÉ One agus ar RTÉ 2 le ISL, agus bhí 6.45% den ábhar ar RTÉjr trí ISL.
- Craoladh breis is 12% den ábhar ar RTÉ One agus ar RTÉ2 le Tráchtaireacht Fuaime.
- Craoladh breis is 16% den ábhar ar RTÉjr le Tráchtaireacht Fuaime.

### Imeachtaí Speisialta i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann

Chomh maith leis sin, chuir RTÉ clúdach beo ISL ar fáil d'imeachtaí ar RTÉ News Channel agus ar RTÉ Player:

- Sochraid Stáit an iar-Thaoisigh John Bruton
- Cuimhneachán an Stardust
- Olltoghchán 24: Díospóireacht na gceannairí ar *Primetime* – le Micheál Martin, Simon Harris agus Mary Lou McDonald
- Óráidí na gCeannairí ag na hArdfheiseanna
- *The Late Late Toy Show*

### ISL ar *The Late Late Toy Show* 2024

Den dara bliain, rinne beirt ateangairí bodhra, Sarah-Jane O'Regan agus Jason Maguire an chomharthaíocht ar *The Late Late Toy Show*, agus iad ag obair leis na hateangairí friothálacha éisteachta Ciara Grant agus Lisa Harvey-Coleman. Bhí ábhar ISL ó pháistí as Scoil an Mheán-Iarthair i Luimneach, Scoil an Teaghlaigh Naofa do na Bodhair i mBaile Átha Cliath agus Pobalscoil Bhaile an Easpaig I gCorcaigh le linn na cuairte Ticéad Órga ar rannóg Cleachtadh Stiúideo, Smididh agus Vardrúis an Toy Show.

Craoladh *The Late Late Toy Show ISL* beo Dé hAoine, an 6 Nollaig, ar RTÉ News Channel agus ar RTÉ Player ar fud an domhain agus bhí sé ar fáil le sruthú go gairid tar éis an chraolta bheo. Bíonn an fhreagairt ó phobal an ISL, ón bpobal i gcoitinne agus ó dhiaspóra na hÉireann fós thar a bheith dearfach bliain i ndiaidh bliana. Bhí an pobal ISL go háirithe an-tógtha le seó 2024, agus bhí beirt láithreoirí bodhra acu arb é ISL a gcéad teanga.

Bhí athchraoladh *The Late Late Toy Show* ar fáil freisin le Clostuairisc don lucht féachana Dall agus don lucht féachana Lagamhairc Dé Domhnaigh, an 8 Nollaig agus Dé Luain, an 9 Nollaig.



# Breis Rochtana, Breis Foghlama
(ar lean)

**Seachtain Feasachta ar Theanga Chomharthaíochta na hÉireann**
Bhí RTÉ bródúil as tacaíocht a thabhairt arís do Sheachtain Feasachta ar Theanga Chomharthaíochta na hÉireann 2024, ón Luan 23 go dtí an Domhnach 29 Meán Fómhair, agus roinnt clár agus ábhar speisialta ISL le feiceáil ar fud ár seirbhísí i rith na seachtaine. Cuireann RTÉ catalóg mhór d'ábhar ar a bhfuil ISL ar fáil tríd an mbliain, rud a léiríonn tiomantas leanúnach RTÉ don Phobal Bodhar, Lagéisteachta agus ISL anseo in Éirinn.

I measc bhuaicphointí Sheachtain Teanga Chomharthaíochta na hÉireann:
- Thug *Nationwide* RTÉ One cuairt ar na daltaí agus ar an bhfoireann teagaisc i Midwest School for the Deaf i Luimneach. Bhí Caroline Worthington ó fhoireann Nuachta agus Aimsire ISL RTÉ i gcuideachta Bhláthnaid Ní Chofaigh i bPáirc an Fhionnuisce. Bhí comharthaíocht ISL ar an scáileán le linn an chláir ar fad.
- Léirigh Nuacht RTÉ le Teanga Chomharthaíochta na hÉireann an téama gach aon lá de Sheachtain Feasachta ISL.
- Chraol foireann Aimsir ISL feasacháin bhreise aimsire a raibh ISL orthu ar RTÉ News Channel agus ar ardáin meán sóisialta RTÉ.
- Bhí beirt rannpháirtithe óga spreagthacha Bodhra agus Lagéisteachta ar *news2day*a RTÉ2 ar feadh na seachtaine. Thug *News2day* cuairt ar Scoil an Teaghlaigh Naofa do na Bodhair chun labhairt le páistí faoina gcearta, agus bhuail an láithreoir Barry Gallagher le roinnt *Deaflympians* ionchasacha i mBaile na mBodhar i mBaile Átha Cliath chun a fháil amach faoina n-uaillmhianta spóirt don todhchaí.
- In éineacht le Daithí Ó Sé ó *Today* bhí Declan Buckley, láithreoir *Telly Bingo*, chun labhairt faoina thaithí mar CODA (Child of Deaf Adults).
- Bhí *Arena* le Seán Rocks ar RTÉ Radio 1 ar fáil le hateangaireacht ISL ar rte.ie/Arena, ar RTÉ News Channel agus ar RTÉ Player ar an 27 Meán Fómhair.
- Bhí Bratach na mBodhar, comhartha mór bróid do phobal ISL, ar foluain ar champas RTÉ i nDomhnach Broc i rith na seachtaine.
- Ar an Satharn an 23 Meán Fómhair, Lá Idirnáisiúnta na Teanga Comharthaíochta, iompaíodh comhartha RTÉ ag an mbealach isteach chuig campas RTÉ i nDomhnach Broc gorm, dath suntasach a sheasann don Teanga Chomharthaíochta ar fud an domhain agus a léiríonn an meas atá ag na pobail Bhodhair ar a dteanga féin.
- Ar RTÉjr agus ar RTÉ2, bhí ISL le fáil ar roinnt clár leanaí ar feadh na seachtaine.



# Breis Rochtana, Breis Foghlama
(ar lean)

## Breis Foghlama

Ba iad seo a leanas tosaíochtaí RTÉ Learn in 2024:

- Plé le fostaithe lasmuigh de Bhaile Átha Cliath
- AI a thuiscint
- Na fostaithe a chosaint
- Oiliúint a chur ar fáil do láithreoirí agus ar chruthú ábhair
- Lá Ionduchtaithe (Tusa agus RTÉ)

**Fostaithe lasmuigh de Bhaile Átha Cliath:** Chun a chinntiú go gcuirfí deiseanna foghlama na bliana 2024 ar fáil do na fostaithe ar fad in RTÉ, d'óstáil muid seisiúin eolais phearsanta do RTÉ Corcaigh, RTÉ Raidió na Gaeltachta agus Nuacht TG4 agus RTÉ lyric fm. Ina dhiaidh sin chuireamar réimse de sheisiúin traenála ar bun i gCorcaigh agus i nGaillimh.

**AI a thuiscint:** Chuireamar oiliúint AI ar fáil in 2024, idir oiliúint ghinearálta agus oiliúint a bhí saincheaptha do róil ar leith in RTÉ don dream a bhíonn ag obair i mBéarla agus i nGaeilge, agus tá leathanach Mol AI againn anois inar féidir le fostaithe go leor eolas úsáideach a fháil faoi AI, acmhainní oiliúna a cuireadh ar fáil roimhe seo chomh maith le naisc úsáideacha.

**Fostaithe a chosaint:** I bpáirt le Sláinte agus Sábháilteacht RTÉ, thugamar faoi oiliúint a leagan amach agus a chur ar fáil chun tacú lenár bhfostaithe dul i ngleic leis an raon rioscaí a dtugann siad aghaidh orthu ina gcuid oibre: Feasacht Staide, Ord Poiblí, Timpeallacht Naimhdeach agus Déileáil le hÁbhar Suaite agus Tucaide.

**Oiliúint ar láithreoirí agus ar chruthú ábhair:** Tá teacht anois ag gach láithreoir agus ag gach cruthaitheoir ábhair ar oiliúint aonair agus ar oiliúint do ghrúpaí bíodh siad ag plé le físeáin, le fuaim nó le hábhar ar líne. Thacaigh muid leis an bhfoghlaim shóisialta amhail an Ghaeilge, Teanga Chomharthaíochta na hÉireann agus an amhránaíocht.

**Lá Ionduchtaithe:** I R4, bhí ár gcéad Lá Ionduchtaithe pearsanta againn do thosaitheoirí nua. Deis iontach a bhí ann tuilleadh a fhoghlaim faoin saol in RTÉ, bualadh le comhghleacaithe nua agus tuiscint a fháil ar na bunghnéithe a bhaineann leis an gcaoi a n-oibríonn RTÉ, ó Shláinte agus Sábháilteacht go dtí cúrsaí Airgeadais, agus ón bhFoghlaim go dtí an Éagsúlacht agus an Cuimsiú, agus bualadh lenár gcriú léiriúcháin atá thar a bheith cumasach.



# RTÉ Late Late Toy Show Appeal - Saol Leanaí a Athrú go Deo

Agus leanaí ina n-ábhar inspioráide, déanann an RTÉ Toy Show Appeal draíocht *The Late Late Toy Show* a thabhairt do gach leanbh in Éirinn. Trí thacaíocht riachtanach, sláinte, folláine, súgradh agus cruthaitheacht a mhaoiniú, tá sé mar aidhm ag RTÉ saol leanaí a athrú go deo. Tá os cionn €26m bailithe le cúig bliana anuas, agus 486 deontas tugtha do charthanais agus d'eagraíochtaí atá cláraithe do leanaí ar fud oileán na hÉireann agus cabhair tugtha do thart ar 1.1 milliún leanbh agus baill teaghlaigh in Éirinn gach bliain. Fondúireacht Phobail na hÉireann a bhainistíonn an achainí.

Tá os cionn €5 mhilliún bailithe ag Toy Show Appeal RTÉ 2024, agus níos mó daoine sa bhaile agus thar lear ag tabhairt síntiús ná mar a bhí riamh cheana chun cabhrú le leanaí agus lena dteaghlaigh ar fud oileán na hÉireann. Thug an pobal síntiúis ar www.rte.ie/toy-show-appeal agus ar an gcomhpháirtí oifigiúil síntiúis, Revolut Pay (tugadh breis is €3.7m i ndeontais tríd Revolut).

Agus an scéal á roinnt aige dúirt láithreoir an *Late Late Toy Show* Patrick Kielty: *'Tá ríméad an domhain orainn a chur in iúl daoibh go bhfuil os cionn €5 mhilliún faighte anois ag The Toy Show Appeal de bharr bhur bhflaithiúlacht i rith na bliana. Ní thuigeann sibh a bhfuil déanta agaibh. Tá an oiread sin tionscadal againn ar fud oileán na hÉireann a bhainfidh tairbhe as seo agus anois nuair atá an Nollaig buailte linn, ní fios cén difríocht a dhéanfaidh sé seo do pháistí agus dá dteaghlaigh fud fad na hÉireann. Go raibh míle maith agaibh.'*

Cuireadh tús leis an RTÉ Toy Show Appeal in 2020, agus é á spreagadh ag scéal Saoirse Ruane, ar éirigh léi croí na ndaoine a mhealladh. Ar an drochuair, fuair Saoirse bás i mí Márta 2024, ach leanann a hoidhreacht bhuan leis an achainí bhliantúil.

Is éard a dúirt Príomh-Stiúrthóir RTÉ Kevin Bakhurst: *'Déanann an t-airgead a bailíodh – os cionn €26 milliún ó thosaigh muid ar an RTÉ Toy Show Appeal in 2020 – an-difríocht agus difríocht atá dearfach, agus is é sin an fáth go bhfuil sé fós ar cheann de na rudaí is tábhachtaí agus is mó tionchar a dhéanaimid in RTÉ. Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghlacadh libh.'*

Chun an chaoi a roinneadh an t-airgead a bailíodh in 2023 ar thairbhithe in 2024 fháil amach, féach ar Thuarascáil Tionchair an RTÉ Toy Show Appeal atá foilsithe ar https://about.rte.ie/reports-and-policies/reports/.



# Inbhuanaitheacht Níos Fearr a Chur i gCrích

Déanann RTÉ agus an Aeráid 2023–2025 tiomantas RTÉ don inbhuanaitheacht a bhuanú ar chomhthéacs níos leithne trí úsáid a bhaint as cláir agus as ábhar chun oideachas a chur ar an lucht féachana faoin aeráid bunaithe ar thaighde eolaíochta. Tá clúdach timpeallachta agus athraithe aeráide comhtháthaithe i gcláracha Nuachta agus Cúrsaí Reatha RTÉ agus bíonn siad ar fáil i gcónaí ar fud ardán RTÉ go léir.

Tá cur síos déanta thíos ar an méid a bhain RTÉ amach in 2024 maidir le Fuinneamh, Uisce, Bainistíocht Dramhaíola agus Bithéagsúlacht.

**Léiriúcháin níos inbhuanaithe**

Táimid ag leanúint de bheith i mbun rannpháirtíochta le "albert", clár atá á bhainistiú ag BAFTA agus atá leagtha amach chun tacú le cláir theilifíse a dhéanamh níos inbhuanaithe agus úsáid á baint as áireamhán carbóin.

Spreagann an t-áireamhán athrú iompraíochta mar a bhaineann leis an inbhuanaitheacht trí dheis a thabhairt do na foirne léiriúcháin a lorg carbóin a thomhas agus gníomhú chun é a laghdú. I measc na léiriúchán a bhain úsáid as an uirlis in 2024 bhí:
- *The Late Late Show*
- *Today*
- *Prime Time*
- *The Tommy Tiernan Show*
- *The Ben Dunne Story (clár faisnéise)*
- *Stardust (clár faisnéise)*

**Bainistiú fuinnimh**

Tá RTÉ ina cheannródaí anois san earnáil phoiblí trí spriocanna an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh (NEEAP) a shárú agus trí sheasamh go láidir le hoibleagáidí CAP23. Tarraingíonn na laghduithe a bhí déanta roimhe seo ar ídiú fuinnimh agus ar astaíochtaí $CO_2$ aird ar chomh maith agus atá ag éirí le Montrose bainistíocht straitéiseach a dhéanamh ar chúrsaí fuinnimh.

De réir chaighdeáin ISO 50001, tá RTÉ ag cur feabhais i rith an ama ar an bhfeidhmíocht fuinnimh trí athbhreithnithe córasacha agus trí bhearta éifeachtúlachta spriocdhírithe. Déantar tionscnaimh coigilte fuinnimh a shainaithint i gClár na nDeiseanna agus tugtar tús áite dóibh, rud a chinntíonn go bhfuiltear in ann dul in oiriúint do na dúshláin reatha agus do dhúshláin a bheidh ann amach anseo.

Díríonn RTÉ ar an timpeallacht thógtha a fheabhsú agus, ag an am céanna, na hoibríochtaí craolacháin ríthábhachtacha a chosaint. Déantar measúnú ar gach tionscnamh fuinnimh ionas go bhféadfar seirbhís gan bhriseadh agus an caighdeán oibríochta a chinntiú i gcónaí.


Autocue

# Inbhua-naitheacht Níos Fearr a Chur i gCrích
(ar lean)

Tionscnamh tábhachtach don bhliain 2024 is ea an clár nuachóirithe HVAC, agus gaothráin EC an-éifeachtúla á gcur in ionad mótair atá as dáta agus nach bhfuil éifeachtach. Cuidíonn an t-uasghrádú seo leis an éifeachtúlacht fuinnimh agus cuireann sé deireadh le hagaí neamhfhónaimh, rud a chabhraíonn le Montrose an méid fuinnimh a úsáideann sé, chomh maith lena chuid astaíochtaí, a laghdú. Cuidíonn an infheistíocht i dteicneolaíochtaí bainistíochta fuinnimh atá ar ardchaighdeán leis an straitéis seo a neartú tuilleadh. Tá rialuithe cliste mar chuid den chóras soilsithe nua Interact sa chaoi gur féidir na soilse a chur in oiriúint don áitíocht agus do na coinníollacha sa timpeallacht chun nach mbeidh cumhacht á cur amú agus go mbeifear níos éifeachtúla agus na feidhmeanna craolacháin is tábhachtaí á gcosaint ag an am céanna. Agus é ag teacht le spriocanna fuinnimh RTÉ, cuireadh an tionscadal soilsithe seo i gcrích chun tacú lena mbíonn á éileamh ag an mbonneagar craolta, agus le hiontaofacht na seirbhíse a chinntiú.

Agus iad ag feidhmiú le chéile, déanann na hiarrachtaí seo an úsáid fuinnimh a bharrfheabhsú ar fud áiseanna RTÉ agus ag an am céanna coinnítear na hoibríochtaí craolacháin ag imeacht go saoráideach. Bhí baint ag na tionscnaimh seo leis na laghduithe a tháinig roimhe seo ar méid fuinneamh leictreach a bhíonn in úsáid i Montrose fad is a bhí caighdeán agus iontaofacht na teicneolaíochta cinntithe i rith an ama.

### Bainistiú dramhaíola

Níor cuireadh aon dramhaíl de chuid RTÉ i líonadh talún ó 2017 agus tá próisis éifeachtacha bainistithe agus coiscthe dramhaíola fós ag cur lenár dtáirge dramhaíola a laghdú. Cuirtear an tábhacht a bhaineann le dramhaíl a chosc agus a dheighilt chun cinn go gníomhach le polasaí 'athchúrsáil ag an bhfoinse'. Bhí tionchar ag tionscadal ó thaobh laghdú a dhéanamh ar úsáid málaí diúscartha dramhaíola ar an bhfeidhmíocht inbhuanaitheachta ar an iomlán. Cuireadh comharthaíocht nuashonraithe le haghaidh gabhdáin dramhaíola in airde ar fud champas Dhomhnach Broc agus é mar aidhm aici é a dhéanamh níos éasca don fhoireann an 'rogha ceart' a dhéanamh agus iad ag fáil réidh lena gcuid dramhaíola.

### Bithéagsúlacht

Tá roinnt spásanna atá fabhrach don phailniú ar champas RTÉ i nDomhnach Broc, rud a léiríonn tiomantas níos leithne don bhithéagsúlacht agus don chothabháil aireach. Mar thacaíocht leanúnach don tionscnamh seo féachann RTÉ chuige nach ngearrtar an féar chomh minic agus go mbíonn limistéir fhiáine á saothrú, rud a chruthaíonn timpeallacht níos inbhuanaithe agus níos fabhraí do phailneoirí.

### Uisce

Baineann RTÉ úsáid as cur chuige réamhghníomhach maidir leis an mbainistíocht ar uisce, agus tá feabhas á chur go leanúnach ar na córais mhonatóireachta agus ar na bonneagair chun cur amú uisce a íoslaghdú i ngach cuid den ghnó. Cinntíonn an méadrú ardleibhéil agus na straitéisí cothabhála spriocdhírithe go mbíonn an t-uisce á úsáid go héifeachtach, agus cuidíonn an t-uasghrádú leanúnach ar an líonra le fadhbanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn a bhrath agus a réiteach sula n-éiríonn siad níos measa. De bharr go ndírítear go straitéiseach ar éifeachtúlacht na n-acmhainní cuidíonn sé le hinbhuanaitheacht an ghnó agus leis na spriocanna náisiúnta i leith caomhnú uisce araon.


RTÉ

# Ábhar Físeáin

**Drámaíocht**
Bliain mhaith ab ea 2024 do Dhrámaíocht RTÉ. D'fhág an meascán de léirithe a coimisiúnaíodh go neamhspleách agus de chomhléiriúcháin go raibh lucht féachana agus éisteachta na hÉireann ábalta sult a bhaint as réimse de shraitheanna drámaíochta i gcaitheamh na bliana.

I measc na gcomhléiriúchán bhí an dara sraith den dráma fuadaigh *The Gone* (Keeper Pictures agus Kingfisher Films) agus sraith 2 den chlár an-ghreannmhar *The Dry* (Element Pictures) i gcomhar le ITVX.

Chabhraigh an fhoireann taobh thiar de *Smother* linn tús a chur le 2024 le *Blackshore* (Treasure Entertainment), áit ar tharla fuadach agus dúnmharú i mbaile beag, agus gur nochtadh rúin agus bréaga a bhí faoi cheilt le fada. Lisa Dwan atá sa bpríomhpháirt, agus is iad Rob Walpole agus Rebecca O'Flanagan as Treasure Entertainment a léirigh *Blackshore*. Is é Daithí Keane a bhí i mbun stiúrtha agus is í Kate O'Riordan a chruthaigh an tsraith.

I bhFómhar 2024, craoladh *The Boy That Never Was* (Subotica) ar ár scáileáin, scéal lán de chumha, caillteanas agus dóchas faoi lánúin óg as Éirinn a dtéann a mac ar iarraidh agus iad thar lear. Agus é bunaithe ar úrscéal de chuid Karen Perry leis an teideal céanna, spreag ábhar an scéil go leor ceisteanna morálta agus nochtadh an scéal ar bhealach corraitheach a chuirfeadh iontas ort. Arna léiriú ag Tristan Orpen-Lynch agus Aoife O'Sullivan do Subotica, ba iad Colin Morgan, Toni O'Rourke, Kerr Logan agus Simon Callow a bhí i bpríomhpháirteanna na sraithe ceithre chlár seo. Scríobh Jo Spain an tsraith, agus ba í Hannah Quinn a stiúraigh é.

Bhí trí dhráma nua aon uaire *Storyland* le feiceáil sa bhFómhar ar RTÉ2 agus RTÉ Player. Tá na drámaí seo leagtha amach chun dlús a chur le gairmeacha agus le scileanna na scríbhneoireachta, an léirithe agus an stiúrtha atá ag teacht chun cinn. Oibríonn siad freisin chun an caidreamh atá acu le RTÉ a fhorbairt, feabhas a chur ar a ngairmeacha beatha agus tá siad mar a bheadh cártaí cuartaíochta ann de réir mar a théann an bhuíon tallainne seo ag plé leis na léiriúcháin drámaíochta phríomhshrutha. Chuaigh buaiteoirí de chuid *Storyland* roimhe seo ar aghaidh le bheith ag scríobh ar shraitheanna ar nós *Smother*, *KIN*, *Hidden Assets* agus *The Gone*. Tá aisteoirí a raibh príomhpháirteanna acu i ndrámaí de chuid Storyland roimhe seo anois páirteach i sraitheanna ar nós *Black Doves* do Netflix agus *Dune: Prophecy* le haghaidh HBO Max.

Le haghaidh *Storyland*, rinne Deadpan Pictures maoirseacht ar dhráma rómánsúil, *I'm Yours*, a d'fhéach ar bhealach spraíúil agus macánta ar chaidrimh nua-aimseartha, agus an choimhlint idir an oidhreacht éagsúil agus na hionchais chultúir. Léirigh Connla's Well Productions *Did You Read About Erskine Fogarty?* le haghaidh Storyland. Agus é bunaithe ar an ngearrscéal ar a bhfuil an t-ainm céanna ó chnuasach Blindboy Boatclub a bhfuil duaiseanna buaite aige, is scéal faoi éadóchas agus lagmhisneach é seo ina bhfuil an phríomhpháirt ag Robbie Sheehan ó *Love/Hate*. Tá an Tíogar Ceilteach ag titim as a chéile sa chúlra agus insítear an scéal ar bhealach greannmhar agus samhlaíoch. Is é Charmer Pictures a léirigh *Shush* scéal faoi bhean a théann ar a teitheadh le leanbh. Ní mar a shíltear a bhítear sa scéal casta seo faoi ghrá agus cliseadh néarach.



# Ábhar Físeáin
(ar lean)

## Siamsaíocht, Greann agus Ceol

Ar RTÉ One, tháinig *Dancing with the Stars* (ShinAwiL) ar ais i mí Eanáir in 2024. Chuir a bhfuil sa tír a gcuid bróga damhsa orthu don seachtú sraith den chlár siamsaíochta ollmhór seo agus daoine ar bís le dul ag damhsa le fáil réidh le gruaim an gheimhridh. Bhí an lucht féachana an-tógtha arís leis na láithreoirí Jennifer Zamparelli agus Doireann Garrihy agus iad ag tabhairt bús sceitimíní agus galántachta chugainn gach seachtain ón mbálseomra. Thástáil na moltóirí Loraine Barry, Arthur Gourounlian agus ar ndóigh Brian Redmond foireann ar a raibh Rosanna Davidson, Laura Fox agus Blu Hydrangea, sular thug an buaiteoir bonn óir Parailimpeach Jason Smyth an liathróid ghealra abhaile leis.

Thaitin Patrick Kielty go mór i gcónaí leis an lucht féachana agus é ina láithreoir ar an *The Late Late Show*. Lean an seó suaitheanta seo de chuid RTÉ, a thugann léargas ar an gcultúr, ag forbairt faoi stiúir Patrick agus é chomh siamsúil, tábhachtach agus Gaelach agus is a bhí sé riamh. Léiríodh é seo go háirithe le linn *The Late Late Toy Show*. Léiriúchán inmheánach a bhí ann, agus ní hamháin gur thug sé seó iontach bunaithe ar an téama *Home Alone* dúinn, rud a d'fhág gurb é an clár is mó é ar breathnaíodh air in 2024, ach chomh maith leis sin bhailigh sé os cionn €5 mhilliún ar son an RTÉ Toy Show Appeal.

D'fhill *The Late Late New Year Special* agus an rath céanna ar an bhformáid agus a bhí air an chéad bhliain. 75 nóiméad de cheol, greann, ceiliúradh agus comhrá a bhí sa seó a thug ardán do na buanna atá ag réimse leathan ealaíontóirí, cuid acu ag seinm le Ceolfhoireann Coirme RTÉ, agus d'fhág sé seo ar fad go raibh seó againn a thaitin go mór leis an lucht féachana.

Thosaigh an obair ar an dara sraith déag de *Ireland's Fittest Family* (Animo/Kite) i dtús na bliana 2024. Bhí an tsraith siamsaíochta dúshláin teaghlaigh réidh le craoladh nuair a tharla tragóid, leis an scéal uafásach go raibh duine de na hiomaitheoirí óga, Cillian Flaherty, tar éis bháis. Le meas a léiriú ar Chillian agus ar a theaghlach agus iad faoi bhrón, cuireadh an tsraith ar athló go dtí Eanáir 2025.

Chuir Adare Productions seó nua siamsaíochta ar fáil i mí an Mhárta, a thug le chéile ár n-ardáin chraolta, agus réaltaí an chláir bricfeasta ar RTÉ 2FM á dtabhairt chuig an scáileán. Sraith nua as an bpíosa 30 nóiméad a bhí sa *The Full Irish Hidden Camera Show*, arna cur i láthair ag Doireann Garrihy, Donncha O'Callaghan agus Carl Mullan, a tharraing gnéithe den ghreann agus den imirt cleas traidisiúnta le chéile chun ábhar nua agus comhaimseartha a léiriú.

De bharr comhoibriú den scoth idir Coimisiún na Meán, RTÉ Entertainment agus Dearg Films, thug an siamsóir agus ceoltóir Pat Shortt agus Mike Hanrahan, príomhamhránaí le Stockton's Wing, turas bóthair ceoil timpeall na hÉireann chun teacht ar an stair atá taobh thiar de chuid de na hamhráin is fearr dá bhfuil againn. Tharraing *Songs of Ireland* aird ar thallann ceoil óg nach bhfuil chomh cáiliúil sin agus cuireadh a gceol faoi bhráid lucht féachana níos leithne.



# Ábhar Físeáin
(ar lean)

In *The End of the World* with Beanz (Coimisiún na Meán & Kite Entertainment) phléigh an fear grinn, scríbhneoir agus ball den lucht siúil Martin Beanz Warde na dúshláin phráinneacha a bhaineann leis an inbhuanaitheacht agus leis an ngníomhú ar son na haeráide a bhfuil ar Éirinn dul i ngleic leo faoi láthair, ar mhaithe le cuid den mhistéir a bhaint astu. Bhí Beanz ag obair le láithreoir difriúil gach seachtain - agus chaith sé tamall in áiteanna in aice láimhe agus i bhfad i gcéin, le daoine a bhfuil roghanna saoil as cuimse déanta acu ar mhaithe leis an bpláinéad.

D'fhill *The Tommy Tiernan Show* (Power Pictures) ar na scáileáin don ochtú sraith. Tá ag éirí leis an seó lucht féachana mór a mhealladh i gcónaí ar na hardáin go léir agus Tommy ag óstáil aíonna as gach aicme saoil i gclár atá leagtha amach sa chaoi is nach mbíonn a fhios aige cén chéad duine eile a shiúlfaidh amach.

Tugadh ar ais an fhormáid fíor scála a bhaineann le *The Money List*, arna óstáil ag Baz Ashmawy agus arna léiriú ag an bhfoireann léiriúcháin agus foirne de bheirt ó gach cearn d'Éirinn le feiceáil i mbun coimhlinte agus iad ag iarraidh an duais airgid a bhaint. Bhí an-bhá ag an lucht féachana leis an seó.

Le linn an ama, bhí *Fleadh Cheoil* (Red Shoe Productions), *The RTÉ Choice Music Prize* (Southpaw Productions) agus *St Patrick's Festival Parade 2024* (Coco Content) ar siúl in éineacht le sraith eile de *Other Voices* (South Wind Blows), rud a chiallaíonn gur choinnigh Siamsaíocht RTÉ ceol, tallann, cruthaitheacht, taibhiú agus cultúr na hÉireann i gceartlár an aonaigh do lucht féachana ar fud ár n-ardán go léir.

Ar RTÉ2, d'fhill *The 2 Johnnies Late Night Lock In* (Green Inc) dá dara sraith. Ag tógáil ar an rath a bhí ar shraith a haon, mheall *The 2 Johnnies* líon suntasach den lucht féachana óg chuig an gcainéal. Agus ceiliúradh á dhéanamh ar shaol na hÉireann, idir an greann agus na daoine, eispéireas uathúil de chuid na hÉireann atá sa tsraith sé chlár seo, atá suite i suíomh an tí tabhairne agus lán le craic. Bhuaigh an tsraith gradam don tSiamsaíocht agus don Choiméide is Fearr ag gradaim RTS Thuaisceart Éireann 2024.

Bhí tuilleadh den rath ar RTÉ2 leis an dara sraith de *Love in the Country* (Kite Entertainment), formáid gheandála a thug léargas ar chuid de na dúshláin a bhaineann le cúrsaí geandála faoin tuath in Éirinn agus inar chuidigh Anna Geary le daoine singile a ngrá geal a aimsiú. Bhí roinnt torthaí suntasacha ag an tsraith an séasúr seo mar a bhaineann le cúrsaí suirí agus bláth tagtha ar an ngrá i measc na foirne.

Agus é ag teacht chugainn ó Eaglais San Séamas sa Daingean, d'fhill *Other Voices* (South Wind Blows) ar RTÉ2 don 22ú sraith. Tá ag éirí leis an bhféile bhúitíc seo ealaíontóirí intíre agus idirnáisiúnta araon a mhealladh, agus tugadh deis dóibh siúd a bhí i láthair éisteacht le taibhithe pearsanta beo ó chuid de na healaíontóirí is spreagúla dá bhfuil againn i mbliana, lena n-áirítear Griff, Villagers agus CMAT.



# Ábhar Físeáin
(ar lean)

## Cláir Fhíorasacha

Ar an rogha fíorasach in 2024 bhí meascán maith de shnáitheanna faisnéise nua agus de chláir lárnacha a bhí ag filleadh. In éineacht le teidil aitheanta ar nós *Cheap Irish Homes*, *First Dates*, *Room to Improve*, *Ear to the Ground*, *Crimecall*, *At Your Service*, *The Meaning of Life* agus *Keys to My Life* a bhí ar sceidil RTÉ One agus RTÉ2, cuireadh roinnt sraitheanna fíorasacha ilphháirteacha agus cláir faisnéise aon uaire leo.

Tá foireann fhíorasach RTÉ ag leanúint lena tiomantas i leith ábhar dúshlánach a théann i bhfeidhm ar lucht féachana na hÉireann. Clár nua i mí Mheán Fómhair 2024 ab ea *On the Beat*, sraith faisnéise breathnóireachta i dtrí chuid a thug léargas ar an bhfíorshaol a bhíonn ag na Gardaí agus iad ag obair ar fud na hÉireann. Agus thar cheithre eipeasóid, in *Raised by the Village* chonaiceamar teaghlaigh as cathracha a dteastaíonn idirghabháil ghairmiúil óna gcuid páistí atá sna déaga.

Tar éis ionchoisne poiblí, a bhí go mór i mbéal an phobail, thug sraith inmheánach i dtrí chuid, *Stardust*, chun cuimhne an scéal coscrach a bhain leis an tine thragóideach a bhí i gcoimpléasc an Stardust oíche Vailintín, 1981, trí shúile na ndaoine a bhí i láthair, chomh maith leis an dream is gaire don 48 duine a fuair bás sa tine. In *Jackie and Coco*, d'éirigh le Jackie Fox – máthair ar chuir a hiníon lámh ina bás féin tar éis di bulaíocht a fhulaingt ar líne – ina feachtas chun dlí na hÉireann a athrú le go mbeadh an chibearbhulaíocht ina cion coiriúil. I mí Iúil, chraol RTÉ One *Bishop Casey's Buried Secrets*, exposé fada faoi iar-Easpag na Gaillimhe, Eamon Casey, a bhfuil a chorp curtha go conspóideach i gcript Ardeaglais na Gaillimhe. I mí Dheireadh Fómhair, craoladh an clár faisnéise a thug ábhar machnaimh dúinn, *Leathered*, a d'fhéach ar an méid úsáide a baineadh as pionós corpartha i scoileanna na hÉireann.

Ó thaobh roghanna eile de, bhreathnaigh *Murder of a GAA Chairman* siar ar bhás Sheán Brown, cathaoirleach chlub CLG Wolfe Tones i mBaile Eachaigh, Co. Dhoire, in 1997. Lean *The Locals* an dream a bhí ag seasamh i dtoghcháin áitiúla na bliana seo caite i mbarda Bhaile Átha Cliath Láir, agus d'fhéach *Anorexia and Me* ar an tionchar a bhíonn ag neamhoird itheacháin ar shampla ionadaíoch d'fhir agus de mhná in Éirinn.

Bhí go leor próifílí faisnéise ar dhaoine mór le rá – Ben Dunne (*An Extraordinary Life*), Sinéad O'Connor (*Sinéad*), Michael Smurfit (*Succession*), Rory Gallagher (*Calling Card*) agus Lord Henry Mountcharles (*A Lord in Slane*) – sna sceidil i rith na bliana agus thaitin siad leis an lucht féachana.

Bhí ábhar le húdar suntasach freisin sa snáithe fíorasach in 2024. D'fhiosraigh *The Last Priests/Nuns in Ireland*, faoi stiúir Ardal O'Hanlon agus Dearbhail McDonald, an laghdú atá tagtha ar líon na ndaoine a théann le gairmeacha reiligiúnacha sa tír. D'fhéach *Andrew Trimble: For Ulster and Ireland* ar an gceist chasta a bhaineann le féiniúlacht, in *PJ Gallagher: Changing My Mind* déanadh scrúdú céadphearsa ar an tábhacht a bhaineann leis an bhfolláine mheabhrach agus thug *Birdsong* próifíl dúinn de shaothar an nádúraí agus éineolaí óg as Corcaigh, Seán Ronayne.

Iniúchadh mealltach i dtrí chuid ar áilleacht chósta na hÉireann ab ea *Ireland's Coast* agus ba é *Futureville Ireland* – a bhí ag fiosrú faoin gcuma a d'fhéadfadh a bheith ar Bhaile Átha Luain in 2050 – ionchur i dtrí chuid Rare TV le haghaidh Sheachtain na hEolaíochta, 2024. I measc na gclár a bhain leis an Eolaíocht agus leis an Inbhuanaitheacht bhí an dara sraith de *Big Life Fix* agus bhí an tsraith ar an inbhuanaitheacht *Heated* agus *Rising Tides: Ireland's Future in a Warmer World* ar ais ar an aer.



# Ábhar Físeáin
(ar lean)

## Spórt

Mairfidh cáil na bliana 2024 mar bhliain shuntasach i spórt na hÉireann, agus an caighdeán ag ardú bliain i ndiaidh bliana. Tá na caighdeáin chomh hard anois, sa bhaile agus go hidirnáisiúnta, agus go bhfuil póidiamaí, boinn agus trófaithe tagtha le fada in áit na gclistí macánta agus calma.

Tá scála na tallainne spóirt atá in Éirinn le feiceáil anois sna spóirt ar fad, go háirithe sna spóirt rothaíochta Oilimpeacha – rámhaíocht, dornálaíocht, gleacaíocht, lúthchleasaíocht.

Bhí an t-ór ag scaladh go lonrach ag bun Thúr Eiffel i bPáras agus Kellie Harrington ar an gcéad churadh Oilimpeach as a chéile a bhí riamh againn in Éirinn, thug an snámhaí Daniel Wiffen an báire leis ag na Cluichí Oilimpeacha agus ag craobhchomórtais an domhain, ba é Paul O'Donovan an t-imreoir Oilimpeach ab fhearr dá raibh againn riamh agus ba é Rhys McClenaghan an chéad ghleacaí de chuid na hÉireann a bhuaigh bonn ag ceann de na Cluichí Oilimpeacha. Bhí Páras 2024 thar cionn ar fad. Bhí tuilleadh ratha fós orainn ag na Cluichí Parailimpeacha, áit ar bhuaigh Róisín Ní Riain boinn airgid agus cré-umha tar éis di dhá dhuais óir a bhuachan ag craobhchomórtais na hEorpa, agus thug Katie-George Dunlevy bonn óir agus dhá bhonn airgid abhaile léi chomh maith le bonn óir an Domhain. B'fhéidir nach bhfeicfidh muid a leithéidí arís agus bhí Spórt RTÉ ann chun gach nóiméad den rás Oilimpeach agus Parailimpeach is fearr dá raibh againn riamh a thaifeadadh.

Ó Pháras go dtí an Róimh, thaispeáin Spórt RTÉ an aoibh gháire álainn bhuacacha bhí ar Chiara Mageean agus í ag ruaigeadh an bhriseadh croí agus ag fíorú na haislinge a bhí aici ar feadh a saoil, nuair a bhuaigh sí craobhchomórtais na hEorpa sa rás 1500m in éineacht lenár bhfoireann sealaíochta measctha sa rás 4 × 400m. Bhí sé ar nós tús nua agus ghabh, agus mhéadaigh RTÉ an drámaíocht, na sceitimíní agus buaicphointí an cheiliúrtha gach uair.

Ar ais sa bhaile, lean na scéalta dochreidthe ar aghaidh nuair a dhreap Ard Mhacha agus an Clár céimeanna Pháirc an Chrócaigh chun a mbua i gCraobhchomórtais CLG na hÉireann a cheiliúradh, bhí an lámh in uachtar ag Corcaigh sa chamógaíocht, agus bhuaigh Shelbourne, agus iad á spreagadh ag Damien Duff, an teideal sraithe den chéad uair le 18 mbliana. Is féidir aislingí a fhíorú.

Bhuaigh foireann rugbaí idirnáisiúnta na bhfear Craobh na Sé Náisiún, shroich LGFA Chiarraí an tír tairngire faoi dheireadh agus bhí Willie Mullins ar an gcéad traenálaí curaidh ar dhá thaobh Mhuir Éireann ó bhuaigh Vincent O'Brien i 1954.

Taifeadadh gach nóiméad, gach cuimhne, gach iarracht agus gach moladh ar ardáin RTÉ agus náisiún beag atá aontaithe ag an spórt ag ceiliúradh, ní hamháin go rabhthas in ann aghaidh a thabhairt ar an dream is fearr ar domhan, ach gur éirigh linn iad a bhualadh. Bhí sé de phribhléid againn a bheith ann, agus táimid bródúil as na cuimhneacháin sin a thabhairt dár lucht féachana agus dár lúthchleasaithe beag beann ar chóid, disciplíní nó inscne ag tabhairt onóir dóibh siúd a tháinig rompu agus ag spreagadh an dream a thiocfaidh ina ndiaidh.


PARIS 2024
Atos
Zauri ANTIA
BOX OLV
A2
R

## Na hEalaíona agus an Cultúr

Lean RTÉ ar aghaidh ag tabhairt tús áite d'ábhar sainiúil a bheith á chur ar fáil a bhfuil sé mar aidhm aige an lucht féachana is leithne dá bhfuil ann a mhealladh agus ag an am céanna léargas a thabhairt ar a fhairsinge agus a éagsúlaí agus atá na healaíona agus an cultúr ar fud na tíre agus go hidirnáisiúnta, agus iad a chothú.

**Físeán (Teilifís)**

In 2024, bhí sé an-tábhachtach agus cláir do choimisiúin ealaíon agus chultúir á gcoimisiúnú agus á leagan amach do theilifís RTÉ go mbeadh tuilleadh próifílí againn de phearsana suntasacha ós na healaíona atá beo agus ar shlí na fírinne, chomh maith le hábhair agus mionsraitheanna a dhíreodh ar thopaicí a mbeadh spéis ghinearálta iontu. Téann *Songlines* (Harvest Films) ar thuras leis an amhránaí traidisiúnta cáiliúil de chuid an Lucht Siúil, Thomas McCarthy, agus é ag bualadh le hamhránaithe eile ón Lucht Siúil a bhfuil an-bhaint acu leis an ealaín ar fud na hÉireann. In *David Puttnam: The Long Way Home* (Icebox Productions) feicimid an léiritheoir David Puttnam, a rugadh i Sasana agus a bhuaigh Oscar, agus é ag machnamh ar a shaol agus ar a shaothar, chomh maith leis na rudaí a d'imir tionchar air le go bhfuil ina shaoránach de chuid na hÉireann. In *Christy Brown: Self Portrait* (Averner Films) déantar athshamhlú ar shaol an scríbhneora agus an phéintéara Christy Brown trína chuid focal, arna insint ag Aiden Gillen le léamha ó Saoirse Ronan. I measc na rannpháirtithe eile tá a dheirfiúr Anne Jones, Jim agus Peter Sheridan, John Banville, Mary Duffy agus Rosaleen McDonagh. In *Fintan O'Toole: A Life in Our Times* (Cyprus Avenue Films) tá an t-iriseoir agus an t-údar ag smaoineamh siar ar a shaol agus ar an gcaoi go dtugann sé léargas ar imeachtaí mór le rá a bhain le scéal na hÉireann.

Chuir Denise Chaila *RTÉ Celebrates Culture Night 2024* i láthair i dTeach an Ard-Mhéara i mBaile Átha Cliath le Ceolfhoireann Coirme RTÉ faoi stiúir David Brophy, leis na hamhránaithe Villagers, Niamh Regan, New Jackson, Joe Chester agus Gemma Hayes chomh maith le gearrscannáin lena n-áirítear ceann le ceoltóirí agus cairde David Gray agus Colm Mac Con Iomaire ag taisteal chuig Sceilg Mhichíl.

Sa tsraith trí chlár *Ireland's Hidden Treasures* (Bo Media) chonaiceamar réada, chualamar na scéalta a bhaineann leo agus fuaireamar amach faoi na daoine a thugann aire do bhreis agus ceithre mhilliún mír a bhfuil tábhacht stairiúil agus chultúir leo i músaeim na hÉireann. Chuaigh an tsraith ceithre chuid *Book Club* (Vision Independent Productions) chun cainte le clubanna leabhar ar fud na tíre agus iad ag plé clasaicí liteartha agus na leabhair is mó a bhfuil tóir orthu le déanaí, agus in *Irish Book of the Year 2024* (Another Avenue), arna chur i láthair ag Oliver Callan, bhí buaiteoirí na gcatagóirí i nGradaim Leabhar An Post Graham Norton, Johnny Sexton, Seán Ronayne, Eilish Fisher agus Jane Casey le feiceáil, chomh maith leis an mbuaiteoir foriomlán Donal Ryan.

**Fuaim (Raidió RTÉ)**

Ar an raidió, chuir RTÉ réimse ábhar ealaíon agus cultúir ar fáil trí phríomhchláir ar nós *Arena*, *The Rolling Wave*, *Folk on One*, *South Wind Blows* agus *Céilí House*, chomh maith leis an gcéad séasúr de *Poetry People* (OJO Productions) arna chur i láthair ag an bhfile Rachael Hegarty, agus tacaíocht á tabhairt do thiomantas fadtéarmach raidió RTÉ don fhilíocht ar an aer.

Chuir *Arena* le Sean Rocks saol na scannán, na hamharclainne, an damhsa, na litríochta, na hamharc-ealaíne agus an cheoil i láthair i gcraoltaí ón stiúideo agus lasmuigh, lena n-áirítear na taispeántais bheo a chraoltar go bliantúil ó Temple Bar Tradfest, craoltaí Stiúideo 1 ó Ionad Raidió RTÉ leis an gcomharghrúpa Afrobeat ón Nigéir Yankari agus Villagers, agallamh



# Ábhar Físeáin
(ar lean)

poiblí leis an aisteoir Brian Cox ag Fleadh Scannán na Gaillimhe agus ceiliúradh ar Winter Papers i gcomhar le Féile Leabhar Bhaile Átha Cliath. I measc an scata mór ealaíontóirí a óstáladh bhí na haisteoirí Cillian Murphy, Emily Watson, Eileen Walsh, Saoirse Ronan, Michael Fassbender, Isabella Rossellini, Stanley Tucci, Juliet Stevenson, Jeremy Strong agus Sebastian Stan; na scannánóirí Armando Iannucci, Jesse Eisenberg, Andrea Arnold agus Dearbhla Walsh; an t-eagarthóir scannán Úna Ní Dhonghaile; na scríbhneoirí Alan Hollinghurst, Caoilinn Hughes, Colm Tóibín agus Molly Tuomey; an dealbhóir John Behan; an damhsóir Edwina Guckian; agus na ceoltóirí Lisa O'Neill, Bryce Dessner, Kneecap, Eimear Noone, Colin Greenwood ó Radiohead, Damien Dempsey agus Anonhi.

Comhpháirtíocht thábhachtach ab ea *Spreading the News: A Celebration of 120 Years of the National Theatre* idir RTÉ agus Amharclann na Mainistreach. Taifeadadh é beo in Amharclann na Mainistreach a bhí lán go doras le lucht spéise agus craoladh é ar RTÉ Radio 1 ar an 27 Nollaig, 120 bliain go dtí an lá ó d'oscail an amharclann. Ag cuimhneamh ar an stair iontach atá ag Amharclann na Mainistreach agus ag breathnú go teanntásach chun cinn, thug an léiriúchán le chéile saothar nach raibh léirithe fós agus téacsanna cáiliúla le drámadóirí ar a n-áirítear Marina Carr, Brian Friel, an Bantiarna Augusta Gregory, Conor McPherson, Nuala Ní Dhomhnaill, Barbara Bergin agus Frank McGuinness. I measc na n-aisteoirí den scoth bhí Eileen Walsh, Peter Coonan, Seán Mac Fhionnaoich, Stephen Rea, Bríd Ní Neachtain, Kate Gilmore agus Patrick Martins chomh maith le stiúrthóir ealaíne Amharclann na Mainistreach Caitríona McLaughlin agus Sexy Tadhg.

Gné lárnach de na healaíona agus den chultúr ar RTÉ Radio 1 is ea an scríbhneoireacht choimisiúnaithe agus na haighneachtaí oscailte. Shroich an príomhchlár nua scríbhneoireachta agus ceoil *Sunday Miscellany* níos mó éisteoirí ná riamh, sin 321,000 (Joint National Listenership Research (JNLR), R1 2024) agus bíonn sé ar bharr chairt na bpodchraoltaí ag Apple Ireland Books go rialta. Ina eagrán le haghaidh Oíche Chultúir, *Sunday Miscellany Live at Áras an Uachtaráin*, bhí, i measc daoine eile, Manchán Magan, Mia Döring, Rita Ann Higgins, Donal Ryan, Cormac Begley, Dónal Clancy, Niwel Tsumbu, Clare Sands agus an tUachtarán Michael D. Higgins.

Chuir *Spoken Stories* lear mór scéalta nua, bunaithe ar théamaí ar fáil ó chuid de na scríbhneoirí is dinimiciúla i mBéarla agus i nGaeilge a bhfuil baint acu le hÉirinn agus leis an ngearrscéal. I measc na scríbhneoirí a fuair coimisiúin bhí Elaine Feeney, Adrian Duncan, Colm Ó Snodaigh, Melatu Uche Okorie, Niamh Campbell, Paul McVeigh, William Wall agus Rebecca Miller. I measc na n-aisteoirí mór le rá a rinne guthú ar na scéalta, bhí Barry Ward, Roisin Gallagher, Clare Dunne, Gabriel Adewusi, Caitriona Ennis agus Marcus Lamb. Ar *Book on One* bhí leabhair nua chomh maith le leabhair chlasaiceacha le Evelyn Conlon, Brian Friel, Marian Keyes, Cristín Leach, Afric McGlinchey, Louise Nealon, Philip Ó Ceallaigh agus Nuala O'Connor, agus iad á léamh ag a n-údair agus ag aisteoirí, lena n-áirítear Niall Buggy agus Gerard McSorley. Thug an tsraith clár i bhfócas *On Being an Artist* le Michael Craig Martin, *First Time I Heard* le Gerald Dawe, *Prophet Song* le Paul Lynch agus *Editing Ireland* ar chlár David Marcus léargas domhain dúinn ar shaothar agus ar intinn ealaíontóirí de chuid na hÉireann agus lean *The County Measure* lena thuras fuaime cultúir trí chontaetha na hÉireann ceann ar cheann agus úsáid á baint as agallaimh, comhráite, ceol agus scríbhneoireacht choimisiúnaithe.

Nóta: Le haghaidh Ghradaim Tíre RTÉ Radio 1, féach cuid RTÉ Radio 1. Le haghaidh Chomórtas Gearrscéalta RTÉ, féach an chuid Obair na Bliana.



# Ábhar Físeáin
(ar lean)

**Ar Líne**
Thug RTE.ie/culture rochtain ar éileamh don lucht féachana agus éisteachta ar an gcuid is fearr den ábhar a roghnaíodh ó chláir theilifíse agus raidió RTÉ, mar aon le réimse d'ábhar bunaidh. I measc na n-imeachtaí beo bhí léirithe sruthaithe ó Fhéile Cheoldrámaíochta Phort Láirge, *Other Voices* agus Comórtas Idirnáisiúnta Pianó Bhaile Átha Cliath. D'óstáil sí réimse ábhar ó Chomhairle Ealaíon na hÉireann, ón Oíche Chultúir agus ón bhFéile First Fortnight.

**An Ghaeilge (inmheánach)**
In 2024, rinne foireann inmheánach RTÉ roinnt clár faisnéise agus sraitheanna a fuair ráta an-ard agus ardmholadh. Clár faisnéise suntasach ab ea *Hothouse Flowers: Stick Around and Laugh Awhile* (1 × 50) a rinne ceiliúradh ar cheann de na bannaí is mó a bhfuil tóir air in Éirinn. Lean an stiúrthóir Michael McCormack an banna agus iad ar chamchuairt agus ag smaoineamh siar ar an saol a chaith siad ag déanamh ceoil le chéile agus ar bhliain a bhí an-tábhachtach dóibh, 1988.

In 2024 rinne an tsraith staire sóisialta fhadtéarmach *Scannal* ceiliúradh ar 20 bliain a bheith caite aici i mbun machnaimh ar imeachtaí a bhain croitheadh as an náisiún - agus a rinne athrú a chuaigh chun tairbhe dúinn go minic. I rith an tsamhraidh in 2024, d'fhéach trí chlár uair an chloig siar ar chuid de na scéalta is mó a chlúdaigh an tsraith le 20 bliain, le haoi-thráchtairí i mbun machnaimh ar an gcaoi ar mhúnlaigh na himeachtaí sin Éire an lae inniu. Tugadh 2024 chun críche le clár speisialta dhá chuid de *Scannal* a bhain le ceann de na himeachtaí ba chorraithí a thit amach le blianta beaga anuas a mhairfidh sa chuimhne go deo: bás Savita Halappanavar, agus an chaoi, i ndeireadh thiar, a dtiocfadh athrú ar bhunreacht na hÉireann mar thoradh ar a bás anabaí.

Rinne *Cloch le Carn: Micheál* (1 × 50') ceiliúradh ar shaol agus ar éachtaí duine de na pearsantachtaí is mó a raibh meas air in Éirinn: an tráchtaire spóirt a raibh cion ag an tír uilig air, Micheál Ó Muircheartaigh. Agus agallaimh ann lena theaghlach, lena dhlúthchairde agus le laochra de chuid CLG ón am atá thart agus ó shaol an lae inniu, nuair a craoladh an clár faisnéise seo Oíche Chinn Bhliana ar RTÉ One bhí lucht féachana ollmhór aige agus thuill sé ardmholadh ó chách. Chomh maith leis sin, chuir an fhoireann an dara sraith den chlár is ansa leis an lucht féachana *Aistear an Amhráin* ar fáil (4 × 30'). Seo sraith faisnéise a scrúdaíonn na scéalta, an stair agus an stair shóisialta atá taobh thiar de chuid de na hamhráin is mó a thaitníonn linn. Rinne an stiúrthóir Pádraig O'Driscoll *Dragon Hearts* (1 × 50'), clár faisnéise corraitheach faoi bhádóireacht dragain a thabharfadh ardú croí duit. Seo spórt atá réasúnta nua in Éirinn agus atá dírithe ar dheis a thabhairt do daoine a bhfuil ailse orthu, do mharthanóirí ailse agus dá lucht tacaíochta tarraingt le chéile agus a bheith ag rámhaíocht le buachan. Beidh an dá chlár ar an aer in 2025.

Cuireadh leis an léiriú a dhéantar go hinmheánach le scláta uaillmhianach de shraitheanna nua a bhí coimisiúnaithe ag RTÉ le tacaíocht ó Chiste Fuaim agus Fís an BAI agus ón gCiste Craoltóireachta Gaeilge (ILBF) agus a léirigh comhlachtaí léiriúcháin neamhspleácha ó gach cearn d'Oileán na hÉireann.

Cuireadh tús leis an mbliain le clár faisnéise conspóideach *The Irish for Sex* a scríobh an bhean ghrinn Bláithín de Búrca. Chraol RTÉ *Pass It On: Sacar na mBan*, sraith bhreathnóireachta ina ceithre chuid ar pheil na mban i mí Aibreáin. In *Kayak Ó Thuaidh*, thug na cadhcálaithe gan aon taithí, Tessa Fleming agus Irial Ó Ceallaigh, faoi chadhcáil éachtach a dhéanamh san Atlantach. Rinneadh iniúchadh sa chéad chlár as ceithre cinn den tsraith shuntasach *Na Féilte Tine*, a craoladh faoi Shamhain, ar an miotaseolaíocht



agus ar an stair shóisialta atá taobh thiar den chaoi a ndéanaimid ceiliúradh ar Oíche Shamhna. I mí na Nollag, rinne *La Vie Sa Bhruiséil* staidéar ar shaol mhuintir na hÉireann sa Bhruiséil, ó chonairí na cumhachta i bParlaimint na hEorpa go dtí na páirceanna gnóthacha CLG atá i gcroílár ceann de phríomhchathracha fuadracha na hEorpa.

I measc na gclár eile a ceadaíodh in 2024 agus a bhfuil an obair léiriúcháin orthu críochnaithe nó réidh le tosú orthu in 2025 tá: An dara sraith den chlár ceoil móréilimh *Seisiún* de chuid Hedgerow Films; an tsraith seónna agus aontaí tíre de chuid Strident Media *Beidh Aonach Amárach*; an tsraith faisnéise breathnóireachta *Slán le Rang a Sé* de chuid Tyrone Productions ag teacht chugainn ó Ghaelscoil i lár chathair Bhaile Átha Cliath agus a bheifear ag scannánú i rith na bliana acadúla 2025/26; *Róisín Ní Thiomáin: ADHD agus Mise* a rinne Below the Radar agus ina leantar an láithreoir teilifíse atá anois ina múinteoir agus í ag tabhairt faoi thuras an-phearsanta ag plé le ADHD; clár faisnéise nua le Big Mountain Production ina mbreathnaítear ar cheann de na teaghlaigh ceol tíre is rathúla agus is mó tionchair in Éirinn, The Sands Family; agus *Saol an tSaoralaí*, sraith faisnéise bhreathnóireachta éadrom, aisteach a leanann oibrithe deonacha spóirt na hÉireann agus a rinne Imagine Films.

### Cláir do Dhaoine Óga

Bhí an-bhliain go deo ag RTÉ in 2024 le sraith uathúil d'ábhar a bhí déanta in Éirinn don lucht féachana óg i bhfoirm físeáin, ábhar fuaime agus ábhar ar líne mar chuid dár misean na saoránaigh is óige in Éirinn a spreagadh, a chumhachtú agus a cheiliúradh. Déanann an fhoireann a dícheall timpeallacht shábháilte agus chuimsitheach a chruthú agus a chur ar fáil sna meáin, a dhéanann ceiliúradh ar an éagsúlacht agus a spreagann daoine óga le bheith rannpháirteach.


Choimisiúnaigh RTÉ níos mó ná 70 uair a chloig d'ábhar físeáin nua RTÉ Kids agus RTÉjr in 2024 agus 40 uair a chloig d'ábhar nua podchraoltóireachta. Tá níos mó ná 1,000 uair a chloig agus níos mó ná 5,000 clár, d'ábhar do leanaí ar fáil ar an RTÉ Player, móide breis agus 220 uair a chloig de chláir phodchraoltóireachta RTÉjr agus RTÉ Kids ar féidir le teaghlaigh taitneamh a bhaint astu. Sheolamar cuma nua agus ainm nua don ábhar atá dírithe ar pháistí 7-12 bliana d'aois, RTÉ Kids, agus chuireamar tús lenár gceathrú comórtas ealaíne digití don 32 contae*, This Is Art!*.

Chuir RTÉ Player lena cháil mar cheann scríbe a gcaithfear cuairt a thabhairt air le haghaidh ábhar den scoth i nGaeilge do pháistí, agus bhí níos mó tóra ar an dá chainéal YouTube atá againn, RTÉjr agus RTÉ Kids, chomh maith le go raibh suíomhanna gréasáin RTÉ Kids agus RTÉ Learn lán d'ábhar iontach.

#### Ábhar Físeáin: RTÉ Kids 7+ Aicsean Beo & Beochan

Bhí toradh le feiceáil in 2024 ar an infheistíocht atá déanta ag RTÉ sa drámaíocht ardchaighdeáin do pháistí. Tháinig dhá shraith úrnua drámaíochta de chuid na hÉireann chugainn agus iad déanta sa baile, *Louise Lives Large* (Tailored Films) agus an tsraith scanrúil i gceithre chuid *The Unreal* (Dyehouse Films). Bhí an lucht féachana an-tógtha leo agus táimid ag iarraidh tógáil ar an rath seo.

In Aibreán 2024 tháinig *Man Up?* (Macalla Teo) chuig na scáileáin. Sa tsraith seo, tógann Jordan Conroy deichniúr buachaillí ó chúlraí socheacnamaío-cha éagsúla agus a bhfuil spéiseanna éagsúla acu agus déanann sé iarracht cabhrú leo a fháil amach cad is brí le bheith i do 'fhear' i saol an lae inniu. Is sraith eachtraíochta a thugann ardú croí dúinn é *Where the Wild Geese Go* (EZ Films) a leanann an turas iontach a dhéanann an cadhan agus é ar a imirce eipiciúil as Éirinn go Ceanada Artach, agus ar ais arís. Chomh maith leis sin in 2024 tháinig *What's Next?* chugainn ó Hop Skip Studios. Sraith úrnua, bhríomhar atá anseo a


EXPLORER
Worldwide

# Ábhar Físeáin
(ar lean)

d'fhéach ar a bhfuil i ndán dár bpláinéad amach anseo. Sa tsraith seo bhí páistí ag smaoineamh agus i mbun nuálaíochta agus cruthaitheachta ag iarraidh teacht suas leis an gcéad smaoineamh mór eile a d'fhéadfadh an pláinéad a shábháil. Chun an bhliain a thabhairt chun críche, chraolamar trí chlár an-speisialta dár lucht féachana 7+. I dtús báire in *The Kabin Crew's Christmas Special* (Cian McCarthy Productions) bhí amhráin úrnua ón Kabin Crew, lena n-áirítear 'Kabin Party & Belter', 'Hiccup', 'You'll be Fine' agus 'Treat Yourself' – ina raibh criú iontach Lios Dúin Bhearna páirteach freisin.

Is scannán faisnéise a thógfadh do chroí é *My Story: What Daire Did Next* (Tyrone Productions) a leanann duine de lucht leanúna Learphoill as Éirinn, Daire Gorman, tar éis don chruinniú a bhí aige le Jurgen Klopp in Anfield i mí na Nollag 2023 mearscaipeadh. Sa scannán faisnéise seo, tugann Daire isteach ina shaol dochreidte muid le linn sé mhí thar a bheith gnóthach. In *Bush Kids: Arctic Adventure Special* (GMarsh TV) tugann Tom Bán, an saineolaí marthanais, triúr col ceathracha eachtrúla as Corcaigh – Donagh, Cuan agus Caroline – in éineacht lena n-athair agus a n-uncail Eoin, ar thuras nach bhfacthas a leithéid cheana go dtí an Ciorcal Artach.

Ó thaobh beochana dár lucht féachana 7+, leanann *The Scavengers* (Little Moon Animation) teaghlach atá ar mhisean taighde chun cabhrú leis an Domhan a shábháil, agus bhí ár scéim gearrscannán beochana dírithe ar an téama 'Home', agus tacaíocht againn ó bheochanóirí agus stiúrthóirí nua agus seanbhunaithe chun sé ghearrscannán den scoth a chur ar fáil.

**Ábhar Físeáin: RTÉjr Faoi 7 Aicsean Beo & Beochan**
Dár lucht féachana is óige bhí leithéidí *Bellie & Whizz Minding Me* (GMarsh TV), sraith a mbíonn tionchar mór aici a chuidíonn leis na páistí 12 de na mothúcháin mhóra a fhiosrú agus dul i ngleic leo; *The Imagination Machine* (séasúr 2) (Firebrand), *Dizzy Deliveries* (séasúr 2) (Macalla Teo), sraith Lámh a mbíonn an-tóir go deo uirthi agus *Let's Find Out* (séasúr 3) (Stopwatch TV), ár sraith eolaíochta don intinn atá fiosrach, go léir ar ais ar an scáileán de bharr tóir ollmhór a bheith orthu.

I gcás na mbeochan don dream faoi 7 mbliana thugamar ár lucht féachana réamhscoile isteach i saol iontach, ildaite, lán le spraoi *Maddie + Triggs* (Turnip and Duck). Leanann an tsraith cailín seacht mbliana d'aois, Maddie, a bhfuil lagú amhairc uirthi, agus an cara is fearr atá aici, a madra Triggs, agus iad ag aimsiú an cheoil agus na heachtraíochta i ngnáthfhuaimeanna an lae. Clár aoibhinn é *Doodle Girl* (Studio Meala), sraith 'ealaíonta' greannmhar ina mbíonn deis againn tamall a chaitheamh i ndomhan an Doodle Girl agus an cara is fearr atá aici, Pencil, agus is sraith oideachais shiamsúil do pháistí réamhscoile, atá bríomhar agus spraíúil, é *Hey Fuzzy Yello*w ó Toon2Tango, Curiosity Ink Media, Treehouse Republic agus Hotel Hungaria Animation. In *Stories from the Backwoods* (Ink & Light) buailimid le racún cathrach Rooney a thagann isteach i bhForaois Backwoods agus é mar aidhm aige é a athrú nó go mbeidh sé ar an bpáirc is áille dá bhfaca tú riamh.

Ba as an iarracht a bhí ar bun againn in 2024 cur leis an ábhar Gaeilge den scoth a chuireann muid ar fáil don lucht féachana a d'eascair *Baile na Samhlaíochta* (Cartoon Saloon) agus *Áit a dTéann na Géanna Fiáine* (EZ Films), agus chun an Nollaig a cheiliúradh bhí *Fia's Fairies*, ár sraith mhóréilimh Ghaeilge, ar ais le dhá eipeasóid a coimisiúnaíodh go speisialta *A Fairy Island Christmas*.

**Ábhar Fuaime**
Bhí bliain iontach eile ag podchraoltaí RTÉ Kids, le go leor teideal nua agus sraitheanna ag filleadh, rud a d'fhág gur tháinig méadú beagnach faoi thrí


L.F.C.
standard
chartered

# Ábhar Físeáin
(ar lean)

ar líon na n-éisteoirí ó 2023: Bhí *Kozie Moles* ar an gclár ba mhó a thaitin le teaghlaigh, agus ábhar machnaimh tugtha, ar bhealach séimh, faoina bhfuil i gceist le baile a dhéanamh cibé áit a bhfuil tú; d'úsáid *The Antix and Kaifina's World of Song* an ceol mar shárchumhacht chun go mbeadh daoine gafa agus ag baint taitneamh as; agus tháinig *Maddie and Triggs* ar ais go dtí an áit ar thosaigh sé ar fad, le heachtraí podchraolta nua.

Bhí *Cereal - Park Life*, an seó coireachta (nach bhfuil fíor) a bhfuil gradam buaite aige (Gradam Óir ag Gradaim Raidió Nua-Eabhrac 2024) ar ais, chun comhcheilg a nochtadh i lár na tíre. Bhí *Nero's Class* ceannródaíoch i gcónaí agus é ar cheann de na seónna do pháistí is barrúla dá bhfuil ann. Beidh *Ón Domhain Thíos*, sraith thar a bheith Gaelach, a rinne Fíbín Media do RTÉjr agus RTÉ Raidió na Gaeltachta, agus ina dtagann Éire na miotaseolaíochta ón am atá caite isteach i scoil nua-aimseartha, ag filleadh níos déanaí i mbliana, agus léirigh *Our Sustainable Village* an tionchar a d'fhéadfadh sé scoil i gCabrach a imirt ó thaobh bealach maireachtála níos feasaí ar an gcomhshaol a chruthú. Thug *Time Tablet* caol díreach isteach sa seomra ranga muid le hábhar teagaisc bunaithe ar an gcuraclam chun rannpháirtíocht a spreagadh san aistear faoi fhuadar seo go dtí an Éigipt ársa.

## RTÉ Player

**2024: An Bhliain ab Fhearr Fós**

Bhí 2024 ar an mbliain ab fhearr fós do RTÉ Player, le 142 milliún sruth dochreidte agus 42 milliún uair an chloig de shruthú déanta ar fud an ardáin – an líon is airde go dtí seo. Bhí an lucht féachana níos gafa ná riamh le RTÉ Player, agus 1.5 milliún úsáideoir uathúil in aghaidh na míosa aige faoi dheireadh na bliana, mar gheall ar mheascán d'imeachtaí móra beo, boscraí a chuirfeadh fonn ort a bheith ag craosfhéachaint, leabharlann ábhair atá ag fás agus feabhsuithe leanúnacha a bheith curtha ar na táirgí.

**Lucht Féachana níos mó ná riamh ag an Spórt**

Bhí ról lárnach ag an spórt maidir leis an rath a bhí ar RTÉ Player in 2024, agus an samhradh lomlán le haicsean beo nach ndéanfar dearmad air. Chuir na Cluichí Oilimpeacha an lucht féachana faoi dhraíocht agus ghin siad 7.2 milliún sruth de réir mar a bhí lúthchleasaithe de chuid na hÉireann ag cruthú go seoigh. I measc na bpríomhbhuaicphointí bhí Kellie Harrington ag buachan bonn óir (381,000 sruth), Rhasidat Adeleke sa bhabhta ceannais 400m (285,000 sruth) agus an snámhóir Daniel Wiffen ag buachan an bhoinn chré-umha (257,000 sruth).

Lean an tiomantas don ábhar digiteach a bheith ar dtús le Cluichí Parailimpeacha Pháras 2024, agus cúig chainéal de chlúdach laethúil eisiach, ar ardchaighdeán curtha ar fáil, ceithre cinn acu ina gcláir eisiacha do RTÉ Player. Mar gheall ar an gclúdach a bheith leathnaithe mar seo d'fheabhsaigh an inrochtaineacht agus thaispeáin sé réitigh nuálacha maidir leis an gcraoltóireacht ar imeachtaí mórscála.

Bhí lucht féachana breise gafa le UEFA Euro 2024 le 8.8 milliún sruth, méadú 251% i gcomparáid le 2021. Sa chluiche ceannais corraitheach idir an Spáinn agus Sasana amháin bhí 592,000 sruth i gceist. Bhí CLG i gcónaí bainteach leis an sruthú, agus méadú ag teacht ar na sruthanna iománaíochta, peile agus camógaíochta bliain i ndiaidh bliana. Bhuanaigh na himeachtaí mór le rá seo RTÉ Player mar cheann scríbe don lucht leanúna spóirt, agus sruthú fíor-ama á chur ar fáil chomh maith le hathimirt ar éileamh, rud a choinnigh an lucht féachana gafa.



# Ábhar Físeáin
(ar lean)

**Boscraí agus Drámaíocht ar Bharr an Liosta san Amharc ar Éileamh**
Ghlac lucht féachana leis an áisiúlacht a bhaineann leis an mbreathnú ar éileamh in 2024, agus shroich na sruthanna boscraí 35 milliún, rud iontach. I mí na Samhna, cuireadh an clár grinn iomráiteach *The Young Offenders* ar fáil ar RTÉ Player amháin sular craoladh é go líneach, rud a fhágann gurb é an tríú boscra ba mhó sruthú é i rith na bliana. Ba iad an dá bhoscra ba rogha le daoine ná *Yellowstone*, ceann a bhfuil an-tóir air go hidirnáisiúnta, agus an dráma clasaiceach de chuid na hÉireann *Love/Hate*.

Tháinig an Drámaíocht chun cinn mar an seánra is mó ar a ndéantar sruthú, agus bhí na sobaldrámaí fós i réim sa liosta 20 clár is fearr leis an lucht féachana. Bhí *EastEnders*, *Fair City* agus *Home and Away* ar bharr an liosta agus bhí gach ceann de na sobaldrámaí (lena n-áirítear *Neighbours* agus *Shortland Street*) nuair a chuirtear le chéile iad, i gceist i gcás níos mó ná 25 milliún sruth. Bhí na cláir is fearr a thaitníonn leis an lucht féachana ar nós *Room to Improve*, *The Late Late Show* agus *The Tommy Tiernan Show* i measc na 20 clár a bhí in uachtar freisin, rud a léiríonn go bhfuil RTÉ Player in ann an lucht féachana a choinneáil ag teacht ar ais le haghaidh tuilleadh.

**An-tóir ar Ábhar do Theaghlaigh agus do Pháistí**
Bhí níos mó teaghlach ná riamh ag úsáid RTÉ Player agus tá fás suntasach tagtha ar ábhar na bpáistí. In 2024, mheall cláir na leanaí 7.2 milliún sruth, méadú 36% ó 2023. D'fhan cláir a bhfuil an-tóir orthu ar nós *Bluey*, *Peppa Pig* agus *Dizzy Deliveries* i measc na roghanna ab fhearr leis an lucht féachana níos óige, agus roghnaigh leanaí níos sine *news2day*.

**Cláir Bhunaidh agus Borradh faoin Scáileán Mór**
Bhí RTÉ Player Originals ar thús na cadhnaíochta le *Good Boy* le Tony Cantwell, dráma grinn suímh faoi dhiagnóis ADHD a fhaigheann fear amháin, agus tá an-tóir ag an lucht féachana ar shraitheanna siamsaíochta úra ar nós *Charleen and Ellie Go All In* agus *Ireland's Perfect Pubs*, agus cruthaitheoirí óga meán sóisialta de chuid na Éireann le feiceáil sa dá cheann acu.

D'fhéach níos mó daoine ná riamh ar RTÉ Player ar theilifíseáin nasctha, rud a léiríonn go bhfuil níos mó éilimh ar ábhar digiteach ardchaighdeáin sa seomra suí. I measc na bhforbairtí ar tháirgí, bhí an aip nua teilifíse nasctha curtha ar fáil, chun an rochtain ar shruthú beo a leathnú go dtí na brandaí teilifíse LG, Samsung, Android agus Vestel. Mar thoradh air sin, is ar scáileáin mhóra a bhí 39% den amharc ar an meán, rud a d'fhág gur ardaigh an t-am a caitheadh ag féachaint ar an teilifís 19 nóiméad ar an meán in aghaidh an tseisiúin agus gur eispéaras níos tumthaí a bhí ann.

**Nuálaíochtaí Ardáin agus Feabhsuithe ar Eispéireas an Úsáideora**
Bhí an infheistíocht in ardán RTÉ Player fós ina thosaíocht, agus seoladh aipeanna dúchasacha ar Android agus iOS chun go mbeadh an t-eispéireas féachana níos réidhe agus níos tapúla. Tháinig 31% de na sruthanna ar an meán ó ghléasanna soghluaiste (fón agus táibléad), agus tharla an bhuaic le linn na chéad seachtaine de Chluichí Oilimpeacha Pháras. Toisc gur bogadh chuig seinnteoirí físe nua - EXO ar Android, AV ar iOS agus Shaka Player ar an deasc agus ar an teilifís chliste - cuireadh feabhas ar an bhfeidhmíocht agus ar an tseasmhacht.

I measc na bpríomhfheabhsuithe bhí an comhéadan úsáideora athnuaite ina raibh Pictiúr-i-bPictiúr (PiP), feidhmiúlacht Trick Play, agus ráille nua Na 10 gClár is mó Éileamh ionas go mbeidh sé níos fusa ábhar a aimsiú. Chuidigh na feabhsuithe seo leis an eispéireas a dhéanamh níos tarraingtí agus níos réidhe, rud a fhágann go bhfuil sé níos éasca don lucht féachana an t-ábhar is ansa leo a aimsiú agus taitneamh a bhaint as.
(Foinse: Piano Analytics)



# Ábhar Físeáin
(ar lean)

## RTÉ.ie

In 2024, shroich RTÉ.ie níos mó ná 1 billiún amharc leathanaigh (ardú 13% bliain ar bhliain) agus méadú 3% ar an meán-am a chaitear ar an suíomh, is é sin 8 nóiméad 42 soicind.

Tháinig méadú 6% ar an trácht ar an leathanach baile bliain ar bhliain, agus tháinig ardú ar an aistriú i dtreo a bheith ag amharc ar fhóin phóca seachas ar an ríomhaire deisce. Tá an leathanach baile faighte níos faide de bharr go bhfuil orainn freastal ar níos mó ábhar atá bailithe ó gach cuid de RTÉ, agus painéil agus topaicí spéise á gcur ar fáil againn dár lucht féachana forleathan. Ar na scéalta ba mhó bhí '"No caps left behind" on drink containers', bás anabaí réalta One Direction, Liam Payne, mínitheoir ar an gconspóid inscne a bhain le dornálaíocht Oilimpeach na mban, agus íomhánna de na Gealáin Thuaidh ó gach cearn d'Éirinn. Bhí an clúdach ar an olltoghchán agus ar imeachtaí aimsire i measc na scéalta nuachta ba mhó a raibh tóir orthu.

Maidir le cúrsaí spóirt, ba sa chlúdach ar na Cluichí Oilimpeacha agus ar Chluiche Ceannais Peile na hÉireann Chumann Lúthchleas Gael nuair a d'imir Ard Mhacha in aghaidh na Gaillimhe ba mhó a léiríodh spéis. Sa tSiamsaíocht bhí éileamh ollmhór ar thicéid don *Late Late Toy Show* (293,915 amharc), agus freisin ar thuras Bambie Thug chuig an *Eurovision*. Sna cláir Stíl Mhaireachtála, ba iad Vogue Williams agus Maura Higgins na daoine cáiliúla ba mhó a raibh spéis iontu, chomh maith leis an 15 siúlóid is fearr timpeall na hÉireann agus léirmheasanna ar mheaisíní caife. Lean an rannóg Cultúir ar aghaidh ag tacú lena raibh á chur ar fáil againn ar an teilifís, agus bhí ailt a raibh an-tóir orthu ar an gclár faisnéise faoi Michael Smurfit agus ar an gclár faisnéise *Documentary on One* RTE a bhain le cultúr an incel in Éirinn. Tháinig méadú 37% ar an tóir a bhí ar *Brainstorm* agus i measc na scéalta ab fhearr bhí 'Ar chóir duit leaba a roinnt le do mhadra nó do chat?' agus 'Cé mhéad a chosnaíonn sé i ndáiríre teach nua a thógáil in Éirinn?'. Bhí ár rannóg Gaeilge faoi bhláth i rith an ama agus suim leanúnach sna topaicí a bhain le foghlaim na Gaeilge.

## Cartlann RTÉ

Coimeádtar bailiúchán de thaifeadtaí closamhairc, grianghraif agus doiciméid a bhaineann le haschur, seirbhísí agus stair RTÉ ón mbliain 1926 go dtí an lá atá inniu ann i gCartlann RTÉ. Gach bliain, cuirtear na mílte uair an chloig d'abhar a thagann ó ardáin RTÉ i gcartlann. I measc na gclár a chuir RTÉ ar fáil in 2024 bhí an t-olltoghchán agus mórimeachtaí spóirt idirnáisiúnta. Ghlac Cartlann RTÉ seilbh ar os cionn 700 uair an chloig de chlúdach, tuairisciú agus aschur toghcháin ar fud na n-ardán agus na seirbhísí go léir agus chláraigh sé iad, agus bhí thart ar 400 uair an chloig de chlúdach agus de thuairisciú déanta ar na Cluichí Oilimpeacha agus na Cluichí Parailimpeacha ann.

In 2024, chuir Cartlann RTÉ seirbhísí taighde agus seirbhísí ábhair ilmheán ar fáil do raon leathan páirtithe leasmhara in earnáil na meán cruthaitheach gairmiúil chomh maith le lear mór d'eagraíochtaí ealaíon agus cultúir. Chuidigh sé freisin le fiosrúcháin agus foilseacháin a bhain le staidéir iarchéime acadúla agus phríobháideacha ó ollscoileanna móra náisiúnta agus idirnáisiúnta ar fud na hÉireann chomh maith leis an Ríocht Aontaithe, an tAontas Eorpach, na Stáit Aontaithe agus an tSeapáin. Bhí páirt lárnach



# Ábhar Físeáin
(ar lean)

ag Cartlanna RTÉ i roinnt cláracha faisnéise agus gné-chláracha tábhachtacha, lena n-áirítear an tsraith faisnéise ceannródaíoch ar thragóid chlub oíche an *Stardust*, a thugann léargas ar an gcaoi ar throid na teaghlaigh ar son an cheartais ar feadh 43 bliain. Ar raidió RTÉ, bhain *Chapters of Magnificence* úsáid as an mbailiúchán saibhir d'ábhar spóirt stairiúil atá ag RTÉ chun cuntas a thabhairt ar Oilimpigh de chuid na hÉireann san am a chuaigh thart, agus rinne an clár faisnéise *Housewife of the Year*, a bhfuil gradam bronnta air, cur síos ar scéal na n-iomaitheoirí sa tsraith teilifíse seo de chuid RTÉ a bhí ar siúl idir 1967 agus 1995 agus an tionchar a bhí aige ar mhná agus ar an tsochaí.

Baineadh úsáid as mórchlár digitithe chun cosaint a thabhairt don obair ar thaifeadtaí oidhreachta na bhformáidí fuaime, físe agus bhí dul chun cinn seasta déanta in 2024 agus 330,000 uair an chloig de dhigitiú déanta ar thaifeadtaí fuaime formáidí atá imithe i léig. Cuireadh tús le tionscadal mór digitithe físe freisin, agus bhí c.35,000 uair an chloig d'fhístéip digitithe ag deireadh 2024 mar chuid de thionscadal leanúnach. Ag an am céanna, thug Cartlann RTÉ chun críche an digitiú ar bhailiúcháin de thaifeadtaí fuaime i nGaeilge ó 1959–2000 mar chuid de thionscadal a bhí cómhaoinithe ag Coimisiún na Meán, sa chaoi gur cuireadh le chéile thart ar 160,000 uair an chloig de thaifeadtaí fuaime ón ábhar oidhreachta atá ag Radio Éireann agus ag RTÉ Raidió na Gaeltachta. I dtionscadal eile a fuair tacaíocht ó Choimisiún na Meán, rinneadh thart ar 400 uair an chloig de thuairiscí nuachta de chuid RTÉ a raibh scannánú déanta orthu sna 1970idí a dhigitiú. Cuireadh na comhaid ar fad a bhí díreach digitithe i stór agus i mbunachar sonraí Chartlann RTÉ le go mbeidís caomhnaithe go fadtéarmach, go mbeadh rochtain orthu go digiteach agus go bhféadfaí tuilleadh forbartha a dhéanamh orthu.

Cuirtear rochtain tiomnaithe phoiblí go dtí Cartlann RTÉ ar fáil go laethúil le hábhar nua á fhoilsiú ar www.rte.ie/archives. In 2024 cuireadh 1,083 scéal nua ón gcartlann ar fáil trí *Archives Daily*, áit ar féidir teacht anois ar os cionn 13,000 mír choimeádaithe agus iad a iniúchadh, chomh maith le dhá mhórbhailiúchán de thaifeadtaí raidió agus teilifíse. Is féidir le cuairteoirí chuig an suíomh gréasáin an t-ábhar cartlainne a chuardach, agus a bheith ag éisteacht nó ag féachaint ar thopaicí agus ar imeachtaí éagsúla thar thréimse deicheanna de bhlianta. In 2024, seinneadh 2.03 milliún de chomhaid físe agus 73,160 de chomhaid fuaime tríd an suíomh.

Thacaigh Cartlann RTÉ freisin in 2024 le lear mór d'ócáidí ceiliúrtha poiblí chomh maith le taispeántais agus imeachtaí cultúir le hábhar stairiúil ó thaifeadtaí raidió agus teilifíse RTÉ. Bhí ábhar cartlainne le feiceáil in ócáidí ceiliúrtha ar nós an chomóradh 20 bliain ar Fhéile Drámaíochta RTÉ Uile-Éireann, comóradh 20 bliain na RTÉ Choice Music Awards agus na Craobhchomórtais Náisiúnta Treabhdóireachta bhliantúla. Ina theannta sin, thacaigh Cartlann RTÉ le roinnt taispeántas a bhain leis an oidhreacht chultúir ar fud oileán na hÉireann, lena n-áirítear ag Ionad Seamus Heaney a bhí díreach tar éis oscailt in Ollscoil na Banríona, Béal Feirste agus ag an taispeántas de chuid Chartlann Náisiúnta na hÉireann, An tSochaí agus an Stát, i gCaisleán Bhaile Átha Cliath.


RTE
2fm

# Ábhar Fuaime

**RTÉ Radio 1**
Thosaigh an bhliain agus clár nua Oliver Callan á choimisiúnú agus á sheoladh le haghaidh sliotán a naoi a chlog ar maidin. D'éirigh thar cionn leis an gclár ón tús, agus é ag déanamh níos fearr ná an clár a bhíodh á chraoladh ag an am céanna roimhe seo sa JNLR. Bhí na figiúirí sin ríthábhachtach don chlár agus ríthábhachtach ar bhonn tráchtála.

Ó thaobh an JNLR, tá RTÉ Radio 1 fós ag an mbarr i dtaca le tírdhreach raidió na hÉireann agus gach ceann de na 10 gclár is fearr aige agus 18 den 20 clár is fearr. I rith an lae, ó *Morning Ireland* go dtí an *Late Debate*, tá ár gcláir cúrsaí reatha ag leanúint de bheith ag tarraingt airde ar chúrsaí agus ag tabhairt nuacht te bruite dúinn.

I rith na bliana, rinne RTÉ Radio 1 mionchlúdach ar dhá reifreann, ar na toghcháin áitiúla agus Eorpacha, ar olltoghcháin uachtaránachta na Ríochta Aontaithe agus toghchán uachtaránachta na Stát Aontaithe chomh maith lenár n-olltoghchán féin i mí na Nollag, inar craoladh podchraoladh a chuaigh go hard sna cairteacha, *Behind the Ballot*, agus a thug cuntas ar gach dáilcheantar agus é nuashonraithe le linn an fheachtais.

In 2024, sheol RTÉ Radio 1 sraith podchraoltaí, ag leanúint ar aghaidh leis an tsraith chomhshaoil *Hot Mess* agus ag cur san áireamh an tsraith cheannródaíoch, *The Forgotten*, faoi bhuamálacha Bhaile Átha Cliath/ Mhuineacháin i 1974 agus *Our Lives in the North*, clár nuálach a rinne comparáid idir na seirbhísí sláinte ó thuaidh agus ó dheas, chomh maith le hiniúchadh a dhéanamh ar shaincheisteanna eile. Bhí 1.88 milliún amharc ar TikTok ag *The Study Hub*, ár sraith shaincheaptha do mhic léinn na hArdteistiméireachta, agus 136,000 amharc ag an bPáipéar Béarla 2 as féin. I measc na gclár eile ar éirigh thar barr leo bhí *Callan's Kicks* agus, sa tsraith Documentary on One, *The Real Carrie Jade*, a bhain gradaim amach.

I measc na gclár a bhain le clúdach spóirt RTÉ Raidió 1 bhí tuairisciú beo ó gach cluiche i sraith Chraobhchomórtais na Éireann CLG agus clúdach deifnídeach ar na Cluichí Oilimpeacha a chuaigh i bhfeidhm ar an tír ar fad. Sna hEalaíona agus sa Cheol, i mí Feabhra d'óstáil muid Gradaim Tíre RTÉ Radio 1, ócáid atá lárnach i bhféilire an cheoil in Éirinn. Tugadh Séamus Ennis isteach i Halla na Laochra agus bronnadh Gradam Saoil ar Thríona Ní Dhomhnaill. Craoladh *Sunday Miscellany* ó Áras an Uachtaráin le haghaidh Oíche Chultúir. D'óstáil muid Comórtas Gearrscéalta bliantúil RTÉ arís in ómós do Francis MacManus chomh maith le Gradaim Drámaíochta Raidió PJ O'Connor. Is é an *Louise Duffy Show*, a bhíonn ar siúl ag am lóin, a mheallann an lucht éisteachta ceoil is mó sa tír agus craoladh beo é ón bhFleadh. Tá ról lárnach i gcónaí ag an dá chlár ceoil thraidisiúnta *Céilí House* agus *The Rolling Wave* le Kieran Hanrahan agus Aoife Nic Cormaic.

Ag an am céanna, thosaigh an t-amhránaí Loah mar láithreoir le RTÉ Radio 1, chuir God Knows Jones clár ar a oidhreacht ón tSiombáib i láthair agus rinne Charles Hendy ó The Mary Wallopers athshamhlú ar na seóbhannaí seo do lucht éisteachta idir nua agus sean.


RTÉ RADIO 1
Morning Ireland
Weekdays 7am-9am

# Ábhar Fuaime
(ar lean)

Anuraidh chraol Radio 1 os cionn 200 uair an chloig de chláir ina raibh ábhar raidió bunaidh a léiríodh go neamhspleách. Áiríodh sa rogha suntasach seo meascán de shraitheanna fadtéarmacha, seanbhunaithe a bhfuil ag éirí go maith leo, chomh maith le cláracha atá nua agus nuálach. Mar gheall ar an réimse ilghnéitheach de chláracha, freastalaíodh ar spéiseanna éagsúla, rud a léiríonn tiomantas RTÉ Radio 1 d'ábhar eisceachtúil agus tarraingteach a chur ar fáil dá chuid éisteoirí. Cuireann cláracha ar nós *The Business* (Old Yard Productions), *Callan's Kicks* (Catchy Title), *South Wind Blows* (South Wind Blows), *Second Captains Saturday* (Second Captains), *Supercharged* (OJO Productions) agus *The History Show* (Pegasus Media and Consulting) ábhar atá ar ardchaighdeán ar fáil go leanúnach chun an lucht éisteachta a chur ar an eolas agus siamsaíocht a chur ar fáil dóibh.

**Buaicphointí na Seirbhíse: Gradaim Ceoil Tíre RTÉ Radio 1**
Bhí an 6ú Gradam Ceoil Tíre bliantúil de chuid RTÉ Raidió 1 ar siúl i Vicar Street i mí Feabhra 2024 agus é á chur i láthair ag John Creedon. Craoladh an ócáid beo ar RTÉ Raidió 1, agus níos déanaí sa tseachtain craoladh clár ina raibh na buaicphointí ar RTÉ One.

Tá Gradaim Ceoil Tíre RTÉ Radio 1 anois mar chuid lárnach de bhliain an cheoil in Éirinn, agus iad ag daingniú an róil atá ag RTÉ Radio 1 mar a bhaineann le tacaíocht a thabhairt do cheol na hÉireann, is cuma nua nó sean – cuid ríthábhachtach de shainchúram an stáisiúin. Mar gheall air sin bhí sé tráthúil go raibh an t-amhránaí, bailitheoir agus píobaire uileann Séamus Ennis tugtha isteach i Halla na Laochra. D'oibrigh Ennis mar Oifigeach Craolacháin Lasmuigh agus ina dhiaidh sin mar láithreoir le RTÉ Radio 1 agus is suntasach a méid a chuir sé le Cartlann RTÉ.

Tagann Gradaim Ceoil Tíre RTÉ Radio 1 ó DNA an stáisiúin agus tá siad daingnithe ina sceideal, ag cláir ar nós *The Rolling Wave*, *Céilí House*, *Folk on One* agus *The South Wind Blows*, chomh maith leis an sceideal níos leithne agus na cláir ceoil níos ginearálta dála *John Creedon* agus *The Louise Duffy Show*.

Bhuaigh Tríona Ní Dhomhnaill an Gradam Saoil agus aitheantas á thabhairt dá gairm bheatha sa cheol, mar a raibh sí ina ceoltóir aonair, i mbun taifeadtaí suntasacha lena deirfiúr Maighread, chomh maith le bheith ina ball den ghrúpa ceannródaíoch The Bothy Band.

I measc na mbuaiteoirí ar an oíche bhí Lankum ar bronnadh dhá ghradam orthu as an albam a bhfuil ardmholadh faighte aige, *False Lankum*, agus Eoghan Ó Ceannabháin a bhuaigh dhá ghradam chomh maith. I measc na dtaibheoirí ar an oíche bhí Ó Ceannabháin, Niamh Bury, Bláth na hÓige, Johnny McEvoy, Steve Cooney & Breanndán Ó Beaglaoich, an t-amhránaí cáiliúil as Meiriceá Rhiannon Giddens agus Aoife Ní Bhriain.



# Ábhar Fuaime
(ar lean)

## RTÉ 2FM

Rinne RTÉ 2FM athruithe suntasacha le linn 2024 agus i dtús na bliana 2025. Le linn na tréimhse seo, thug 2FM seó bricfeasta úrnua isteach chomh maith le seó tiomána nua um thráthnóna, rinne sé athchóiriú iomlán ar a sceideal deireadh seachtaine, agus ag an am céanna d'éirigh leis sciar an stáisiúin den lucht éisteachta atá idir 15 agus 34 bliain d'aois a ardú, rud a fhágann go bhfuil sé ar an bpríomhstáisiún don aoisghrúpa seo in Éirinn.

Bíonn aird tugtha ar an aoisghrúpa seo agus an sceideal, plean an ábhair agus na roghanna ceoil á leagan amach. Is ábhar dóchais é, nuair a d'iarramar, in 2024, léirithe spéise ó dhaoine le bheith ina láithreoirí ar 2FM RTÉ, go bhfuaireamar níos mó ná 650 ríomhphost ó dhaoine óga thar a bheith cumasach agus éagsúil, a raibh an-suim acu sa raidió. (Féach thíos)

**Fócas ar 2FM Rising**

Bliain iontach eile ab ea 2024 don tionscnamh suaitheanta ceoil Éireannaigh de chuid 2FM, 2FM Rising. Is tionscnamh de chuid an stáisiúin dírithe ar cheol na hÉireann é 2FM Rising ina roghnaítear 10 gceoltóirí as Éirinn gach bliain mar go gcreidimid gurb iadsan an chéad ghlúin eile de cheoltóirí na hÉireann. I measc alumnus 2FM Rising tá Fontaines DC, Denise Chaila, For Those I Love, Cian Ducrot, Aby Coulibaly, Dermot Kennedy, Moncrieff, New Dad, Sello, Gemma Dunleavy, Kojaque agus Sweetlemondae, gan ach cuid acu a lua.

Féachtar leis an tionscnamh tacú leis na ceoltóirí a roghnaítear agus iad ar a n-aistir féin thar thréimhse dhírithe 12 mhí, agus cabhair á tabhairt dóibh ar bhealaí éagsúla ar ardáin RTÉ – lena n-áirítear ar an aer, ar líne, go digiteach/sóisialta, trí imeachtaí beo agus tionscadail choimhdeacha, chomh maith le sparánachtaí IMRO a fháil thar ceann na gceoltóirí. Tá sé mar aidhm ag an tionscnamh tacaíocht ó thaobh bolscaireachta a thabhairt trí ardáin RTÉ, chun cur lena gcumas proifisiúnta agus lena ngairm a chur ó neart go neart.

Ag tógáil ar an rath a bhí orthu le blianta beaga anuas, tá sroicheadh 2FM Rising leathnaithe anois chuig stáitsí tiomnaithe ag an bhféile Forbidden Fruit, Other Voices agus Oíche Chultúir. Tugann na pointí teagmhála suntasacha seo leis an lucht éisteachta deis do 2FM a bheith gníomhach ar bhealach fíor agus barántúil sna spásanna ina maireann croídhéimeagrafach 2FM. Tugann sé seo, in éineacht le seisiúin thiomnaithe Studio 8, ceannasaíocht na gceoltóirí ar an seó ceoil nua Beta Da Silva, réamhfhógráin ar an teilifís agus ar an raidió agus seinmliosta laethúil ar 2FM tuilleadh próifíle do na ceoltóirí seo, agus muid ag cabhrú lena scéal a scaipeadh agus a dturas a chlárú do lucht éisteachta 2FM.

I measc liosta na bliana seo bhí Chubby Cat, Brad Heidi, Qbanaa, Jordan Adetunji, Big Sleep, Saibh Skelly, The Cope, Strabe, SHEE agus Sick Love. Agus clabhsúr á chur ar bhliain iontach 2024, ainmníodh an ceoltóir 2FM Rising, Chubby Cat agus an bheirt alumnus New Dad agus Cian Ducrot le haghaidh Amhrán Éireannach na Bliana ag an RTÉ Choice Music Prize, agus ainmníodh alumni eile de chuid 2FM Rising, Sprints agus Fontaines D.C., le haghaidh Albam Éireannach na Bliana. Ainmníodh Jordan Adetunji le haghaidh Gradam Grammy don 'taibhiú rap binn is fearr' agus bhuaigh sé an chatagóir 'Ceoltóir Éireannach na Bliana' ag an RTÉ Choice Music Prize. Bhuaigh Fontaines D.C. 'Albam Éireannach na Bliana' ag na gradaim chéanna, ag cur le hoidhreacht agus le cáilíocht 2FM Rising, agus ag tacú le maíomh an stáisiúin go dtugann sé aitheantas do thallann nua spreagúil de chuid na hÉireann. Is í an fhís atá ag RTÉ ná cultúr na hÉireann a chur chun cinn, éagsúlacht shaibhir ár dtíre a cheiliúradh agus tallann na hÉireann a chothú, agus cruthaíonn 2FM Rising go bhfuilimid á dhéanamh é sin.


JPG

# Ábhar Fuaime
(ar lean)

**Buaicphointe: Léirithe Spéise 2FM**
I mí na Bealtaine 2024 thug RTÉ 2FM faoi phróiseas cuimsitheach chun teacht ar láithreoirí oiriúnacha don stáisiún. Áiríodh leis sin próiseas léirithe spéise a mhol an Sainghrúpa Comhairleach ina thuarascáil, inar leagadh síos, ó thaobh láithreoirí a fhostú, go lorgódh an tseirbhís ábhartha iarratais ó dhaoine aonair laistigh agus lasmuigh de RTÉ nuair a bheadh ról ar an aer á thairiscint. Ghlac RTÉ leis an moladh sin.

D'iarr RTÉ 2FM léirithe spéise láithreach, agus fuair sé níos mó ná 650 iarratas. Chruthaigh an tóir a bhí ar na poist sin an grá as cuimse atá ag daoine óga in Éirinn don raidió agus an fonn atá orthu iad féin a chur in iúl ar ardán 2FM. Bhí sé de phribhléid againn freisin casadh le grúpa iontach daoine ilchineálacha as gach cearn den oileán.

Bunaithe ar na hiarratais tosaigh, tugadh cuireadh do 140 duine teacht go dtí Stiúideo 8 sa Lárionad Raidió in RTÉ le hagallamh gairid a dhéanamh. Tugadh cuireadh ansin do 40 iarrthóir freastal ar cheardlann léirithe aon lae agus ina dhiaidh sin chun seóchláir phíolótacha a thaifeadadh. Bhí an obair seo ar bun i rith an tsamhraidh agus amach sa bhfómhar in 2024.

Deis iontach a bhí ann do RTÉ dul i dteagmháil le láithreoirí nua agus le láithreoirí ionchasacha don raidió, ach chomh maith leis sin, tionscnamh a bhain le meáin na hearnála poiblí a bhí ann a chothaigh nasc le daoine óga. Bhí an próiséas léirithe suime dírithe ar fhorbairt, deiseanna agus ionadaíocht a chothú ionas go mbeadh 2FM ar an gclosardán is fearr do cheol Éireannach agus ceol nua, don chaint agus don tsiamsaíocht.  Cuideoidh an fuinneamh nua, na glórtha ilchineálacha agus an t-ábhar siamsúil seo chun leanúint den cháil atá ar 2FM a bheith ag múnlú thodhchaí na craoltóireachta in Éirinn.

## RTÉ lyric fm
Lean lucht éisteachta RTÉ lyric fm de bheith ag fás in 2024 agus an stáisiún ag tairiscint a mheascáin shainiúil féin de cheol ó mhoch maidin ar *Marty in the Morning*, *Classical Daytime*, *The Full Score* agus *Classic Drive*, agus cláir nua *Weekend Classics le Claudia Boyle* agus *Sunday Afternoon le Simon Delaney*.

Bhí RTÉ lyric fm ag ceiliúradh 25 bliana ar an aer in 2024. Don lá breithe seo choimisiúnaigh an stáisiún trí shaothar nua le haghaidh ceolfhoirne agus iad dírithe ar théamaí an uaignis, an dóchais agus na hathbheochana: In *The Curragower Falls* leis an gcumadóir agus drumadóir de chuid na Cranberries as Luimneach, Fergal Lawler, rinneadh machnamh ar a chuimhní cinn óna óige cois Abhainn na Sionainne; léiríodh in *A New Day Rising* leis an gcumadóir Corcaíoch Paul Frost, an mothú sin a bhíonn ort agus tú ag dúiseacht ar lá nua, le fuaim an nádúir agus spreagadh an lae; agus léirigh *Bualadh an Cheoil, Bualadh an Chroí* leis an gcumadóir agus fidléir as Dún Dealgan Zoë Conway an ceangal cumhachtach atá idir ceol na hÉireann agus an cholainn agus an damhsa. Chuir Ceolfhoireann Coirme RTÉ agus David Brophy na saothair seo i láthair den chéad uair i gCeoláras na hOllscoile, Luimneach ar an 1 Bealtaine 2024.



# Ábhar Fuaime
(ar lean)

I mí na Nollag craoladh ár dtaifeadadh de cheoldráma an chumadóra de chuid na hÉireann Irene Buckley, *Lament for Art O'Leary*, le libretto leis an bhfile Vona Groarke. Comhoibriú a bhí anseo idir RTÉ lyric fm, Ceolfhoireann Coirme RTÉ agus Cór Aireagail Éireann agus suíomh nua á chruthú don dán le hEibhlín Dubh Ní Chonaill a cumadh 250 bliain ó shin agus leagan comhaimseartha á thabhairt dúinn ar ár n-oidhreacht chultúir mar a bhaineann leis an mbéaloideas.

I mí na Nollag rinne sraith sé chuid, *Together We Sing* (Grey Heron Media), ceiliúradh ar an gcumhacht a bhaineann leis na cóir agus a bheith ag casadh ceoil le chéile. Chomh maith le leaganacha áille d'amhráin a thabhairt dúinn, scrúdaíonn an tsraith an rud a spreagann muid le bheith ag canadh, an fáth go mbíonn fonn orainn a bheith páirteach i gcór agus an chaoi, agus muid ag canadh le chéile, go bhféadfadh sé a bheith teiripeach, cumhachtach, inspioráideach, agus uaireanta go mbeadh an-chraic ag baint leis. I measc na gcór a bhí i láthair bhí an cór Forget Me Not, atá báúil don néaltrú, Cór Ban an Gharda Síochána, Corks's Bravehearts do dhaoine a bhfuil ailse orthu, Cór Soiscéal Luimnigh ina mbraitheann na rannpháirtithe go bhfuil baile nua acu agus cór LADT+ Glória, i mBaile Átha Cliath.

Rinne *Weekend Classics le Claudia Boyle* ceiliúradh ar 25 bliain de Chomórtas Choirs for Christmas RTÉ lyric fm, agus 100 cór agus os cionn 5,000 amhránaí ó gach cearn d'Éirinn ag glacadh páirt sa chomórtas amhránaíochta is mó in Éirinn anois. Craoladh *Oíche Opera le Paul Herriott* beo ó Fhéile Cheoldrámaíochta Loch Garman, agus na trí léiriúchán ceoldrámaíochta a bhí ar an bpríomhstáitse á gcur ar fáil do lucht spéise 26 tír ón nGearmáin go dtí an tSeapáin, agus ag sroicheadh os cionn 30 milliún éisteoir ar fud líonra craolacháin seirbhíse poiblí Aontas Craolacháin na hEorpa.

Bhí craoladh beo speisialta ag *Ambient Orbit* i gcomhpháirtíocht le Dánlann Dhubhghlais de hÍde ó Choláiste na Tríonóide ar Oíche Chultúir, ina raibh meascán de thaifeadtaí taobh amuigh, ceol timpeallach, léirithe ceoil beo ó Rachael Lavelle & Ryan Hargadon, Séamas Hyland agus Meabh McKenna, agus íomhánna saincheaptha ó Thadhg O'Sullivan.

Bhuaigh *The Lyric Featur*e ceithre ghradam ag na IMROanna, lena n-áirítear an gradam Óir sa Chatagóir Clár Speisialtóra Labhartha don tsraith sé chlár *Feather and Flock*, áit ar inis an t-éiceolaí Anja Murray agus an ceoltóir tíre Brían Mac Gloinn ó Ye Vagabonds dúinn faoinár n-éin dhúchasacha trí mheascán d'éiceolaíocht, stair, béaloideas agus ceol.

Chraol *The Full Score with Liz Nolan* na ceolchoirmeacha is fearr as Éirinn agus as áiteanna ar fud an domhain, agus ardán á thabhairt do na ceoltóirí is fearr de chuid na hÉireann a bhíonn ag seinm ar fud na tíre agus ar an ardán domhanda. Thug ár gcomhpháirtíochtaí le féilte réigiúnacha agus le heagraíochtaí ceoil náisiúnta deis dúinn beagnach 50 ceolchoirm a chraoladh ina raibh ealaíontóirí de chuid na hÉireann, lena n-áirítear ceolchoirmeacha ó Cheolfhoireann Aireagail na hÉireann, An Fhondúireacht Náisiúnta Téadcheathairéid, Sraith Cheoil Chlasacaigh Dhroichead Átha, Féile Ceoil Aireagail Iarthar Chorcaí, Féile Cheoil Iarthar Chill Mhantáin, Sraith Choirmeacha Ceoil Chlasacaigh UCH agus Sraith Cheolchoirmeacha Chaisleán Uí Chonaill.



# Ábhar Fuaime
(ar lean)

Chuir *Culture File* (Soundsdoable) 55 uair an chloig de thuairiscí ealaíon agus cultúir ar fáil ar *Lorcan Murray's Classic Drive*, ar *Culture File Weekly* agus ar *The Culture File Debate*. Tugann na cláir seo guth do thráchtairí cultúir nua ag a bhfuil dearcadh uathúil agus inrochtana ar an gceol, na meáin, an teicneolaíocht, an cheardaíocht, an ealaín, an ghreann, an bia agus an dearadh. Sa tsraith mhíosúil *Culture File Debate*, déanann painéal d'aíonna ó chúlraí agus ó dhisciplíní an-éagsúil machnamh ar chuid de na saincheisteanna móra a mbíonn ar phobail na n-ealaíon agus na cruthaíochta aghaidh a thabhairt orthu in Éirinn agus thar lear.

**RTÉ Raidió na Gaeltachta**

Baineann RTÉ Raidió na Gaeltachta leis an bpobal agus, mar cheann de chroísheirbhísí RTÉ, tá sé fréamhaithe sa Ghaeltacht agus i bpobal na Gaeilge. Cuireann sé seirbhís ar fáil dóibh siúd a dteastaíonn uathu a bheith mar chuid den phobal sin, agus éascaíocht á déanamh ar scéalta, nuacht, spórt, amhránaíocht agus ceol a roinnt. Is stáisiún Gaeilge é RTÉ Raidió na Gaeltachta, seachas stáisiún faoin nGaeilge.

In 2024 leag an stáisiún béim arís ar ról an phobail sna cláir a chuireann sé ar fáil agus thug sé an raidió fad leis an lucht éisteachta a oiread agus ab fhéidir agus go leor craoltaí lasmuigh aige fud fad na tíre. Bhí an clúdach nuachta agus cúrsaí reatha ag an leibhéal náisiúnta, idirnáisiúnta agus áitiúil ina chuid shuntasach d'aschur an stáisiúin arís. Chlúdaigh cláir ar nós *Adhmhaidin*, *Nuacht a hAon*, *Tús Áite*, *An tSeachtain le Máirín Ní Ghadhra*, chomh maith leis na feasacháin nuachta éagsúla agus na cláir irisí áitiúla, na himeachtaí móra cosúil leis na holltoghcháin, toghcháin na hEorpa agus na toghcháin áitiúla. Dhírigh siad freisin ar an méid a bhí ag tarlú ar an láthair inár bpobail agus thug siad guth do na daoine sin.

Bliain iontach ab ea 2024 ó thaobh cláir nua de, agus cláir bhreise curtha leis an sceideal ar nós *Cóisir Cheoi*l, *Pé Scéal É*, *Rianta*, *Macalla Nimmo*, *Seoda Foinn*, *Na Conneries* agus teidil eile ó bhaill foirne inmheánacha RTÉ Raidió na Gaeltachta, agus ón earnáil neamhspleách le drámaíocht nua ar nós *Jimín Mháire Thaidhg* (Macalla Teo.), *Cloch na Scíth* (Danú Media) agus *Ón Domhain Thíos* (Fibín), chomh maith le sraith faisnéise fíorasaí, *Saol na mBan* (Clean Slate TV). Bhí an chabhair ag a thug an Scéim Fuaim agus Fís (Coimisiún na Meán) agus an Ciste Craoltóireachta Gaeilge (Scáileán Thuaisceart Éireann) ríthábhachtach agus an t-ábhar nua seo ón earnáil neamhspleách á fhorbairt agus á chraoladh.

Bhí an ceol agus an cultúr ina chuid thábhachtach riamh anall d'fhéiniúlacht an stáisiúin agus ról ollmhór acu i gcónaí sa sceideal. In 2024 d'fhreastail RTÉ Raidió na Gaeltachta ar go leor féilte leis 'An Ródaí', aonad craolacháin lasmuigh an stáisiúin, agus rinne sé craoladh beo ó na féilte sin, ar nós Fhleadh Cheoil na hÉireann, Scoil Samhraidh Willie Clancy, Siansa agus Oireachtas na Samhna, agus scéalta á roinnt agus ceol á bhailiú ó cheoltóirí idir shean agus óg agus an nasc atá againn le lucht leanúna an cheoil á neartú.


RTÉ
RAIDIÓ

# Ábhar Fuaime
(ar lean)

Ar an 4 Márta 2024, chraol RTÉ Raidió na Gaeltachta fógraí tráchtála den chéad uair. Mar thoradh ar athruithe a rinneadh ar an reachtaíocht, tá an Ghaeilge bogtha isteach i spás nua, agus is iontach an deis í sin chun an teanga a fhorbairt, a neartú agus a normalú sa tsochaí. Den chéad uair, tá pobal na Gaeilge ag éisteacht ar bhealach seasta le teachtaireachtaí ó chomhlachtaí poiblí agus ó chomhlachtaí stáit ina dteanga féin ar na haerthonnta náisiúnta. Tá obair fós le déanamh chun a chinntiú go mbíonn fógraí ar ardchaighdeán agus go bhfuil teachtaireachtaí soiléire á gcur ar fáil. Teastóidh roinnt ama ón bpróiseas seo nó go mbeidh sé cóirithe agus forbartha. Tá gealladh faoi 2025 go mbeidh sí ina bliain ghnóthach eile agus tionscadail nua agus ábhar iontach i mbun léirithe agus forbartha.

**Ceolfhoireann Coirme RTÉ**
Ar an gceol eicléictiúil a chuir Ceolfhoireann Coirme RTÉ ar fáil bhí ceolchoirmeacha beo, craoltaí agus tionscadail taifeadta, le repertoire lena n-áirítear scannán, snagcheol, ceol móréilimh, ceol clasaiceach agus ceol traidisiúnta. Chomh maith le ceolchoirmeacha rialta i mBaile Átha Cliath, bhí taibhithe ar siúl i gCeatharlach, i gCorcaigh, i nGaillimh, i gCill Dara, i gCill Chainnigh, i Luimneach, i bPort Láirge agus i Loch Garman.

Thaispeáin na hEalaíontóirí Comhlacha a sholúbtha agus atá an cheolfhoireann le ceolchoirm ag Fleadh Cheoil na hÉireann arna coimeád ag Zoë Conway agus iniúchadh ar na 1950idí, a bhí chomh cinniúnach ó thaobh an cheoil de, le Guy Barker.

Bhí siad feicthe ar teilifís ar Orchestra Night ar *Dancing with the Stars*, *The Tommy Tiernan Show* agus *The Late Late NYE Show*. I measc na dtaifeadtaí bhí fuaimrian an chláir faisnéise teilifíse *The Cable that Changed the World* agus ceoldráma nua de *Lament for Art O'Leary* a chum Irene Buckley le Chamber Choir Ireland do RTÉ lyric fm. Tar éis dó tosú amach mar ómós teilifíse do David Bowie le linn Covid, cuireadh leagan ceolchoirme beo de ar stáitse in Amharclann Bhord Gáis Energy le baill de bhanna Bowie. Lean na léirithe beo ar RTÉ Radio 1 agus RTÉ ar aghaidh le *Sunday Miscellany Live* ag an Nollaig, *Marty in the Evening* agus *Movies and Musicals Live*. Bhí craoltaí beo againn ó Ionad Raidió RTÉ ar *The Ray D'Arcy Show* agus ar *Classic Drive le Lorcan Murray*.

I measc na gceolchoirmeacha bhí ceiliúradh ar Shinéad O'Connor, Shane MacGowan agus Christy Dignam ag All Together Now, Lá Fhéile Bríde le Altan i gCill Dara, comóradh 50 bliain ar an gcéad Mhórshiúl ag Bród i mBaile Átha Cliath le Féile Bród LADTA+ Bhaile Átha Cliath, *Rhapsody in Blue at 100*, comóradh céad bliain ar Puccini agus 25ú breithlá RTÉ lyric fm, chomh maith le ceiliúradh 55 bliain ar Phobal Shíomóin Bhaile Átha Cliath le ceolchoirm speisialta chun airgead a bhailiú.

D'oscail Ceolfhoireann Coirme RTÉ New Music Dublin le dhá thaibhiú a bhí le feiceáil den chéad uair riamh agus chuir sí clabhsúr le Féile Ealaíon Chill Chainnigh le ceolchoirm a bhí faoi stiúir an veidhlín ag an ealaíontóir eisiach Deutsche Grammophon, Mari Samuelsen. Lean an Cheolfhoireann Coirme lena tiomantas don oideachas agus don fhor-rochtana agus í ag comhoibriú leis an bhFeis Ceoil agus le Scéim Sparánachta an RDS.



Íomhá le caoinchead Mark Dyde

# Ábhar Fuaime
(ar lean)

**RTÉ Gold**

In 2024 chuir RTÉ Gold lena aschur laethúil leis an láithreoir nua, Carol Moran, a chuireann *More Music Drive* i láthair gach lá, rud a fhágann go a bhfuil 11 uair an chloig de chláir againn in aghaidh na seachtaine atá á stiúradh ag láithreoir. Chomh maith leis sin, thosaíomar ag glacadh páirt go foirmiúil san RTÉ Choice Music Prize trí thacú le fógairt agus ceiliúradh na catagóire Albam Clasaiceach na hÉireann. Leanfaidh an chomhpháirtíocht seo ar aghaidh in 2025.

Thacaigh RTÉ Gold leis an tallann neamhspleách trí chlár Fuaime agus Físe a chraoladh le linn sceideal an deireadh seachtaine. Bhí go leor de na cláir seo dírithe ar cheol na hÉireann, ar cheoltóirí de chuid na hÉireann agus ar chultúr na hÉireann, agus seirbhís craolacháin phoiblí á cur ar fáil, rud nach féidir leis na stáisiúin cheoil chlasaiceacha tráchtála a dhéanamh.

Tá RTÉ Gold ag obair le teicneolaíochtaí nua agus tá ábhar á chruthú ag baint úsáid as an gcéad leagan eile de Radioman. Cruthaíodh cláir cheoil ó shuíomh lasmuigh, seoladh iad tríd an néal agus uaidh sin craoladh iad díreach ar an aer. Ní i Stiúideonna RTÉ a rinneadh na cláir seo ach cruthaíodh iad go neamhspleách. Tugann sé seo bealach nua agus nuálach dúinn le cláir a chruthú ag baint úsáid as an gcéad leagan eile de Radioman agus tugann sé deiseanna do lucht déanta clár nach bhfuil rochtain acu ar stiúideo ach a bhfuil Wi-Fi, cuntas RTÉ agus cúpla giuirléid bhunúsacha acu.

Bhí an-tóir ag an lucht éisteachta i gcónaí ar na cláir *Top 100* le linn na laethanta saoire bainc.



# Nuacht agus Cúrsaí Reatha RTÉ

Ba é RTÉ News an fhoinse nuachta ba iontaofa in Éirinn ar fud na n-ardán go léir agus tháinig an-fhás ar a ardáin dhigiteacha. Tháinig méadú ar líon na n-amharc leathanaigh agus méadú suntasach ar líon na n-amharc físe ar aip RTÉ News, agus é fós ar an aip nuachta is mó éileamh in Éirinn. Tharla an rath sin mar thoradh ar ár straitéis infheistíocht a dhéanamh le go mbeadh níos mó físeán ar an aip, chomh maith le go rabhamar ag díriú níos mó ar ábhar breisluacha chun tuilleadh eolais, comhthéacs agus cúlra a thabhairt don lucht spéise maidir le scéalta nuachta tábhachtacha.

In 2024 bhí níos mó tuairisciú beo againn ar go leor imeachtaí móra nuachta, ó thriail Donald Trump agus toghcháin na Stát Aontaithe agus na Ríochta Aontaithe go dtí ár reifrinn féin, na toghcháin áitiúla, toghcháin na hEorpa agus an t-olltoghchán, áit a bhfuair an clúdach ar líne a bhí ag RTÉ News os cionn 31 milliún amharc leathanaigh i dtréimhse dhá lá thar dheireadh seachtaine an chomhairimh.

Bhí RTÉ News ag teacht ar lucht spéise níos óige i rith an ama agus ag cruthú naisc leo go háirithe ar a chainéil shóisialta. D'ardaigh líon na leantóirí ar Instagram go dtí os cionn 700,000 agus tháinig fás suntasach ar TikTok go dtí go raibh os cionn 400,000 leantóir aige faoi dheireadh na bliana, de réir mar a lean foireann thiomnaithe ar aghaidh ag cruthú ábhair ar bhealach tarraingteach a mheallann úsáideoirí na n-ardán sin.

Go hidirnáisiúnta, bhí RTÉ News ag tuairisciú ó áiteanna ar fud an domhain, lena n-áirítear an choimhlint leanúnach sa Mheánoirthear agus an cogadh idir an Úcráin agus an Rúis chomh maith le toghcháin thábhachtacha sna Stáit Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe. I measc an chlúdaigh sa bhaile bhí na toghcháin áitiúla agus toghcháin na hEorpa, an t-olltoghchán agus na reifrinn teaghlaigh agus cúraim chomh maith le foláirimh aimsire thábhachtacha agus scéalta úra nuachta. Bhí clúdach forleathan nuachta againn freisin ó na Cluichí Oilimpeacha, le míreanna freisin ó chairde agus ó mhuintir na rannpháirtithe sa bhaile.

Thug na cláir *The Week in Politics* agus *Leaders' Questions* léargas ar ár ndaonlathas i mbun gnímh agus tugadh an dream a bhí i gcumhacht chun cuntais.

D'éirigh thar barr le *News2day*, seirbhís nuachta RTÉ do dhaoine óga, agus leanann sé de bheith ag cur an lucht féachana níos óige ar an eolas le mínitheoirí inrochtana faoi imeachtaí móra nuachta in áiteanna ina bhfuil coimhlint ar fud an domhain agus sa bhaile. Táthar tar éis breathnú ar mhínitheoir an chórais vótála PR-STV 1.1 milliún uair go dtí seo, agus tá 100K 'is maith liom' aige. Thug an clúdach ar an olltoghcháin deis dár lucht féachana níos óige na ceisteanna atá acu a chur ar cheannairí na bpáirtithe. I gcroílár an chláir tá na cuairteanna laethúla a thugtar ar scoileanna ar fud na tíre, mar a gcastar leis na mílte páiste.

Chuaigh *Prime Time* ar fud na Ríochta Aontaithe roimh olltoghchán na Breataine i mí Iúil agus ar fud stát idir eatarthu Pennsylvania sna Stáit Aontaithe i mí na Samhna, sular tharla an vótáil i dtoghchán uachtaránachta na Stát Aontaithe. Bhí an clár beo i mBéiriút freisin tráth a raibh cúrsaí ag éirí níos teasaí sa Mheánoirthear. Bhí roinnt agallaimh phearsanta chorraitheacha ar *Prime Time* i rith na bliana, ina measc agallamh le Carole agus James Johnston, a bhfuair a n-iníon Aoife a bhí 16 bliana d'aois, bás in Ospidéal na hOllscoile i Luimneach.


RTÉ RTÉ

# Nuacht agus Cúrsaí Reatha RTÉ
(ar lean)

Bhí sraith in dhá chuid ag *RTÉ Investigates* inar tugadh smuigleáil eachaí chun solais. Mar thoradh ar *Horses – Making a Killing* tugadh faoi imscrúdú ar chalaois bia ar fud na hEorpa.

Den chéad uair riamh, d'oibrigh *RTÉ Investigates* i gcomhpháirtíocht le heagraíocht meán eile, chun *Girls in Green* a thabhairt chuig an teilifís. Ba mhórthionscadal é seo a rinneadh in éineacht leis an *Sunday Indepdendent* ar an gcluanaireacht ghnéasach a rinne cóitseálaithe fir níos sine ar imreoirí óga i sacar na mban sna 1990idí.

Buaicphointe eile de chuid na bliana ab ea *Inside the Protests*, fiosrúchán a chríochnaigh le tuairisc ar na círéibeacha a tharla ag monarcha péint Crown sa Chúlóg.

Den chéad uair ar an teilifís, i mí na Samhna rinne *Upfront with Katie Hannon* díospóireacht bheo dhá uair an chloig a óstáil le ceannairí na 10 bpáirtí polaitíochta atá in Éirinn, agus d'óstáil *Prime Time* ceannairí na dtrí pháirtí is mó.

I rith na bliana, bhain Aonad Digiteach Cúrsaí Reatha RTÉ úsáid as teicnící agus tuairiscithe imscrúdaithe traidisiúnta agus as an gcuid atá ag teacht chun cinn chun scéalta úra a thabhairt dúinn agus chun eolas nua a nochtadh. I mí Aibreáin, thug sé chun solais an chaoi gur chuir fadhb RGCS stop le sonraí ríthábhachtacha a bhain le tuairteanna tráchta ar na bóithre teacht a fhad le hinnealtóirí comhairle a bhí freagrach as athruithe a dhéanamh ar bhóithre contúirteacha ar mhaithe le sábháilteacht. Seachtain ina dhiaidh sin, mar chuid de phíosa a bhuaigh duaiseanna do Clarity, an clár ina ndíríonn RTÉ ar bhréagaisnéis agus ar mhífhaisnéis, nocht an fhoireann freisin an chaoi go raibh teacht ag déagóirí a bhí ag úsáid TikTok ar ábhar a bhain le féindochar agus le féinmharú. Spreag sé sin imscrúdú inmheánach ar TikTok agus cuireadh athruithe i bhfeidhm ar an gcaoi a n-oibríonn an t-algartam.

Bhain an t-aonad úsáid freisin as teicnící fíoraithe físe nua-aimseartha chun a léargas a thabhairt ar an gcaoi ar bheag nár bhuail ionsaí aeir de chuid Iosrael i mí Lúnasa coimeádaithe síochána as Éirinn a bhí ag dul thar bráid i bhfeithicil mharcáilte de chuid na Náisiún Aontaithe. I mí Mheán Fómhair, agus úsáid á baint as uirlisí rianaithe árthaigh, thug baill na foirne le fios go raibh long spiaireachta de chuid na Rúise ag feidhmiú 60km amach ó chósta Bhaile Átha Cliath. Chomh maith leis sin níos déanaí sa bhliain, fuair an fhoireann íomhánna satailíte a thaispeáin an chaoi gur éirigh le haonaid mhíleata Iosrael ionad ceann réime a bhunú i bhfoisceacht 60 méadar d'ionad síochánaíochta na hÉireann sa Liobáin, rud a spreag na meáin idirnáisiúnta leis an scéal a leanúint, agus a chuir tús le plé taidhleoireachta ardleibhéil laistigh de na Náisiúin Aontaithe.


UPFRONT

**2rn**

**Athbhreithniú ar oibríochtaí**

Ar an iomlán, ghin 2rn ioncam de €28.9m, sin ardú €1.2m ar 2023 (€27.7m). Léiríonn sé seo gur tháinig méadú ar an ioncam rialaithe a thagann ó sheirbhísí craolta. Seachas sin, tá ag éirí go maith leis an margadh craolacháin agus le margadh cíosa na gcrann cumarsáide agus na dtúr.

Níor tháinig aon athrú ábhartha ar an margadh raidió áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta ó tharla go bhfuil beagnach na réimsí ar fad atá ar fáil in úsáid anois. Tá brúnna costais agus iomaíocht sa ghnó teileachumarsáide ag fás i gcónaí, ach an oiread leis an riachtanas maidir le nascacht snáthoptaice. Bhí sé dúshlánach i gcónaí cobhsaíocht ioncaim bliain ar bhliain a bhaint amach sa ghnó teileachumarsáide.

**Oibríochtaí**

Chuir 2rn breis agus 99.9% d'infhaighteacht ar fáil ar fud na seirbhísí go léir in 2024 (2023: 99.9%). Bhí iontaofacht an chórais tarchurtha mar an gcéanna le blianta roimhe sin agus sheas an bonneagar dhá stoirm mhóra in 2024 gan mórán cur isteach. Agus codanna móra den tír fágtha gan leictreachas ar feadh i bhfad, ní raibh aon leathanbhanda, teilifís ná fóin a bhí ag obair ag daoine. Bhí seirbhísí raidió FM ríthábhachtach sna cúinsí seo, agus i gcás go leor daoine ba é an raidió ceallraí nó an raidió sa charr an t-aon bhealach a bhí acu chun teacht ar eolas agus ar an scéal is déanaí go háitiúil agus go náisiúnta.

**Torthaí, díbhinní agus aistriú chuig cúlchistí**

B'ionann brabús na bliana agus €7,234k (2023: €6,593k). Ar an 28 Samhain 2024 íocadh díbhinn €7,500k (2023: €7,500k) le RTÉ.

**Bainistiú riosca airgeadais**

Tá beartais faofa i bhfeidhm do na príomhréimsí riosca airgeadais a mbíonn ar an gcuideachta dul i ngleic leo. Déantar an chuid is mó de ghnó an chomhlachta in Éirinn. Dá bhrí sin, is in airgeadra an euro den chuid is mó a ainmnítear an sreabhadh airgid oibriúcháin agus infheistíochta.

**Saorview**
Leanadh, trí sheirbhísí Saorview agus Saorsat, de sheirbhísí teilifíse agus raidió seirbhíse poiblí a chur ar fáil saor in aisce i ngach teach sa Stát, le seirbhís ardchaighdeáin físe agus fuaime. As an 1.77 milliún teach in Éirinn ina raibh lucht féachana teilifíse, bhí Saorview ag 626,000 díobh faoi dheireadh na bliana 2024 (2023: 648,000). I gcás 214,000 teach, ní raibh aon bhealach acu seachas Saorview le féachaint ar an teilifís chraolta (2023: 209,000).

Tá 35%* de na tithe in Éirinn a bhfuil teilifís iontu ag brath ar Saorview, seirbhís teilifíse saor in aisce na hÉireann a fhaightear le haeróg. Agus níos mó teilifíseáin chliste ag daoine, úsáideann an lucht féachana Saorview ar an teilifís chomh maith le haipeanna físe ar nós an RTÉ Player, TG4 Player, Virgin Media Play, YouTube, Netflix, Disney+ agus Prime, rud a thugann réimse níos mó de roghanna don lucht féachana.

Bhí fógraí ag Saorview ar an teilifís agus ar an raidió in 2024, agus bhí ár bhfógraíocht ag teacht lenár ndualgais faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla. Leanfaimid orainn ag tabhairt le fios inár bhfógraíocht in 2025 go bhfuil fáil go héasca ar Saorview.

Táimid ag leanúint den obair chun tairiscint ardáin den chéad ghlúin eile a fhorbairt do Saorview, a chuirfidh leis an bhfáil atá ar ábhar ar líne in éineacht le craoltaí Saorview. Mar chuid den tionscnamh sin, ghlacamar ballraíocht le déanaí sa chomhlacht um chaighdeáin idirnáisiúnta, DVB.

*Nielsen, Eanáir 2025


**AN 10 CLÁR IS MÓ LUCHT FÉACHANA**
**1 Eanáir - 31 Nollaig 2024 Gach Cainéal - Náisiúnta, Aonair, Comhdhlúite Aois 4+**

| Ord | Clár | Cainéal | Lá | Dáta | Tráth | Rátáil | 000s | Sciar % |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 1 | The Late Late Toy Show | RTÉ One | Dé hAoine | 06-12-2024 | 21:36 | 32.74 | 1526 | 74.9 |
| 2 | Guinness 6 Nations - Éire v An Fhrainc | Virgin Media One | Dé hAoine | 02-02-2024 | 20:00 | 23.64 | 1077 | 64.8 |
| 3 | Cluiche Ceannais Sinsir Iománaíochta na hÉireann - An Clár v Corcaigh | RTÉ2 | Domh | 21-07-2024 | 15:33 | 22.45 | 1046 | 76.8 |
| 4 | Guinness 6 Nations - Sasana v Éire | RTÉ2 | Sath | 09-03-2024 | 16:45 | 21.39 | 974 | 67.6 |
| 5 | Cluiche Ceannais UEFA Euro 2024 - An Spáinn v Sasana | RTÉ2 | Domh | 14-07-2024 | 20:00 | 19.70 | 918 | 53.4 |
| 6 | Cluiche Ceannais Sinsir Peile na hÉireann - Ard Mhacha v Gaillimh | RTÉ2 | Domh | 28-07-2024 | 15:32 | 19.09 | 890 | 74.9 |
| 7 | Guinness 6 Nations - Éire v An Iodáil | Virgin Media One | Domh | 11-02-2024 | 15:00 | 19.45 | 886 | 69.3 |
| 8 | Guinness 6 Nations - Éire v Albain | Virgin Media One | Sath | 16-03-2024 | 16:46 | 19.20 | 875 | 66.6 |
| 9 | Guinness 6 Nations - Éire v An Bhreatain Bheag | RTÉ2 | Domh | 24-02-2024 | 14:16 | 19.15 | 872 | 77.9 |
| 10 | Sraith Náisiúin an Fhómhair - Éire v An Nua-Shéalainn | Virgin Media One | Dé hAoine | 08-11-2024 | 20:10 | 18.68 | 870 | 56.4 |

Foinse: TAM Ireland ltd/Nielsen TA
Aon Lá Aon Am - An eipeasóid is fearr arna rangú in ord rátála (TVR) (tugtar chun aire go mbíonn athrú faoi thrí gach bliain ar an ollréimse)
10 nóiméad íosfhad cláir


| | |
|---|---|
| The Late Late Toy Show | 1,526,000 |
| Guinness 6 Nations - Éire v An Fhrainc | 1,077,000 |
| Cluiche Ceannais Sinsir Iománaíochta na hÉireann - An Clár v Corcaigh | 1,046,000 |
| Guinness 6 Nations - Sasana v Éire | 974,000 |
| Cluiche Ceannais UEFA Euro 2024 - An Spáinn v Sasana | 918,000 |
| Cluiche Ceannais Sinsir Peile na hÉireann - Ard Mhacha v Gaillimh | 890,000 |
| Guinness 6 Nations - Éire v An Iodáil | 886,000 |
| Guinness 6 Nations - Éire v Albain | 875,000 |
| Guinness 6 Nations - Éire v An Bhreatain Bheag | 872,000 |
| Sraith Náisiúin an Fhómhair - Éire v An Nua-Shéalainn | 870,000 |

**Sciar Comhdhlúite Náisiúnta An Chainéil Ar Feadh An Lae Maidir Le Daoine Aonair 4+ (%)** ■ 2024 □ 2023




Foinse: TAM Ireland Limited/Nielsen TAM

**Uaireanta d'Ábhar De Dhéantús Na hÉireann A Craoladh Ar Theilifís RTÉ Le Linn Buaicthráthanna De Réir Seánra**





Foinse: RTÉ


**NA 10 gCLÁR RAIDIÓ IS MÓ AR ÉISTEADH LEO AR FEADH NA SEACHTAINE NÁISIÚNTA - DAOINE FÁSTA 15+**
**Sciar Bloc Ama i gCás Stáisiúin Tráchtála Náisiúnta Eanáir - Nollaig 2024**

| Ord | Clár | Stáisiún | Tráth de Lá | Laethanta na Seachtaine | Sciar na nDaoine Fásta 15+ | Líon Daoine Fásta 15+ (000) |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 1 | Morning Ireland | RTÉ Radio 1 | 07:00-09:00 | Luan-Aoine | 11% | 466 |
| 2 | The Brendan O'Connor Show | RTÉ Radio 1 | 11:00-13:00 | Domh | 8% | 366 |
| 3 | The Brendan O'Connor Show | RTÉ Radio 1 | 11:00-13:00 | Sath | 8% | 358 |
| 4= | Oliver Callan | RTÉ Radio 1 | 09:00-10:00 | Luan-Aoine | 8% | 349 |
| 4= | Today with Claire Byrne | RTÉ Radio 1 | 10:00-12:00 | Luan-Aoine | 8% | 349 |
| 6 | The Business | RTÉ Radio 1 | 10:00-11:00 | Sath | 8% | 328 |
| 7 | Playback | RTÉ Radio 1 | 09:00-10:00 | Sath | 7% | 319 |
| 8 | Liveline w/Joe Duffy | RTÉ Radio 1 | 13:45-15:00 | Luan-Aoine | 7% | 314 |
| 9 | News at One | RTÉ Radio 1 | 13:00-13:45 | Luan-Aoine | 7% | 307 |
| 10 | Sunday w/Miriam | RTÉ Radio 1 | 10:00-11:00 | Domh | 7% | 304 |

Foinse: JNLR /Ipsos MRBI 2024/4


Morning Ireland
466,000
The Brendan O'Connor Show
366,000
The Brendan O'Connor Show
358,000
Oliver Callan
349,000
Today with Claire Byrne
349,000
The Business
328,000
Playback
319,000
Liveline w/Joe Duffy
314,000
News at One
307,000
Sunday w/Miriam
304,000

**Sciar Náisiúnta De Lucht Éisteachta Raidió - Lá Na Seachtaine/Buaicthráth Eanáir - Nollaig 2024**




Foinse: JNLR /Ipsos MRBI 2024/4

**Uaireanta Raidió De Réir Seánra**

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| Na hEalaíona | 525 | 464 |
| Nuacht, Cúrsaí Reatha agus Aimsir | 5,924 | 5,894 |
| Spórt | 1,579 | 1,626 |
| Ceol | 20,280 | 20,171 |
| Fíorasach | 1,199 | 1,132 |
| Siamsaíocht | 4,753 | 4,847 |
| Eile | 876 | 923 |

Foinse: RTÉ
Tabhair ar aird: Áirítear sa chatagóir 'Eile' Reiligiún, Daoine Óga, Oideachas agus Drámaíocht

### An Líon Leathanach Ar An Meán A Tapaíodh Sa Mhí Ar Fud Na Seirbhísí Digiteacha (Milliúin)





Foinse: RTÉ

### Sciar A Bhaineann Leas As Seirbhís Dhigiteach RTÉ Sa tSeachtain 2024




Foinse: RTÉ

### Sruthanna Ar An Seinnteoir RTÉ Player - 2024





Foinse: RTÉ
* Níl sruthanna trí oibritheoirí ardáin teilifíse san áireamh.

**Taibhithe Cheoilfoirne RTÉ**




Foinse: RTÉ

**Freastal Cheolfhoirne RTÉ**




Foinse: RTÉ


RTÉ
lyric fm
WHERE LIFE SOUNDS BETTER
RTÉ Concert Orchestra



**1. Terence O'Rourke - Cathaoirleach**
**Téarma oifige: 5 Márta 2024 – 28 Samhain 2027**
Is Comhalta agus Iar-Uachtarán ar Chuntasóirí Cairte na hÉireann é Terence. Thosaigh sé i KPMG in 1975, rinneadh comhpháirtí iniúchóireachta de in 1988 agus toghadh ina Chomhpháirtí Bainistíochta ar KPMG Ireland in 2006. Bhí sé ina chomhalta de Bhord Domhanda KPMG, den Fhoireann Feidhmiúcháin Dhomhanda agus de Bhord EMA ó 2007 go 2013.

Tá Terence ina Chathaoirleach ar BSL, ar Ballymore Ireland agus ar Kinsale Capital Management faoi láthair, agus is Iar-Chathaoirleach ar Fhiontraíocht Éireann é. Tá sé ina Chathaoirleach freisin ar Iontaobhas Ghailearaí Hugh Lane agus ina chomhalta de bhord Institiúid Scannán na hÉireann agus bhí baint aige le roinnt bord carthanachta, neamhbhrabúis agus cultúir eile. Bhronn Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath Dochtúireacht san Fhealsúnacht (Honoris Causa) ar Terence i mí Dheireadh Fómhair 2023, mar aitheantas ar an méid a chuir sé le gnó, oideachas, na healaíona agus seirbhísí poiblí na hÉireann.



**2. Kevin Bakhurst - Príomh-Stiúrthóir RTÉ**
**Príomh-Stiúrthóir RTÉ - Comhalta ex officio:**
**Téarma oifige: 10 Iúil 2023 – 09 Iúil 2030**
Thosaigh Kevin Bakhurst i ról Phríomh-Stiúrthóir RTÉ go hoifigiúil Dé Luain an 10 Iúil 2023. Bhí sé ina Stiúrthóir Bainistíochta ar Nuacht & Cúrsaí Reatha RTÉ roimhe seo agus ina Leas-Phríomh-Stiúrthóir ó Mheán Fómhair 2012 – Deireadh Fómhair 2016. Bhí sé ina chomhalta d'Fheidhmeannas RTÉ le linn na tréimhse sin agus d'fhóin sé ina Phríomh-Stiúrthóir gníomhach ar feadh tréimhse sé mhí.

Sula ndeachaigh sé le RTÉ arís, bhí Kevin ina Stiúrthóir Grúpa, Craolachán agus Ar Líne ag Ofcom, áit a raibh sé ina bhall de Bhord Ofcom. I measc na bhfreagrachtaí a bhí ar Kevin bhí Straitéis agus Polasaí Craolacháin a leagan síos le haghaidh rialáil chraolacháin na Ríochta Aontaithe, creat a chruthú agus a chur chun feidhme chun an BBC a rialáil, caighdeáin eagarthóireachta a fhorfheidhmiú agus a fhorbairt do chraoltóirí na Ríochta Aontaithe agus obair a stiúradh maidir le todhchaí Chraolachán Seirbhíse Poiblí na Ríochta Aontaithe as ar eascair reachtaíocht nua rialtais go díreach. Bhí sé i gceannas ar obair Ofcom ar Bheartas Sábháilteachta ar Líne nua na Ríochta Aontaithe agus chuir sé foireann ina raibh tuairim is 350 duine uirthi i dtoll a chéile chun é a chur ar fáil, lena n-áirítear foireann nua sonraí agus teicneolaíochta, agus ag an am céanna, ag múnlú chlaochlú foriomlán Ofcom chun na dualgais nua a ghlacadh air féin.

Idir 2006 agus 2012, bhí réimse post sinsearach eagarthóireachta ag Kevin sa BBC, lena n-áirítear Rialtóir, BBC News Channel agus Leas-Cheannasaí ar Sheomra Nuachta an BBC ó 2005. Bhí sé ina bhall freisin de Choiste Stiúrtha Oilimpeach an BBC i Londain 2012.



**3. Susan Ahern**

**Téarma oifige: 13 Iúil 2021-12 Iúil 2026**

Is Abhcóide Sinsearach, Idirghabhálaí creidiúnaithe, Eadránaí idirnáisiúnta agus Comhalta de chuid Institiúid Chairte na nEadránaithe í Susan. Glaodh uirthi chun Barra na hÉireann agus Barra Thuaisceart Éireann. Baineann a cleachtas dlí go príomha le cúrsaí rialála ar fud speictream an dlí sna meáin, sa tsiamsaíocht agus sa spórt.  Tá sí ina ball de Phainéal na nIdir-réiteoirí den Lárionad Idirnáisiúnta chun Díospóidí Infheistíochta a Shocrú, tá sí san áireamh ar liosta an Choimisiúin Eorpaigh d'eadránaithe atá cáilithe le bheith ceaptha chun plé le haighnis a bhaineann le conarthaí an AE agus is eadránaí í de chuid na Cúirte Eadrána Spóirt. Mar Leas-Uachtarán ar Eadráin Éireann, agus mar chomhalta de Choistí Eadrána agus ADR Bharra na hÉireann agus Chúirt Idirnáisiúnta Eadrána ICC, tá sí tiomanta do réiteach a fháil ar aighnis tráchtála agus neamhthráchtála trí mheicníochtaí malartacha réitigh aighnis (ADR) a úsáid.

Ar an taithí feidhmiúcháin atá ag Susan bhí sí roimhe seo ina Ceannasaí Gnóthaí Dlí agus Reachtacha ar World Rugby agus tá róil aici i gcónaí mar stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin neamhspleách ar ghnólachtaí i réimsí an spóirt, na mórimeachtaí agus an ADR. Is céimí dlí í de chuid Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus ó Ollscoil na Banríona, Béal Feirste.



**4. Shirley Bradshaw**

**Téarma oifige: 20 Márta 2024-3 Samhain 2029**

Tá Shirley Bradshaw ag obair le RTÉ ó 1994 i róil éagsula, lena n-áirítear róil in Aonad Léiriúcháin Neamhspleách RTÉ agus in oibríochtaí stiúideo; tá sí ag obair anois mar oibreoir ceamara soilsithe i Rannóg Cúrsaí Reatha RTÉ. D'fhóin Shirley roimhe seo ina hionadaí foirne SIPTU, ina hionadaí ceardchumainn ar Bhinse Caidrimh Thionsclaíoch inmheánach RTÉ, agus ina Cathaoirleach ar Ghrúpa Ceardchumann RTÉ. Bhain Shirley céim BA (Onóracha) san Ealaín agus sa Dearadh amach ó Ollscoil Uladh, agus tá MA aici i Scannán agus Teilifís a chríochnaigh sí in DCU, fad is a bhí sí ag críochnú conradh bliana leis an gCoimisiún Eorpach sa Bhruiséil freisin. D'fhill Shirley ar a cuid staidéir mar mhac léinn aibí le gairid, agus bhain sí céim amach san Innealtóireacht Ríomhaireachta agus Leictreonach ó Choláiste na Tríonóide.



**5. An Dr Neasa Hardiman**

**Téarma oifige: 5 Márta 2024-24 Márta 2030**

Is Stiúrthóir, Scríbhneoir agus Léiritheoir Feidhmiúcháin í Neasa Hardiman a bhuaigh IFTA faoi dhó agus a chruthaigh drámaí ar mhórscála, ar éirigh thar barr leo ar fud an domhain, le Netflix, Amazon, Disney, agus Hulu; chomh maith le drámaí a bhfuil duaiseanna buaite acu a bheith cruthaithe aici leis na craoltóirí seirbhíse poiblí an BBC agus Channel 4. Chuir sí tús lena gairm bheatha in RTÉ, áit a ndearna sí cláir faisnéise imscrúdaitheacha agus chruthaitheacha. Tá Neasa ina ball de Bhoird Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Institiúid Scannán na hÉireann agus Fhéile Scannán Idirnáisiúnta Bhaile Átha Cliath, agus roinneann sí a saineolas ar an gclaochlú digiteach agus eagraíochtúil, cúrsaí airgeadais agus cumarsáid. Tá PhD aici ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus dioplóma gairmiúil san AI Giniúnach ó UCD.



**6. David Harvey**

**Téarma oifige: 13 Iúil 2021-12 Iúil 2026**

Is iar-láithreoir teilifíse agus raidió agus léiritheoir teilifíse a bhfuil gradaim buaite aige é David Harvey a bhfuil leas aige i roinnt comhlachtaí a bhaineann leis na meáin agus atá dírithe ar an margadh idirnáisiúnta. Bhí roinnt poist bhainistíochta, léirithe agus bhoird aige agus roghnaíodh é ina chathaoirleach agus stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin leis na scileanna sin a thabhairt chuig réimse institiúidí agus comhlachtaí eile, institiúidí agus comhlachtaí a bhaineann le cúrsaí craoltóireachta agus nach mbaineann le cúrsaí craoltóireachta.

Bhí sé ina chathaoirleach tráth ar Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, IADT Dhún Laoghaire agus ar Fhéile Pádraig. Chaith sé blianta fada ina chathaoirleach ar Iontaobhas People in Need (a bhí i mbun rannpháirtíochta le RTÉ chun Teileatón RTÉ/People in Need a chur chun cinn). Bhí sé ina stiúrthóir tráth ar Bhord Bia chomh maith le bheith ina chathaoirleach ar Áras Nua-Ealaíne na hÉireann. Tá BBS agus MA aige ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.



**7. Daire Hickey**

**Téarma oifige: 13 Iúil 2021-30 Eanáir 2025**

Is bunaitheoir agus Comhpháirtí Bainistíochta é Daire Hickey ag 150Bond. Cuireann sé comhairle straitéiseach ar fáil d'fheidhmeannaigh leibhéal c ag cuidiú leo a dteachtaireacht a mhéadú agus cur lena líonra. Tá 30 feidhmeannach ag an ngnólacht lonnaithe idir Nua-Eabhrac agus Baile Átha Cliath, a oibríonn le comhlachtaí ard fáis, le caipitlithe fiontair agus le comhlachtaí Fortune 500.

Bhí Daire ina chomhbhunaitheoir ar Web Summit. Is infheisteoir é freisin i roinnt gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí fiontair agus bhí sé ina iriseoir tráth.



## 8.Aideen Howard

**Téarma oifige: 29 Samhain 2022 -28 Samhain 2027**

Is Stiúrthóir í Aideen Howard san Ionad Cultúir do Leanaí, The Ark, i mBarra an Teampaill i mBaile Átha Cliath.

Tá sí ag obair le cúrsaí amharclannaíochta agus ealaíon le níos mó ná scór bliain agus í ina stiúrthóir ealaíne, léiritheoir agus coimisinéir do shaothar nua. Sa ról ceannaireachta atá aici in *The Ark*, tá meascán d'eagraíocht tathanta agus déanamh ealaíne do leanaí i gceist ar an tuiscint go bhfuil ceart ealaíne agus cultúir ag leanaí mar atá leagtha amach i gCoinbhinsiún NA um Chearta an Linbh. Sular thosaigh Aideen ag obair in The Ark, bhí sí ina Stiúrthóir Liteartha in Amharclann na Mainistreach agus tá sí ina heagarthóir ar *Irish Shorts: New Plays from The Abbey Theatre*. Bhí sí ina Stiúrthóir Ealaíne bunaidh san ionad ildisciplíneach, Mermaid Arts Centre, agus d'oibrigh sí ina comhairleoir liteartha ar thionscadail na Comhairle Ealaíon. Bhí sí i mbun coimeádaíocht ar an gclár filíochta *Mountains to Sea Festival* sa bhliain 2014.

Tá Aideen ina ball den Chomhairle Chomhairleach do Leanaí, den Shainghrúpa Comhairleach um Óige Ildánach agus den Fheachtas Náisiúnta do na hEalaíona. Tá BA aici sa Bhéarla agus sa Ghearmáinis ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus tá MA aici sa Drámaíocht ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. D'fhill sí ar an oideachas sa bhliain 2019 agus fuair sí Teastas sa Rialachas ón bhForas Riaracháin. Is iarrthóir PhD í Aideen faoi láthair ag Ollscoil na Banríona, Béal Feirste.



## 9.Terri Moloney

**Téarma oifige: 5 Márta 2024-4 Márta 2029**

Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin Neamhspleách a bhfuil an-taithí idirnáisiúnta aici ar bheith ag bainistiú athruithe claochlaithe í Terri agus tá taithí aici ina Ceannaire Feidhmiúcháin Sinsearach ar fud na n-earnálacha príobháideacha agus poiblí lena n-áirítear Salesforce, Hilti, Boston Scientific, Kerry Group, agus Grúpa Seirbhísí St. John of God.

Is ceannaire gnó cumasach í Terri a bhfuil torthaí den scoth bainte amach aici i róil agus i dtionscail éagsúla in Éirinn agus thar lear. Tá taithí aici ar Dhaoine agus Cultúr, Straitéis, Bainistíocht Oibríochtaí, Rialachas agus Ceannaireacht, agus Ceannaireacht Díolacháin in earnálacha éagsúla amhail TFC, Tógáil, Feistí Leighis, Earraí Tomhaltóra atá ag Gluaiseacht go Mear, agus Cúram Sláinte Príobháideach.



**10. Noreen O'Kelly**

**Téarma oifige: 20 Márta 2024-3 Samhain 2029**

Bhí Noreen O'Kelly, cuntasóir cairte, ar Bhord BSL ó 2013 go 2023, áit a raibh sí ina Cathaoirleach ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca (2014 go 2023). Faoi láthair tá sí ina stiúrthóir neamhspleách, agus ina cathaoirleach ar an gCoiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca, ar Re-Turn, scéim náisiúnta éarlaise agus aisíoca na hÉireann. Roimhe seo bhí sí ar Bhord Rehab, áit a raibh sí ina cathaoirleach ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca freisin. Ar an taithí feidhmiúcháin atá ag Noreen tá roinnt ról le Independent News & Media PLC agus C&C Group plc. Oibríonn sí freisin mar chomhairleoir maidir le héifeachtacht boird le gnólacht atá lonnaithe sa Ríocht Aontaithe.



**11. Jonathan Ruane**

**Téarma oifige: 08 Márta 2022-12 Iúil 2026**

Is Léachtóir agus Eolaí Taighde é Jonathan Ruane in Institiúid Teicneolaíochta Massachusetts (MIT). Is ball den fhoireann teagaisc é laistigh den ghrúpa Bainistíochta agus Eacnamaíochta Domhanda i Scoil Bhainistíochta Sloan de chuid MIT agus is ceannaire taighde é ar thionscnamh MIT maidir leis an Eacnamaíocht Dhigiteach (IDE). Tá sé ar dhuine de na daoine a fuair an gradam Fulbright roimhe seo agus is Ollamh Taca é i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Tá suim aige taighde a dhéanamh i dtrasnú eacnamaíochta digití, i ríomhaireacht ardleibhéil, i straitéisí agus i margaí idirnáisiúnta.

Bíonn Jonathan ag teagasc ar chúrsaí ar fud Scoil Bhainistíochta MIT agus Roinn Innealtóireachta Leictrí agus Ríomheolaíochta MIT. Bhí sé ina chomh-cheannaire ar fhorbairt roinnt cúrsaí ceannródaíocha iarchéime in MIT sna réimsí Intleachta Saorga agus Ríomhaireachta Candamaí. Sular thosaigh Jonathan ag obair in MIT, bhí sé ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar chuideachta bogearraí a bhfuil tacaíocht aige ó chaipiteal fiontair a chomh-bhunaigh sé féin agus a dhíol sé ina dhiaidh sin. Chuir sé tús lena ghairm i mbainistiú branda le Procter & Gamble. Is sléibhteoir a bhfuil taithí aige é Jonathan agus bhain sé barr Shliabh Everest agus Eiger amach. Chuaigh sé san iomaíocht sna Stáit Aontaithe agus ar fud an domhain le Club Rámhaíochta MIT agus bhí sé ina reathaí maratóin faid ultra roimhe seo.

## Freastal ar Chruinnithe an Bhoird

Tionóladh 19 cruinniú de Bhord RTÉ i rith na bliana 2024. Leagtar amach thíos freastal chomhaltaí an Bhoird ar na cruinnithe sin:
Nóta maidir le tinreamh: bhí roinnt cruinnithe Boird neamhsceidealta ann i rith na bliana, cuid acu eagraithe ar ghearrfhógra agus ar laethanta as a chéile. Tionóladh deich gcruinniú den Bhord i míonna Eanáir agus Feabhra 2024.

| | Cruinnithe Infhreastail | Cruinnithe a Freastalaíodh |
|---|---|---|
| **An Bord mar a bhí an 31 Nollaig 2024** | | |
| Terence O'Rourke (Cathaoirleach) | 9 | 9 |
| Susan Ahern | 19 | 17 |
| Kevin Bakhurst | 19 | 17 |
| Shirley Bradshaw | 8 | 8 |
| Neasa Hardiman | 9 | 7 |
| David Harvey | 19 | 18 |
| Daire Hickey | 19 | 17 |
| Aideen Howard | 19 | 18 |
| Terri Moloney | 9 | 9 |
| Noreen O'Kelly | 8 | 7 |
| Jonathan Ruane | 19 | 18 |
| **Daoine a d'éirigh as de bheith ina gcomhaltaí den Bhord sa bhliain 2024** | | |
| An Dr P.J. Mathews | 9 | 9 |
| Anne O'Leary | 17 | 13 |
| Siún Ní Raghallaigh | 8 | 8 |

Féach ar an tuarascáil maidir leis an Rialachas Corparáide chun tuilleadh mínithe a fháil ar an athrú a tháinig ar chomhdhéanamh an Bhoird le linn 2024.

## Coistí an Bhoird

### An Coiste Iniúchta agus Riosca

Tionóladh 10 cruinniú i rith na bliana 2024, a ndearnadh freastal mar seo a leanas orthu:

| Comhaltaí Coiste | Cruinnithe Infhreastail | Cruinnithe a Freastalaíodh | Ceaptha ar an gCoiste |
|---|---|---|---|
| Noreen O'Kelly (Cathaoirleach) | 7 | 7 | 28 Márta 2024 |
| Susan Ahern | 10 | 9 | 16 Meán Fómhair 2021 |
| David Harvey | 10 | 9 | 21 Meán Fómhair 2023 |
| **Daoine a d'éirigh as de bheith ina gcomhaltaí den choiste sa bhliain 2024** | | | |
| Anne O'Leary | 9 | 7 | 27 Samhain 2014 |

### Coiste na gCláracha

Bhí seacht gcruinniú ag Coiste na gCláracha i rith 2024. Tá an tinreamh liostaithe thíos:

| Comhaltaí Coiste | Cruinnithe Infhreastail | Cruinnithe a Freastalaíodh | Ceaptha ar an gCoiste |
|---|---|---|---|
| Aideen Howard (Cathaoirleach) | 7 | 7 | 2 Feabhra 2023 |
| Shirley Bradshaw | 5 | 4 | 28 Márta 2024 |
| Neasa Hardiman | 5 | 3 | 28 Márta 2024 |
| Daire Hickey | 7 | 7 | 16 Meán Fómhair 2021 |
| **Daoine a d'éirigh as de bheith ina gcomhaltaí den choiste sa bhliain 2024** | | | |
| An Dr P.J. Mathews | 1 | 1 | 27 Samhain 2014 |

### An Coiste maidir le Cóirthrádáil

Tionóladh trí chruinniú den Choiste i rith na bliana 2024, agus bhí na comhaltaí go léir i láthair ag gach cruinniú, mar seo a leanas:

| Comhaltaí Coiste | Cruinnithe Infhreastail | Cruinnithe a Freastalaíodh | Ceaptha ar an gCoiste |
|---|---|---|---|
| Susan Ahern (Cathaoirleach) | 3 | 3 | 16 Meán Fómhair 2021 |
| Shirley Bradshaw | 3 | 3 | 28 Márta 2024 |

### An Coiste Luach Saothair agus Forbartha Bainistíochta

Tionóladh 15 chruinniú den Choiste i rith 2024, mar atá leagtha amach thíos:

| Comhaltaí Coiste | Cruinnithe Infhreastail | Cruinnithe a Freastalaíodh | Ceaptha ar an gCoiste |
|---|---|---|---|
| Terence O'Rourke (Cathaoirleach) | 11 | 11 | 28 Márta 2024 |
| Aideen Howard | 15 | 12 | 26 Deireadh Fómhair 2023 |
| Terri Moloney | 11 | 11 | 28 Márta 2024 |
| Noreen O'Kelly | 11 | 10 | 28 Márta 2024 |
| **Daoine a d'éirigh as de bheith ina gcomhaltaí den choiste sa bhliain 2024** | | | |
| Siún Ní Raghallaigh | 3 | 3 | 14 Nollaig 2022 |
| Anne O'Leary | 14 | 11 | 22 Eanáir 2015 |

**An Coiste Digiteach**
Tionóladh trí chruinniú den Choiste Digiteach i rith 2024, agus bhí siad seo a leanas i láthair:

| Comhaltaí Coiste | Cruinnithe Infhreastail | Cruinnithe a Freastalaíodh | Ceapadh ar an gCoiste |
|---|---|---|---|
| Jonathan Ruane (Cathaoirleach) | 3 | 3 | 7 Iúil 2022 |
| Daire Hickey | 3 | 3 | 2 Feabhra 2023 |
| Neasa Hardiman | 2 | 1 | 28 Márta 2024 |

**An Coiste Bunathraithe Straitéise**
Bhí seacht gcruinniú ag an gCoiste um Chlaochlú Straitéiseach i rith 2024, agus bhí siad seo a leanas i láthair:

| Comhaltaí Coiste | Cruinnithe Infhreastail | Cruinnithe a Freastalaíodh | Ceapadh ar an gCoiste |
|---|---|---|---|
| Jonathan Ruane (Cathaoirleach) | 7 | 7 | 21 Meán Fómhair 2023 |
| Shirley Bradshaw | 4 | 4 | 28 Márta 2024 |
| Daire Hickey | 7 | 7 | 4 Márta 2024 |
| Terri Moloney | 5 | 4 | 11 Márta 2024 |
| Terence O'Rourke | 5 | 5 | 11 Márta 2024 |
| **Daoine a d'éirigh as de bheith ina gcomhaltaí den choiste sa bhliain 2024** | | | |
| An Dr P.J. Mathews | 1 | 1 | 2 Feabhra 2023 |
| Siún Ní Raghallaigh | 1 | 1 | 2 Feabhra 2023 |

**Freastal ar Chruinnithe Boird na bhFochuideachtaí Trádála**
Is do fhreastal chomhaltaí an Bhoird ar chruinnithe de Bhord RTÉ agus do Choistí an Bhoird a thagraítear leis an eolas a fhoilsítear thuas. Bhí na daoine seo a leanas ar Bhoird fochuideachtaí trádála, agus d'freastail siad chomh maith ar chruinnithe sceidealta breise d'fhochuideachtaí an Bhoird:

- RTÉ Transmission Network DAC (ag trádáil faoin ainm 2rn): David Harvey, Siún Ní Raghallaigh (d'éirigh sí as ar 23/02/2024) agus Noreen O'Kelly (ó 28/03/2024)
- RTÉ Commercial Enterprises DAC: Daire Hickey (go dtí 30/01/2025), David Harvey

Taobh amuigh de sin, bhí Susan Ahern ina Cathaoirleach ar Chomhairle Lucht Féachana RTÉ ar an 31 Nollaig 2024.



**Kevin Bakhurst**
**Príomh-Stiúrthóir**
Féach an nóta beathaisnéise ar leathanach 100.



**Adrian Lynch**
**Leas-Phríomh-Stiúrthóir agus Stiúrthóir Lucht Féachana agus Éisteachta, Cainéil, Margaíocht**
Bhíodh Adrian Lynch ina Cheannasaí Cainéil maidir le RTÉ One agus le RTÉ2 roimhe seo agus sheol sé sceidil nua ardaidhme maidir leis na seirbhísí lena linn sin. Tá Adrian le RTÉ ó dheireadh 2014 agus roimhe sin bhí sé ina Stiúrthóir Bainistíochta ar cheann de na comhlachtaí léiriúcháin teilifíse neamhspleácha is rathúla in Éirinn, Animo Television. Ina Cheannasaí Cainéil dó ar RTÉ One agus ar RTÉ2, thug Adrian réimse leathan d'ábhar cláir den iliomad seánra ar an scáileán agus is suntasach mar a d'éirigh le *Dancing with the Stars*, *RTÉ 1916*, agus cláracha faisnéise de leithéid *My Homeless Family* ar bronnadh gradaim orthu chomh maith.



**Deirdre McCarthy**
**Bainisteoir Stiúrtha, Nuacht agus Cúrsaí Reatha RTÉ**
Ceapadh Deirdre McCarthy ina Bainisteoir Stiúrtha, Nuacht & Cúrsaí Reatha RTÉ i Nollaig na bliana 2022 i ndiaidh comórtas poiblí. Is í Deirdre an chéad bhean atá ceaptha sa phost seo. Bhí Deirdre ina hEagarthóir Bainistíochta ar chláracha Réigiún agus Nuachta Raidió agus ar thuairisciú gnó agus polaitíochta freisin, áit ar imir sí tionchar ar chlúdach straitéise agus nuachta réigiúnaí agus polaitíochta na heagraíochta agus ar chuir sí leis an gclúdach sin agus ar fheabhsaigh sí aschur digiteach go háirithe.

Bhí sí ina stiúrthóir ar fhorbairt na bpríomh-chláracha nuachta raidió (*Morning Ireland*, *News at One* agus *This Week*) agus bhain sí barr feabhais amach sa chraoltóireacht agus neartaigh sí an chraoltóireacht i ngach ceann de na trí chlár a bhfuil duaiseanna buaite acu. Roimhe seo bhí Deirdre ina hEagarthóir RTÉ ar Thuairisciú Polaitíochta i dTeach Laighean agus í ag stiúradh scéalta nuachta polaitíochta a thuairisciú chomh maith le maoirseacht a dhéanamh ar imeachtaí náisiúnta a chraoladh beo amhail Olltoghcháin, díospóireachtaí toghcháin, Reifrinn lena n-áirítear Comhionannas Pósta agus Ginmhilleadh agus imeachtaí Cuimhneacháin amhail Comóradh Céad Bliain Chath an Somme. Idir na blianta 2008-2012 bhí Deirdre ina heagarthóir ar chlár polaitíochta tiomanta RTÉ, *The Week in Politics* agus na cláracha *Leaders' Questions* le linn tréimhse a raibh cíor thuathail ollmhór sa pholaitíocht agus sa gheilleagar.



**Eimear Cusack**

**Stiúrthóir Acmhainní Daonna**

Thosaigh Eimear ag obair le RTÉ sa bhliain 2017. Tá taithí ag Eimear ar phostanna sinsearacha i réimse forleathan eagraíochtaí agus, ó bhí sí i gceannas ar chuid mhór tionscadal athchóiriúcháin, tá taithí shuntasach aici ar chúrsaí Acmhainní Daonna. Díreach sular thosaigh sí ag obair le RTÉ, bhí Eimear ina Ceannasaí Acmhainní Daonna maidir leis an Ríocht Aontaithe agus Éirinn le Ericsson.



**Richard Waghorn**

**Stiúrthóir Oibríochtaí agus Teicneolaíochta**

Thosaigh Richard ag obair le RTÉ mar Phríomhoifigeach Teicneolaíochta i mí Feabhra 2012. Ceapadh Richard ina stiúrthóir ar RTÉ Transmission Network DAC i rith na bliana 2013. Tá céim MBA ag Richard ó Henley Management College agus is céimí de chuid University of Leeds é. Bhí Richard ina Phríomhoifigeach Teicneolaíochta leis an South African Broadcasting Corporation idir na blianta 2009 agus 2011. Roimhe sin, bhí sé ina Rialaitheoir Dáileacháin sa BBC i gceannas ar chur i bhfeidhm an aistrithe dhigitigh. Agus é ag obair sa BBC, d'oibrigh sé i roinnt réimsí lena n-áirítear straitéis, teilifís ar líne, teilifís idirghníomhach, dáileadh agus léiriúchán raidió. Bhí Richard ina stiúrthóir boird ag Freesat agus ina bhainisteoir tionscadail maidir le seoladh Freeview sa Ríocht Aontaithe sa bhliain 2002. Tháinig Richard i gceannas ar rannóg oibríochtaí RTÉ in 2019, mar chuid d'athstruchtúrú na heagraíochta.



**Daniel Coady**

**Stiúrthóir Gnóthaí Dlí**

Thosaigh Daniel ag obair le RTÉ in 2018, ag comhlíonadh roinnt ról dlí sular ceapadh é ina Stiúrthóir Gnóthaí Dlí i mí Eanáir 2024. Rinne sé fónamh freisin ina Oifigeach Cosanta Sonraí in RTÉ ar feadh 3 bliana. Tá taithí fhairsing aige ar dhlí na meán, an dlí maidir le príobháideachas agus an dlí maidir le cosaint sonraí. Sular thosaigh sé ag obair le RTÉ, d'oibrigh sé ar feadh 12 bhliain ag dlíghnólacht a dhírigh go sonrach ar dhlí na meán, inar chuir sé comhairle ar raon leathan cliant meán áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta agus ina ndearna sé ionadaíocht orthu. Tá sé tar éis mic léinn iarchéime i nDlí-Chumann na hÉireann a theagasc ar an gCúrsa Cleachtais Ghairmiúil agus thug sé léachtanna ar ghnéithe éagsúla de dhlí na meán i nDlí-Chumann na hÉireann. D'fhóin sé ina stiúrthóir deonach ar Chomhar Creidmheasa RTÉ agus is céimí de chuid UCD é, áit a ndearna sé staidéar ar an dlí.



**Gavin Deans**
**Stiúrthóir Tráchtála**
Bhí Gavin ina Stiúrthóir Bainistíochta ar Media Central roimhe seo, an teach díolacháin meán is mó in Éirinn, inar threoraigh sé agus inar chuir sé straitéis tráchtála i bhfeidhm ar fud phunann de stáisiúin raidió, gnóthaí digiteacha, imeachtaí agus spóirt Media Central. Mar dhuine a chuireann réitigh cliant chun cinn, chuir Gavin raon de réitigh nár tharla cheana sna meáin ar fáil do phríomhchliaint, lena n-áirítear Heineken, Vodafone, Coca Cola agus PWC. Roimhe seo ina Stiúrthóir Díolacháin ag Communicorp (98fm, Spin 1038), bhí an-taithí ag Gavin roimhe seo ar bheith ag obair sna meáin chlóite agus dhigiteacha. Mar chuid de bhuanfhoireann ceannaireachta RTÉ, tá Gavin i gceannas ar straitéis nua tráchtála a fhorbairt do RTÉ, agus an leas is fearr is féidir á bhaint as ioncam le haghaidh athinfheistiú sna meáin seirbhíse poiblí trí shruthanna ioncaim, margaí agus comhpháirtíochtaí straitéiseacha RTÉ a fhorbairt.



**Mari Hurley**
**Príomhoifigeach Airgeadais**
Thosaigh Mari ina ról mar Phríomhoifigeach Airgeadais ag RTÉ i mí Mheán Fómhair 2024. I measc na ról POA a bhí ag Mari roimhe seo d'oibrigh sí le AA Ireland, Premier Lotteries Ireland (oibreoir an Chrannchuir Náisiúnta) - dhá eintiteas rialáilte, Hostelworld Group plc agus Sherry FitzGerald Group. Bhí Mari ina POA ar Hostelworld nuair a chuaigh sé ar liosta stocmhalartáin na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann in 2015. Is céimí de chuid Choláiste na hOllscoile, Corcaigh í Mari agus tá an clár bainistíochta feidhmiúcháin críochnaithe aici i Scoil Ghnó Harvard. Ina theannta sin, tá taithí ag Mari ar bheith i ról neamhfheidhmiúcháin ar bhoird dhá cheann de na príomheintitis leathstáit in Éirinn. Bhí Mari ina Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin ar an nGníomhaireacht Náisiúnta um Bhainistíocht Sócmhainní (NAMA) ó 2014 go dtí Aibreán 2024, chomh maith le bheith ina stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin ag Ervia go dtí Lúnasa 2021. Chaith Mari tréimhsí sa dá chomhlacht ina Cathaoirleach ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca agus ina Cathaoirleach ar an gCoiste Creidmheasa agus Luach Saothair.



**Patricia Monahan**

**Stiúrthóir Fuaime**

Thosaigh Patricia Monahan ina Stiúrthóir Fuaime ar Fhoireann Ceannaireachta RTÉ i mí Mheán Fómhair 2024, tar éis iomaíocht phoiblí.

Tá ról ríthábhachtach ag an Stiúrthóir Fuaime, in éineacht leis an Stiúrthóir Físe, ó thaobh cruth nua a chur ar RTÉ agus é a athrú ó bhonn. Agus muid ag tabhairt faoi straitéis fuaime nua uaillmhianach, tá Patricia freagrach as forbairt agus bainistíocht eagarthóireachta a dhéanamh ar sheirbhísí fuaime agus ar sheirbhísí fuaime digiteacha RTÉ, lena n-áirítear na cláir ar na ceithre stáisiún raidió FM de chuid RTÉ – RTÉ Radio 1, RTÉ 2fm, RTÉ Raidió na Gaeltachta agus RTÉ lyric fm – chomh maith le seirbhísí digiteacha, ar líne agus podchraolta RTÉ.

Bhí Patricia ina hEagarthóir Bainistíochta roimhe seo ag Newstalk, áit a raibh sí i gceannas ar ábhar ar ardáin uile an stáisiúin, agus bhí sí freagrach as straitéis ábhair an stáisiúin a cheapadh, a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Chomh maith leis sin bhí sí ina ball d'Fhoireann Ceannaireachta Sinsearach Bauer Media Audio Ireland.



**Steve Carson**

**Stiúrthóir Físe**

Thosaigh Steve Carson ina Stiúrthóir Físe ar Fhoireann Ceannaireachta RTÉ i mí Mheán Fómhair 2024, tar éis iomaíocht phoiblí.

Tá ról ríthábhachtach ag an Stiúrthóir Físe, in éineacht leis an Stiúrthóir Fuaime, ó thaobh cruth nua a chur ar RTÉ agus é a athrú ó bhonn.De bharr go bhfuil taithí as cuimse ag Steve agus dea-theist air ó thaobh na cruthaitheachta de agus é ag obair leis an BBC i dTuaisceart Éireann agus in Albain, agus roimhe sin in RTÉ, tá sé ar a chumas torthaí den scoth a bhaint amach i ngach seánra. Thar aon rud eile, ina Stiúrthóir Físeáin, tá Steve freagrach as straitéis eagarthóireachta chuimsitheach a fhorbairt agus a chur i gcrích ar fud stáisiúin teilifíse RTÉ agus RTÉ Player.

Bhí Steve ina Stiúrthóir ar BBC Scotland roimhe seo, áit a raibh sé i gceannas ar fhoirne teilifíse, raidió agus ar líne an BBC ar fud na hAlban. Léiríonn BBC Scotland ábhar i mBéarla agus i nGàidhlig ar réimse ardán teilifíse, raidió agus digiteach, agus é ag obair i gcomhpháirtíocht le hearnáil chruthaitheach na hAlban i gcoitinne, agus ar fud 13 bhunáit in Albain. Bhí sé ina Stiúrthóir Clár ar Theilifís RTÉ roimhe seo, agus bhog sé chuig BBC Thuaisceart Éireann ina Cheannasaí Léiriúcháin, agus ina dhiaidh sin chuig BBC Scotland.

Tá comhaltaí Bhord RTÉ tiomanta maidir leis na caighdeáin is airde a choinneáil ar bun maidir leis an rialachas corparáide agus leis an iompar i mbun gnó. Ceanglaítear faoin *Acht Craolacháin 2009* go mbeadh taithí nó cumas ag comhaltaí i gcúrsaí atá iomchuí don mhaoirseacht ar chraoltóir seirbhíse poiblí (Alt 82). Ní mór do chomhaltaí uile an Bhoird freisin a gcuid feidhmeanna a chur i gcrích ar bhealach lena gcinntítear go ndéantar obair RTÉ, de bhun na gcuspóirí faoin reachtaíocht, go héifeachtach agus go críochnúil (Alt 87).

Leagtar amach sa *Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú* (an "Cód Cleachtais") na prionsabail maidir le rialachas corparáide a gceanglaítear ar Bhoird na gComhlachtaí Stáit iad a chomhlíonadh. Áirítear leis sin cleachtais agus nósanna imeachta i dtaca leis an rialachas i raon leathan réimsí amhail ról an Bhoird; cóid iompair agus nochtadh leasanna; tuairisciú gnó agus airgeadais; bainistiú riosca agus rialú inmheánach; caidreamh leis an Oireachtas agus leis an roinn faoina bhfuil sé; agus raon de nósanna imeachta sonracha eile a bhaineann leis an rialachas. Leagtar amach tuilleadh eolais ar na réimsí sin sa chuid eile den chaibidil seo den Tuarascáil Bhliantúil.

I mí an Mheithimh 2024 d'fhoilsigh RTÉ a Chreat Rialachais, agus is féidir teacht air ar shuíomh gréasáin RTÉ. Is doiciméad cuimsitheach é seo a thugann treoir chuimsitheach don Bhord, don bhainistíocht, don fhoireann agus do pháirtithe leasmhara seachtracha maidir le socruithe rialachais RTÉ.

Ceanglaítear ar Chathaoirleach an Bhoird a dheimhniú don Aire Ealaíon, Meán, Cumarsáide, Cultúir agus Spóirt go bliantúil go bhfuil na cleachtais agus na nósanna imeachta maidir leis an rialachas in RTÉ ag cloí leis an gCód Cleachtais. Tá ráiteas RTÉ maidir le comhlíontacht leagtha amach ar leathanach 131.

Tá sé de dhualgas ar RTÉ cloí leis an *Acht um Rialachas Corparáideach* agus oibleagáidí eile a fhorchuirtear leis an *Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995*, an *tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001* agus leis an *Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Éillithe), 2018*.

Tá a Chód Iompair féin glactha ag an mBord freisin, ina leagtar amach a chur chuige maidir le hiompar gnó atá freagrach agus eiticiúil.

**Bord RTÉ**

Tá doiciméad foirmiúil i dtaca le téarmaí tagartha i bhfeidhm ag an mBord, a ndearnadh athbhreithniú air go deireanach i Márta 2025. Tugann sé seo aghaidh ar raon leathan réimsí amhail comhdhéanamh agus freagrachtaí an Bhoird; cláir oibre agus cruinnithe an bhoird; coinbhleacht leasa; údarás agus próisis chinnteoireachta; cumarsáid agus tuairisciú; agus meastóireacht ar fheidhmíocht. Tá tuilleadh mínithe tugtha ar na príomh réimsí sna míreanna thíos.


**Comhdhéanamh**

Déantar Comhaltaí de Bhord RTÉ a cheapadh faoi Alt 81 den *Acht Craolacháin, 2009*, do thréimhse nach faide ná cúig bliana. Foráiltear faoin Acht do Bhord ar a bhfuil dáréag comhalta, arna gceapadh ag an Rialtas mar seo a leanas:


- Seisear comhaltaí a cheaptar ar ainmniúchán an Aire Ealaíon, Meán, Cumarsáide, Cultúir, agus Spóirt
- Déanann an Comhchoiste Oireachtais um Turasóireacht, Cultúr, Ealaíona, Spórt agus Meán ceathrar comhaltaí a mholadh don Aire;
- Is comhalta ex-officio Príomh-Stiúrthóir RTÉ; agus
- Ceaptar ball amháin d'fhoireann RTÉ tar éis toghcháin.

Déanann an Rialtas duine de na comhaltaí a cheapadh chun bheith mar Chathaoirleach. Foráiltear leis an *Acht Craolacháin 2009* freisin do chothromaíocht inscne i gcomhdhéanamh an Bhoird trína cheangal go mbeidh cúigear fear agus cúigear ban ar a laghad i measc a chomhaltaí. Ar an 31 Nollaig 2024, bhí seisear ban agus cúigear fear ar Bhord RTÉ, agus folúntas amháin ann.

**Ileágsúlacht an Bhoird ó thaobh Cúrsaí Inscne (ag 31/12/2024)**




**Ileágsúlacht an Bhoird maidir le Seilbh Oifige (ag 31/12/2024)**




Mar gheall ar fholúntais, bhí naonúr ball den Bhord in áit ag tús na bliana. Tháinig tuilleadh athruithe ar bhallraíocht an Bhoird i rith na bliana, mar atá leagtha amach thíos.

D'éirigh Siún Ní Raghallaigh as ina Cathaoirleach ar an mBord ar an 23 Feabhra 2024 agus d'éirigh an Dr P.J. Mathews as ar an 28 Feabhra 2024.

Cheap an Rialtas Terence O'Rourke ina chomhalta boird agus Cathaoirleach ar an mBord ar an 5 Márta 2024, agus rinne sé dhá cheapachán eile ar an mBord an dáta sin: Neasa Hardiman agus Terri Moloney.

Líon an Rialtas na folúntais a bhí ar an mBord ar an 20 Márta 2024 agus ceapadh Noreen O'Kelly agus Shirley Bradshaw ina gcomhaltaí den Bhord. Is í Shirley Bradshaw ionadaí Foirne RTÉ ar an mBord, agus ceapadh í tar éis toghcháin i measc bhaill foirne RTÉ.

Tháinig deireadh le téarma oifige Anne O'Leary an 3 Samhain 2024.

Tá sonraí beathaisnéise an aon chomhalta déag den Bhord a bhí in oifig ar an 31 Nollaig 2024, lena n-áirítear sonraí faoina dtéarmaí oifige, leagtha amach ar leathanaigh 100 go 104.

Tar éis dháta dheireadh na bliana, d'éirigh Daire Hickey as a post mar chomhalta Boird le héifeacht ón 30 Eanáir 2025.

**Ról**

Leagtar amach dualgais chomhaltaí an Bhoird in Alt 87 *d'Acht Craolacháin 2009*. Tugann comhaltaí an Bhoird treoir faoi stiúir chorparáideach agus straitéis RTÉ agus seasann siad ar son leasa an lucht féachana agus an lucht éisteachta, arna chinntiú go gcomhlíonann RTÉ na dualgais faoin reachtaíocht ar bhealach éifeachtach éifeachtúil. Cuireann gach comhalta breithiúnas neamhspleách i bhfeidhm trí dhúshlán an lucht Ceannaireachta a thabhairt ar bhealach tairbheach agus trí chuidiú le cuspóirí straitéise RTÉ a thabhairt chun cinn.

Tá éagsúlacht ag baint le cúlra, scileanna agus taithí chomhaltaí an Bhoird maidir le raon leathan réimsí gnó a bhaineann le hábhar maidir le maoirseacht a dhéanamh ar chraoltóir seirbhíse poiblí. Leagtar síos na critéir maidir le comhaltacht ar an mBord in Alt 82 den *Acht Craolacháin 2009*. Luaitear i measc na gcritéar nithe mar seo a leanas: gnóthaí meán cumarsáide, craoltóireacht seirbhíse poiblí, ábhar craoltóireachta a léiriú, teicneolaíocht do mheáin dhigiteacha, gnó agus gnóthaí tráchtála, cúrsaí dlí agus gnóthaí rialúcháin agus nithe a bhaineann leis an nGaeilge a thabhairt chun cinn.

Déantar deighilt shoiléir ó thaobh freagrachtaí idir post Chathaoirleach an Bhoird, ar cathaoirleach neamhfheidhmiúcháin atá ann, agus post an Phríomh-Stiúrthóra.

Glacann an Príomh-Stiúrthóir, i gcomhar leis an lucht bainistíochta feidhmiúcháin, freagracht as cúrsaí oibriúcháin ó lá go lá in RTÉ. Áirítear ar fhreagracht an Chathaoirligh ceannasaíocht a dhéanam ar an mBord, clár oibre an Bhoird a dheimhniú, éifeachtúlacht an Bhoird a chinntiú agus rannpháirtíocht iomlán gach comhalta an Bhoird a éascú.

Tagann Cathaoirleach an Bhoird agus an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán le chéile go minic chun feidhmíocht oibriúcháin agus airgeadais RTÉ a phlé. Tagann bainistíocht feidhmiúcháin RTÉ le chéile go minic freisin le hoifigigh Roinne agus NewERA chun cúrsaí den chineál céanna a phlé.

Coinníonn an Bord a struchtúir agus a fheidhmíocht féin faoi athbhreithniú leanúnach. Le linn 2024, choimisiúnaigh an Bord meastóireacht sheachtrach ar a fheidhmíocht féin agus phléigh sé an tuarascáil ag a chruinniú i mí na Samhna 2024. Tá roinnt gníomhartha leantacha curtha san áireamh i bplean oibre an Bhoird le haghaidh 2025.

### Nósanna Imeachta an Bhoird

Nuair a cheaptar iad, déantar ionduchtú ar chomhaltaí uile an Bhoird agus cuirtear doiciméid faisnéise ar fáil dóibh faoi RTÉ agus a chuid oibríochtaí. Tagann an Bord le chéile de réir sceideal cruinnithe rialta agus bíonn cruinnithe ann tráthanna eile freisin de réir mar a mheastar gá leis sin. Bíonn teacht iomlán go tráthúil ag gach comhalta den Bhord ar an eolas a theastaíonn chun cur ar a gcumas a gcuid dualgas a chomhlíonadh. Seoltar páipéir an Bhoird chuig gach comhalta den Bhord in am tráth roimh chruinnithe an Bhoird agus bíonn aon pháipéar nó eolas sa bhreis air sin ar fáil go héasca ag gach comhalta Boird ar a iarraidh.

Bíonn san áireamh le páipéir leictreonacha an Bhoird a sheoltar chuig comhaltaí an Bhoird miontuairiscí faofa gach cruinniú coiste a tionóladh ón gcruinniú Boird roimhe sin nó, sa chás nach mbíonn miontuairiscí ar fáil an tráth a ndéantar na páipéir a dháileadh, tugtar cuntas ó bhéal ag cruinniú an Bhoird. Bíonn Cathaoirleach gach coiste ar fáil chun tuairisc a thabhairt agus ceisteanna a fhreagairt faoi imeachtaí an choiste ag na cruinnithe Boird, de réir mar is gá.

Bíonn teacht ag comhaltaí an Bhoird ar chomhairle agus ar sheirbhísí ó Rúnaí Ghrúpa RTÉ atá freagrach as cinntiú go ndéantar de réir nósanna imeachta an Bhoird agus go gcomhlíontar na rialacha agus na rialacháin is infheidhme. Bíonn comhairleoirí gairmiúla RTÉ ar fáil le haghaidh comhairliúcháin leis an mBord de réir mar is gá. Is féidir le comhalta aonair den Bhord comhairle lucht gairme a fháil agus dul faoi oiliúint ghairmiúil, más gá, ar chostas RTÉ. Tá polasaí árachais i bhfeidhm ag an mBord trína shlánaítear comhaltaí an Bhoird sa chás go dtabharfaí imeachtaí dlí ina n-aghaidh le linn a gcuid dualgas mar chomhaltaí den Bhord.

Tá sceideal foirmiúil nithe ann arna bhforchoimeád don Bhord lena mbreithniú agus lena gcinneadh. Tá réimsí lárnacha de ghnó RTÉ sa sceideal:

- Pleananna straitéise, an buiséad bliantúil agus na ráitis airgeadais bhliantúla a aontú;
- Bearta móra infheistíochtaí, tionscadail chaipitil agus iasachtaí a aontú;
- Sócmhainní suntasacha a éadáil, a dhiúscairt nó a ligean i léig;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfeidhmíocht ó thaobh cúrsaí oibriúcháin agus cúrsaí airgeadais;
- An polasaí cistíochta agus polasaithe maidir le bainistíocht i leith ábhar baoil;
- Leibhéil údaráis tharmligthe, conarthaí móra a aontú san áireamh;
- An Príomh-Stiúrthóir agus an Rúnaí Grúpa a cheapadh (de réir Alt 89 den *Acht Craolacháin 2009*)
- Cathaoirleach/Stiúrthóirí/Iontaobhaithe Fhochuideachtaí agus Scéimeanna Pinsin RTÉ a cheapadh; agus
- Athbhreithniú ar an gcóras rialaithe inmheánaigh.

Déantar ábhair áirithe eile a tharmligean le coistí de chuid an Bhoird, mar a leagtar amach thíos.

### Coistí an Bhoird

Tá sé cinn de choistí buana ar bun ag an mBord an 31 Nollaig 2024 chun cuidiú leis an bhfeidhmiúchán i leith na bhfreagrachtaí. Is iad sin an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca, an Coiste um Luach Saothair agus Forbartha Bainistíochta, an Coiste Cláir, an Coiste um Thrádáil Chóir, an Coiste Digiteach agus an Coiste um Chlaochlú Straitéiseach.

Tá comhaltas gach coiste, chomh maith le sonraí i dtaca lena dtinreamh ar chruinnithe a tionóladh

in 2024, leagtha amach ar leathanaigh 106 go 107. Feidhmíonn Rúnaí Ghrúpa RTÉ mar Rúnaí ar gach Coiste.

D'fhéadfaí coistí sealadacha a bhunú ó am go chéile chun déileáil le hábhair faoi leith de réir téarmaí tagartha sainiúla. Níor bunaíodh aon choistí sealadacha i rith na bliana 2024. Bhunaigh RTÉ Comhairle Lucht Féachana agus Éisteachta freisin ar bhonn reachtúil.

**An Coiste Iniúchta agus Riosca**
Tá triúr de chomhaltaí an Bhoird ar an gCoiste Iniúchta agus Riosca amhail an 31 Nollaig 2024, agus comhaltaí iad go léir a mheastar a bheith ina gcomhaltaí neamhspleácha. Tá téarmaí tagartha an choiste, a nuashonraíodh i Márta 2025, ar fáil ar láithreán gréasáin RTÉ.

Freastalaíonn an Príomh-Stiúrthóir, an Príomhoifigeach Airgeadais agus an Ceannasaí Iniúchta Inmheánaigh ar chruinnithe an choiste, agus freastalaíonn na hiniúchóirí seachtracha de réir mar is gá. Foráiltear faoi théarmaí tagartha an choiste gur féidir cuireadh a thabhairt do chomhaltaí eile den Bhord, d'fheidhmeannaigh agus do dhaoine eile freastal ar chruinniú iomlán nó ar chuid de chruinniú ar bith. Bíonn teacht go hiomlán, go díreach agus go neamhshrianta tráth ar bith ag an gCeannasaí Iniúchta Inmheánaigh agus ag na hiniúchóirí seachtracha araon ar Chathaoirleach an choiste. Anuas ar an méid sin, bíonn plé ag an gCoiste Iniúchta agus Riosca le hiniúchóirí seachtracha agus inmheánacha, gan daoine den lucht bainistíochta feidhmiúcháin i láthair, d'fhonn a chinntiú nach bhfuil aon ábhar buartha gan socrú.

Rinne an Coiste Iniúchta agus Riosca athbhreithniú ar na nithe seo a leanas i rith na bliana 2024:

***Tuairisciú airgeadais***
- Ráitis airgeadais bhliantúla an ghrúpa, sular cuireadh faoi bhráid an Bhoird go foirmeálta iad. Dhírigh athbhreithniú an choiste, go háirithe, ar shreafaí airgid réamh-mheasta an Ghrúpa don todhchaí intuartha, lena n-áirítear éagsúlachtaí a d'fhéadfadh a bheith sna réamhaisnéisí sin, i gcomhthéacs measúnú a dhéanamh ar staid gnóthais leantaigh an Ghrúpa. Áiríodh forálacha, polasaithe cuntasaíochta, ar réimsí a dteastaíonn breithiúnas ina leith, a shoiléire agus a bhí nochtadh á dhéanamh agus cúrsaí comhlíonta maidir leis na caighdeáin chuntasaíochta agus dlí is infheidhme in athbhreithniú an choiste chomh maith.
- Athbhreithniú ar an bpróiseas dearbhaithe maidir le Tuarascáil na Láithreoirí ar an bPá is Airde (i gcomhar leis an gCoiste Forbartha Luach Saothair agus Bainistíochta)
- Tuarascáil bhliantúil an Aonaid Léiriúcháin Neamhspleácha, sula gcuirtear faoi bhráid an Bhoird í go foirmiúil

***Rialú inmheánach agus bainistiú riosca***
- Athbhreithniú seachtrach a choimisiúnú ar na feidhmeanna Riosca, Comhlíontachta agus Iniúchóireachta Inmheánaí in RTÉ. Cheadaigh an Coiste plean tionscadail agus fráma ama chun na moltaí a chur i bhfeidhm.
- Tuarascálacha riosca ráthúla agus gluaiseachtaí sna príomhrioscaí corparáideacha le linn na bliana
- Tuairisc mhion ó Urraitheoirí na Foirne Ceannaireachta maidir le roinnt de na príomhréimsí baoil do ghnó na corparáide
- Bainistiú riosca cibearshlándála
- Tús curtha le forbairt ráiteas Inghlactha Riosca RTÉ

***Rialáil agus comhlíonadh***
- Comhlíonadh an rialachais chorparáidigh: athbhreithniú ar chomhlíonadh an *Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú*
- Nuashonruithe rialta ar RGCS agus ar ábhair dhlíthiúla
- Socruithe a dhéanamh chun gur féidir ábhair imní a chur in iúl faoi rún (sceithire), lena n-áirítear athbhreithniú agus nuashonrú ar an bPolasaí um Nochtadh Cosanta
- Maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na moltaí ó thuarascálacha an Choiste Chomhairligh Saineolaithe ('EAC'), a choimisiúnaigh an Rialtas

***Iniúchadh Inmheánach***
- An Plean Iniúchóireachta Inmheánaí
- Tuarascálacha iniúchóireachta inmheánaí agus an dul chun cinn maidir leis na gníomhaíochtaí a sainaithníodh sna tuarascálacha a chur chun feidhme. Cuireann Ceann na hIniúchóireachta Inmheánaí tuarascáil i láthair ag gach cruinniú den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, ina ndéantar achoimre ar an obair a cuireadh i gcrích ón gcruinniú roimhe sin agus ar na torthaí, mar aon leis na réimsí fócais sa tréimhse atá le teacht
- Maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas tairisceana a bhaineann le soláthraí seirbhíse comhfhoinse nua don Iniúchóireacht Inmheánanach

***Iniúchóireacht sheachtrach***

- An plean iniúchóireachta seachtraí agus raon feidhme na hiniúchóireachta, mar atá leagtha amach sa Litir Rannpháirtíochta
- Athbhreithniú ar éifeacht an phróisis iniúchóireachta agus na n-iniúchóirí
- Tuarascáil ón iniúchóir seachtrach tar éis a iniúchta ar na ráitis airgeadais agus ar an bplé ar nithe a thagann chun cinn
- Maoirseacht a dhéanamh ar phróiseas tairisceana na seirbhísí iniúchóireachta seachtraí, a thosaigh i ndeireadh na bliana 2024

***Buiséadú agus gnóthaí airgeadais***

- Buiséad bliantúil Ghrúpa RTÉ, sula gcuirtear ar aghaidh go foirmiúil chuig an mBord é
- Nuashonruithe rialta ar fheidhmíocht airgeadais an Ghrúpa, lena n-áirítear pinsin agus bainistiú riosca ar ghluaiseachtaí i rátaí malairte eachtraí
- Sreafaí airgid, socruithe baincéireachta agus saoráidí cistíochta RTÉ
- Nuashonruithe maidir le tionscadail mhóra caipitil
- Nuashonrú ar pholasaithe a cheadú

Ina theannta sin, cuireadh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ar an eolas maidir le forbairtí i réimsí an rialachais chorparáidigh, na bainistíochta riosca agus na gcaighdeán cuntasaíochta agus rinne sé athbhreithniú sceidealaithe ar a théarmaí tagartha.

Tá bearta cúraim curtha i bhfeidhm ag an gCoiste Iniúchta agus Riosca lena chinntiú nach gcuirtear isteach ar neamhspleáchas agus ar oibiachtúlacht fheidhm na hiniúchóireachta seachtraí. Déantar athbhreithniú go tráthrialta ar na bearta cúraim sin. Anuas air sin, tá deimhnithe ag na hiniúchóirí seachtracha leis an gCoiste Iniúchta agus Riosca go leanann siadsan de nósanna imeachta a chur i bhfeidhm ionas nach dtarlódh go gcuirfí isteach ar a gcuid neamhspleáchais ná ar a gcuid oibiachtúlachta.

Déanann an Coiste Iniúchta agus Riosca an leibhéal seirbhísí neamhiniúchta a chuireann iniúchóirí seachtracha ar fáil agus na táillí a ghabhann leo a bhreithniú gach bliain i gcomhthéacs neamhspleáchas na n-iniúchóirí neamhspleácha mar chuid d'athbhreithniú an choiste ar leordhóthanacht agus ar oibiachtúlacht phróiseas na hiniúchóireachta seachtraí. Leagtar amach mionsonraí maidir le cineál na seirbhísí i rith na bliana reatha/i rith na mblianta roimhe seo nár bhain le hiniúchóireacht, agus maidir leis na táillí a bhaineann leo sin, i nóta 5 leis na ráitis airgeadais.

**Coiste na gCláracha**

Ceathrar comhaltaí Boird a bhí ar Choiste na gCláracha amhail an 31 Nollaig 2024. Pléann an coiste na coimisiúin a sháraíonn na teorainneacha tairsí airgeadais atá leagtha síos maidir le faomhadh an Bhoird agus déanann sé moltaí de réir mar is áil leis. Ag gach ceann de na cruinnithe, buaileann an coiste leis na feidhmeannaigh atá freagrach as an ábhar a léirítear agus a chuirtear ar fáil agus leis an lucht bainistíochta sinsearaí (lena n-áirítear lucht déanta cláracha neamhspleácha go hinmheánach agus go seachtrach, de réir mar is gá) chun athbhreithniú a dhéanamh ar an ábhar cláir atá á chur ar fáil agus ar na straitéisí agus na pleananna atá á leagan amach.

Maidir le riosca eagarthóireachta, tugann Coiste na gCláracha agus an Coiste Iniúchta agus Riosca a gcuid cláracha oibre le chéile ionas go gcinntítear maoirseacht agus bainistíocht éifeachtúil maidir le baol ó chúrsaí eagarthóireachta agus éifeachtacht na bpolasaithe atá i bhfeidhm. Tugann an Bord riosca eagarthóireachta i gceist i gcomhthéacs riosca go ginearálta, mar a mhínítear níos mine maidir le rialú inmheánach agus bainistiú riosca thíos.

**An Coiste Luach Saothair agus Forbartha Bainistíochta**

Ag deireadh na bliana tá ceathrar ball den Bhord ar an gCoiste um Luach Saothair agus Forbartha Bainistíochta, agus feictear iad ar fad mar dhaoine neamhspleácha. Bhí nuashonrú déanta ar théarmaí tagartha an choiste i mí an Mhárta 2025 agus tá siad ar fáil ar shuíomh gréasáin RTÉ. Áirítear na bearta seo a leanas a bheith ag baint le ról agus freagracht an choiste:

- Ceapachán, spriocanna, feidhmíocht agus luach saothair an Phríomh-Stiúrthóra a mheas agus moltaí a dhéanamh leis an mBord sula n-iarrtar aontú an Rialtais. Déantar an t-athbhreithniú sin i gcomhthéacs pholasaí ábhartha an Rialtais. (Déanann téarmaí tagartha an choiste foráil freisin do ról an Leas-Phríomh-Stiúrthóra, nó aon duine arna cheapadh go sealadach chuig ról an Phríomh-Stiúrthóra de réir Alt 89 (8) den *Acht Craolacháin 2009)*

- Luach saothair na bainistíochta feidhmiúcháin a cheadú, ag féachaint do bheartas an Rialtais i ndáil le luach saothair na bainistíochta sinsearaí ar Chomhlachtaí Stáit Tráchtála
- Luach saothair na láithreoirí a shaothraíonn os cionn €100k a fhaomhadh chomh maith leis an méid atá á shaothrú ag na 10 láithreoir is airde pá de chuid RTÉ a fhaomhadh, agus é seo faoi réir cheadú breise ón mBord freisin
- Maoirseacht a dhéanamh ar aon athruithe móra ar struchtúir sochair d'fhostaithe ar fud ghrúpa RTÉ
- A chinntiú, maidir leis na daoine a thagann faoi raon feidhme obair an choiste, go bhfuil téarmaí conarthacha maidir le foirceannadh, agus aon íocaíochtaí a dhéantar, cothrom don duine aonair agus do RTÉ, nach gcúitítear an mhainneachtain sin agus go n-aithnítear go hiomlán an dualgas caillteanas a mhaolú.
- Breithniú a dhéanamh ar luach saothair aon chomhaltaí Boird d'fhochuideachtaí RTÉ nár cheap an Rialtas.

Is de réir pholasaí an Rialtais a shocraítear luach saothair chomhaltaí an Bhoird agus, dá bhrí sin, ní ábhar sin a thagann faoi scáth bhreithniú an Choiste seo go sonrach.

**An Coiste maidir le Cóirthrádáil**

Tá an Coiste maidir le Cóirthrádáil freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar Pholasaí Cóirthrádála RTÉ. Tá beirt chomhaltaí den Bhord ar an gcoiste ar an 31 Nollaig 2024 agus meastar ball amháin den choiste a bheith neamhspleách. Is iad seo a leanas feidhmeanna an choiste:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar thuairiscí ón Oifigeach Cóirthrádála;
- Maoirseacht a dhéanamh, agus athbhreithniú nuair is gá, ar na gnáis agus ar an nós oibre inmheánach, an nós oibre maidir le gearáin san áireamh;
- Athbhreithniú a choimisiúnú ó am go chéile ar ghnáis cóirthrádála RTÉ.

Tá Polasaí Cóirthrádála, chomh maith le Nós Imeachta maidir le Gearáin faoi chúrsaí Cóirthrádála, ag RTÉ agus cuirtear an dá cháipéis sin ar fáil ar shuíomh gréasáin RTÉ.ie. Bhí an Coiste maidir le Cóirthrádáil freagrach as maoirseacht a dhéanamh i leith an pholasaí sin i rith na bliana. I gcomhréir leis an bpolasaí sin, d'aontaigh an coiste tuarascáil maidir leis an bPolasaí Cóirthrádála agus a chur i bhfeidhm agus tá sin ar leathanach 218.

**An Coiste Digiteach**

Tá triúr comhaltaí Boird ar an gCoiste Digiteach. Is é ról an choiste:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar na seirbhísí agus táirgí ar féidir ceangal leis an idirlíon agus a úsáideann RTÉ chun feidhmiú de réir sainordú teilifíse agus craolacháin fuaime
- Athbhreithniú agus breithniú a dhéanamh ar shamhlacha gnó digiteacha RTÉ, na cinn reatha agus na cinn atá beartaithe araon
- Athbhreithniú a dhéanamh ar chórais agus ar chumais chibearshlándála RTÉ i gcomhthéacs bainistíocht riosca agus acmhainní leordhóthanacha a chur ar fáil
- Athbhreithniú a dhéanamh ar phleananna agus acmhainní RTÉ do dhaoine cumasacha teicniúla chun daoine cumasacha a tharraingt isteach amach anseo.
- Monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na bpríomh-thionscadal agus na bpríomh-sheirbhísí digiteacha agus athbhreithniú a dhéanamh ar Phríomhtháscairí Feidhmíochta

**An Coiste Bunathraithe Straitéise**

Tá cúigear comhaltaí Boird ar an gCoiste um Chlaochlú Straitéiseach. Bunaíodh an Coiste in 2023 chun maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt phlean straitéiseach RTÉ, sula gceadódh an Bord é. I mí an Mheithimh 2024, tar éis comhairliúchán poiblí forleathan, d'fhoilsigh RTÉ *Treo Nua: Ráiteas Straitéise 2025 – 2029*, inar tugadh tuilleadh sonraí maidir le doiciméad fís straitéiseach RTÉ (a foilsíodh i mí na Samhna 2023). Leagtar amach sa straitéis an chaoi, sna cúig bliana amach romhainn, a bhfreagróidh RTÉ don ghá atá lena chinntiú go ndéanfar athrú ó bhonn go práinneach agus go mbeadh muinín as RTÉ arís agus go mbeidh sé ábhartha sa todhchaí don an lucht féachana agus dóibh siúd laistigh den earnáil.

**An Chomhairle Lucht Féachana agus Éisteachta**

Bunaíodh Comhairle Lucht Féachana agus Éisteachta RTÉ ar bhonn reachtúil faoi Alt 96 den *Acht Craolacháin 2009* Cuirtear deis ar fáil don lucht féachana agus don lucht éisteachta tuairim a thabhairt maidir le toradh saothair RTÉ agus maidir le RTÉ maith a dhéanamh den sainchúram poiblí a leagtar air. Cuirtear comhairle ar Bhord RTÉ maidir le saincheisteanna sonracha a bhaineann le sainchúram poiblí RTÉ agus le riachtanais an lucht féachana agus éisteachta.


Déanann na comhaltaí ionadaíocht ar réimse leathan leasanna agus cúlraí agus is é Bord RTÉ a cheapann iad, ag glacadh riachtanais an *Achta Craolacháin 2009* san áireamh. Ceapann Bord RTÉ chomh maith duine de chomhaltaí an Bhoird mar chomhalta ex officio ar an gComhairle. Ba í Susan Ahern a bhí ina Cathaoirleach ar Chomhairle Lucht Féachana agus Éisteachta RTÉ amhail an 31 Nollaig 2024.

Ceapadh Comhairle Lucht Féachana nua in 2024 agus feidhmeoidh sé ar feadh téarma dhá bhliain go leith. Bhí an chéad chruinniú ag an gComhairle ar an 18 Eanáir 2024 agus tá tuilleadh eolais faoin gComhairle Lucht Féachana, a comhaltaí agus na hocht gcruinniú a bhí aige i rith 2024 ar fáil ag https://about.rte.ie/inside-rte-2/audience-council/

### Neamhspleáchas Chomhaltaí an Bhoird

Bíonn breithiúnas, ceistiú agus díograis neamhspleách á gcur i bhfeidhm ag gach comhalta Boird maidir leis an ábhar a phléann an Bord. Tá meastóireacht curtha i gcrích ag an mBord ar neamhspleáchas a chomhaltaí agus an Cód Cleachtais curtha san áireamh agus úsáid á baint as na critéir neamhspleáchais mar atá leagtha amach i *gCód Rialachais Chorparáidigh na Ríochta Aontaithe* (2024).

**Iléagsúlacht an Bhoird maidir le cúrsaí Neamhspleáchais (ag 31/12/2024)**




**Iléagsúlacht an Bhoird de réir Neamhspleáchais**
Le haird ar ionracas, dianseasmhacht agus oibiachtúlacht chomhaltaí an Bhoird, meastar go bhfuil gach comhalta den Bhord neamhspleách faoi na critéir sin. Mar sin féin, is fostaithe de chuid RTÉ iad Kevin Bakhurst agus Shirley Bradshaw agus dá bhrí sin, ar an gcúis sin amháin, ní féidir iad a mheas mar chomhaltaí neamhspleácha den Bhord ar an 31 Nollaig 2024 de réir chritéir *Chód Rialachais Chorparáidigh na Ríochta Aontaithe*.

Mar a luaitear níos mionsonraithe i nóta 25 (Idirbhearta le Páirtithe Gaolmhara), tharla idirbhearta gnó idir RTÉ agus comhalta(í) áirithe den Bhord, nó daoine gar gaoil leo, le linn gnáthchúrsaí gnó i rith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2024. In 2024, bhain sé seo le tacaíocht ó thaobh poiblíochta do chuideachta ina raibh stiúrthóireacht choiteann agus b'ionann é agus €13,850.

In ainneoin an idirbhirt seo, chinn an Bord go bhfuil an comhalta Boird lena mbaineann sé neamhspleách ó thaobh carachtair agus breithiúnais de. Agus é ag teacht ar an gconclúid sin, shocraigh an Bord nach gá don Bhord cinntí a bhaineann le tacaíocht phoiblíochta a phlé agus cinntí a ghlacadh ina leith nuair atá an leibhéal caiteachais chomh híseal sin. An líne bhainistíochta a dhéanann na cinntí sin sa ghnáthchúrsa gnó. I ngach cás tá na socruithe ag teacht le téarmaí agus coinníollacha caighdeánacha RTÉ agus leis na gnáthphróisis chinnteoireachta.

### Rialú Inmheánach agus Bainistiú Riosca

**Rialú Inmheánach**
Is ar an mBord atá an fhreagracht fhoriomlán maidir le córais an Ghrúpa don rialú inmheánach agus le hathbhreithniú ar a éifeachtúla agus atá siad. Tá na córais seo ceaptha chun an riosca nach mbainfear cuspóirí gnó amach a bhainistiú seachas chun deireadh a chur leo, agus chun dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt i gcoinne míráiteas ábhartha nó caillteanas ábhartha nó neamh-chomhlíonadh dlíthe nó rialachán.

Déanann an Bord formhaoirseacht ar chreat don rialú inmheánach atá ceaptha le rialú inmheánach éifeachtach a thabhairt lena fhreagrachtaí a chomhlíonadh. Áirítear an méid seo a leanas sa chreat:

- Struchtúr eagrúcháin atá leagtha amach go soiléir, lena mbaineann saindealú foirmeálta maidir le teorainneacha údaráis agus córais tuairiscithe le leibhéil bainistíochta níos airde agus leis an mBord;
- Ráiteas maidir le cinntí forchoimeádta don Bhord lena mbreithniú agus le cinneadh a  ghlacadh ina leith;
- Cóid iompair maidir leis an ngnó do chomhaltaí an Bhoird agus d'fhostaithe ina leagtar amach na caighdeáin eitice a bhfuil súil leo agus duine i mbun gnó;
- Nósanna imeachta atá leagtha síos chun príomhrioscaí a imríonn tionchar ar an ngnó a shonrú, a rialú agus a thuairisciú - tá tuilleadh sonraí thíos.
- Córais chuimsitheacha do bhuiséid le buiséid airgeadais bhliantúla á gceadú ag an mBord;
- Próiseas pleanála do gach rannán agus pleananna straitéiseacha fadtéarmacha arna gceadú ag an mBord;
- Córais tuairiscithe airgeadais mhíosúla agus thráthúla i bhfeidhm agus na torthaí iarbhír á dtuairisciú i gcoinne an bhuiséid. Déanann an Bord an staid airgeadais a mheas go rialta ag a chuid cruinnithe
- Polasaí um Nochtadh Cosanta trína gcuirtear córas ar fáil don lucht foirne lenar féidir tuairisc a thabhairt faoi rún agus, más gá, gan ainm a lua, mar gheall ar ábhar buartha; agus
- Beartais agus nósanna imeachta cuimsitheacha a bhaineann le bearta rialála i gcúrsaí oibriúcháin agus airgeadais, lena n-áirítear gealltanais agus caiteachas caipitil. Tugtar faoi thionscadail mhóra caipitil i gcomhréir leis an gCód Caiteachais Phoiblí agus tá cead ón mBord de dhíth.

Déanann Iniúchadh Inmheánach athbhreithniú de réir córais ar na bearta rialála seo le cur chuige ar bhonn riosca. Déantar athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht chóras rialaithe inmheánaigh an Ghrúpa agus leagtar amach na torthaí thíos.

**Bainistíocht Riosca**

Measann an Coiste Iniúchta agus Riosca gur cuid lárnach dá chlár oibre í bainistíocht riosca. Tá freagracht ar an gCoiste as a chinntiú go ndéantar rioscaí a shainaithint, a mheas, a thuairisciú agus a rialú, thar ceann an Bhoird.

Tá creat bainistíochta riosca bunaithe ag RTÉ, agus é á athbhreithniú agus á fheabhsú faoi láthair i gcomhréir le moltaí ó athbhreithniú seachtrach in 2024. Is éard atá sa Chreat ná struchtúir agus línte tuairiscithe; sannadh na bhfreagrachtaí riosca; nósanna imeachta agus córais chun riosca a shainaithint, a mheas agus a thuairisciú; agus monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na ngníomhaíochtaí a chuir an bhainistíocht i bhfeidhm.

Bhí próiseas bainistíochta maidir le cúrsaí riosca i bhfeidhm ag RTÉ i rith na bliana atá leagtha amach chun na réimsí riosca mórthábhachtacha a mbeadh an gnóthas ina mbaol a thabhairt chun suntais agus tuairisc a thabhairt don Bhord agus don Choiste Iniúchta agus Riosca ar na bealaí ina bhfuil bainistíocht á déanamh maidir leis na rioscaí.

Díríonn an Bord go príomha ar na rioscaí a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do straitéis RTÉ nó a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh d'inmharthanacht fhadtéarmach nó dea-chlú RTÉ. Is éard atá i gceist leis an bpróiseas bainistíochta riosca ná measúnú riosca straitéiseach a dhéanann an Fhoireann Ceannaireachta chomh maith le measúnuithe riosca áitiúla a dhéanann an bhainistíocht líne i réimsí ar leith.

Déanann lucht Ceannaireachta RTÉ an t-ábhar baoil a thabhairt chun suntais a bheadh mar bhac ar straitéis RTÉ a thabhairt i gcrích. Maidir leis na rioscaí siúd a ainmnítear mar phríomhrioscaí, déantar Urra Ceannaireachta agus Úinéirí Riosca a shocrú ina leith. Déantar athbhreithniú agus faireachán leanúnach orthu le linn na bliana.

Coinníonn an tÚinéir Riosca súil ar na nithe ba chionsiocair leis an riosca agus coinnítear tuairisc ar na bearta rialála a dhéantar chun an baol a mhaolú. Déantar chomh maith táscairí baoil a shonrú a chuideodh leis an monatóireacht ar athrú maidir lena mhinice a bheadh an baol ann. Tugtar cuntas comhdhlúth ar an mbeartaíocht sin i gcáipéis maidir le rioscaí straitéiseacha. Tá feidhm maidir le riosca a dhéanann maoirseacht agus athbhreithniú ar an obair seo anois agus ceangal cothaithe idir sin agus an próiseas pleanála straitéiseach faoi réimsí níos leithne ná sin ar fad. Cuirtear an cháipéis maidir le rioscaí straitéiseacha faoi bhráid an Choiste Iniúchta agus Riosca agus faoi bhráid an Bhoird mar chuid den athbhreithniú ar éifeachtúlacht na gcóras don rialú inmheánach. Tugtar tuairisc reatha gach ráithe i rith na bliana freisin don Choiste Iniúchta agus Riosca faoi stádas na rioscaí éagsúla, faoi athruithe maidir le táscairí baoil agus faoi bhearta maolúcháin. Ina theannta sin, rinne an Coiste 'mionstaidéar' ar rioscaí ar leith.

Ag teacht leis an bpróiseas straitéiseach a mhínítear thuas i ndáil le réimsí baoil a mheas, déantar cláracha baoil áitiúla a choinneáil i réimsí faoi leith d'fhonn ábhar baoil a mheas, an dóigh go dtarlóidh nó nach dtarlóidh na príomhtheagmhais a mbeifí ina mbaol a mheas agus an tionchar is dócha a bheadh ag na teagmhais dá dtitfidís amach. Taifeadtar na gníomhaíochtaí a dhéantar chun gach riosca a bhainistiú.

**Na Príomhréimsí Baoil agus Éiginnteachta**

Mar chuid den phróiseas a mhínítear thuas maidir le hábhar baoil a shonrú, tá na príomhréimsí baoil leagtha amach a d'fhéadfadh a bheith ina gcur isteach ar ghnó, ar riocht airgeadais, nó ar thorthaí an Ghrúpa. Tugtar cuntas achoimre thíos ar na baoil. Déantar na baoil a ghrúpáil de réir catagóire agus ní nochtar iad in ord tábhachta ná suntais. Ní anailís uilechuimsitheach ar gach ábhar baoil a d'fhéadfadh a theacht chun cinn le linn an gnó a sheoladh é seo. Déantar na príomhréimsí baoil a mheas ar bhonn leanúnach agus cuireann an lucht bainistíochta tuairisc ar athruithe suntasacha maidir leis an ábhar baoil a thugtar chun suntais, nó ar an tábhacht a bheadh leis an mbaol sin, faoi bhráid an Choiste Iniúchta agus Riosca.

| Cuntas ar an Ábhar Baoil | Bearta Reatha agus Beartaithe |
|---|---|
| **Straitéiseach** | |
| **1. Claochlú**<br>An baol go dteipfidh ar RTÉ claochlú radacach na heagraíochta a chur i bhfeidhm go héifeachtach, mar a leagtar amach i Ráiteas Straitéise RTÉ, go dtí ceann atá cuíchóirithe go suntasach, agus forchostais inmheánacha laghdaithe go buan, campas comhdhlúite Dhomhnach Broc agus bonn costais comhréireach, faoi na spriocanna:<br>• An lucht féachana agus éisteachta a mhealladh le hábhar ar ardchaighdeán a théann i gcion orthu<br>• Táirgí agus seirbhísí sruthaithe den scoth a chur ar fáil<br>• Léiriúchán a éagsúlú agus tacú le forbairt earnálach ar fud na hÉireann<br>• Feidhmíocht láidir a chinntiú mar a bhaineann le bainistíocht airgeadais.<br>• Eagraíocht inbhuanaithe, iontaofa agus fhreagrach a fhorbairt | Tá treo nua don eagraíocht leagtha amach i Straitéis Treo Nua RTÉ. Beidh Foireann Ceannaireachta RTÉ taobh thiar de chur i gcrích na straitéise.<br>• Tá Clár don Chlaochlú leagtha amach.<br>• Tá an Grúpa Stiúrtha um Chlaochlú Inmheánach ag feidhmiú, faoi stiúir an Leas-Phríomh-Stiúrthóra<br>• Déanfar maoirseacht agus rianú ar chláir athraithe ardtionchair agus tionscadail atá bainteach leo (lena n-áirítear láithreán, teicneolaíocht agus VEP), agus cuirfear tuairiscí maidir leis an bhfeidhmíocht ar fáil do Bhord RTÉ.<br>• Tacaíocht Bainistíochta Claochlaithe agus Athraithe – forbrófar plean bainistíochta athraithe, lena n-áirítear bainistíocht riosca, chun claochlú a chur i bhfeidhm ar fud na heagraíochta. |

| Cuntas ar an Ábhar Baoil | Bearta Reatha agus Beartaithe |
| --- | --- |
| **2. Ábhar**<br>An baol nach soláthróidh RTÉ ábhar ábhartha, tarraingteach agus éagsúil ar ardáin dhigiteacha agus líneacha don lucht féachana agus éisteachta (go háirithe grúpaí níos óige agus grúpaí nach ndéantar freastal ceart orthu).<br><br>Tá sé seo i gcomhthéacs na nithe seo a leanas:<br>• athrú a bheith ar rogha an lucht féachana ó chraoladh líneach sceidealta go sruthú agus tairiscintí digiteacha eile<br>• éagsúlacht agus cuimsiú teoranta, ar an aer agus sa léiriú<br>• boilsciú ar phraghas an ábhair, arna spreagadh ag costais léirithe atá ag ardú agus iomaíocht níos mó ó chraoltóirí domhanda.<br><br>Tá baol freisin ann nach gcoinneodh RTÉ smacht ar an maoin intleachtúil, d'fhonn an luach is fearr a fháil i ndáil leis an lucht féachana agus éisteachta, le cúrsaí aitreabúideachta agus le cúrsaí tráchtála.<br><br>*Féach freisin Riosca 3. Seachadadh an Phunainn Dhigitigh, Riosca 4. Feiceálacht & Aimsitheacht agus Riosca 5. Sonraí.* | • Tabharfaidh straitéis ábhair nua RTÉ tús áite d'ábhar ardchaighdeáin a mbeidh tionchar aige ar ár lucht féachana agus éisteachta - idir óg, aosta agus nua, ó gach cearn d'Éirinn, a mbeidh sé mar aidhm aici RTÉ a chur chun cinn ar bhonn beo agus sruthaithe mar aon le tomhaltas ar éileamh, agus nuálaíocht a dhéanamh ar fud ábhar físeáin, fuaime agus téacs.<br>• Straitéis nua don ábhar físe a chur ar fáil chun go gcuirfear an sruthú agus an fás ar ábhar ar éileamh chun cinn agus go mbeidh, ag an am céanna, an t-amharc sceidealta á chothú (craolta agus sruthaithe).<br>• Straitéis ghinearálta amháin a chur ar fáil don phunann fuaime, lena n-áirítear ábhar digiteach a bheadh ag teacht leis an bhforbairt ar aip Fuaime nua.<br>• Cur leis an sroicheadh atá ag Nuacht agus Cúrsaí Reatha RTÉ tríd na bealaí sóisialta agus tríd an bpodchraoladh, chomh maith leis an gceann is fearr a fháil ar an mbréagaisnéis tríd an marc "Clarity" agus an tAonad Bréagaisnéise.<br>• Cur leis an sceideal de thaibhithe cultúir beo agus d'imeachtaí poiblí.<br>• An caiteachas ar choimisiúin a ardú go dtí €48.1m ar a laghad in 2025, tuilleadh léiriúchán a aistriú chuig an earnáil neamhspleách, agus forbairt a dhéanamh ar ár straitéis choimisiúnaithe fhadtéarmach.<br>• Struchtúir nua le haghaidh choimisiúnaithe Fuaime agus Físe a chur i bhfeidhm ar mhaithe le hábhar, aghaidheanna agus guthanna nua a chur os comhair an lucht féachana agus éisteachta, lena n-áirítear uirlis phleanála físe ilbhliantúil.<br>• Léargas an Lucht Féachana a thomhas agus a rianú chun bonn eolais a chur faoin gcinnteoireacht.<br>• Straitéis Sonraí RTÉ (sonraí i gcomhair síniú isteach agus meiteashonraí). |

| Cuntas ar an Ábhar Baoil | Bearta Reatha agus Beartaithe |
|---|---|
| **3. Seachadadh an Phunainn Dhigitigh**<br>An baol a bheadh ann do sheachadadh phunann dhigiteach RTÉ, chun pearsantú, moladh ábhair agus eispéireas feabhsaithe d'úsáideoirí lucht féachana/éisteachta a spreagadh, mura ndaingneofaí infheistíocht.<br><br>Bíonn tionchar aige sin ar nasc RTÉ leis an lucht féachana agus éisteachta agus ar sheachadadh deiseanna i ndáil leis an lucht féachana, ábhar agus deiseanna tráchtála digiteacha a chruthaítear leis an gclaochlú digiteach.<br><br>*Féach freisin Riosca 2. Ábhar, Riosca 6 Tráchtáil agus Riosca 5. Sonraí.* | • Déanann Foireann Ceannaireachta RTÉ iarracht cothromaíocht a bhaint amach idir ábhar láithreach atá dírithe ar an lucht féachana agus cuspóirí digiteacha, agus an obair a theastaíonn a dhéanamh sa mheántéarma chun bonneagar agus teicneolaíocht RTÉ a athrú san am atá ag teacht.<br>• Tuilleadh feabhais a chur ar an RTÉ Player ag díriú ar Chomhéadan an Úsáideora (UI) agus ar Eispéireas an Úsáideora (UX). An chatalóg a leathnú le go mbeidh níos mó ná 5,000 uair an chloig ann, íoslódáil le haghaidh ábhar do pháistí a sheoladh agus cainéal Teanga Chomharthaíochta na hEireann FAST. "Síniú isteach" a chur chun cinn i measc lucht féachana.<br>• Ár Líonraí Seachadta Ábhair (CDN) a leathnú chun a chinntiú gur féidir le RTÉ a mheáin a chur ar fáil don lucht féachana thar IP agus go gcuirfidh sé margaí i gcrích a chabhróidh lena sroicheadh.<br>• Aip Nuachta nua agus Aip Fuaime nua a sheoladh (d'fhonn rannpháirtíocht agus eispéireas an úsáideora a bharrfheabhsú, ag díriú ar an lucht féachana agus éisteachta níos óige, chun cur le sroicheadh RTÉ agus leis an méid ama a chaitear leis). |
| **4. Feiceálacht & Aimsitheacht**<br>An baol nach mbainfidh RTÉ feiceálacht agus aimsitheacht amach ar ardáin dáileacháin dhigiteacha, rud a rachaidh i bhfeidhm ar an lucht féachana agus éisteachta, ar spriocanna tráchtála agus ar spriocanna luacha chóir.<br><br>Tá sé seo i gcomhthéacs na nithe seo a leanas:<br>• athrú struchtúrach ar rogha an lucht féachana agus éisteachta ó chraoladh líneach sceidealta go sruthú agus ábhar digiteach eile.<br>• Fás san aistriú chuig Teilifíseáin Nasctha (Cliste agus Idirlíon).<br>• Idirbheartaíocht a dhéanamh le geatóirí tionscail - ardáin mhóra agus comhpháirtithe dáileacháin.<br>• creatchóras rialála nach dtacaíonn go fóill le feiceálacht agus aimsitheacht ábhar RTÉ ar ardáin dhigiteacha.<br><br>*Féach freisin Riosca 2. Ábhar, Riosca 3 Seachadadh an Phunainn Dhigitigh agus Riosca 5. Sonraí.* | • Leanúint de mhonatóireacht agus anailís leanúnach a dhéanamh ar chora nua sa teicneolaíocht agus ar nósmhaireacht an lucht féachana agus éisteachta ar an margadh.<br>• Leanúint d'idirbheartaíocht leanúnach a dhéanamh le hardáin reatha/atá ag teacht chun cinn agus le geatóirí tionscail chun rochtain a chinntiú agus feiceálacht a bhrú, chun barr feabhais a chur ar thairiscint ábhair RTÉ don lucht féachana agus éisteachta ar ardáin ilmheán.<br>• Oibriú i gcomhar le comhlachtaí tionscail/soláthróirí gréasáin/iomaitheoirí d'fhonn comhpháirtíochtaí dáileacháin a fhorbairt, nuair is cuí.<br>• Straitéis ar bun maidir le cúrsaí dáileacháin agus cearta ábhair<br>• Rannpháirtíocht le príomhchinnteoirí, rialtóirí, agus páirtithe leasmhara, maidir le suntasacht agus iompar MSP agus cóid chlosamhairc ghaolmhara, lena n-áirítear DTCAGSM agus Coimisiún na Meán. |

| Cuntas ar an Ábhar Baoil | Bearta Reatha agus Beartaithe |
|---|---|
| **5. Sonraí**<br>Is é seo an baol go dteipfeadh ar RTÉ barrfheabhas a chur ar shonraí mar acmhainn luachmhar, chun bonn eolais a chur faoi chinnteoireacht ar fud na heagraíochta, agus creat láidir á chur ar fáil maidir le rialachas, tuairisciú agus comhlíonadh sonraí.<br><br>Tá sé seo i gcomhthéacs chur i bhfeidhm straitéis claochlaithe dhigitigh RTÉ, chun díriú ar phearsanú, ar mholadh ábhair agus ar eispéireas feabhsaithe úsáideoirí lucht féachana agus éisteachta, agus ag an am céanna bailiú agus próiseáil sonraí atá freagrach agus comhlíontach a chinntiú.<br><br>Imríonn sé sin tionchar ar an gceangal atá ag RTÉ leis an lucht féachana agus éisteachta agus ar bhaint amach spriocanna lucht féachana agus éisteachta, spriocanna tráchtála agus spriocanna luacha chóir.<br><br>D'fhéadfadh cailliúint rialaithe nó sábháilteachta sonraí custaiméirí agus/nó pionóis airgeadais a bheith mar thoradh ar shárú ar shonraí. D'fhéadfadh sé sin tionchar a imirt ar mhuinín an lucht féachana agus éisteachta agus na bpáirtithe leasmhara agus dochar a dhéanamh do chlú RTÉ.<br><br>Ábhar mór atá le glacadh san áireamh mar riosca atá ag teacht chun cinn sa réimse seo an tionchar claochlaitheach atá ag Intleacht Shaorga, go háirithe Intleacht Shaorga Ghiniúnach.<br><br>*Féach freisin Riosca 3. Seachadadh an Phunainn Dhigitigh, Riosca 4. Feiceálacht & Aimsitheacht, Riosca 2. Ábhar Riosca 6. Tráchtáil agus Riosca 13. Cibearshlándáil.* | • Straitéis Sonraí do RTÉ agus cur chuige struchtúrtha maidir le húsáid agus bainistiú sonraí i bhfeidhm.<br>• Rialachas Sonraí le polasaithe agus nósanna imeachta bunaithe i bhfeidhm.<br>• Earcaíocht le haghaidh foireann Innealtóireachta Sonraí.<br>• Grúpa Stiúrtha Sonraí i bhfeidhm, atá comhdhéanta d'ainmnithe ón bhFoireann Ceannaireachta, a dhéanann ionadaíocht ar gach feidhm ar fud RTÉ.<br>• Athbhreithniú leanúnach ar pholasaithe GDPR, faoi mhaoirseacht Oifigeach Cosanta Sonraí RTÉ<br>• Oiliúint foirne (éigeantach) agus cumarsáid leanúnach maidir le dea-chleachtas.<br>• Tá measúnú riosca á dhéanamh ag an Oifig Cosanta Sonraí ar thionscadail dhigiteacha, lena n-áirítear síniú isteach, i gcomhar leis na foirne ábhartha.<br>• Déantar dlúthfhaireachán ar an tírdhreach rialála, ar mhaithe le hathrú.<br>• Polasaí maidir le hIntleacht Shaorga lena n-áirítear Prionsabail maidir le húsáid na hIntleachta Saorga agus a himpleachtaí do RTÉ.<br>• Grúpa trasfheidhmeach AI RTÉ chun Straitéis AI a dhearadh don eagraíocht. |

| Cuntas ar an Ábhar Baoil | Bearta Reatha agus Beartaithe |
|---|---|
| **6. Tráchtáil**<br>An baol go dteipfidh ar RTÉ éagsúlú a dhéanamh chun leas a bhaint as deiseanna tráchtála digiteacha, agus ioncam a bharrfheabhsú ó chainéil meán uile RTÉ.<br><br>Imríonn an t-aistriú sa mhargadh tráchtála i dtreo ardáin dhigiteacha, mar aon le teacht chun cinn samhlacha nua gnó agus teicneolaíochtaí ar bhonn leanúnach, tionchar ar chumas RTÉ ioncaim a choinneáil.<br><br>*Féach freisin Riosca 3. Seachadadh an Phunainn Dhigitigh, Riosca 4. Feiceálacht & Aimsitheacht agus Riosca 5. Sonraí.* | • Tugann straitéis tráchtála RTÉ tús áite don fhógraíocht dhigiteach mar réimse ríthábhachtach fáis mar a bhaineann lenár dtáirgí agus lenár n-ábhar nua agus feabhsaithe ar fad, agus infheistíocht i ndaoine agus i dteicneolaíocht fógraíochta san áireamh.<br>• Athchóiriú a dhéanamh ar na foirne díolacháin chun go mbeidh caidreamh níos fearr againn le gníomhaireachtaí agus le cliaint, ionas go mbeidh tuiscint níos fearr acu ar RTÉ agus ar ár bpunann, chomh maith le comhpháirtíochtaí agus réitigh na gcliant a oibriú níos fearr.<br>• Ag an am céanna, cosnóimid ioncam ó fhógraíocht teilifíse agus raidió agus urraíocht agus cuirfimid leis an ioncam ó dháileadh agus ó cheadúnú.<br>• Sonraí agus léargas feabhsaithe chun freastal níos fearr a dhéanamh ar riachtanais na gcliant.<br>• Pleanáil ghnó láidir agus bainistiú riosca láidir chun ioncam inbhuanaithe a spreagadh chun MSP a mhaoiniú.<br>• Straitéis Sonraí RTÉ (síniú isteach).<br>• Monatóireacht a dhéanamh ar na tionchair reatha agus ar na tionchair atá ag teacht chun cinn ar staid airgeadais RTÉ de bharr neamhchinnteachta sa mhargadh agus fachtóirí eacnamaíochta seachtracha eile agus na tionchair sin a mheas. |

| Cuntas ar an Ábhar Baoil | Bearta Reatha agus Beartaithe |
|---|---|
| **7. Pleanáil Ghnó & Acmhainní Airgeadais**<br>An t-ábhar baoil a bhaineann le leithroinnt agus bainistiú straitéiseach acmhainní airgid le go ndéantar an infheistíocht is fearr agus is féidir in ábhar dúchasach/seirbhísí nua feabhsaithe agus caipiteal (sa ghnó); smacht agus ísliú ar an gcostas oibriúcháin agus luach ar an airgead a thabhairt i gcrích ar fud na seirbhísí go léir.<br><br>Tagann i gceist leis seo freisin an bhainistíocht leanúnach ar chúlchistí airgid thirim agus ar chistíocht bainc ionas go mbíonn ciste leordhóthanach ar fáil maidir leis an airgead tirim a theastaíonn do chúrsaí leanúnacha oibriúcháin, agus chun infheistíocht a dhéanamh i gcaipiteal (an gnó). Tá sé seo ag tarlú i gcomhthéacs ina bhfuil éiginnteacht gheopholaitiúil ann agus ina bhféadfadh cúrsaí teacht chun cinn sa timpeallacht mhaicreacnamaíoch sheachtrach (e.g. boilsciú leanúnach, fás ag laghdú, cor chun donais) rud a d'fhéadfadh drochthionchar a imirt ar mhaoiniú poiblí agus ar ioncam tráchtála sa todhchaí.<br><br>*Féach freisin Riosca 12. Daoine & Scileanna agus Riosca 15. Plean Leanúnachais Gnó – Caillteanas Seirbhíse.* | • Tá cur chuige leagtha amach i sprioc Threo Nua RTÉ go gcinnteofar go mbeidh bainistíocht agus feidhmíocht láidir airgeadais ann, a chinnteoidh go mbeidh tuairisciú agus feidhmíocht shoiléir ann laistigh de mhúnla airgeadais inbhuanaithe, agus go gcoinneofar smacht ar na costais oibriúcháin agus go laghdófar iad, agus gcuirfear éifeachtúlacht chun cinn.<br>• Cuirfidh RTÉ tuairiscí soiléire ar fáil, lena n-áirítear ullmhú d'Iniúchadh C&AG, cásanna gnó chun tacú le cinntí infheistíochta, agus tabharfaidh sé isteach meastóireacht iarthionscadail ar thionscadail mhóra chun luach ar airgead a mheas.<br>• Leanúint den rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear NewEra maidir leis na cúrsaí airgeadais atá mar bhonn taca faoi na pleananna straitéiseacha.<br>• Cuntais bhainistíochta agus meastacháin ar bhonn míosúil, lena ngabhann an tuairisciú ar an teacht isteach agus ar an gcaiteachas i gcomórtas leis an mbuiséad.<br>• Próiseas buiséadaithe caipitil agus Coiste Tionscadail tiomnaithe.<br>• Réimse feidhme maidir le cistíocht a oibríonn de réir polasaí cistíochta aontaithe.<br>• Meastacháin airgid mheántéarmacha ilbhlianta. |
| **8. Maoiniú Amach Anseo agus Rialú na Meán**<br>Mainneachtain a chinntiú go ndéanfar na meáin seirbhíse poiblí a mhaoiniú go leordhóthanach amach anseo.<br><br>Tá sainchúram seirbhíse poiblí leathan RTÉ comhaontaithe ag an rialtas agus leagtha amach i reachtaíocht. | • D'fhógair an Rialtas maoiniú poiblí ilbhliantúil le haghaidh RTÉ a bheidh comhdhéanta d'ioncam ó na Ceadúnais Teilifíse agus maoiniú ón Rialtas chun €725 milliún a ráthú do RTÉ thar thréimhse trí bliana ó 2025 ar aghaidh. Tá éiginnteacht áirithe fós ann tar éis 2027. |
| **Oibríochtúil** | |
| **9. Cúrsaí Eagarthóireachta**<br>Sa chás go dtarlódh teip thromchúiseach na caighdeáin eagarthóireachta nó coinníollacha eile maidir le cothroime, neamhchlaonadh agus príobháideachas a chomhlíonadh faoin reachtaíocht craolacháin, d'fhéadfadh sé cur isteach ar leibhéal muiníne an lucht féachana agus éisteachta, dochar a dhéanamh don bhranda agus a bheith ina chúis le himeachtaí dlí. | • Tá athbhreithniú á dhéanamh ar Threoirlínte Iriseoireachta agus Ábhair RTÉ agus ar na Treoirlínte maidir leis na Meáin Shóisialta agus déanfar iad a nuashonrú chun athbhreithniú CnaM ar na cóid chraolacháin a chur san áireamh.<br>• Slabhra bainistíochta sainsonraithe agus struchtúir eagarthóireachta.<br>• An Bord um Chaighdeáin Eagarthóireachta.<br>• Oiliúint ar an lucht foirne.<br>• Rochtain ar chomhairle dlí agus ar oiliúint, leanúnach.<br>• Próiseas Gearán faoin Reachtaíocht |

| Cuntas ar an Ábhar Baoil | Bearta Reatha agus Beartaithe |
| --- | --- |
| **10. Cúrsaí Rialachais, Sóisialta agus Cultúir**<br>Is éard atá i gceist leis an riosca seo ná go dteipfeadh orainn athrú cultúir a chur i bhfeidhm, le tacaíocht ó chreat rialachais chorparáidigh a léiríonn an cleachtas rialachais is fearr, mar a leagtar amach sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú; nó go dteipfeadh orainn na forálacha reachtacha ábhartha a bhfuil feidhm acu maidir le RTÉ a chomhlíonadh.<br><br>D'fhéadfadh sé seo tionchar a imirt ar iontaobhas an lucht féachana, na bhfostaithe agus na bpríomhpháirtithe leasmhara agus dochar a dhéanamh do bhranda agus do cháil RTÉ.<br><br>*Féach freisin Riosca 11. Comhlíontacht Dlí & Rialála agus Riosca 14. Comhshaol - Aeráid.* | • Oibreoidh RTÉ de réir creat rialachais den scoth a chuideoidh le cinnteoireacht eiticiúil, fhreagrach agus atá bunaithe ar luachanna, agus leanfaidh sé de bheith ag cloí leis an *gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.*<br>• Ceapadh Príomhoifigeach Riosca agus Comhlíontachta chun feidhmeanna bainistíochta riosca agus comhlíontachta corparáideacha RTÉ a bhunú agus a threorú. Neartófar an fheidhm Iniúchóireachta Inmheánaí.<br>• Treoirlínte agus polasaithe, caighdeáin agus nósanna imeachta léirithe go soiléir, agus bearta tuairiscithe i bhfeidhm.<br>• Cuirfidh RTÉ creat cultúir nua i bhfeidhm, chun athbhreithniú a dhéanamh ar chultúr oibriúcháin RTÉ ionas go bhféadfar taca a chur faoi thosaíochtaí claochlaithe níos forleithne don eagraíocht sna blianta amach romhainn.<br>• Cuirfidh RTÉ oiliúint ar fáil dóibh siúd atá i gceannas ar dhaoine mar chuid den Chlár Forbartha Ceannaireachta.<br>• Cabhróidh RTÉ ar bhonn leanúnach le rannpháirtíocht agus le cumarsáid na foirne trí mar shampla, Hallaí Baile rialta, ár TUG, MA, Grúpa Rannpháirtíocht Foirne agus trí chumarsáid níos fearr maidir le fadhbanna AD.<br>• Tionscnaimh shóisialta ábhartha a fhorbairt agus athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar pholasaithe agus ar fheidhmíocht maidir le cuimsiú<br>• Caighdeáin inbhuanaitheachta ábhartha a áireamh i gcreat rialachais eagraíochtúil.<br>• Foilsíonn RTÉ Clár na Leasanna agus Clár na nGníomhaíochtaí Seachtracha agus Tuarastail na Foirne Ceannaireachta.<br>• Táthar i mbun rannpháirtíocht leanúnach le hathbhreithnithe Roinne/Rialála.<br>• Tiomantas d'fheabhsú leanúnach. |

| Cuntas ar an Ábhar Baoil | Bearta Reatha agus Beartaithe |
|---|---|
| **11. Comhlíontacht Dlí & Rialála**<br>Aon athruithe ar dhlí nó rialachán na hÉireann nó an Aontais Eorpaigh, a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar oibríochtaí RTÉ nó ar mhainneachtain caighdeáin agus oibleagáidí dlí agus rialála a chomhlíonadh, lena n-áirítear tionchair ar pholasaithe inmheánacha.<br><br>D'fhéadfadh neamhchomhlíonadh rialála agus smachtbhannaí, dlíthíocht, pionóis agus damáiste do chlú dá réir a bheith mar thoradh air sin.<br><br>D'fhéadfadh tionchar suntasach a bheith ag aon athruithe ar rialáil na meán ar shamhail ghnó, oibríochtaí agus sainchúram seirbhíse poiblí RTÉ.<br><br>*Féach freisin Riosca 10. Cúrsaí Rialachais, Sóisialta agus Cultúir.* | • Treoirlínte agus polasaithe leasaithe agus iad a chur i bhfeidhm.<br>• Cumarsáid rialta agus oiliúint ar an lucht foirne<br>• Monatóireacht agus athbhreithniú dlí<br>• Córas sainsonraithe maidir le rialachas corparáideach agus rialáil oibriúcháin<br>• Ceapadh Príomhoifigeach Riosca agus Comhlíontachta chun feidhmeanna bainistíochta riosca agus comhlíontachta corparáideacha RTÉ a leagan síos agus a threorú.<br>• Coistí ceadaithe corparáideacha maidir le beartaíocht tráchtála.<br>• Slabhra bainistíochta sainsonraithe maidir le cúrsaí dlí. |

| Cuntas ar an Ábhar Baoil | Bearta Reatha agus Beartaithe |
|---|---|
| **12. Daoine & Scileanna**<br>Neamhábaltacht próifíl scileanna an lucht saothair a oiriúnú, chun na tosaíochtaí atá leagtha amach i straitéis RTÉ (go háirithe i ndáil le cúrsaí digiteacha, sonraí agus teicneolaíochta) a bhaint amach.<br><br>Tá baol ann nach mbainfear amach an sprioc an fhoireann a laghdú suas le 400 duine (laghdú 20%) faoin gClár um Scor Deonach (CSD).<br><br>Áirítear ar fhachtóirí baoil:<br>• moill ar fhaomhadh CSD.<br>• ráta íseal athraithe lucht saothair agus leis an gcumas foireann a mhealladh, a choinneáil agus a fhorbairt, go háirithe i gcomhair róil speisialtóra, i gcomhthéacs áit mhargaidh iomaíoch ar a n-áirítear imreoirí digiteacha domhanda.<br>• neamhábaltacht na heagraíochta imeacht ó ghráid thraidisiúnta, incrimintí ráthaithe, agus liúntais go dtí struchtúr simplithe luaíochta atá oiriúnach don fheidhm lena léirítear feidhmíocht an mhargaidh agus feidhmíocht aonair.<br>• Imscrúdú na Roinne Coimirce Sóisialaí (DSP)<br>• Tá baol ann freisin nach n-éireoidh le RTÉ maith a dhéanamh ar a thiomantais iléagsúlachta agus uileghabhálachta d'fhonn lucht saothair iléagsúil a mhealladh ar an aer agus den aer araon agus an lucht saothair sin a choinneáil.<br><br>Bíonn baol níos mó gortaithe, fuadaigh nó báis i gceist le foireann RTÉ a imlonnú chuig timpeallachtaí doicheallacha.<br><br>*Féach freisin Riosca 2. Ábhar, Riosca 7 Pleanáil Ghnó agus Acmhainní Airgeadais agus Riosca 3. Seachadadh Phunann Dhigiteach RTÉ.* | • CSD a chuimsíonn téarbhadh agus luathscor le tacaíocht ó athshannadh ar fud an ghnó, chun go laghdófar líon na bhfostaithe 20% thar thréimhse na straitéise.<br>• Próiseas cumarsáide agus comhairliúcháin fhoirmiúil a bheith ann le ceardchumainn agus ionadaithe fostaithe, tar éis próiseas cothrom trédhearcach.<br>• Córas nua AD a chur i bhfeidhm a chabhróidh le próisis oibre a shimpliú agus a shruthlíniú, a chuirfidh leis an uathoibriú agus leis an 'bhféinseirbhís' agus a dhéanfaidh Córas Forbartha Feidhmíochta a chomhtháthú. Teacht ar chóras le cur in áit na gcóras íocaíochtaí conartha.<br>• Infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt, tacaíocht agus oiliúint foirne, go háirithe sna réimsí a theastaíonn lenár n-uaillmhianta digiteacha a bhaint amach, trí RTÉ Learn, agus leanúint le roghanna oibre solúbtha agus cianda.<br>• Béim níos mó ar thrédhearcacht pá, dul i mbun oibre leis an nGrúpa Ceardchumann / páirtithe leasmhara eile chun comhaontuithe comhchoiteanna a nuachóiriú i gcomhréir leis an straitéis agus an t-ionchas go mbeidh méadú ag teacht ar líon na bhfostaithe le haghaidh pá bunaithe ar fheidhmíocht.<br>• Creat Gairme ar fud na heagraíochta a chruthú tríd an athbhreithniú ar róil agus ar ghráid. Struchtúr cúitimh níos ábhartha a chur i bhfeidhm chun príomhscileanna a mhealladh agus a choinneáil i réimsí straitéiseacha.<br>• Plean gníomhaíochta um Iléagsúlacht agus Uileghabhálacht, lena n-áirítear iléagsúlacht san earcaíocht, Clár Intéirneachta leathnaithe, oiliúint, agus tionscnaimh for-rochtana pobail.<br>• Tugtar oiliúint i ndáil le timpeallacht dhoicheallach do na baill foirne ar fad atá á n-imlonnú agus cuirtear bearta maolaithe eile i bhfeidhm (e.g. feithiclí armúrtha) nuair is gá. |

| Cuntas ar an Ábhar Baoil | Bearta Reatha agus Beartaithe |
|---|---|
| **13. Cibearshlándáil**<br>An baol a bhaineann le cibirionsaí a bhféadfadh na nithe seo a leanas tarlú mar gheall air; sonraí rúnda/íogaire a nochtadh agus/nó leas a bhaint astu, briseadh córais, sárú i ndáil le sonraí nó cailliúint sonraí; lena n-imrítear tionchar ar leanúnachas agus aschur gnó.<br><br>*Féach freisin Riosca 5. Sonraí agus Riosca 15. Plean Leanúnachais Gnó – Caillteanas Seirbhíse.* | • Tá infheistíocht déanta ag RTÉ i mbonneagar agus i gcórais chibearshlándála, agus tá polasaithe, próisis agus nósanna imeachta i bhfeidhm aige chun cabhrú lena acmhainní teicneolaíochta agus a shonraí a chosaint; cabhraíonn sé sin linn cuid de na riachtanais faoin *Treoir maidir le Córais Gréasán agus Faisnéise* ('NIS2') a chomhlíonadh.<br>• Bainistiú sócmhainní, bainistiú leochaileachta, intleacht bhagartha agus monatóireacht, leanúnach.<br>• Oiliúint éigeantach foirne, feasacht ar shlándáil agus tástáil slándála.<br>• Ionad Oibriúcháin Slándála agus Teagmhas Slándála agus Bainistiú Imeachtaí.<br>• Plean freagartha i leith cibir-theagmhais.<br>• Measúnú ar chórais chriticiúla, córais chúltaca agus córais athshlánaithe ó thubaiste.<br>• Rialachas Sonraí agus Grúpa Stiúrtha Sonraí GDPR i bhfeidhm. |
| **14. Comhshaol - Aeráid**<br>Tá baol ann nach ndéanfaidh RTÉ, mar eagraíocht, oiriúnú chun freagairt d'aeráid atá ag athrú, ina chur chuige maidir le gníomhú ar son na haeráide agus inbhuanaitheacht.<br><br>Áirítear ar na príomhfhachtóirí baoil mainneachtain ullmhúchán leordhóthanach a dhéanamh ar leibhéal eagraíochtúil ó thaobh oiriúnú aeráide de; easpa acmhainní buiséid caipitil leordhóthanacha chun uasghráduithe inbhuanaitheachta ábhartha a chumasú do shócmhainní RTÉ; mainneachtain oiriúnuithe inbhuanaitheachta a dhéanamh i gceart ar shamhlacha léirithe; mainneachtain an úsáid fhoriomlán fuinnimh ar fud an ghréasáin a laghdú go leordhóthanach chun teacht le sprioc an phlean náisiúnta um ghníomhú ar son na haeráide; mainneachtain ionadaíocht leordhóthanach a dhéanamh ar fhaisnéis agus treoir aeráide in ábhar eagarthóireachta.<br><br>Easpa ullmhúcháin le haghaidh athruithe ar oibleagáidí tuairiscithe neamhairgeadais lena n-áirítear caighdeáin agus méadracht inbhuanaitheachta níos leithne, agus mainneachtain ionchais na bpáirtithe leasmhara a chomhlíonadh, lena n-áirítear an rialtas, rialtóirí, lucht féachana agus éisteachta agus soláthraithe.<br><br>*Féach freisin Riosca 10. Cúrsaí Rialachais, Sóisialta agus Cultúir agus Riosca 2. Ábharthacht an Ábhair.* | • I bplean Ghníomhaithe ar son na hAeráide RTÉ, tugtar sainmhíniú ar struchtúir rialachais chorparáidigh i leith gníomhaithe ar son na haeráide, ar pholasaithe agus ar ghníomhartha chun spriocanna a bhaint amach (faoi réir tacaíochtaí agus acmhainní riachtanacha).<br>• Ábhar inbhuanaitheachta agus aeráide RTÉ.<br>• Pleanáil agus monatóireacht Ghrúpa Craoltóirí Glasa RTÉ.<br>• Feasacht foirne agus soláthraithe agus tacaíocht i ndáil le hoiliúint.<br>• Oideachas agus deimhniú 'albert' maidir le Léiriú Inbhuanaithe a chur i bhfeidhm<br>• Córais chomhlíontacha agus éifeachtacha maidir le tomhas astaíochtaí agus spriocanna laghdaithe.<br>• Nochtaí i dtuairisciú airgeadais agus feidhmíochta, faoi Chreat NewERA.<br>• Tá sé beartaithe ag RTÉ infheistíocht a dhéanamh i gcampas comhdhlúite i nDomhnach Broc ar lorg níos lú, rud a thacóidh le rialacháin, comhlíontacht agus spriocanna inbhuanaitheachta a chomhlíonadh. |

| Cuntas ar an Ábhar Baoil | Bearta Reatha agus Beartaithe |
|---|---|
| **15. An Plean Leanúnachais Gnó – Caillteanas Seirbhíse**<br>Go gclisfeadh ar an leanúnachas seirbhíse, mar gheall ar theipeadh teicneolaíochta criticiúla, ar bhonneagar/maoin nó slándáil, nó teagmhas force majeure, nó gníomhartha tríú páirtithe (m.sh., cibear-ionsaí, gníomh de chuid soláthróra), a mbeadh tionchar acu ar leanúnachas an ghnó agus ar aschur.<br><br>Mura mbíonn dóthain infheistíochta déanta d'fhéadfadh go dtarlódh bristeacha seirbhíse, áiseanna agus slándála agus nach mbeifí comhlíontach. D'fhéadfadh sé seo ansin tionchar a imirt ar chúrsaí airgeadais agus ar chlú, i spás atá ag éirí níos rialaithe.<br><br>*Féach freisin Riosca 7. Pleanáil Ghnó agus Acmhainní Airgeadais agus Riosca 13. Cibearshlándáil.* | • Pleananna bainistíochta leanúnachais gnó agus pleananna géarchéime athnuaite, ag teacht le ISO 22301.<br>• Buanseasmhacht agus iomarcacht a bheith ina gcuid chóirithe de na próisis ghnó: Gnáis cóipeanna taca TF; seachfhreastalaithe; gné iomarcachta maidir leis an gcóras tarchuradóireachta náisiúnta don chraolachán; etc.<br>• Straitéisí Teicneolaíochta agus Maoine á n-athbhreithniú mar chuid den straitéis Treo Nua. |

**Soláthar**
Ceanglaítear ar RTÉ cloí leis na dlíthe soláthair is infheidhme agus an *Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú* san áireamh. Cuirtear tuarascáil ina sonraítear na hoibleagáidí sin agus ina dtugtar dearbhú maidir le comhlíonadh ar fáil go bliantúil don Choiste Iniúchta agus Riosca mar chuid dá bhreithniú ar rialú inmheánach. Áirítear sa tuarascáil seo freisin sonraí faoi aon soláthar neamhchomhlíontach i gcomhréir le ceanglais an Chóid Chleachtais.

**Athbhreithniú ar Éifeachtacht an Rialaithe Inmheánaigh**
Ar an mBord atá an fhreagracht fhoriomlán as rialú inmheánach agus bainistíocht riosca. Deimhníonn an Bord, tríd an gCoiste Iniúchta agus Riosca, go bhfuil athbhreithniú déanta aige ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh, mar a cheanglaítear air faoin *gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú*.

Bhí na nithe seo a leanas san áireamh sa phróiseas ar ghlac an Bord leis chun tabhairt faoi athbhreithniú ar éifeachtacht an Bhoird an chórais rialaithe inmheánaigh:
- Maidir leo siúd a dhéanann rioscaí suntasacha roimh RTÉ a shonrú, a mheas agus a bhainistiú: an t-údarás agus na hacmhainní atá acu, agus a gcomhordú, a chur san áireamh.
- Athbhreithniú agus breithmheas ar thorthaí an phróisis mheasúnaithe agus bainistíochta riosca.
- Monatóireacht a dhéanamh ar thuarascálacha riosca ón lucht bainistíochta.
- Athbhreithniú ar chlár na hiniúchóireachta inmheánaí agus plé ar aon torthaí suntasacha ann.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascáil na n-iniúchóirí seachtracha, a dhéanann tástáil ar ghnéithe de na córais rialaithe inmheánacha agus a thugann tuairisc don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca maidir le haon laige suntasach ó thaobh rialaithe de a tugadh faoi deara de bharr a nósanna imeachta iniúchóireachta.
- Athbhreithniú ar ghníomhaíochtaí formhaoirseachta riosca coistí eile den Bhord a bhaineann le réimsí riosca faoi leith atá faoina sainchúram siúd.

Bunaithe ar an athbhreithniú sin, deimhníonn an Bord an méid seo a leanas:
- Go raibh próiseas leanúnach ar bun chun rioscaí suntasacha RTÉ a aithint, a mheas agus a bhainistiú i rith na bliana agus suas go dtí an dáta ar ceadaíodh na ráitis airgeadais. Tá an próiseas seo i gcomhréir leis an treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus *an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.*
- Tá córais rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm don bhliain atá faoi athbhreithniú agus suas go dtí an dáta ar ceadaíodh na ráitis airgeadais.

Seachas na cinn dá dtagraítear thíos, níor sainaithníodh aon chliseadh ná laige shuntasach eile sa rialú inmheánach san athbhreithniú.

**Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh**

Leag tuarascáil 2024 ón EAC ar Rialachas agus ar Chultúr béim ar laigí i gcóras rialachais inmheánaigh RTÉ. Áiritear orthu sin nach raibh aon fheidhm Comhlíonta ann, nach raibh an maoiniú cuí ag na príomhróil rialachais agus go raibh deiseanna ann le feabhas a chur ar aibíocht na bpróiseas bainistíochta riosca. Trí úsáid a bhaint as na próisis monatóireachta ráithiúla, rinne Oifigigh DTCAGSM maoirseacht ar dhul chun cinn dearfach ó thaobh plean níos leithne RTÉ a chur i gcrích d'fhonn moltaí EAC a chur i bhfeidhm. Mar sin féin, tá cuid de na gníomhaíochtaí i réimse an rialachais, na bainistíochta riosca agus an rialaithe inmheánaigh fós ar siúl.

***Beart:***

In 2024 rinne RTÉ athbhreithniú seachtrach a choimisiúnú ar na feidhmeanna Riosca, Comhlíontachta agus Iniúchóireachta Inmheánaí. Aithníodh san athbhreithniú bearta a chabhródh le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar Chreat Bainistíochta Riosca RTÉ. Rinne an Coiste Iniúchta agus Riosca agus an Bord araon na torthaí a bhí sa tuarascáil a mheas agus cheadaigh siad plean cur chun feidhme na tuarascála.

Leanadh le cur i bhfeidhm na moltaí a bhí sa tuarascáil i rith 2024. Tá cuid de na bearta fós ar siúl ag deireadh na bliana, toisc go gcaithfear tabhairt faoi phróiseas earcaíochta poiblí seachtrach.

**Comhlíontacht leis an gCód Cleachtais**

Chloígh RTÉ le ceanglais an *Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú*, a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016, seachas i gcás na n-eisceachtaí atá leagtha amach thíos.

- Níl Polasaí Riosca agus Ráiteas Inghlacthachta Riosca faofa ag RTÉ (mír 7.1 agus 7.2 den *Chód Cleachtais*). Pléadh dréachtcháipéisí le Coiste Iniúchóireachta agus Riosca an Bhoird. Tá an-dul chun cinn déanta i gcomhthéacs Creat nua um Bainistiú Riosca a chur i bhfeidhm.
- Tá an fheidhm Iniúchóireachta Inmheánach fós i mbun roinnt den obair a bhaineann le dualgais chomhlíonta (mír 7.7 den *Chód Cleachtai*s). Aistreofar na dualgais sin chuig an bhfeidhm nua um Chomhlíonadh mar chuid den Chreat Bainistíochta Riosca feabhsaithe atá faofa ag an mBord.

Tá an Bord tiomanta do chur i bhfeidhm tráthúil na mbeart seo nár cuireadh i bhfeidhm fós.

Cuirfear feabhas ar an bpróiseas maidir le fianuithe na bainistíochta don Bhord in 2025. Bhí próiseas eatramhach i bhfeidhm in 2024.

**Gnóthas Leantach**

Bhreithnigh comhaltaí an Bhoird sreabhadh airgid, leachtacht agus gníomhaíochtaí gnó an Ghrúpa. D'athbhreithnigh siad sreabhadh airgid réamh-mheasta an Ghrúpa maidir le chomh fada agus is intuartha, maoiniú breise rialtais agus na héagsúlachtaí a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis na tuartha sin a mheas. Tar éis dóibh na fiosrúcháin sin a dhéanamh, tá comhaltaí an Bhoird sásta go bhfuil acmhainní leordhóthanacha ag RTÉ chun leanúint ar aghaidh ag feidhmiú ar feadh 12 mhí ar a laghad ó dháta an tsínithe. Ar an gcúis sin, glacann siad i gcónaí le bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú." Féach Nóta 1 (a) (v) sna ráitis airgeadais chun tuilleadh sonraí a fháil.

## Ceanglais Tuairiscithe maidir leis an gCód Cleachtais

**Sochair Fostaithe / Bannaí Pá**

Tá sonraí maidir le líon na bhfostaithe a bhfuil a sochair fostaithe iomlána (gan costais phinsin fostóra san áireamh) don bhliain airgeadais do gach banda de €10,000 ó €60,000 suas leagtha amach thíos:

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| €0 ó €60,000 | **1,381** | 1,451 |
| €60,001 ó €70,000 | **299** | 290 |
| €70,001 ó €80,000 | **296** | 285 |
| €80,001 ó €90,000 | **200** | 196 |
| €90,001 ó €100,000 | **114** | 112 |
| €100,001 ó €110,000 | **79** | 78 |
| €110,001 ó €120,000 | **50** | 39 |
| €120,001 ó €130,000 | **26** | 19 |
| €130,001 ó €140,000 | **13** | 20 |
| €140,001 ó €150,000 | **13** | 10 |
| €150,001 ó €160,000 | **8** | 6 |
| €160,001 ó €160,000 | **6** | 5 |
| €170,001 ó €180,000 | **7** | 4 |
| €180,001 ó €190,000 | **2** | 2 |
| €190,001 ó €200,000 | **-** | 1 |
| €200,001 ó €210,000 | **1** | 2 |
| €210,001 ó €220,000 | **4** | 1 |
| €220,001 ó €230,000 | **1** | 1 |
| €230,001 ó €240,000 | **-** | 1 |
| €240,001 ó €250,000 | **3** | 5 |
| €250,001 ó €260,000 | **1** | - |
| €260,001 ó €270,000 | **-** | - |
| €270,001 ó €280,000 | **1** | - |
| **Iomlán** | **2,505** | 2,528 |

Áirítear sa tábla thuas na fostaithe go léir a íocadh i rith na bliana agus tugtar sonraí maidir le líon na bhfostaithe i nóta 6.

Áirítear le sochair iomlána na bhfostaithe do 2024 ragobair €2,370k (2023: €2,228k) agus liúntais €7,761k (2023 €7,036k).

**Costais chomhairleoireachta**

I measc na gcostas comhairleoireachta tá costas na comhairleoireachta seachtraí a thabhaítear go díreach. Sainmhínítear iad mar ghealltanais seirbhísí intleachtúla nó eolasbhunaithe a sholáthar (e.g. anailís shaineolach agus comhairle shaineolach) trí thuarascálacha, staidéir, measúnuithe, moltaí, tograí, etc. a chur ar fáil a rannchuidíonn le cinnteoireacht nó le ceapadh beartas in údarás conarthach ar feadh tréimhse theoranta ama chun cúram críochta sonrach a dhéanamh. Ní áirítear feidhmeanna seachfhoinsithe 'gnó mar is gnách' iontu. Ní áirítear sa nochtadh seo costais a íoctar as seirbhísí iniúchóireachta lenár n-iniúchóirí, Deloitte Ireland LLP, mar a nochtar i nóta 5 de Ráitis Airgeadais an Ghrúpa, ach áirítear leis seirbhísí comhairleacha neamh-iniúchóireachta a íoctar le gnólachtaí cuntasaíochta eile

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| Foirgimh & áitreabh | **(122)** | 61 |
| Dlí | **872** | 1,111 |
| Cánachas, Airgeadas Corparáideach, Riosca, Státchiste, Soláthar | **718** | 195 |
| Eagraíocht & Athstruchtúrú | **112** | 679 |
| Cúrsaí Pinsin | **453** | 251 |
| Comhairle Straitéise | **106** | 172 |
| Árachas | **56** | 56 |
| Ilghnéitheach lena n-áirítear Margaíocht / PR | **49** | 407 |
| **Iomlán** | **2,244** | 2,932 |

**Costais dlí/socraíochtaí**

I gcásanna inar mó ná €50,000 na costais dlí charnacha a tabhaíodh sa bhliain chuntais, is é €852k (2023: -€67K) na costais iomlána le haghaidh 2024. Áirítear leis an bhfigiúr sin táillí dlí €852k (2023: -€258k) agus cúiteamh a íocadh €nilas (2023: €191k) agus soláthar maidir le méideanna nach bhfuil íoctha go fóill ach a bhfuiltear ag súil leis go mbeidh siad iníoctha. Áirítear leis an gcostas a thaifeadtar sa Ráiteas Ioncaim soláthar maidir le gach cás dlíthíochta oscailte agus neamhshocraithe, glan ar mhéideanna atá le haisghabháil ó árachóirí.

Áirítear leis na costais cáin bhreisluacha neamh-inghnóthaithe.  Ní áirítear leis sin caiteachas a thabhaítear i ndáil le comhairle dlí ghinearálta toisc go n-áirítear é sin i gcostais chomhairliúcháin thuas.

Is é scaoileadh na bhforálacha sa bhliain sin is cúis leis an gcreidmheas in 2023.

Tugtar miondealú sa tábla thíos ar mhéideanna a aithnítear mar chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe i ndáil le costais dlí, socruithe, imeachtaí idir-réitigh agus eadrána. Ní áirítear leis sin caiteachas a thabhaítear i ndáil le comhairle dlí ghinearálta toisc go n-áirítear é sin i gcostais chomhairliúcháin thuas.

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| Táillí dlí & costais | **852** | (258) |
| Socruithe | **-** | 191 |
| **Iomlán** | **852** | (67) |
| Líon na gcásanna dlí | **20** | 28 |

1. Ní áirítear sa nóta nochta seo íocaíochtaí a rinne ár gcuideachta árachais.
2. Baineann líon na gcásanna le cásanna a thionscain RTÉ féin nó le himeachtaí dlí a tionscnaíodh ina choinne, agus ní áirítear imeachtaí árachais.

**Taisteal & Cothabháil**

Nochtadh costas iomlán taistil agus cothaithe na foirne i nóta 3 de Ráitis Airgeadais an Ghrúpa. Seo a leanas miondealú ar na costais a tabhaíodh in Éirinn (Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann) agus go hidirnáisiúnta.

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| In Éirinn | **2,633** | 2,643 |
| Go hIdirnáisiúnta | **970** | 715 |
| **Iomlán** | **3,603** | 3,358 |

**Fáilteachas**

Thabhaigh RTÉ €2,422k (2023:  €1,199k) i ndáil le fáilteachas do na catagóirí atá leagtha amach i gCuid 1.3 (Iarscríbhinn maidir le Tuairisciú Gnó agus Airgeadais) den Chód Cleachtais.  Baineann sé sin go príomha le costas na ndearbhán neamh-inchánach a thugtar d'fhostaithe. Léiríonn an tábla thíos an deighilt idir an fhoireann agus fáilteachas gnó.

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| Foireann | **44** | (16) |
| Dearbhán foirne | **2,059** | 911 |
| Gnó | **319** | 304 |
| **Iomlán** | **2,422** | 1,199 |

**Foirceannadh**

Le linn 2024, rinneadh íocaíochtaí iomarcaíochta a raibh luach €434k (2023:  €522k) ar an iomlán leo le fostaithe faoi chláir iomarcaíochta a ceadaíodh agus a ndearnadh soláthar dóibh i dtréimhsí roimhe seo mar atá leagtha amach i nóta 18.

In 2024, comhaontaíodh scaoilíocaíocht amháin le hiarchomhalta den bhord feidhmiúcháin ar chostas iomlán €475k lena n-áirítear ranníocaíocht i dtreo táillí dlí. Ba €Nialas a bhí i gceist le méid iomlán na n-íocaíochtaí foirceanta eile os cionn €10k. Sa tréimhse chomparáideach, rinneadh 2 scaoilíocaíocht le hiarchomhaltaí den bhord feidhmiúcháin arbh fhiú €768k agus €89k iad in íocaíochtaí foirceanta eile.

## Táillí Chomhaltaí an Bhoird[1]

Cloíonn RTÉ le beartas an Rialtais maidir le táillí a íoc le cathaoirligh agus le stiúrthóirí ar chomhlachtaí Stáit, mar atá leagtha síos ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ag an Aire Ealaíon, Meán, Cumarsáide, Cultúir agus Spóirt. Ina theannta sin, i gcomhréir leis an bprionsabal "aon tuarastal amháin d'aon duine amháin", níl fostaithe sa tseirbhís phoiblí atá ag suí ar bhoird stáit i dteideal táillí boird breise.

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| **Comhaltaí an Bhoird amhail an 31 Nollaig 2024** | | |
| Terence O'Rourke | **26** | - |
| Susan Ahern | **16** | 16 |
| Kevin Bakhurst | **-** | - |
| Shirley Bradshaw[2] | **9** | - |
| Neasa Hardiman | **13** | - |
| David Harvey | **16** | 16 |
| Daire Hickey | **16** | 16 |
| Aideen Howard | **16** | 16 |
| Terri Moloney | **13** | - |
| Noreen O'Kelly | **12** | - |
| Jonathan Ruane | **16** | 16 |
| **Íocaíochtaí le hIar-Chomhaltaí Boird** | | |
| Siún Ní Raghallaigh | **5** | 32 |
| An Dr P.J. Mathews | **-** | - |
| Anne O'Leary | **13** | 16 |
| Íocaíochtaí le hiarchomhaltaí eile an Bhoird[3] | **(3)** | 43 |

1. Is baill neamhfheidhmiúcháin iad na comhaltaí ar fad atá ar an mBord, cé is moite den Phríomh-Stiúrthóir, Kevin Bakhurst, atá ag feidhmiú i gcáil ex officio, agus Shirley Bradshaw, a ceapadh tar éis toghchán foirne
2. Chomh maith leis na táillí Boird, íocadh Shirley Bradshaw mar fhostaí de chuid RTÉ
3. Baineann sé le hIan Kehoe, Connor Murphy agus Robert Shortt a d'éirigh as oifig, nó a chríochnaigh a dtéarma oifige, i rith 2023. Bhí aisíocaíocht bheag ann in 2024, rud a bhain le cúiseanna uainiúcháin sa timthriall íocaíochta.

## Costais chomhaltaí an Bhoird[1]

Ag teacht leis an *gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú*, ní mór an foilsiú seo a leanas a dhéanamh i ndáil le costais a íocadh le comhaltaí den Bhord:

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| Taisteal – míleáiste | **1** | 2 |
| Liúntais chothabhála | **8** | 7 |
| | **9** | 9 |

1. Baineann costais chomhaltaí an Bhoird thuas leis an bhfónamh ar an mBord amháin agus ní thugtar san áireamh costais chomhaltaí ina gcáil mar fhostaithe de chuid RTÉ.

## Luach Saothair an Phríomh-Stiúrthóra

Tá luach saothair an Phríomh-Stiúrthóra ag cloí le beartas an Rialtais faoina gcinntear luach saothair príomhoifigeach feidhmiúcháin ar chomhlachtaí tráchtála Stáit, arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, agus ceadaithe ag an Aire Ealaíon, Meán, Cumarsáide, Cultúir agus Spóirt. I gcomhlíonadh an cheanglais nochtaithe atá sa *Chód Cleachtais Chun Comhlachtaí Stáit a Rialú* tá luach saothair an Phríomh-Stiúrthóra comhdhéanta de:

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| Luach Saothair: | | |
| – Buntuarastal | **250** | 119 |
| – Liúntas gluaisteáin | **25** | 12 |
| Luach Saothair Iomlán | **275** | 131 |
| Ranníocaíochtaí Sochair Scoir[1] | **63** | 31 |
| Eile | **2** | 1 |
| | **340** | 163 |

1. An méid a d'íoc RTÉ le scéim pinsin ranníocaíochta sainithe

Costais arb ionann iad agus €7,317 (2023): €21,794) a thabhaigh Kevin Bakhurst agus é i mbun dualgais mar Phríomh-Stiúrthóir.

Níor deonaíodh ná níor íocadh aon phá de réir feidhmíochta maidir leis an mbliain 2024 ná leis an mbliain 2023.

Cuireann comhaltaí Bhord RTÉ an tuarascáil bhliantúil maille le ráitis airgeadais iniúchta an Ghrúpa don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024 i láthair.

## Príomhbheartaíocht

Is é RTÉ an craoltóir seirbhíse poiblí in Éirinn a chuireann seirbhísí teilifíse agus raidió saor go haer ar fáil don lucht féachana agus éisteachta. Chomh maith leis sin, foilsíonn RTÉ an *RTÉ Guide*, agus cuireann raon leathan seirbhísí ar líne ar fáil saor in aisce atá bunaithe ar an ngréasán. Tríd an bhfochuideachta, RTÉ Transmission Network DAC, atá faoi lán-úinéireacht ag RTÉ agus atá ag trádáil mar 2rn, cuirtear córas tarchuradóireachta líonra analógach agus digiteach agus áiseanna crann craolta ar fáil do chraoltóirí agus d'úsáideoirí eile. Ina theannta sin, ritheann RTÉ Ceolfhoireann Coirme RTÉ.

## Athbhreithniú ar an nGnó

Leagtar amach athbhreithniú mionsonraithe ar an bhfeidhmíocht i rith na bliana 2024 agus forbairtí don todhchaí san Athbhreithniú Oibriúcháin ó leathanach 20 go dtí leathanach 39 agus san Athbhreithniú Airgeadais ó leathanach 8 go dtí leathanach 16. Tugtar san áireamh leis na bearta athbhreithnithe sin na príomhréimsí riosca agus éiginnteachta os comhair an Ghrúpa agus déantar anailís ar na príomhtháscairí feidhmíochta, idir tháscairí a bhaineann le cúrsaí airgeadais agus táscairí nach mbaineann le cúrsaí airgeadais. Déantar athbhreithniú ó leathanach 215 go dtí leathanach 217 ar fheidhmíocht RTÉ maidir le maith a dhéanamh de na gealltanais bhliantúla don lucht féachana agus éisteachta, arna leagan amach sa Ráiteas Bliantúil faoi na Gealltanais Feidhmiúcháin don bhliain 2024.

## Torthaí na Bliana

Leagtar amach torthaí na bliana don Ghrúpa sa Ráiteas Ioncaim ar leathanach 141 agus sna nótaí a ghabhann leis an Ráiteas sin.

## Comhaltaí an Bhoird

Leagtar amach ainmneacha na ndaoine a bhí ag fónamh ina gcomhaltaí ar an mBord le linn na bliana ar leathanach 105.

## Rialachas Corparáide

Leagtar amach socruithe RTÉ maidir le cúrsaí rialachais corparáide sa tuarascáil bhliantúil mar seo a leanas:

- Rialachas corparáide leathanaigh 112 go dtí 134
- Próifílí chomhaltaí an Bhoird leathanaigh 100 go dtí 104
- Ráiteas faoi fhreagrachtaí chomhaltaí an Bhoird leathanach 137

## Comhlíontas na Stiúrthóirí

Tugtar isteach faoi *Acht na gCuideachtaí 2014*, a bhfuil feidhm leis maidir le fochuideachtaí RTÉ, coinníoll go ndéanfadh stiúrthóirí comhlíonadh na ndualgas ábhartha (faoi réir mar a shainmhínítear sin in Alt 225(1) an Achta) atá ar chuideachta a chinntiú sa chás go dtagann méid na cuideachta le critéir áirithe a leagtar síos san Acht.

## Taifid Chuntasaíochta

Tá comhaltaí Bhord RTÉ freagrach as a chinntiú go ndéantar leabhair agus taifid chuntasaíochta a choimeád go cuí. Áirítear ar na bearta a dhéantar maidir leis sin córais agus nósanna imeachta iomchuí a úsáid, lucht cuntasaíochta a bhfuil cáilíochtaí gairmiúla agus an saineolas cuí acu a fhostú agus dóthain acmhainní a chur i leith fheidhm na gcúrsaí airgeadais. Is i nDomhnach Broc, Baile Átha Cliath 4 a choimeádtar taifid chuntasaíochta an Ghrúpa.

## Cuntais a Íoc

Admhaíonn comhaltaí an Bhoird an fhreagracht a leagtar orthu maidir lena chinntiú go gcomhlíontar forálacha *Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Mhall in Idirbhearta Tráchtála), 2012 arna leasú le Rialacháin na gComhphobal Eorpach*

*(Íocaíocht Mhall in Idirbhearta Tráchtála)(Leasú)*, 2016 ('na Rialacháin'), maidir le gach gné ábhartha. Tá nós imeachta curtha i bhfeidhm ionas go sonraítear gach dáta ar a mbíonn dlite sonrasc le híoc agus go gcinntítear go ndéantar an íocaíocht faoin dáta faoi leith sin. Cuirtear ar fáil le nós imeachta den chineál sin dearbhú réasúnach nach dtarlódh neamhchomhlíonadh ábhartha maidir leis na Rialacháin. Ba é a bhí de pholasaí íocaíochta i rith na bliana faoi chaibidil ná coinníollacha na Rialachán a shásamh.

**Cuideachtaí an Ghrúpa**
Tugtar eolas maidir le gnóthais fhochuideachta agus gnóthais ghaolmhara i nóta 19 leis na ráitis airgeadais.

**Ionstraimí Airgeadais**
Bheadh baol ann don Ghrúpa maidir le riosca airgeadais a bhainfeadh le riosca creidmheasa, riosca leachtachta, riosca maidir le malairt eachtrach, rátaí úis agus cúrsaí oibriúcháin. Tá nósanna imeachta mionsonraithe ag an nGrúpa chun monatóireacht agus bainistiú a dhéanamh ar na rioscaí sin. Tá siad leagtha amach i nóta 22 leis na ráitis airgeadais.

**Síntiúis Pholaitíochta**
Ag tagairt *d'Acht Toghcháin, 1997*, ní thugann RTÉ aon síntiús polaitíochta.

**Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus 2021**
Tá RTÉ tiomanta do chomhlíonadh fhorálacha Achtanna na dTeangacha Oifigiúla, 2003 agus 2021 (na "hAchtanna") a chinntiú. I gcomhréir le hAlt 4B (a) de na hAchtanna, ceapadh bainisteoir sinsearach chun formhaoirsiú a dhéanamh ar chomhlíonadh oibleagáidí RTÉ faoi na hAchtanna agus cuireadh tuarascáil ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le comhlíonadh le linn 2024 faoi bhráid an Phríomh-Stiúrthóra. Go hachomair, rinneadh tagairt sa tuarascáil do chur i bhfeidhm na mbeart a glacadh, agus atá ar bun, chun comhlíonadh na gceanglas reachtach a bhaint amach.

**Faisnéis a bhaineann le hÁbhar na hIniúchóireachta**
Is é tuairim chomhaltaí an Bhoird go ndearnadh gach beart is gá ionas go mbeidís ar an eolas faoi aon fhaisnéis a bhaineann le hábhar na hiniúchóireachta agus gur cinntíodh go raibh iniúchóirí reachtúla an Ghrúpa ar an eolas faoin bhfaisnéis sin. Chomh mór agus is eol sin do na Stiúrthóirí, níl aon fhaisnéis a bhaineann le hábhar na hiniúchóireachta nach bhfuil iniúchóirí reachtúla an Ghrúpa ar an eolas mar gheall air.

Thar ceann an Bhoird

| | |
|---|---|
| **Terence O'Rourke** | **Kevin Bakhurst** |
| Cathaoirleach | Príomh-Stiúrthóir |

6 Meitheamh 2025

# Ráiteas ar Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024

Tá de fhreagracht ar chomhaltaí Bhord RTÉ ("Bord RTÉ") an Tuarascáil Bhliantúil agus ráitis airgeadais RTÉ agus an Ghrúpa a ullmhú de réir na ndlíthe agus na rialachán is infheidhme.

Ceanglaítear faoin *Acht Craolacháin 2009* ("reachtaíocht an chraolacháin") ar Bhord RTÉ ráitis airgeadais don Ghrúpa agus do RTÉ a ullmhú maidir le gach bliain airgeadais. Faoin reachtaíocht sin, tá roghnaithe ag Bord RTÉ ráitis airgeadais an Ghrúpa agus RTÉ a ullmhú de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS) faoi mar atá glactha leo ag an AE agus arna gcur i bhfeidhm de réir fhorálacha reachtaíocht an chraolacháin agus de réir fhorálacha ábhartha *Acht na gCuideachtaí 2014*.

Ní cheadaíonn Bord RTÉ ráitis airgeadais RTÉ agus an Ghrúpa mura bhfuil sé sásta go dtugann siad léargas fíor agus cóir ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Ghrúpa agus RTÉ agus ar bhrabús nó caillteanas an Ghrúpa don bhliain sin. Agus gach ceann de ráitis airgeadais an Ghrúpa agus RTÉ á ullmhú, déanann comhaltaí Bhord RTÉ:

- Polasaithe cuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a fheidhmiú ar bhonn seasmhach;
- Breithiúnais agus meastacháin atá réasúnach agus stuama;
- A rá cibé ar ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir IFRS faoi mar atá glactha leo ag an AE agus arna gcur i bhfeidhm de réir fhorálacha reachtaíocht an chraolacháin; agus
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh murar mí-oiriúnach glacadh leis go leanfaidh an grúpa agus RTÉ i mbun gnó.

Tá Bord RTÉ freagrach as taifid chuntasaíochta chuí a choinneáil a léiríonn le cruinneas réasúnach ag aon tráth sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus brabús nó caillteanas an Ghrúpa agus RTÉ agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go mbíonn ráitis airgeadais RTÉ agus an Ghrúpa ullmhaithe de réir IFRS infheidhme, faoi mar atá glactha leo ag an AE agus go gcomhlíonann siad forálacha reachtaíocht an chraolacháin agus forálacha ábhartha A*cht na gCuideachtaí, 2014*. Tá Bord RTÉ freagrach go ginearálta as gach beart is féidir go réasúnach a dhéanamh d'fhonn sócmhainní RTÉ agus an Ghrúpa a chaomhnú agus d'fhonn calaois agus mírialtachtaí eile a sheachaint agus a thabhairt chun suntais. Tá Bord RTÉ freagrach freisin as Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird a ullmhú a chomhlíonann forálacha ábhartha *Acht na gCuideachtaí, 2014*.

Tá comhaltaí Bhord RTÉ freagrach as a chinntiú go léiríonn an ráiteas faoi rialachas corparáide ar leathanaigh 112 go dtí 134 go gcomhlíonann an Grúpa an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Tá comhaltaí Bhord RTÉ freagrach as caomhnú agus sláine na faisnéise corparáide agus airgeadais atá ar láithreán gréasáin an Ghrúpa. D'fhéadfadh an reachtaíocht in Éirinn lena rialaítear ullmhú agus scaipeadh na ráiteas airgeadais a bheith éagsúil leis an reachtaíocht i ndlínsí eile.

Thar ceann an Bhoird

**Terence O'Rourke**
Cathaoirleach
6 Meitheamh 2025

**Kevin Bakhurst**
Príomh-Stiúrthóir

# Tuarascáil ón Iniúchóir Neamhspleách do Chomhaltaí Bhord RTÉ

## Tuarascáil ar an iniúchóireacht maidir leis na ráitis airgeadais

**Tuairim ar ráitis airgeadais RTÉ**

Is é ár dtuairim go dtugann ráitis airgeadais Ghrúpa RTÉ (an Grúpa) agus Eintiteas RTÉ (an tEintiteas):

- léargas fíor agus cóir ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Ghrúpa agus an Eintitis amhail an 31 Nollaig 2024 agus ar bhrabús an Grúpa don bhliain dar chríoch sin; agus
- gur ullmhaíodh i gceart iad i gcomhréir leis an gcreat tuairiscithe airgeadais cuí agus, go háirithe, de réir cheanglais *Acht Craolacháin 2009*.

Tá na ráitis airgeadais a bhfuil iniúchadh déanta againn orthu comhdhéanta de:

Ráitis airgeadais an Ghrúpa:

- Ráiteas Ioncaim an Ghrúpa;
- Ráiteas an Ghrúpa ar Ioncam Cuimsitheach;
- Ráiteas an Ghrúpa ar an Staid Airgeadais;
- Ráiteas an Ghrúpa ar Athruithe i gCothromas;
- Ráiteas an Ghrúpa faoi Shreabhadh Airgid; agus
- na nótaí gaolmhara 1 go 27, lena n-áirítear achoimre ar na polasaithe cuntasaíochta suntasacha mar atá leagtha amach i nóta 1.

Ráitis airgeadais an Eintitis:

- Ráiteas ar an Staid Airgeadais;
- Ráiteas faoi Athrú ar Chothromas;
- Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid;
- na nótaí gaolmhara 1 go 27, lena n-áirítear achoimre ar fhaisnéis ábhartha maidir leis na polasaithe cuntasaíochta mar atá leagtha amach i nóta 1.

An *tAcht Craolacháin, 2009* agus na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS) arna nglacadh ag an Aontas Eorpach (IFRSanna arna nglacadh ag an AE) ("an creat tuairiscithe airgeadais cuí") an creat tuairiscithe airgeadais cuí a cuireadh i bhfeidhm nuair a bhí ráitis airgeadais an Ghrúpa agus an Eintitis á n-ullmhú.

**Bunús leis an tuairim**

Rinneadh an t-iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Éire) (ISAnna (Éire)) agus an dlí infheidhme. Tugtar cuntas thíos ar a bhfuil de fhreagracht orainn faoi na caighdeáin sin faoin gceannteideal "Freagracht na n-iniúchóirí i ndáil le hiniúchóireacht ar na ráitis airgeadais" sa tuarascáil seo.

Tá na hiniúchóirí neamhspleách ar an nGrúpa agus ar an Eintiteas i gcomhréir leis na coinníollacha eitice a bhaineann leis an iniúchadh a dhéanaimid ar ráitis airgeadais in Éirinn, an Caighdeán Eitice san áireamh arna eisiúint ag Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann agus rinneamar gach freagracht eitice a chomhlíonadh i gcomhréir leis na coinníollacha sin. Is é ár dtuairim go bhfuil an fhianaise iniúchóireachta a fuaireamar leordhóthanach agus oiriúnach mar bhunús lenár dtuairim.

**Conclúidí a bhaineann le gnóthas leantach**

Tá cinnte againn, agus iniúchadh déanta ar na ráitis airgeadais, go bhfuil an úsáid a bhaineann na stiúrthóirí as bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh chun na ráitis airgeadais a ullmhú oiriúnach.

Bunaithe ar an obair atá déanta againn, níl aon neamhchinnteachtaí ábhartha aitheanta againn maidir le himeachtaí nó le coinníollacha a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh, bíodh sin ar bhonn aonair nó go comhpháirteach, ar chumas an Ghrúpa agus an Eintitis leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ó thugtar údarú na ráitis airgeadais a eisiúint.

Déantar cur síos ar ár bhfreagrachtaí agus ar fhreagrachtaí na stiúrthóirí maidir le gnóthas leantach i gcodanna ábhartha den tuarascáil seo.

**Eolas eile**
Tá an t-eolas eile déanta suas den eolas atá sa Tuarascáil Bhliantúil agus i Ráitis Airgeadais an Ghrúpa, seachas an t-eolas atá sna ráitis airgeadais agus i dtuarascáil an iniúchóra. Is iad na stiúrthóirí atá freagrach as an bhfaisnéis eile atá sa Tuarascáil Bhliantúil agus i Ráitis Airgeadais an Ghrúpa. Ní bhaineann an tuairim a thugaimid faoi na ráitis airgeadais leis an eolas eile agus, seachas a mhéid a luaitear go sainráite sa tuarascáil, ní luaimid dearbhú d'aon sórt ina leith sin.

Is é atá de fhreagracht orainn an t-eolas eile a léamh agus, ar a dhéanamh sin dúinn, a mheas cibé, bunaithe ar an obair iniúchóireachta, an bhfuil an t-eolas ansin ina mhíráiteas ábhartha nó ar neamhréir leis na ráitis airgeadais nó ag teacht leis an eolas atá againne ón iniúchóireacht. Má thugaimid aon mhíráiteas nó neamhréireachtaí ábhartha dealraitheacha faoi deara, éilítear orainn a chinneadh cibé an bhfuil míráiteas ábharthach sna ráitis airgeadais nó míráiteas ábhartha den eolas eile. Má chinnimid, bunaithe ar an obair atá curtha i gcrích againn, go bhfuil míráiteas ábhartha ann i leith an eolais eile seo, tá dlite orainn sin a thuairisciú.

Níl aon ní le tuairisciú againn ina leith sin.

**Freagrachtaí na stiúrthóirí**
Mar a mhínítear níos iomláine sa Ráiteas faoi Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird, tá na stiúrthóirí freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú agus as a bheith cinnte go dtugtar léargas fíor cóir iontu agus go bhfuil siad ag cloí seachas sin leis an *Acht Craolacháin, 2009*, agus as an rialú inmheánach sin a mheasann na stiúrthóirí a bheith riachtanach ionas gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé an chalaois nó earráid ba chúis lena leithéid.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, tá na stiúrthóirí freagrach as acmhainn an Ghrúpa agus an Eintitis leanúint i mbun gnó mar ghnóthas leantach a mheas, as nithe a bhaineann le gnóthas leantach a nochtadh de réir mar is gá agus as bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh a úsáid mura bhfuil de rún ag na stiúrthóirí an Grúpa agus an tEintiteas a leachtú nó éirí as an ngnó, nó nach bhfuil aon rogha eile ag na stiúrthóirí le fírinne ach sin a dhéanamh.

**Freagracht na nIniúchóirí i ndáil le hiniúchóireacht ar na ráitis airgeadais**
Is é a bhíonn de chuspóir againn dearbhú réasúnach a thabhairt maidir leis na ráitis airgeadais tríd is tríd a bheith saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé ar calaois nó earráid ba chúis lena leithéid, agus tuarascáil iniúchóra a eisiúint a bhfuil ár dtuairim ina chuid de. Is dearbhú ar leibhéal ard dearbhú réasúnach ach níl ráthaíocht i gceist leis go dtabharfar chun suntais i ngach cás míráiteas ábhartha sa chás gur ann dá leithéid ar iniúchadh a dhéanamh i gcomhréir le caighdeáin ISA (Éire). D'fhéadfadh míráiteas a theacht de bharr calaoise nó earráide agus meastar gur ábhartha míráiteas sa chás go bhféadfaí le réasún a cheapadh go mbeadh tionchar acu, ar a cheann amháin a thabhairt san áireamh as féin nó iad ar fad a thabhairt san áireamh in éineacht, ar chinneadh eacnamaíochta a dhéanfadh lucht a n-úsáide bunaithe ar na ráitis airgeadais seo.

Tugtar cuntas eile ar na freagrachtaí atá orainn don iniúchadh ar na ráitis airgeadais ar shuíomh gréasáin an IAASA ag: https://iaasa.ie/publications/description-of-the-auditors-responsibilities-for-the-audit-of-the-financial-statements/. Tá an cuntas sin mar chuid de thuarascáil an iniúchóra.

**Tuarascáil ar Cheanglais Eile Dlí agus Rialála**

**Nithe a bhfuil dlite orainn tuairisc a thabhairt orthu trí eisceacht**

Faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (Lúnasa 2016) ("an Cód Cleachtais") tá dlite orainn tuairisc a thabhairt faoi mar a éilítear faoin gCód Cleachtais atá mar chuid den Ráiteas faoi Rialachas Corparáide comhlíontas an Ghrúpa le halt 1.9 (iv) den Chód Cleachtais nó sa chás nach bhfuil sé ag teacht le faisnéis a bhfuil eolas againn air mar gheall ar an obair iniúchóireachta ar na ráitis airgeadais. Níl aon ní le tuairisciú againn ina leith sin.

**Úsáid na tuarascála seo**

Déantar an tuarascáil sin a chur faoi bhráid Chomhaltaí Bhord RTÉ agus leo sin amháin de réir an *Achta Craolacháin, 2009*. Rinneadh an obair iniúchóireachta sa chaoi is go bhféadfaimis na nithe sin a lua i ráiteas le Comhaltaí Bhord RTÉ a gceanglaítear orainn iad a lua leis i dtuarascáil iniúchóra agus ní chun críche aon ní eile. A mhéid a cheadaítear sin faoin dlí, ní dhéanaimid freagracht a ghlacadh ná a ghabháil orainn féin i leith aon duine eile seachas Comhaltaí Bhord RTÉ as an obair iniúchóireachta, as an tuarascáil seo ná as na tuairimí ar ar thángamar.

**Richard Howard**
Ar son agus thar ceann Deloitte Ireland LLP
Cuntasóirí Cairte agus Comhlacht Iniúchóireachta Reachtúil
Teach Deloitte & Touche, Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2

6 Meitheamh 2025

# Ráiteas Ioncaim an Ghrúpa
don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024

| | Nótaí | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Oibríochtaí leanúnacha** | | | |
| Ioncam | 2 | **380,406** | 344,035 |
| Costais oibriúcháin (roimh dhímheas, amúchadh, gnóthachan ar shócmhainní a dhiúscairt) | 3 | **(362,221)** | (349,336) |
| **EBITDA[1] roimh ghnóthachtáil ar shócmhainní a dhiúscairt** | | **18,185** | (5,301) |
| Glandímheas agus amúchadh | 5 | **(14,495)** | (11,815) |
| Gnóthachan ar shócmhainní a dhiúscairt | 5 | **6** | 33 |
| **Brabús/(Caillteanas) ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | **3,696** | (17,083) |
| Ioncam Airgeadais | 4 | **9,089** | 9,640 |
| Costas airgeadais | 4 | **(7,502)** | (2,888) |
| **Barrachas/(Easnamh) roimh Cháin Ioncaim** | 5 | **5,283** | (10,331) |
| Cáin ioncaim | 7 | **249** | 1,215 |
| **Barrachas/(Easnamh) don Bhliain** | | **5,532** | (9,116) |

1 EBITDA: Tuilleamh (brabús oibriúcháin) roimh ús, cáin, dímheas agus amúchadh

# Ráiteas an Ghrúpa ar Ioncam Cuimsitheach
don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024

| | Nótaí | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|---|
| Barrachas/(Easnamh) don Bhliain | | **5,532** | (9,116) |
| **Ioncam Cuimsitheach Eile** | | | |
| **Nithe nach ndéanfar a athrangú chuig brabús nó caillteanas riamh** | | | |
| Gnóthachan atomhais ar an scéim pinsin sochair shainithe | 20 | **498** | 1,246 |
| Gnóthachan/(caillteanas) atomhais ar an scéim pinsin "50/50" Riosca i bPáirt | 20 | **3,263** | (1,173) |
| Cáin iarchurtha ghaolmhar maidir le sócmhainní pinsin | 21 | **(470)** | (1,008) |
| **Iomlán an bharrachais/(easnaimh) chuimsithigh eile don bhliain** | | **3,291** | (935) |
| **Iomlán an bharrachais/(easnaimh) chuimsithigh don bhliain** | | **8,823** | (10,051) |

# Ráiteas an Ghrúpa ar an Staid Airgeadais
amhail an 31 Nollaig 2024

| | Nótaí | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|---|
| **SÓCMHAINNÍ** | | | |
| **Sócmhainní Neamhreatha** | | | |
| Maoin, innealra agus trealamh | 8 | **55,345** | 57,774 |
| Sócmhainní doláimhsithe | 9 | **3,986** | 5,663 |
| Sócmhainní airgeadais | 19 | **195** | 673 |
| Sócmhainn phinsin | 20 | **199,374** | 188,652 |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | 22 | **93** | - |
| **Iomlán na Sócmhainní Neamhreatha** | | **258,993** | 252,762 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Sócmhainní á gcoinneáil lena ndíol arís | | **798** | - |
| Fardail | 10 | **32,532** | 26,014 |
| Imfháltais agus réamhíocaíochtaí | 11 | **60,692** | 67,130 |
| Infheistíochtaí leachtacha | 12 | **14,000** | 15,098 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | 13 | **57,381** | 63,543 |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | 22 | **333** | 17 |
| **Iomlán na Sócmhainní Reatha** | | **165,736** | 171,802 |
| **Iomlán na Sócmhainní** | | **424,729** | 424,564 |
| **COTHROMAS** | | | |
| Tuilleamh coinnithe | | **231,106** | 222,283 |
| **DLITEANAIS** | | | |
| **Dliteanais Neamhreatha** | | | |
| Iasachtaí agus iasachtaíochtaí lena mbaineann ús | 14 | **45,000** | 47,500 |
| Soláthar | 18 | **11,599** | 22,683 |
| Dliteanais chánach iarchurtha | 21 | **275** | 834 |
| Deontais chaipitil | 24 | **2,868** | 3,250 |
| Dliteanas léasa | 26 | **3,302** | 3,427 |
| **Iomlán na nDliteanas Neamhreatha** | | **63,044** | 77,694 |
| **Dliteanais Reatha** | | | |
| Suimeanna iníoctha trádála agus eile | 15 | **65,463** | 76,960 |
| Soláthar | 18 | **32,490** | 18,351 |
| Iasachtaí agus Fiachas eile | 14 | **12,500** | 12,000 |
| Cánachas agus leas sóisialach | 16 | **10,917** | 8,580 |
| Deontais chaipitil | 24 | **382** | 382 |
| Dliteanas léasa | 26 | **614** | 554 |
| Sochair fostaithe | 17 | **8,213** | 7,731 |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | 22 | **-** | 29 |
| **Iomlán na nDliteanas Reatha** | | **130,579** | 124,587 |
| **Iomlán na nDliteanas** | | **193,623** | 202,281 |
| **Iomlán Cothromais agus Dliteanas** | | **424,729** | 424,564 |

Thar ceann an Bhoird

**Terence O'Rourke**
Cathaoirleach
6 Meitheamh 2025

**Kevin Bakhurst**
Príomh-Stiúrthóir

# Ráiteas an Ghrúpa ar Athruithe i gCothromas
amhail an 31 Nollaig 2024

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| **Tuilleamh coinnithe** | | |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | **222,283** | 232,334 |
| Barrachas/(Easnamh) don bhliain | **5,532** | (9,116) |
| Barrachas/(easnaimh) cuimsitheacha eile | **3,291** | (935) |
| Iomlán an bharrachais/(easnaimh) chuimsithigh | **8,823** | (10,051) |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig | **231,106** | 222,283 |

# Ráiteas RTÉ faoi Athrú ar Chothromas
amhail an 31 Nollaig 2024

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| **Tuilleamh coinnithe** | | |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | **86,065** | 107,135 |
| Easnamh don bhliain | **(5,896)** | (20,135) |
| Barrachas/(easnaimh) cuimsitheacha eile | **3,291** | (935) |
| Iomlán an easnaimh chuimsithigh | **(2,605)** | (21,070) |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig | **83,460** | 86,065 |

# Ráiteas an Ghrúpa faoi Shreabhadh Airgid
don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024

| | Nótaí | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | | |
| Barrachas/(Easnamh) don bhliain | | **5,532** | (9,116) |
| Coigeartaithe maidir le: | | | |
| Dímheas ar mhaoin, innealra agus trealamh | 5 | **10,634** | 10,485 |
| Amúchadh maidir le deontas caipitil | 5 | **(382)** | (382) |
| Amúchadh maidir le sócmhainní doláimhsithe | 5 | **4,243** | 1,711 |
| Lagú ar shócmhainní doláimhsithe | 9 | **284** | 204 |
| Gnóthachan ar mhaoin, innealra agus trealamh a dhiúscairt | | **(6)** | (33) |
| Difríocht idir creidmheas pinsin agus ranníocaíochtaí airgid | | **(294)** | (512) |
| Glanioncam airgeadais | | **(5,611)** | (6,371) |
| Creidmheas cánach ioncaim | 7 | **(249)** | (1,215) |
| | | **14,151** | (5,229) |
| Athrú ar fhardail agus nithe iníoctha a bhaineann le fardail | | **(4,012)** | (955) |
| Athrú ar imfháltais agus réamhíocaíochtaí | | **6,938** | (5,010) |
| Athrú ar nithe iníoctha trádála agus eile | | **(8,017)** | 195 |
| Athrú ar chánachas agus leas sóisialach | | **1,557** | (3,583) |
| Athrú ar shochair fostaithe agus ar chostais athstruchtúraithe agus eile | | **(3,367)** | (2,119) |
| **Airgead tirim glan ginte/(ionsúite) ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | **7,250** | (16,701) |
| **Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | | |
| Ús faighte | | **1,669** | 1,459 |
| Fáltais ar mhaoin, innealra agus trealamh a dhíol | | **6** | 62 |
| Éadáil ar mhaoin, innealra agus trealamh | | **(9,247)** | (9,296) |
| Éadáil ar shócmhainní doláimhsithe | | **(1,233)** | (3,820) |
| **Airgead Tirim Glan ionsúite ag Gníomhaíochtaí Infheistíochta** | | **(8,805)** | (11,595) |
| **Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Airgeadais** | | | |
| Aisíocaíocht fiachais | | **(12,000)** | (3,625) |
| Tarraingt anuas fiachais | | **10,000** | - |
| Ús a íocadh | | **(2,940)** | (2,726) |
| Íocaíochtaí airgid thirim maidir le príomhchuid den dliteanas léasa | | **(688)** | (695) |
| Íocaíochtaí airgid thirim maidir leis an gcuid den dliteanas léasa a bhaineann le hús | | **(77)** | (79) |
| Laghdú ar infheistíochtaí leachtacha | 12 | **1,098** | 45,674 |
| **Airgead Tirim Glan (ionsúite)/ginte ag Gníomhaíochtaí Airgeadais** | | **(4,607)** | 38,549 |
| (Laghdú)/méadú glan ar airgead tirim agus coibhéis airgid thirim | | **(6,162)** | 10,253 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim amhail an 1 Eanáir | | **63,543** | 53,290 |
| **Airgead tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim amhail an 31 Nollaig** | 13 | **57,381** | 63,543 |

Thar ceann an Bhoird

**Terence O'Rourke**
Cathaoirleach

**Kevin Bakhurst**
Príomh-Stiúrthóir

6 Meitheamh 2025

# Ráiteas RTÉ ar an Staid Airgeadais
amhail an 31 Nollaig 2024

| | Nótaí | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|---|
| **SÓCMHAINNÍ** | | | |
| **Sócmhainní Neamhreatha** | | | |
| Maoin, innealra agus trealamh | 8 | **19,101** | 19,829 |
| Sócmhainní doláimhsithe | 9 | **3,892** | 5,600 |
| Infheistíochtaí i bhfochuideachtaí | 19 | **65,827** | 65,827 |
| Sócmhainn phinsin | 20 | **199,374** | 188,652 |
| Sócmhainn cánach iarchurtha | 21 | **1,794** | 1,424 |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | 22 | **93** | - |
| **Iomlán na Sócmhainní Neamhreatha** | | **290,081** | 281,332 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Sócmhainní á gcoinneáil lena ndíol arís | | **138** | - |
| Fardail | 10 | **32,411** | 25,807 |
| Imfháltais agus réamhíocaíochtaí | 11 | **51,493** | 54,932 |
| Infheistíochtaí leachtacha | 12 | **14,000** | 15,098 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | 13 | **45,540** | 49,008 |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | 22 | **333** | 17 |
| **Iomlán na Sócmhainní Reatha** | | **143,915** | 144,862 |
| **Iomlán na Sócmhainní** | | **433,996** | 426,194 |
| **COTHROMAS** | | | |
| Tuilleamh coinnithe | | **83,460** | 86,065 |
| **DLITEANAIS** | | | |
| **Dliteanais Neamhreatha** | | | |
| Soláthar | 18 | **11,598** | 22,679 |
| Dliteanas léasa | 26 | **1,739** | 1,603 |
| **Iomlán na nDliteanas Neamhreatha** | | **13,337** | 24,282 |
| **Dliteanais Reatha** | | | |
| Suimeanna iníoctha trádála agus eile | 15 | **277,004** | 274,806 |
| Soláthar | 18 | **32,411** | 18,266 |
| Iasachtaí agus Fiachas eile | 14 | **10,000** | 7,000 |
| Dliteanas léasa | 26 | **352** | 297 |
| Cánachas agus leas sóisialach | 16 | **9,483** | 7,882 |
| Sochair fostaithe | 17 | **7,949** | 7,567 |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | 22 | **-** | 29 |
| **Iomlán na nDliteanas Reatha** | | **337,199** | 315,847 |
| **Iomlán na nDliteanas** | | **350,536** | 340,129 |
| **Iomlán Cothromais agus Dliteanas** | | **433,996** | 426,194 |

Thar ceann an Bhoird

**Terence O'Rourke**
Cathaoirleach
6 Meitheamh 2025

**Kevin Bakhurst**
Príomh-Stiúrthóir

# Ráiteas RTÉ faoi Shreabhadh Airgid
don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024

| | Nótaí | 2024<br>€'000 | 2023<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| **Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | | |
| Easnamh don bhliain tar éis cánach | | **(5,896)** | (20,135) |
| Coigeartaithe maidir le: | | | |
| Dímheas ar mhaoin, innealra agus trealamh | 8 | **5,685** | 5,494 |
| Amúchadh maidir le sócmhainní doláimhsithe | 9 | **4,212** | 1,686 |
| Lagú ar shócmhainní doláimhsithe | 9 | **284** | 204 |
| (Gnóthachan)/caillteanas ar mhaoin, innealra agus trealamh a dhiúscairt | | **(6)** | 23 |
| Difríocht idir creidmheas pinsin agus ranníocaíochtaí airgid | | **(294)** | (512) |
| Glanioncam airgeadais | | **(8,095)** | (8,794) |
| Costas cánach ioncaim | | **(840)** | (1,090) |
| | | **(4,950)** | (23,124) |
| Athrú ar fhardail agus nithe iníoctha a bhaineann le fardail | | **(3,438)** | (954) |
| Athrú ar imfháltais agus réamhíocaíochtaí | | **3,136** | (1,841) |
| Athrú ar sholáthairtí agus nithe iníoctha trádála eile | | **6,029** | 4,328 |
| Athrú ar chánachas agus leas sóisialach | | **1,602** | (3,357) |
| Athrú ar shochair fostaithe agus ar chostais athstruchtúraithe agus eile | | **(3,461)** | (1,958) |
| **Airgead Tirim Glan ionsúite ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | **(1,082)** | (26,906) |
| **Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | | |
| Ús faighte | | **1,669** | 1,459 |
| Fáltais ar mhaoin, innealra agus trealamh a dhíol | | **6** | 5 |
| Éadáil ar mhaoin, innealra agus trealamh | | **(6,182)** | (5,132) |
| Éadáil ar shócmhainní doláimhsithe | | **(1,127)** | (3,863) |
| **Airgead Tirim Glan ionsúite ag Gníomhaíochtaí Infheistíochta** | | **(5,634)** | (7,531) |
| **Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Airgeadais** | | | |
| Aisíocaíocht fiachais | | **(7,000)** | (1,125) |
| Tarraingt anuas fiachais | | **10,000** | - |
| Ús a íocadh | | **(375)** | (456) |
| Íocaíochtaí airgid thirim maidir le príomhchuid den dliteanas léasa | | **(431)** | (422) |
| Íocaíochtaí airgid thirim maidir leis an gcuid den dliteanas léasa a bhaineann le hús | | **(44)** | (42) |
| Laghdú ar infheistíochtaí leachtacha | 12 | **1,098** | 45,674 |
| **Airgead Tirim Glan ginte ag Gníomhaíochtaí Airgeadais** | | **3,248** | 43,629 |
| (Laghdú)/méadú glan ar airgead tirim agus ar choibhéisí airgid thirim | | **(3,468)** | 9,192 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim amhail an 1 Eanáir | | **49,008** | 39,816 |
| **Airgead tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim amhail an 31 Nollaig** | 13 | **45,540** | 49,008 |

Thar ceann an Bhoird

**Terence O'Rourke**
Cathaoirleach
6 Meitheamh 2025

**Kevin Bakhurst**
Príomh-Stiúrthóir

## 1. Achoimre ar Fhaisnéis an Pholasaí Cuntasaíochta Ábhartha

**(a) Bunús na cuntasaíochta**
Tá ár bpríomhbheartais chuntasaíochta leagtha amach thíos. Tá liosta iomlán de na polasaithe cuntasaíochta ar fáil san aguisín le Ráitis Airgeadais an Ghrúpa ar leathanaigh 205 go 214. Cuireadh na polasaithe cuntasaíochta i bhfeidhm go comhleanúnach nuair a bhíothas ag déileáil le míreanna a mheastar gur míreanna ábhartha iad maidir le ráitis airgeadais an Ghrúpa agus RTÉ, ach amháin na caighdeáin nua agus na leasuithe ar na caighdeáin a luaitear san aguisín le Ráitis Airgeadais an Ghrúpa.

Iarmhéideanna comparáideacha
Rinneadh iarmhéideanna comparáideacha ar leith laistigh d'aicmí sócmhainne nó dliteanais a athlua ar bhonn atá comhréireach le cur i láthair na bliana reatha.Go sonrach, rinneadh iarmhéideanna áirithe laistigh de dhliteanais a athaicmiú chun cineál na n-oibleagáidí a léiriú ar bhealach níos fearr agus chun ailíniú le haicmithe agus nochtaí na bliana reatha.Rinneadh na hathruithe sin chun comhréireacht agus inchomparáideacht fheabhsaithe a áirithiú thar thréimhsí.

**(i) Eintiteas tuairiscithe**
Is corparáid reachtúil é RTÉ a bunaíodh faoin *Acht um Údarás Craolacháin, 1960* agus tá an chorparáid sainlonnaithe in Éirinn. Cuimsíonn ráitis airgeadais chomhdhlúite RTÉ amhail an 31 Nollaig 2024 agus don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 comhdhéanta an chorparáid reachtúil agus gach eintiteas arna rialaíonn sé (dá dtagraítear in éineacht mar an "Grúpa").

**(ii) Ráiteas maidir le comhlíonadh**
Ullmhaíodh ráitis airgeadais RTÉ agus an Ghrúpa de réir na gCaighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS) mar a ghlac an tAontas Eorpach (AE) leo agus atá in éifeacht don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024 agus feidhmítear iad de réir fhorálacha na reachtaíochta craolacháin. Roghnaigh an Grúpa a ráitis airgeadais chomhdhlúite chomh maith le ráitis airgeadais eintitis máthairchuideachta RTÉ a chur i láthair de réir fhorálacha *Acht na gCuideachtaí 2014* a mhéid agus is gá chun léiriú fíor agus cóir a thabhairt. Dá réir sin, tá ráiteas mháthairchuideachta RTÉ maidir le staid airgeadais, an ráiteas maidir le sreabhadh airgid agus an ráiteas maidir le hathruithe ar chothromas curtha i láthair leis na ráitis airgeadais chomhdhlúite freisin, mar a d'éileodh *Acht na gCuideachtaí 2014* de ghnáth. Tá leasú déanta ar Ráiteas Ioncaim Grúpa RTÉ de réir mar a cheadaítear faoi *Acht na gCuideachtaí 2014*, Sceideal 3 Cuid II, Alt A4(5).

**(iii) Bunús an ullmhaithe**
Ullmhaíodh ráitis airgeadais RTÉ agus an Ghrúpa ar bhonn an chostais stairiúil arna mhodhnú ag an tomhas ag luach cóir na n-ionstraimí airgeadais díorthaigh agus na n-oibleagáidí sochair scoir.

Sa euro, airgeadra feidhmiúcháin eintitis ar fad an Ghrúpa, tugtha go dtí an míle is gaire (€000), a ullmhaíodh ráitis airgeadais an Ghrúpa.

**(iv) Meastacháin agus breithiúnais maidir le cuntasaíocht chriticiúil**
Chun ráitis airgeadais a ullmhú de réir IFRSanna ní mór don bhainistíocht breithiúnais, meastacháin, agus boinn tuisceana a thabhairt a mbíonn tionchar acu ar fheidhmiú na bpolasaithe cuntasaíochta agus ar an líon sócmhainní, dliteanas, ioncaim agus caiteachais a thuairiscítear. D'fhéadfadh torthaí iarbhír a bheith difriúil ó na meastacháin sin. Déantar na meastacháin agus na boinn tuisceana taobh thiar díobh a athbhreithniú ar bhonn leanúnach. Sa tréimhse a ndéantar na meastacháin a athbhreithniú a aithnítear na hathbhreithnithe a dhéantar chomh maith le haon tréimhse ina dhiaidh sin a mbeadh tionchar acu uirthi.

Le luacháil ar an scéim pinsin sochair shainithe agus le hionstraimí airgeadais a bhaineann na príomhréimsí a mbíonn breithiúnais shuntasacha nó castacht i gceist nó le réimsí a mbíonn tábhacht le breithiúnais agus meastacháin i dtaobh ráitis airgeadais an Ghrúpa agus tá cur síos orthu sna polasaithe cuntasaíochta ábhartha thíos agus sna nótaí bainteacha.

## 1. Achoimre ar Fhaisnéis an Pholasaí Cuntasaíochta Ábhartha (ar lean)

Déantar plé thíos ar na meastacháin a bhfuil riosca suntasach ag baint leo maidir le coigeartú ábhartha a dhéanamh ar shuimeanna glanluacha sócmhainní agus dliteanas sa chéad bhliain airgeadais eile:

- Oibleagáidí Sochair Scoir: Déantar na boinn tuisceanna is bun leis na luachálacha achtúireacha (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí ardaithe i leibhéil chúitimh agus rátaí básmhaireachta amach anseo), óna gcinntear na méideanna a aithnítear sna Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite, a thabhairt cothrom le dáta in aghaidh na bliana bunaithe ar dhálaí eacnamaíocha reatha agus ar aon athruithe ábhartha ar théarmaí agus coinníollacha na bpleananna pinsin. Leagtar amach na boinn tuisceanna is suntasaí agus tionchar na n-athruithe ar na boinn tuisceanna sin i nóta 20.
- Agus dliteanais áirithe amhail soláthair maidir le cáin agus dliteanais ÁSPC a bhaineann le conraitheoirí agus soláthair a bhaineann le maoin á meas, tá gá le breithiúnas chun a chinneadh an bhfuil oibleagáid láithreach ar an nGrúpa agus an dócha go mbeidh gá le heis-sreabhadh sochar eacnamaíoch chun an oibleagáid seo a shocrú. Cuirtear an breithiúnas seo i bhfeidhm ar fhaisnéis a bhí ar fáil tráth a chinntear an dliteanas, lena n-áirítear breithiúnais maidir le léirmhínithe ar reachtaíocht, ar rialacháin agus ar chásdlí, ach gan a bheith teoranta dóibh sin amháin. Leagtar amach sonraí na bhforálacha i nóta 18.

Seo a leanas faisnéis faoi bhreithiúnais chriticiúla maidir le polasaithe cuntasaíochta a chur i bhfeidhm a bhfuil an tionchar is suntasaí acu ar na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais:

- Déantar sócmhainní seasta a dhímheas thar a saolré úsáideach measta. Tá breithiúnas de dhíth chun saolré measta na sócmhainní seasta a chinneadh, ar sócmhainní iad a ndéantar na sócmhainní gaolmhara a dhíluacháil ina leith. Mar thoradh ar an straitéis a bhí ann le déanaí, rinneadh roinnt foirgneamh a dhímheas thar thréimhse níos giorra toisc go ndearnadh athmheasúnú ar a saolré úsáide. Rinneadh athbhreithniú freisin ar shaolré ionchais sócmhainní bogearraí doláimhsithe le linn 2024 as ar eascair amúchadh thar thréimhse níos giorra tar éis an athmheasúnaithe sin.
- Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, ceanglaítear ar an mBord measúnú a dhéanamh ar chumas na heagraíochta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Chuige sin, ní mór breithiúnas a thabhairt agus measúnú á dhéanamh ar riachtanas airgid an ghnó don todhchaí intuartha agus an mbeidh dóthain acmhainní airgid ag an eagraíocht chun a dliteanais a íoc de réir mar a bheidh siad dlite. Is éard atá i gceist leis an bpríomhbhreithiúnas measúnú a dhéanamh ar na hioncaim agus ar an gcaiteachas a thuartar a thiocfaidh chun cinn sa todhchaí intuartha.

**(v) Gnóthas Leantach**

Agus measúnú á dhéanamh ar sheasamh gnóthais leantaigh RTÉ agus Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite an Ghrúpa don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024, bhreithnigh comhaltaí an Bhoird sreafaí airgid, leachtacht agus gníomhaíochtaí gnó an Ghrúpa, lena n-áirítear an cistiú breise a gheall an Rialtas do na trí bliana amach romhainn 2025 - 2027.

Cé go raibh airgead tirim agus sócmhainní leachtacha €71.4 milliún ag an nGrúpa, is é €57.5 milliún fiachas an Ghrúpa agus iasachtaí €45.0 milliún inaisíoctha in Eanáir 2026. Amhail ar dháta an chláir chomhardaithe, bhí glandliteanais reatha €190 milliún ag RTÉ agus bhí glansócmhainní reatha €38 milliún ag an nGrúpa.

Bunaithe ar thuartha an Ghrúpa don tréimhse amach anseo, tá bonn gnóthais leantaigh glactha ag comhaltaí an Bhoird agus na Ráitis Airgeadais á n-ullmhú. Tá an measúnú seo déanta acu tar éis sreabhadh airgid tuartha an Ghrúpa a bhreithniú maidir leis an 12 mhí ó dháta an tsínithe, ina gcuimsítear na héagsúlachtaí a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis an tuar sin a mheas. Creideann comhaltaí an Bhoird, nuair a ghlactar acmhainní airgid atá ann faoi láthair, tacaíocht bhreise a gheall an Rialtas le gairid agus a saoráidí bainc san áireamh, go mbeidh acmhainní airgid leordhóthanacha ag an nGrúpa chun a dhliteanais a shásamh mar atá siad dlite.

**(vi) Caighdeáin nua agus athchóirithe a ghlacadh**

Agus ráitis airgeadais an Ghrúpa don bhliain reatha á n-ullmhú, ghlac an Grúpa le roinnt leasuithe nua maidir le caighdeáin. Ní raibh tionchar ábhartha ag na leasuithe ar nochtaí maidir leis na ráitis airgeadais.

## 1. Achoimre ar Fhaisnéis an Pholasaí Cuntasaíochta Ábhartha (ar lean)

**(vii) Caighdeáin atá eisithe ach nach bhfuil éifeacht leo fós**
Tá liosta iomlán de chaighdeáin atá eisithe ach nach bhfuil éifeacht leo go dtí 2025 nó ina dhiaidh sin fós san áireamh sna polasaithe cuntasaíochta go léir in aguisín leis an Tuarascáil Bhliantúil. Ní mheasann na stiúrthóirí go mbeidh tionchar ábhartha ag glacadh na gcaighdeán nua ar ráitis airgeadais an Ghrúpa sna tréimhsí amach anseo.

**Príomhpholasaithe Cuntasaíochta**
**(b) Aitheantas ioncaim**
Tá ioncam, nach bhfuil CBL ná idirbhearta idir cuideachtaí sa Ghrúpa san áireamh ann, comhdhéanta d'ioncam a eascraíonn as táillí ceadúnais agus maoiniú deontais eile, díolacháin fógraíochta, urraíocht, úsáid saoráidí agus líonra tarchurtha an Ghrúpa, ioncam ciorclaíochta agus imeachtaí, agus ioncam ó ábhar, earraí díolacháin agus ioncam gaolmhar. Luaitear ioncam glan ó aon lascainí socraíochta nó lascainí ó thaobh méid.

Tá IFRS 15 i bhfeidhm i ndáil le gach sruth ioncaim an Ghrúpa seachas ar ioncam ón táille cheadúnais a thagann faoi *IAS 20 Cuntasaíocht maidir le Deontais ón Rialtas agus Cúnamh ón Rialtas a Nochtadh*. Déantar na sruthanna ioncaim eile, mar atá leagtha amach thíos, a aithint nuair a aistrítear na seirbhísí nó earraí atá geallta chuig na custaiméirí. Tá cur chuige 5 chéim glactha ag an nGrúpa maidir le tráthú aitheantais ioncaim bunaithe ar oibleagáidí feidhmíochta i gconarthaí custaiméirí. Is éard atá i gceist leis seo ná an conradh le custaiméirí a aithint, na hoibleagáidí feidhmíochta a aithint, praghas an idirbhirt a ríomh, an praghas a leithroinnt chuig na hoibleagáidí feidhmíochta laistigh den chonradh agus ioncam a aithint nuair atá na hoibleagáidí feidhmíochta bainte amach.

I gcomhréir le IAS 20, aithnítear deontais a bhaineann le míreanna sonracha caiteachais mar chreidmheas in aghaidh an chaiteachais ghaolmhair sa ráiteas ioncaim.

**(i) Ioncam ón táille cheadúnais agus maoiniú rialtais**
Faigheann an Grúpa maoiniú tríd an táille cheadúnais agus trí mhaoiniú díreach rialtais araon, a dtugtar cuntas orthu araon de réir *IAS 20 Cuntasaíocht ar Dheontais Rialtais agus Nochtadh Cúnaimh Rialtais*.

Tá An Post ainmnithe ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (DTCAGSM) ina ghníomhaire bailiúcháin don táille ceadúnais teilifíse. Déanann An Post an t-ioncam ón Táille Cheadúnais a bhailiú agus a íoc leis an DTCAGSM, glan ó chostais bhailithe. Ina theannta sin, íocann an Roinn Coimirce Sóisialta (DSP) ioncam ón táille cheadúnais thar ceann daoine atá incháilithe do cheadúnas teilifíse 'saor in aisce'. Íocann an DSP an t-ioncam seo chuig an DTCAGSM gach mí.

Mar a fhoráiltear in Alt 123 den *Acht Craolacháin 2009* arna leasú le hAlt 69 den *Acht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist) 2011* íocann an DTCAGSM "deontas i gcabhair" neamh-inaisíoctha le RTÉ ó na táillí ceadúnais a bhailítear. Is ionann sin agus an méid a íoctar leis ón DSP chomh maith leis an méid a bhailíonn An Post, glan ar chostais bailiúcháin agus tobhach 7% leis an gCiste Craoltóireachta arna chinneadh ag an Aire Ealaíon, Meán, Cumarsáide, Cultúir agus Spóirt.

Arna fháil a aithnítear ioncam ón Táille Cheadúnais atá iníoctha ag an DSP. Déantar an t-ioncam eile ar fad ón táille cheadúnais a áireamh ar thuairisc a fháil ó An Post ar líon na gceadúnas a ceannaíodh i rith na tréimhse.

## 1. Achoimre ar Fhaisnéis an Pholasaí Cuntasaíochta Ábhartha (ar lean)

**(Ii) Ioncam fógraíochta agus urraíochta**
Aithnítear ioncam fógraíochta teilifíse ar fheachtas a chur i gcrích. Aithnítear an t-ioncam fógraíochta eile go léir ar tharchur/ar fhoilsiú. Luaitear ioncam fógraíochta glan ó choimisiúin gníomhaireachtaí. Aithnítear ioncam urraíochta go cothrom thar shaolré an chláir urraithe, an fhoilseacháin urraithe, srl. Déantar ioncam ó idirbhearta babhtála a thomhas ag luach cóir an earra nó na seirbhíse a fhaightear nó ar a luach airgid nuair a dhéantar creidmheasanna babhtála a aistriú chuig airgead tirim le haon chreidmheas neamhúsáidte a eascraíonn as seachadadh seirbhísí fógraíochta le linn na bliana a aisíoctar mar ioncam fabhraithe ar bhonn luach airgid.

**(iii) Ioncam ó tharchuradóireacht agus ó shaoráidí**
Eascraíonn an t-ioncam ó chúrsaí tarchuradóireachta agus saoráidí ón úsáid a bhaineann an tríú páirtí as craobhchóras tarchuradóireachta, dáileacháin agus ilphléacsúcháin an Ghrúpa agus ó áiseanna stiúideo. Aithnítear suimeanna de réir mar a chuirtear na saoráidí ar fáil do thríú páirtithe.

**(iv) Ioncam ó chiorclaíocht agus imeachtaí**
Ó fhoilsiú agus chiorclaíocht an RTÉ Guide a eascraíonn ioncam ciorclaíochta agus an t-ioncam comhlán a luaitear. Ar bhonn ghlanmhéid na gcóipeanna díolta ag deireadh na tréimhse gearrtha díolacháin gach eagrán a aithnítear ioncam.

Ó imeachtaí poiblí arna n-eagrú ag Ceolfhoireann Coirme RTÉ a eascraíonn ioncam imeachtaí. Aithnítear é de réir mar a thionóltar na himeachtaí agus mar a bhíonn suimeanna dlite.

**(v) Ioncam ó ábhar, earraí díolacháin agus ioncam gaolmhar**
Is ionann ábhar, earraí díolacháin agus ioncam gaolmhar méideanna a ghintear ó ábhar agus seirbhísí RTÉ a chuirtear ar fáil do thríú páirtithe. Aithnítear ioncam de réir mar a chuirtear an tseirbhís ar fáil nó ar earraí a sheachadadh chuig tríú páirtí.

**(c) Tuairisciú deighleoige**
Déantar anailís rannóige, a ullmhaítear de réir chaighdeán *IFRS 8 Rannóga Oibriúcháin*, a leagan amach i nóta 2(d). Is iad na rannáin príomhrannóga tuairiscithe ag RTÉ. Tá anailís rannóige eile mar a éilítear faoin *Acht Craolacháin 2009* leagtha amach i nóta 2(e).

I nóta 2(d), déantar an t-ioncam tráchtála a lua maidir leis an rannán Tráchtála den chuid is mó. Tuairiscítear ioncam 2rn sa rannán Líonraí. Luaitear an t-ioncam ó dhíolachán na cartlainne agus na leabharlainne sa rannán Ábhair. Luaitear ioncam ó sheirbhísí ilphléacsanna a chur ar fáil agus roinnt cineálacha beaga eile ioncaim maidir le réimsí eile.

Is feidhm é tuairisciú an ioncaim ón táille cheadúnais laistigh de gach rannán den ioncam sin a lua le gach cainéal agus seirbhís ar leithligh.

## 1. Achoimre ar Fhaisnéis an Pholasaí Cuntasaíochta Ábhartha (ar lean)

Déantar costais arna dtabhú ag rannán agus ar son rannáin a lua taobh istigh den rannán sin. Baintear leas as bunús cuí ionsúcháin lán-chostais nó leithdháileadh úsáide chun costas réasúnach agus cóir a leagan ar lár-sheirbhísí roinnte agus idir-rannacha a úsáideann na rannáin sin. Bíonn an leithdháileadh bunaithe ar phrionsabail chuntasaíochta an chostais arna gcur i bhfeidhm go seasta agus go hoibiachtúil.

Baineann costas léiriúcháin, coimisiúin agus ceannacháin ar chláracha teilifíse agus raidió le cainéil teilifíse agus raidió saor go haer RTÉ a chur ar fáil. Déantar na costais sin a ghearradh ar na rannáin maidir le hÁbhar agus Nuacht & Cúrsaí Reatha de réir mar is cuí. Ionas gur féidir an costas dáiríre a bhaineann le cainéil teilifíse agus raidió saor go haer RTÉ a chur ar fáil a léiriú go cothrom, ní chionroinntear na costais sin i leith seirbhísí ar líne áit a gcuirtear deiseanna breise ar fáil chun rochtain a fháil ar an ábhar a sholáthraítear. Sa chás go dtarlaíonn costas díreach maidir le cearta ar líne a cheannach nó athúsáid a bhaint as ábhar, nó ábhar a chruthú lena úsáid ar líne go príomha, déantar an costas sin a ghearradh ar sheirbhísí ar líne. Tá RTÉ ag cur lena aschur neamhlíneach agus is ar na hardáin dhigiteacha atá níos mó cláracha á gcraoladh den chéad uair anois agus le haistriú chuig cur chuige ar líne ar dtús i ndáil le clúdach nuachta. Chun an straitéis ar líne ar dtús seo a léiriú, leithroinntear cuid chuí den costas maidir leis an ngnáthbhonneagar bailithe nuachta a leithroinnt ar na seirbhísí ar líne. Sa chás go bhfaightear ábhar d'fhonn a úsáid i gcláracha chraolta agus a úsáid go díreach le seirbhísí ar líne, déantar an costas a bhaineann le hábhar mar sin a fháil a leithdháileadh ag teacht leis na prionsabail leithdháilte costais a leagtar amach thuas.

**(d) Fardail cláracha**
Déantar fardail cláracha a luacháil ag a gcostas nó ag a nglanluach inréadaithe, cibé is lú.

Is ionann fardail cláracha dúchasacha agus cláracha a dhéanann RTÉ intí nó cláracha a dhéanann RTÉ a choimisiúnú ó léiritheoirí neamhspleácha. Áirítear ar chostais stoc cláracha intí costais dhíreacha cláracha lena n-áirítear saoráidí léirithe agus costais lucht oibre. Bíonn costais na stoc cláracha coimisiúnaithe bunaithe ar luach an chonartha. Gearrtar fardail na gcláracha dúchasacha go hiomlán chuig an Ráiteas ar an gcéad tarchur.

Is ionann fardail cláracha faighte agus cláracha agus scannáin a cheannaíonn RTÉ ó stiúideonna agus ó chraoltóirí tríú páirtí. Sainmhínítear costais na bhfardal cláracha faighte mar an luach conartha ceadúnais tríú páirtí a íocann RTÉ leis an stiúideo nó leis an gcraoltóir. Gearrtar fardail cláracha faighte chuig an Ráiteas Ioncaim bunaithe ar luach ionchasach gach tarchur mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Gnéchláracha: | 75% ar an gcéad tarchur |
| | 25% ar an dara tarchur |
| Sraitheanna: | 99% ar an gcéad tarchur |
| | 1% ar an dara tarchur |

Is éard is fardail chearta spóirt ná na cearta imeachtaí spóirt a chraoladh. Sainmhínítear costais na bhfardal cearta spóirt mar an luach conartha a chomhaontaíonn an Grúpa leis an gcomhlacht spóirt cuí nó le sealbhóir na gceart. Sa chás go n-eisíonn RTÉ focheadúnais maidir le cearta spóirt don tríú páirtí, déantar an t-ioncam agus an costas a ghabhann leis sin a lua ar bhonn glan sa Ráiteas Ioncaim. Gearrtar fardail chearta spóirt chuig an Ráiteas Ioncaim de réir mar atá na himeachtaí spóirt a bhaineann leis na cearta á gcraoladh.

## 2. Príomhghníomhaíochtaí agus Faisnéis Rannóige

**(a) Príomhghníomhaíochtaí**

Is eagraíocht neamhbhrabúis é RTÉ. Is í an phríomhghníomhaíocht seirbhíse poiblí aige raon cuimsitheach cainéal agus sceideal teilifíse agus raidió a chraoladh saor go haer, chomh maith le seirbhísí ar líne. Cuirtear deiseanna eile ar fáil le teacht ar ábhar seirbhíse poiblí RTÉ via na cainéil RTÉ One+1, RTÉ2+1 agus RTÉjnr. Déanann na seirbhísí seo freastal ar gach catagóir dhéimeagrafach de shochaí na hÉireann de bharr an réimse leathan aschur agus seánra atá ar fáil, beag beann ar an lucht féachana a tharraingítear go tráchtála de, agus de bharr béim shonrach ar chláracha a dhéantar sa mbaile. Áirítear i measc ghníomhaíochtaí seirbhíse poiblí eile RTÉ Ceolfhoirne RTÉ.

Bíonn an costas ar RTÉ maidir leis na gníomhaíochtaí seirbhíse poiblí sin cuid mhór sa bhreis ar an gciste poiblí a fhaightear i bhfoirm ioncaim ón táille cheadúnais agus ó mhaoiniú eile rialtais. Dá réir sin téann RTÉ i mbun gníomhaíochtaí tráchtála coimhdeacha freisin chun bonn taca breise a chur faoin ngníomhaíocht seirbhíse poiblí. Áirítear ar na bearta tráchtála sin fógraíocht agus urraíocht a dhíol, an *RTÉ Guide* a fhoilsiú agus gníomhaíochtaí tráchtála eile a bhaineann le craolachán.

De réir mar a éilíonn an reachtaíocht, cuireann RTÉ seirbhísí ilphléacs maidir le teilifís dhigiteach trastíre (DTT) ar fáil do chraoltóirí náisiúnta, seirbhísí RTÉ féin ina measc, ag teacht leis na taraifí margaidh foilsithe. Déantar an tseirbhís ilphléacs seo a bhainistiú ar leithligh ó bhainistiú na rannán craolta laistigh de RTÉ. Soláthraíonn RTÉ Transmission Network DAC (ag trádáil mar 2rn), fochuideachta RTÉ, seirbhísí tarchurtha agus dáilte d'oibritheoirí ilphléacs (lena n-áirítear RTÉ) agus do chraoltóirí fuaime náisiúnta agus gar-náisiúnta, lena n-áirítear RTÉ. Cuireann 2rn an líonra tarchurtha ar fáil do chraoltóirí áitiúla freisin agus cuireann spás túir/crainn breise ar fáil ar cíos do raon úsáideoirí neamhchraolacháin tríú páirtí.

Tá RTÉ struchtúrtha faoi na rannáin seo a leanas: Tráchtáil, Ábhar, Nuacht & Cúrsaí Reatha, Lucht Féachana agus Éisteachta, Cainéil agus Margaíocht, Líonra agus na rannáin tacaíochta Oibríochtaí & Seirbhísí Léiriúcháin, Teicneolaíocht & Athchóiriúchán, Acmhainní Daonna agus Airgeadas. Rannán líonra, atá lonnaithe go hiomlán taobh istigh de 2rn, a rinne an bhainistíocht maidir leis an tarchuradóireacht, an dáileachán agus bearta gaolmhara mar a luaitear thuas. Rannán Tráchtála RTÉ a dhéanann an bhainistíocht ar an mbeartaíocht tráchtála uile seachas: na bearta a dhéanann 2rn, seirbhísí ilphléacsanna a chur ar fáil (féach thuas) agus an díolachán maidir le seirbhísí cartlannaíochta agus leabharlannaíochta a thagann faoi bhainistíocht an Rannáin Ábhair. Bunaíodh an rannán Tráchtála de bhun an leagan leasaithe de Pholasaí agus Nós Imeachta Cóirthrádála RTÉ a fhoilsiú ionas gur léire an deighilt idir an bheartaíocht seirbhíse poiblí agus an bheartaíocht tráchtála ag RTÉ. Maidir le gach rannán, déanann an Príomh-Stiúrthóir agus Foireann Ceannaireachta RTÉ athbhreithniú ar thuairiscí na bainistíochta inmheánaí gach mí. Tá liosta mionsonraithe de ghníomhaíochtaí RTÉ de réir an rannáin agus eintitis dhlíthiúil leagtha amach i nóta 19 leis na ráitis airgeadais seo.

Chomh maith leis na rannáin, ritheann RTÉ Ceannáras na Corparáide agus an rannán Corparáideach. Is é a bhaineann le Ceannáras na Corparáide gníomhaíochtaí riaracháin ginearálta agus gníomhaíochtaí eile a thagann chun cinn ar leibhéal eintitis a bhaineann le rialachas RTÉ mar Chraoltóir Seirbhíse Poiblí. Maidir leis an rannán Corparáideach, áirítear gníomhaíochtaí a mbítear ina mbun go lárnach thar ceann na rannán, agus déantar an costas sin a leithdháileadh i gcomhréir leis na prionsabail leithdháilte costas atá leagtha amach i nóta 1(c). Ní dhéantar costas Cheannáras na Corparáide a leithdháileadh chuig rannáin agus déantar é a thuairisciú faoi Gach Mír Eile.

**(b) Faisnéis rannóige agus anailís eile**

Gearrtar seirbhísí tarchurtha agus craolacháin, lena n-áirítear seirbhísí ilphléacs, ar an rannán maidir le Lucht Féachana agus Éisteachta, Cainéil agus Margaíocht ar bhonn na dtaraifí foilsithe. Tugann 2rn sonrasc do RTÉ de réir na taraife foilsithe maidir le soláthar seirbhísí tarchurtha agus leithdháilte mar oibritheoir ilphléacs agus mar chraoltóir fuaime. Gearrtar costais arna dtabhú ag tacú le cainéil teilifíse agus raidió RTÉ ar na cainéil sin ar bhonn na dtaraifí foilsithe. Tuairiscítear gnéithe eile den taraif mar mhír réitithe idir costas mhíreanna intuairiscithe agus an costas iomlán. Déantar seirbhísí eile 2rn a shonrasc ag rátaí margaidh cuí.

## 2. Príomhghníomhaíochtaí agus Faisnéis Rannóige (ar lean)

Déantar idirbhearta idir gníomhaíochtaí ar mhaithe le cuspóirí seirbhíse poiblí RTÉ agus gníomhaíochtaí ar mhaithe le deiseanna tráchtála a bhaint amach ag rátaí an mhargaidh.

Is ionann an fhaisnéis rannóige i nóta 2(d) agus an fhaisnéis lena mbaineann leis na rannáin thuas. Tá anailís rannóige eile mar a éilítear faoin *Acht Craolacháin 2009* leagtha amach i nóta 2(e).

Tugann Nóta 2(e) anailís ar chostas comhlán/glan na ngníomhaíochtaí seirbhíse poiblí agus (easnamh)/barrachas de réir cainéil agus seirbhíse. Ina theannta sin, tugtar costais chomhlána an ábhair dhúchasaigh de réir seánra craolta. Tuairiscítear anailís idir gníomhaíochtaí seirbhíse poiblí agus neamhphoiblí ar bhealach a thagann leis na prionsabail a úsáidtear chun ioncam agus costais mar atá leagtha amach thuas a thuairisciú.

Déantar costais na rannán maidir le Lucht Féachana agus Éisteachta, Cainéil agus Margaíochta, Ábhar agus Nuacht & Cúrsaí Reatha a dháileadh go hiomlán chuig na cainéil teilifíse agus raidió agus seirbhísí ar líne cuí de réir na bprionsabal leithdháilte costais arna leagan amach i nóta 1(c). Déantar costais tacaíochta rannán eile a leithdháileadh chuig na rannán a bhfuil siad mar thaca leo ag úsáid na bprionsabal cuntasaíochta costas cuí.

Déantar na gníomhaíochtaí eile nach mbaineann le cainéil nó le seirbhísí a chomhbhailiú le chéile faoin gcatagóir “Eile” agus áirítear orthu 2rn, seirbhísí ilphléacs a chur ar fáil, *RTÉ Guide* agus gníomhaíochtaí neamh-chainéil.

**(c) Admháil ar an táille cheadúnais agus maoiniú rialtais**
Tá tuairisc mhionsonraithe ar sheirbhísí ag gach seirbhís de chuid RTÉ a thugann soiléiriú ar an tslí a chuireann an cainéal nó an tseirbhís le cuspóirí RTÉ maidir le seirbhís phoiblí.

Ag teacht le gnáthchleachtas i measc eagraíochtaí meán seirbhíse poiblí (PSManna) ar feadh an AE, dáileann RTÉ maoiniú poiblí ar sheirbhísí ar leithligh i gcomhréir le glanchostas na seirbhíse poiblí. Cinntear costas glan seirbhíse poiblí trí ranníoc ó bhearta tráchtála a asbhaint as costas comhlán a bhain leis an tseirbhís phoiblí a sheachadadh.

Áirítear ar an gcostas comhlán seirbhíse poiblí a bhaineann le gach cainéal agus seirbhís de chuid RTÉ na costais a thabhaítear i gcur le chéile agus i seachadadh na seirbhíse. Ní áirítear ann aon chostas a thabhaítear is deiseanna tráchtála á saothrú a bhainfeadh le soláthar na seirbhíse. Leithroinntear na costais sin in aghaidh an ioncaim tráchtála lena mbaineann siad d’fhonn an ranníoc tráchtála a ríomh. Cuirtear barrachais ar ghníomhaíochtaí tráchtála nach mbaineann go díreach le cainéil ar leith nó seirbhís ar leith leis na gníomhaíochtaí seirbhíse poiblí sin a bhfuil sé ar a gcumas ioncam suntasach a ghineadh (RTÉ One, RTÉ Two, RTÉ Radio 1, RTÉ 2fm, seirbhísí ar líne) i gcomhréir le costas comhlán poiblí na seirbhísí.

Déantar ioncam ón táille cheadúnais agus maoiniú rialtais a chur ar dtús i leith na gcainéal seirbhíse poiblí agus na seirbhísí sin ar teoranta an acmhainn atá ag baint leo chun ioncam tráchtála a ghnóthú dá stuaim féin agus a dhéantar a mhaoiniú den chuid is mó dá bhrí sin le hioncam ón táille cheadúnais, mar atá riachtanach, d’fhonn freastal don tseirbhís phoiblí a chur ar fáil go leanúnach. Is iad na seirbhísí atá i gceist Ceolfhoirne RTÉ, RTÉ Raidió na Gaeltachta, RTÉ lyric fm, foráil reachtúil maidir le cláracha a sholáthar do TG4, cainéil bhreise DTT agus cainéil dhigiteacha fuaime (“cainéil eile”), Ceannáras na Corparáide agus costais airgeadais.

Dáiltear an chuid eile den táille cheadúnais agus maoiniú rialtais idir seirbhísí a d’fhéadfadh ioncam suntasach tráchtála a sholáthar i gcomhréir leis an gcostas glan a bhaineann leis na seirbhísí poiblí. Áirítear ar na seirbhísí sin: RTÉ One, RTÉ Two, RTÉ Radio 1, RTÉ 2fm agus seirbhísí ar líne. Ní chuirtear aon ioncam ón táille cheadúnais i leith 2rn, seirbhísí ilphléacs á gcur ar fáil ag RTÉ ná aon chostais a thabhaítear is deiseanna tráchtála á saothrú.

## 2. Príomhghníomhaíochtaí agus Faisnéis Rannóige (ar lean)

### (d) Ioncaim, costais agus barrachas/(easnamh) de réir an Rannáin (oibríochtaí leanúnacha), ag teacht le struchtúr eagrúcháin RTÉ, don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024

| | MÍREANNA INTUAIRISCITHE | | | | | EILE | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | An Rannán Tráchtála €'000 | An Rannán Ábhair €'000 | An Rannán Nuachta & Cúrsaí Reatha €'000 | An Rannán ACM €'000 | An Rannán Líonra €'000 | Gach Mír Eile €'000 | Coigeartuithe Comh-dhlúthaithe* €'000 | Iomlán an Ghrúpa €'000 |
| **Ioncam** | | | | | | | | |
| Ioncam ó fhógraíocht | 111,141 | - | - | - | - | - | (405) | 110,736 |
| Ioncam ó urraíocht | 10,576 | - | - | - | - | - | (19) | 10,557 |
| Ioncam ó shaoráidí | 2,612 | - | - | - | - | 23 | (152) | 2,483 |
| Ioncam ó chiorclaíocht agus imeachtaí | 4,046 | - | - | - | - | - | - | 4,046 |
| Ioncam ó tharchur, crann agus túir | - | - | - | - | 28,883 | - | (17,278) | 11,605 |
| Ioncam ó ábhar, earraí díolacháin agus díolacháin ghaolmhara | 13,785 | 520 | - | - | - | - | - | 14,305 |
| Ioncam tráchtála eile | 431 | - | - | - | - | 3,972 | (40) | 4,363 |
| Ioncam tráchtála | 142,591 | 520 | - | - | 28,883 | 3,995 | (17,894) | 158,095 |
| Dáileadh ioncaim ón táille cheadúnais | - | 133,223 | 42,158 | 42,812 | - | 4,118 | - | 222,311 |
| | **142,591** | **133,743** | **42,158** | **42,812** | **28,883** | **8,113** | **(17,894)** | **380,406** |
| **Costais de réir catagóir aschuir**** | | | | | | | | |
| Costais clár agus aischuir - de réir foinse | | | | | | | | |
| Léiriúcháin intí | - | (144,311) | (60,531) | (748) | - | - | - | (205,590) |
| Cláir choimisiúnaithe | - | (42,657) | - | (330) | - | - | - | (42,987) |
| Cláir de dhéantús na hÉireann | - | (186,968) | (60,531) | (1,078) | - | - | - | (248,577) |
| Cláir a ceannaíodh - in Éirinn | - | (6,005) | - | (1,136) | - | - | - | (7,141) |
| Cláir a ceannaíodh - Thar Lear | - | (17,392) | - | (3,436) | - | - | - | (20,828) |
| | - | (210,365) | (60,531) | (5,650) | - | - | - | (276,546) |
| Gnáthchostais chraolacháin, tarchurtha & aschuir eile | (7,338) | (4,051) | - | (52,221) | (19,160) | (273) | 690 | (82,353) |
| Muirir tharchuir agus chumhachta 2rn | - | - | - | (9,667) | - | (7,611) | 17,278 | - |
| Costais díolacháin | (9,996) | - | - | - | - | - | 131 | (9,865) |
| | **(17,334)** | **(214,416)** | **(60,531)** | **(67,538)** | **(19,160)** | **(7,884)** | **18,099** | **(368,764)** |
| **Ioncam agus costais neamh-leithdháilte** | | | | | | | | |
| Ceannáras na Corparáide | - | - | - | - | - | (6,710) | - | (6,710) |
| Cúrsaí DTT | - | - | - | - | - | (593) | 276 | (317) |
| Ús iníoctha | - | - | - | - | (2,488) | (3,522) | 5 | (6,005) |
| Sócmhainní a dhiúscairt | - | - | 2 | - | - | 4 | - | 6 |
| **Barrachas/(Easnamh) Rannán** | **125,257** | **(80,673)** | **(18,371)** | **(24,726)** | **7,235** | **(10,592)** | **486** | **(1,384)** |
| Glanioncam airgeadais a bhaineann le pinsean sochair shainithe | - | - | - | - | - | 6,667 | - | 6,667 |
| **Barrachas/(Easnamh) roimh cháin ioncaim** | **125,257** | **(80,673)** | **(18,371)** | **(24,726)** | **7,235** | **(3,925)** | **486** | **5,283** |
| Cáin ioncaim | | | | | | | | 249 |
| **Easnamh don bhliain** | | | | | | | | **5,532** |

* Ioncam agus costais neamhthuilleamaí i measc chuideachtaí an Ghrúpa a chur as an áireamh.

** Áirítear ar chostais de réir catagóir aschuir dímheas, amúchadh agus glanmhaoiniú (costais)/ioncam agus ní áirítear costais oibriúcháin Cheannáras na Corparáide.

**Nochtadh Rannóige Breise**

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ioncam tráchtála: | | | | | | | | |
| Custaiméirí seachtracha | 142,015 | 520 | - | - | 11,605 | 3,955 | - | 158,095 |
| Ioncam ó ranna oibriúcháin eile | 576 | - | - | - | 17,278 | 40 | (17,894) | - |
| | 142,591 | 520 | - | - | 28,883 | 3,995 | (17,894) | 158,095 |

Baineann €224.8 milliún d'ioncam iomlán an Ghrúpa le haon chustaiméir amháin de chuid na ranna tuairiscithe go léir.

Áirítear ar na míreanna a bhaineann le hábhar ach nach airgead tirim iad i gcostais intuairiscithe na rannóige:

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Dímheas agus amúchadh | 318 | 4,465 | 2,020 | 3,024 | 5,118 | 72 | (522) | 14,495 |
| Difríocht idir creidmheas pinsin agus ranníocaíochtaí airgid | (6) | (180) | (89) | (48) | 33 | (4) | - | (294) |

## 2. Príomhghníomhaíochtaí agus Faisnéis Rannóige (ar lean)

### d) Ioncaim, costais agus barrachas/(easnamh) de réir an Rannáin (oibríochtaí leanúnacha), ag teacht le struchtúr eagrúcháin RTÉ, don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023

| | MÍREANNA INTUAIRISCITHE | | | | | EILE | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **An Rannán Tráchtála €'000** | **An Rannán Ábhair €'000** | **An Rannán Nuachta & Cúrsaí Reatha €'000** | **An Rannán ACM €'000** | **An Rannán Líonra €'000** | **Gach Mír Eile €'000** | **Coigeartuithe Comh-dhlúthaithe* €'000** | **Iomlán an Ghrúpa €'000** |
| **Ioncam** | | | | | | | | |
| Ioncam ó fhógraíocht | 105,305 | - | - | - | - | - | (541) | 104,764 |
| Ioncam ó urraíocht | 9,789 | - | - | - | - | - | - | 9,789 |
| Ioncam ó shaoráidí | 2,373 | - | - | - | - | 24 | (150) | 2,247 |
| Ioncam ó chiorclaíocht agus imeachtaí | 4,473 | - | - | - | - | - | - | 4,473 |
| Ioncam ó tharchur, crann agus túir | - | - | - | - | 27,608 | - | (16,067) | 11,541 |
| Ioncam ó ábhar, earraí díolacháin agus díolacháin ghaolmhara | 13,088 | 519 | - | - | - | - | - | 13,607 |
| Ioncam tráchtála eile | 63 | - | - | 3 | - | 4,292 | (40) | 4,318 |
| Ioncam tráchtála | 135,091 | 519 | - | 3 | 27,608 | 4,316 | (16,798) | 150,739 |
| Dáileadh ioncaim ón táille cheadúnais | - | 122,013 | 36,632 | 33,886 | - | 765 | - | 193,296 |
| | **135,091** | **122,532** | **36,632** | **33,889** | **27,608** | **5,081** | **(16,798)** | **344,035** |
| **Costais de réir catagóir aschuir**** | | | | | | | | |
| Costais clár agus aischuir - de réir foinse | | | | | | | | |
| Léiriúcháin intí | - | (140,660) | (57,288) | (492) | - | - | - | (198,440) |
| Cláir choimisiúnaithe | - | (45,461) | - | (375) | - | - | - | (45,836) |
| Cláir de dhéantús na hÉireann | - | (186,121) | (57,288) | (867) | - | - | - | (244,276) |
| Cláir a ceannaíodh - in Éirinn | - | (5,159) | - | (273) | - | - | - | (5,432) |
| Cláir a ceannaíodh - Thar Lear | - | (18,462) | - | (2,004) | - | - | - | (20,466) |
| | - | (209,742) | (57,288) | (3,144) | - | - | - | (270,174) |
| Gnáthchostais chraolacháin, tarchurtha & aschuir eile | (7,045) | (4,099) | - | (44,373) | (18,841) | (156) | 707 | (73,807) |
| Muirir tharchuir agus chumhachta 2rn | - | - | - | (10,329) | - | (5,738) | 16,067 | - |
| Costais díolacháin | (9,103) | - | - | - | - | - | 120 | (8,983) |
| | **(16,148)** | **(213,841)** | **(57,288)** | **(57,846)** | **(18,841)** | **(5,894)** | **16,894** | **(352,964)** |
| **Ioncam agus costais eile** | | | | | | | | |
| Ceannáras na Corparáide | - | - | - | - | - | (7,427) | - | (7,427) |
| Cúrsaí DTT | - | - | - | - | - | (765) | 447 | (318) |
| Ús iníoctha | - | - | - | - | (2,428) | 1,255 | 6 | (1,167) |
| Sócmhainní a dhiúscairt | - | - | - | - | 56 | (23) | - | 33 |
| **Barrachas/(Easnamh) Rannán** | **118,943** | **(91,309)** | **(20,656)** | **(23,957)** | **6,395** | **(7,773)** | **549** | **(17,808)** |
| Glanioncam airgeadais a bhaineann le pinsean sochair shainithe | - | - | - | - | - | 7,477 | - | 7,477 |
| **Barrachas/(Easnamh) roimh cháin ioncaim** | **118,943** | **(91,309)** | **(20,656)** | **(23,957)** | **6,395** | **(296)** | **549** | **(10,331)** |
| Cáin ioncaim | | | | | | | | 1,215 |
| **Barrachas don bhliain** | | | | | | | | **(9,116)** |

* Ioncam agus costais neamhthuilleamaí i measc chuideachtaí an Ghrúpa a chur as an áireamh.

** Áirítear ar chostais de réir catagóir aschuir dímheas, amúchadh agus glanmhaoiniú (costais)/ioncam agus ní áirítear costais oibriúcháin Cheannáras na Corparáide.

**Nochtadh Rannóige Breise**

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ioncam tráchtála: | | | | | | | | |
| Custaiméirí seachtracha | 134,400 | 519 | - | 3 | 11,541 | 4,276 | - | 150,739 |
| Ioncam ó ranna oibriúcháin eile | 691 | - | - | - | 16,067 | 40 | (16,798) | - |
| | 135,091 | 519 | - | 3 | 27,608 | 4,316 | (16,798) | 150,739 |

Baineann €195.2 milliún d'ioncam iomlán an Ghrúpa le haon chustaiméir amháin de chuid na ranna tuairiscithe go léir.

Áirítear ar na míreanna a bhaineann le hábhar ach nach airgead tirim iad i gcostais intuairiscithe na rannóige:

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Dímheas agus amúchadh | 255 | 3,563 | 2,004 | 1,308 | 5,217 | 52 | (584) | 11,815 |
| Difríocht idir creidmheas pinsin agus ranníocaíochtaí airgid | (17) | (299) | (144) | (80) | 33 | (5) | - | (512) |

## e) Anailís ar ioncaim, costais agus barrachais/(easnaimh) de réir cainéil, seirbhíse agus seánra craoltóireachta agus idir gníomhaíochtaí seirbhíse poiblí agus neamhphoiblí don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024

| | RTÉ One €'000 | RTÉ2 €'000 | RTÉ Radio 1 €'000 | RTÉ 2fm €'000 | RTÉ lyric fm €'000 | RTÉ RnaG €'000 | Tacaíocht TG4 €'000 | Ceolfhoirne RTÉ €'000 | Ceannáras na Corparáide €'000 | Maidir le DTT €'000 | Seirbhísí Ar Líne €'000 | Cainéil Eile €'000 | Eile €'000 | Coigeartuithe Coigeartuithe €'000 | Lagú Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **GNÍOMHAÍOCHTAÍ SEIRBHÍSE POIBLÍ** | | | | | | | | | | | | | | | |
| Costais clár a dhéantar in Éirinn | | | | | | | | | | | | | | | |
| Léiriúcháin intí | (77,505) | (51,094) | (28,725) | (5,535) | (3,845) | (10,628) | (6,267) | (7,037) | - | - | (14,089) | (865) | - | - | (205,590) |
| Cláir choimisiúnaithe | (27,331) | (10,711) | (1,348) | (54) | (243) | (158) | (1,541) | - | - | - | (330) | (1,271) | - | - | (42,987) |
| | **(104,836)** | **(61,805)** | **(30,073)** | **(5,589)** | **(4,088)** | **(10,786)** | **(7,808)** | **(7,037)** | **-** | **-** | **(14,419)** | **(2,136)** | **-** | **-** | **(248,577)** |
| **Costais clár - de réir seánra** | | | | | | | | | | | | | | | |
| Na hEalaíona | (973) | - | (2,047) | - | (280) | (124) | - | - | - | - | - | - | - | - | (3,424) |
| Reiligiún | (2,642) | - | (236) | - | - | (132) | - | - | - | - | - | - | - | - | (3,010) |
| Fíorasach eile | (25,546) | (3,087) | (3,445) | (36) | (115) | (1,306) | (108) | - | - | - | (37) | - | - | - | (33,680) |
| Cláir Fhíorasacha | (29,161) | (3,087) | (5,728) | (36) | (395) | (1,562) | (108) | - | - | - | (37) | - | - | - | (40,114) |
| Drámaíocht | (18,231) | (675) | (697) | - | - | (2) | (360) | - | - | - | (71) | - | - | - | (20,036) |
| Siamsaíocht | (18,771) | (1,985) | (3,160) | (2,605) | (455) | (740) | - | - | - | - | (1,833) | - | - | - | (29,549) |
| Ceol | (815) | (445) | (1,797) | (1,858) | (2,821) | (1,821) | - | (7,037) | - | - | - | (864) | - | - | (17,458) |
| Nuacht, Cúrsaí Reatha agus Aimsir | (36,103) | - | (15,873) | (572) | (371) | (5,266) | (5,689) | - | - | - | (10,491) | - | - | - | (74,365) |
| Spórt | (1,434) | (52,072) | (2,818) | (518) | - | (1,203) | (1,522) | - | - | - | (1,930) | - | - | - | (61,497) |
| Daoine Óga | (321) | (3,541) | - | - | (46) | (192) | (129) | - | - | - | (57) | (1,272) | - | - | (5,558) |
| Cláir de dhéantús na hÉireann | **(104,836)** | **(61,805)** | **(30,073)** | **(5,589)** | **(4,088)** | **(10,786)** | **(7,808)** | **(7,037)** | **-** | **-** | **(14,419)** | **(2,136)** | **-** | **-** | **(248,577)** |
| Cláir a ceannaíodh | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Éire | (5,720) | (189) | - | - | - | - | - | - | - | - | (1,136) | (96) | - | - | (7,141) |
| - Thar lear | (11,646) | (5,433) | - | - | - | - | - | - | - | - | (3,436) | (313) | - | - | (20,828) |
| Gnáthchostais chraolacháin, tarchurtha agus aschuir eile | (15,984) | (11,356) | (5,780) | (4,611) | (712) | (550) | (11) | (128) | (6,710) | (593) | (11,713) | (1,091) | (3,823) | 298 | (62,764) |
| Muirir tharchuir agus chumhachta 2rn | (974) | (1,024) | (1,498) | (1,359) | (1,366) | (1,359) | - | - | - | - | - | (2,087) | - | - | (9,667) |
| Glan Ús iníoctha | - | - | - | - | - | - | - | - | (3,522) | - | - | - | - | - | (3,522) |
| Glanioncam airgeadais a bhaineann le pinsean sochair shainithe | - | - | - | - | - | - | - | - | 6,667 | - | - | - | - | - | 6,667 |
| **Costas Comhlán Ghníomhaíochtaí na Seirbhíse Poiblí** | **(139,160)** | **(79,807)** | **(37,351)** | **(11,559)** | **(6,166)** | **(12,695)** | **(7,819)** | **(7,165)** | **(3,565)** | **(593)** | **(30,704)** | **(5,723)** | **(3,823)** | **298** | **(345,832)** |
| **Barrachas ar Ghníomhaíochtaí Tráchtála** | **56,860** | **22,413** | **15,009** | **6,713** | **760** | **474** | **-** | **1,390** | **40** | **-** | **10,386** | **-** | **14,571** | **188** | **128,804** |
| **Dáileadh ar Ranníoc ó Ghníomhaíochtaí Seirbhíse Neamhphoiblí nach mBaineann go Sonrach le Cainéal** | **6,791** | **3,895** | **1,823** | **564** | **-** | **-** | **-** | **-** | **-** | **-** | **1,498** | **-** | **(14,571)** | **-** | **-** |
| **Glanchostas Gníomhaíochtaí Seirbhíse Poiblí roimh Dháileadh ar Mhaoiniú Poiblí** | (75,509) | (53,499) | (20,519) | (4,282) | (5,406) | (12,221) | (7,819) | (5,775) | (3,525) | (593) | (18,820) | (5,723) | (3,823) | 486 | (217,028) |
| **Maoiniú Poiblí** | | | | | | | | | | | | | | | |
| Dáileadh ioncaim ón táille cheadúnais | 77,608 | 54,985 | 21,089 | 4,401 | 5,406 | 12,221 | 7,819 | 5,775 | 3,525 | 593 | 19,343 | 5,723 | 3,823 | - | 222,311 |
| **Barrachas roimh cháin ioncaim** | **2,099** | **1,486** | **570** | **119** | **-** | **-** | **-** | **-** | **-** | **-** | **523** | **-** | **-** | **486** | **5,283** |
| Cáin ioncaim | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | 249 | - | 249 |
| **Barrachas don bhliain** | **2,099** | **1,486** | **570** | **119** | **-** | **-** | **-** | **-** | **-** | **-** | **523** | **-** | **249** | **486** | **5,532** |

Áirítear ar ioncam tráchtála seachtrach €2.6 milliún ó dhíolachán lasmuigh de Phoblacht na hÉireann, ioncam a rinneadh go príomha sa RA. Tá €0.2 milliún atá lonnaithe lasmuigh de Phoblacht na hÉireann san áireamh sna sócmhainní iomlána in 2024 (2023: €0.3 milliún).

## 2. Príomhghníomhaíochtaí agus Faisnéis Rannóige (ar lean)

### e) Anailís ar ioncaim, costais agus barrachais/(easnaimh) de réir cainéil, seirbhíse agus seánra craoltóireachta agus idir gníomhaíochtaí seirbhíse poiblí agus neamhphoiblí don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023

| | RTÉ One €'000 | RTÉ2 €'000 | RTÉ Radio 1 €'000 | RTÉ 2fm €'000 | RTÉ lyric fm €'000 | RTÉ RnaG €'000 | Tacaíocht TG4 €'000 | Ceolfhoirne RTÉ €'000 | Ceannáras na Corparáide €'000 | Maidir le DTT €'000 | Seirbhísí Ar Líne €'000 | Cainéil Eile €'000 | Eile €'000 | Coigeartuithe Coigeartuithe €'000 | Lagú Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **GNÍOMHAÍOCHTAÍ SEIRBHÍSE POIBLÍ** | | | | | | | | | | | | | | | |
| Costais clár a dhéantar in Éirinn | | | | | | | | | | | | | | | |
| Léiriúcháin intí | (79,064) | (45,517) | (26,857) | (5,457) | (3,786) | (10,196) | (6,149) | (7,408) | - | - | (13,122) | (884) | - | - | (198,440) |
| Cláir choimisiúnaithe | (30,729) | (10,821) | (1,157) | (35) | (140) | (184) | (1,429) | - | - | - | (364) | (977) | - | - | (45,836) |
| | (109,793) | (56,338) | (28,014) | (5,492) | (3,926) | (10,380) | (7,578) | (7,408) | - | - | (13,486) | (1,861) | - | - | (244,276) |
| **Costais clár - de réir seánra** | | | | | | | | | | | | | | | |
| Na hEalaíona | (1,552) | - | (1,875) | - | (169) | (92) | - | - | - | - | - | - | - | - | (3,688) |
| Reiligiún | (2,466) | - | (239) | - | - | (144) | - | - | - | - | - | - | - | - | (2,849) |
| Fíorasach eile | (25,912) | (2,953) | (3,317) | - | (143) | (1,363) | (111) | - | - | - | (363) | - | - | - | (34,162) |
| Cláir Fhíorasacha | (29,930) | (2,953) | (5,431) | - | (312) | (1,599) | (111) | - | - | - | (363) | - | - | - | (40,699) |
| Drámaíocht | (21,660) | (575) | (658) | - | - | (2) | (360) | - | - | - | (70) | - | - | - | (23,325) |
| Siamsaíocht | (22,263) | (2,004) | (2,909) | (2,699) | (424) | (624) | 10 | - | - | - | (1,248) | - | - | - | (32,161) |
| Ceol | (745) | (421) | (1,436) | (1,827) | (2,812) | (1,836) | - | (7,408) | - | - | - | (884) | - | - | (17,369) |
| Nuacht, Cúrsaí Reatha agus Aimsir | (33,811) | - | (15,106) | (559) | (346) | (4,939) | (5,636) | - | - | - | (9,910) | - | - | - | (70,307) |
| Spórt | (1,384) | (46,134) | (2,474) | (407) | - | (1,155) | (1,424) | - | - | - | (1,833) | - | - | - | (54,811) |
| Daoine Óga | - | (4,251) | - | - | (32) | (225) | (57) | - | - | - | (62) | (977) | - | - | (5,604) |
| Cláir de dhéantús na hÉireann | (109,793) | (56,338) | (28,014) | (5,492) | (3,926) | (10,380) | (7,578) | (7,408) | - | - | (13,486) | (1,861) | - | - | (244,276) |
| Cláir a ceannaíodh | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Éire | (4,679) | (407) | - | - | - | - | - | - | - | - | (273) | (73) | - | - | (5,432) |
| - Thar lear | (11,295) | (6,775) | - | - | - | - | - | - | - | - | (2,004) | (392) | - | - | (20,466) |
| Gnáthchostais chraolacháin, tarchurtha agus aschuir eile | (12,434) | (9,537) | (5,272) | (4,499) | (600) | (441) | (8) | (101) | (7,427) | (765) | (10,368) | (749) | (3,990) | 447 | (55,744) |
| Muirir tharchuir agus chumhachta 2rn | (1,206) | (1,295) | (1,646) | (1,221) | (1,229) | (1,221) | - | - | - | - | - | (2,511) | - | - | (10,329) |
| Glan Ús iníoctha | - | - | - | - | - | - | - | - | 1,255 | - | - | - | - | - | 1,255 |
| Glanioncam airgeadais a bhaineann le pinsean sochair shainithe | - | - | - | - | - | - | - | - | 7,477 | - | - | - | - | - | 7,477 |
| **Costas Comhlán Ghníomhaíochtaí na Seirbhíse Poiblí** | **(139,407)** | **(74,352)** | **(34,932)** | **(11,212)** | **(5,755)** | **(12,042)** | **(7,586)** | **(7,509)** | **1,305** | **(765)** | **(26,131)** | **(5,586)** | **(3,990)** | **447** | **(327,515)** |
| **Barrachas ar Ghníomhaíochtaí Tráchtála** | **54,484** | **21,922** | **15,255** | **6,485** | **748** | **-** | **-** | **1,543** | **34** | **-** | **8,002** | **-** | **15,313** | **102** | **123,888** |
| **Dáileadh ar Ranníoc ó Ghníomhaíochtaí Seirbhíse Neamhphoiblí nach mBaineann go Sonrach le Cainéal** | **7,463** | **3,981** | **1,870** | **600** | **-** | **-** | **-** | **-** | **-** | **-** | **1,399** | **-** | **(15,313)** | **-** | **-** |
| **Glanchostas Gníomhaíochtaí Seirbhíse Poiblí roimh Dháileadh ar Mhaoiniú Poiblí** | (77,460) | (48,449) | (17,807) | (4,127) | (5,007) | (12,042) | (7,586) | (5,966) | 1,339 | (765) | (16,730) | (5,586) | (3,990) | 549 | (203,627) |
| **Maoiniú Poiblí** | | | | | | | | | | | | | | | |
| Dáileadh ioncaim ón táille cheadúnais | 71,709 | 44,852 | 16,485 | 3,820 | 5,007 | 12,042 | 7,586 | 5,966 | - | 765 | 15,488 | 5,586 | 3,990 | - | 193,296 |
| **Easnamh roimh cháin ioncaim** | **(5,751)** | **(3,597)** | **(1,322)** | **(307)** | **-** | **-** | **-** | **-** | **1,339** | **-** | **(1,242)** | **-** | **-** | **549** | **(10,331)** |
| Cáin ioncaim | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | 1,215 | - | 1,215 |
| **(Easnamh)/Barrachas don bhliain** | **(5,751)** | **(3,597)** | **(1,322)** | **(307)** | **-** | **-** | **-** | **-** | **1,339** | **-** | **(1,242)** | **-** | **1,215** | **549** | **(9,116)** |

Áirítear ar ioncam tráchtála seachtrach €1.7 milliún ó dhíolachán lasmuigh de Phoblacht na hÉireann, ioncam a gineadh go príomha sa RA. Tá €0.3 milliún atá lonnaithe lasmuigh de Phoblacht na hÉireann san áireamh sna sócmhainní iomlána in 2023 (2022: €0.4 milliún).

## 2. Príomhghníomhaíochtaí agus Faisnéis Rannóige (ar lean)

### (f) Anailís ar ioncam

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| Ioncam tráchtála | **158,095** | 150,739 |
| Táille ceadúnais agus maoiniú rialtais | **222,311** | 193,296 |
| | **380,406** | 344,035 |

Maidir leis an bhfigiúr ioncaim tráchtála, tuilleadh thart ar €911k (2023: €1,297K) de trí thrádáil le gníomhaireachtaí babhtála.

### (g) Anailís ar tháillí líonra maidir le seirbhísí uile RTÉ

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| RTÉ One | **974** | 1,206 |
| RTÉ2 | **1,024** | 1,295 |
| RTÉ Radio 1 | **1,498** | 1,646 |
| RTÉ 2fm | **1,359** | 1,221 |
| RTÉ lyric fm | **1,366** | 1,229 |
| RTÉ Raidió na Gaeltachta | **1,359** | 1,221 |
| Eile | **2,087** | 2,511 |
| | **9,667** | 10,329 |

### 3. Costais oibriúcháin (roimh dhímheas, amúchadh agus gnóthachtáil ar shócmhainní a dhiúscairt)

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| Costais maidir le Fostaithe (nóta 6) | **161,115** | 156,875 |
| Costais eile a bhaineann le pearsanra (conraitheoirí san áireamh) | **16,378** | 26,914 |
| Costais Oibríochta a bhaineann le Pearsanra | **177,493** | 183,789 |
| | | |
| Costais na gcláracha coimisiúnaithe go díreach | **38,846** | 42,295 |
| Costais na gcláracha ceannaithe go díreach | **28,579** | 25,725 |
| Cóipcheart maidir le spóirt agus cúrsaí eile | **28,956** | 26,542 |
| Áitreabh agus trealamh | **17,170** | 9,303 |
| Ríomhaireacht | **12,158** | 9,954 |
| Conarthaí maidir le craoladh seachtrach | **7,363** | 7,342 |
| Ciorcaid chumarsáide | **2,955** | 2,631 |
| Fuinneamh Ginearálta lena n-áirítear leictreachas don Líonra | **5,331** | 4,955 |
| Ceadúnais cheoil | **8,582** | 7,875 |
| Polasaithe árachais | **1,922** | 2,036 |
| Taisteal agus Cothabháil na foirne | **3,603** | 3,358 |
| Costais a bhaineann le díol, margaíocht agus cur chun cinn | **4,985** | 3,774 |
| Costais eile tríú páirtí | **24,278** | 19,757 |
| Costais Oibriúcháin nach mbaineann le pearsanra roimh dhímheas agus amúchadh | **184,728** | 165,547 |
| **Iomlán na gCostas Oibriúcháin (roimh dhímheas, amúchadh)** | **362,221** | 349,336 |

As na costais oibriúcháin thuas, rinneadh €nialas (2023: €218k) a shocrú trí chreidmheasanna trádála le gníomhaireachtaí babhtála.

## 4. (Ioncam)/Caiteachas Airgeadais

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| Ioncam ó ús ar shuimeanna taisce sa bhanc | **(1,497)** | (1,720) |
| Gnóthachain luach cóir ar ionstraimí airgeadais díorthaigh nach sonraítear mar fhálúchán maidir le sreabhadh airgid | **(438)** | (62) |
| Infheistíocht i gComhfhiontar | **(487)** | (381) |
| Ioncam Airgeadais | **(2,422)** | (2,163) |
| Ioncam ó ús maidir le sócmhainní scéime (nóta 20) | **(37,774)** | (42,475) |
| Costas úis maidir le dliteanais scéime (nóta 20) | **31,107** | 34,998 |
| Glanioncam airgeadais a bhaineann le pinsean sochair shainithe | **(6,667)** | (7,477) |
| **Ioncam ó ghnóthaí airgeadais a aithnítear sa Ráiteas Ioncaim** | **(9,089)** | (9,640) |
| Ús agus costais airgeadais maidir le hiasachtaí | **2,881** | 2,779 |
| Muirear airgeadais - léasú | **77** | 80 |
| Díscaoileadh na lascaine ar chostais athstruchtúraithe (nóta 18) | **32** | 29 |
| Lascaine ar sholáthar a leachtú (nóta 18) | **4,512** | - |
| **Costas Airgeadais a aithnítear sa Ráiteas Ioncaim** | **7,502** | 2,888 |

## 5. Barrachas/(easnamh) roimh Cháin Ioncaim

**(a) Áirítear na suimeanna seo a leanas sa bharrachas/(easnamh) roimh cháin ioncaim:**

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| Ioncam ón Táille Cheadúnais agus maoiniú rialtais | | |
| - Deontas i gcabhair ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán | **222,311** | 193,296 |
| Glandímheas agus amúchadh | | |
| - Dímheas maidir le maoin, innealra agus trealamh | **9,896** | 9,733 |
| - Dímheas maidir le sócmhainní a bhfuil ceart ar úsáid faighte ina leith | **738** | 753 |
| - Amúchadh sócmhainní deontaschabhraithe | **(382)** | (382) |
| - Amúchadh maidir le sócmhainní doláimhsithe | **4,243** | 1,711 |
| | **14,495** | 11,815 |
| Costais oibriúcháin | | |
| - Gnóthachan ar mhalairt eachtrach | **(722)** | (377) |
| - Ioncam deontais eile a fuarthas (nóta 24) | **(1,502)** | (2,209) |
| - Gnóthachan ar mhaoin, innealra, trealamh agus sócmhainní doláimhsithe a dhiúscairt | **(6)** | (33) |

## 5. Barrachas/(easnamh) roimh Cháin Ioncaim (ar lean)

**(b) Luach Saothair na nIniúchóirí:**

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| **Grúpa** | | |
| Iniúchadh ar na ráitis airgeadais (lena n-áirítear costais) | **175** | 161 |
| Seirbhísí dearbhúcháin eile | **106** | 83 |
| | **281** | 244 |

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| **RTÉ** | | |
| Iniúchadh ar na ráitis airgeadais (lena n-áirítear costais) | **149** | 135 |
| Seirbhísí dearbhúcháin eile | **61** | 53 |
| | **210** | 188 |

**(c) Luach Saothair na Stiúrthóirí:**

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| Táillí | **168** | 169 |
| Luach saothair eile, ranníocaíochtaí sochar scoir san áireamh | **340** | 331 |
| | **508** | 500 |

Ní áirítear sna suimeanna a léirítear mar luach saothair na stiúrthóirí thuas ach na suimeanna a íocadh le comhaltaí an Bhoird le linn dóibh a gcuid dualgas mar chomhaltaí den Bhord a chomhlíonadh agus tuarastal an Phríomh-Stiúrthóra. Ní áirítear iontu tuarastal an fhostaí ar comhalta Boird é.

Is féidir tuilleadh mionsonraí ar tháillí Boird a fháil sa chuid ar Rialachas Corparáideach.

## 6. Eolas maidir le Fostaithe

Seo a leanas na costais a bhain le foireann an Ghrúpa i rith na bliana:

| | 2024<br>€'000 | 2023<br>€'000 |
|---|---|---|
| Pá agus tuarastail | **132,717** | 130,216 |
| Costais leasa shóisialaigh | **12,929** | 12,123 |
| Costais phinsin agus árachais saoil | **15,469** | 14,536 |
| | **161,115** | 156,875 |

Seo a leanas líon iomlán na bhfostaithe lánaimseartha, páirtaimseartha, agus ócáideacha an Ghrúpa amhail an 31 Nollaig agus a gcomhionann lánaimseartha (FTE):

| | Líon na bhfostaithe | | FTEnna | |
|---|---|---|---|---|
| | 2024 | 2023 | 2024 | 2023 |
| Grúpa RTÉ | **1,853** | 1,836 | **1,740** | 1,734 |

Seo a leanas meánlíon bliantúil na bhfostaithe lánaimseartha, páirtaimseartha, agus ócáideacha i rith na bliana:

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| Meánlíon na bhfostaithe lánaimseartha | **1,629** | 1,637 |
| Meánlíon na bhfostaithe páirtaimseartha | **136** | 130 |
| Meánlíon na bhfostaithe ócáideacha | **71** | 85 |
| Grúpa RTÉ | **1,836** | 1,852 |

## 7. Cáin Ioncaim

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| **Costas Cánach Reatha** | | |
| An bhliain reatha | **780** | 25 |
| Tearcsholáthar ón mbliain roimhe | **-** | 59 |
| | **780** | 84 |
| **Creidmheas Cánach Iarchurtha** | | |
| Bunús agus aischeartú maidir le difríochtaí sealadacha agus caillteanais (nóta 21) | **(1,029)** | (1,299) |
| **Iomlán an Chreidmheasa Cánach Ioncaim** | **(249)** | (1,215) |

### Réiteach an Ráta Cánach Éifeachtaigh

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| Barrachas/(Easnamh) roimh cháin ioncaim | **5,283** | (10,331) |
| Barrachas/(Easnamh) roimh cháin ioncaim méadaithe faoi 12.5%, an gnáthráta cánach corparáide in Éirinn (2023: 12.5%) | **660** | (1,291) |
| Tionchar: | | |
| Cáin shiarchoinneálach | **-** | 25 |
| Difríochtaí uainiúcháin maidir le pinsin | **(874)** | (977) |
| Difríochtaí eile | **(352)** | 716 |
| Costais neamhcheadaithe | **317** | 312 |
| **Iomlán an Chreidmheasa Cánach Ioncaim** | **(249)** | (1,215) |
| **Cáin Iarchurtha a Aithnítear go díreach in Ioncam Cuimsitheach Eile** | | |
| Ag baint le sócmhainn pinsin (nóta 21) | **470** | 1,008 |

Tá caillteanas trádála a thugtar ar aghaidh chun críche cánach is ionann is €663 milliún ag an ngrúpa amhail an 31 Nollaig 2024 (2023: €663 milliún). Mar gheall ar an éiginnteacht a bhaineann leis an tráth a mbainfí leas dáiríre as na caillteanais seo, níor aithníodh ach sócmhainn chánach iarchurtha €24.9 milliún (2023: €23.6 milliún) maidir le cáin iarchurtha neamhaitheanta ar chaillteanais a tugadh ar aghaidh ag €58.0 milliún (2023: €59.3 milliún) nach n-aithnítear mar nach bhfuil dóthain fianaise ann go ndéanfar iad a réadú sa todhchaí intuartha.

## 8. Maoin, Innealra agus Trealamh

| Grúpa | Talamh agus foirgnimh (faoi Úinéireacht) €'000 | Talamh agus foirgnimh (ar Léas) €'000 | Innealra agus trealamh €'000 | Fearais agus feistis €'000 | Tionscadail chaipitil atá ar bun €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | | | |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2023 | 68,337 | 5,658 | 165,110 | 2,058 | 17,573 | 258,736 |
| Suimeanna Breise | - | - | - | - | 10,368 | 10,368 |
| Suimeanna Athrangaithe | 1,314 | 1,329 | 14,422 | 173 | (17,238) | - |
| Diúscairt agus scor | (45) | (303) | (10,074) | - | (224) | (10,646) |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2023 | 69,606 | 6,684 | 169,458 | 2,231 | 10,479 | 258,458 |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2024 | 69,606 | 6,684 | 169,458 | 2,231 | 10,479 | 258,458 |
| Suimeanna Breise | - | - | - | - | 11,780 | 11,780 |
| Suimeanna Athrangaithe | 198 | 623 | 10,690 | 300 | (13,724) | (1,913) |
| Diúscairt agus scor | (26) | (808) | (2,812) | (33) | (1,662) | (5,341) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2024** | **69,778** | **6,499** | **177,336** | **2,498** | **6,873** | **262,984** |
| **Dímheas** | | | | | | |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2023 | 61,096 | 2,247 | 135,246 | 2,002 | - | 200,591 |
| Dímheas don bhliain | 1,055 | 753 | 8,591 | 87 | - | 10,486 |
| Diúscairt agus scor | (45) | (303) | (10,045) | - | - | (10,393) |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2023 | 62,106 | 2,697 | 133,792 | 2,089 | - | 200,684 |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2024 | 62,106 | 2,697 | 133,792 | 2,089 | - | 200,684 |
| Dímheas don bhliain | 1,498 | 738 | 8,290 | 108 | - | 10,634 |
| Diúscairt agus scor | (26) | (808) | (2,812) | (33) | - | (3,679) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2024** | **63,578** | **2,627** | **139,270** | **2,164** | **-** | **207,639** |
| **Glanluach Leabhar** | | | | | | |
| Amhail an 31 Nollaig 2023 | 7,500 | 3,987 | 35,666 | 142 | 10,479 | 57,774 |
| **Amhail an 31 Nollaig 2024** | **6,200** | **3,872** | **38,066** | **334** | **6,873** | **55,345** |

Déanann an Grúpa roinnt sócmhainní a léasú, talamh agus foirgnimh san áireamh. Is é 8 mbliana an meántéarma léasa (2023: 8 mbliana).

I 2024 rinneadh athaicmiú ar €1.9 milliún de shócmhainní tosaigh ó mhaoin, innealra agus trealamh go sócmhainní doláimhsithe, féach nóta 9.

## 8. Maoin, Innealra agus Trealamh (ar lean)

| RTÉ | Talamh agus foirgnimh (faoi Úinéireacht) €'000 | Talamh agus foirgnimh (ar Léas) €'000 | Innealra agus trealamh €'000 | Fearais agus feistis €'000 | Tionscadail chaipitil atá ar bun €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | | | |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2023 | 56,152 | 3,399 | 66,748 | 1,859 | 14,263 | 142,421 |
| Suimeanna Breise | - | - | - | - | 5,014 | 5,014 |
| Suimeanna Athrangaithe | 1,224 | 59 | 9,517 | 173 | (10,973) | - |
| Diúscairt agus scor | (45) | - | (3,579) | - | (179) | (3,803) |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2023 | 57,331 | 3,458 | 72,686 | 2,032 | 8,125 | 143,632 |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2024 | 57,331 | 3,458 | 72,686 | 2,032 | 8,125 | 143,632 |
| Suimeanna Breise | - | - | - | - | 8,532 | 8,532 |
| Suimeanna Athrangaithe | 164 | 623 | 7,801 | 300 | (10,801) | (1,913) |
| Diúscairt agus scor | - | (808) | (732) | (33) | (1,662) | (3,235) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2024** | **57,495** | **3,273** | **79,755** | **2,299** | **4,194** | **147,016** |
| **Dímheas** | | | | | | |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2023 | 53,423 | 1,199 | 65,468 | 1,816 | - | 121,906 |
| Dímheas don bhliain | 663 | 439 | 4,317 | 74 | - | 5,493 |
| Diúscairt agus scor | (45) | 0 | (3,551) | 0 | - | (3,596) |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2023 | 54,041 | 1,638 | 66,234 | 1,890 | - | 123,803 |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2024 | 54,041 | 1,638 | 66,234 | 1,890 | - | 123,803 |
| Dímheas don bhliain | 1,149 | 446 | 3,983 | 107 | - | 5,685 |
| Diúscairt agus scor | - | (808) | (732) | (33) | - | (1,573) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2024** | **55,190** | **1,276** | **69,485** | **1,964** | **-** | **127,915** |
| **Glanluach Leabhar** | | | | | | |
| Amhail an 31 Nollaig 2023 | 3,290 | 1,820 | 6,452 | 142 | 8,125 | 19,829 |
| **Amhail an 31 Nollaig 2024** | **2,305** | **1,997** | **10,270** | **335** | **4,194** | **19,101** |

Déanann an Grúpa roinnt sócmhainní a léasú, foirgnimh éagsúla san áireamh. Is é 5 bliana an meántéarma léasa (2023: 5 bliana).

## 9. Sócmhainní Doláimhsithe

| Grúpa | Bogearraí €'000 | Tionscadail bogearraí atá ar bun €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|
| **Costas** | | | |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2023 | 16,768 | 2,477 | 19,245 |
| Suimeanna Breise | - | 3,326 | 3,326 |
| Suimeanna Athrangaithe | 4,087 | (4,087) | - |
| Lagú | - | (204) | (204) |
| Diúscairt agus scor | (2,130) | - | (2,130) |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2023 | 18,725 | 1,512 | 20,237 |
| | | | |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2024 | 18,725 | 1,512 | 20,237 |
| Suimeanna Breise | - | 937 | 937 |
| Suimeanna Athrangaithe | 2,234 | (321) | 1,913 |
| Lagú | - | (284) | (284) |
| Diúscairt agus scor | (28) | - | (28) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2024** | **20,931** | **1,844** | **22,775** |
| | | | |
| **Amúchadh agus caillteanas lagaithe** | | | |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2023 | 14,993 | - | 14,993 |
| Amúchadh i leith na bliana | 1,711 | - | 1,711 |
| Diúscairt agus scor | (2,130) | - | (2,130) |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2023 | 14,574 | - | 14,574 |
| | | | |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2024 | 14,574 | - | 14,574 |
| Amúchadh i leith na bliana | 4,243 | - | 4,243 |
| Diúscairt agus scor | (28) | - | (28) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2024** | **18,789** | **-** | **18,789** |
| | | | |
| **Glanluach Leabhar** | | | |
| Amhail an 31 Nollaig 2023 | 4,151 | 1,512 | 5,663 |
| | | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2024** | **2,142** | **1,844** | **3,986** |

I 2024 rinneadh athaicmiú ar €1.9 milliún de shócmhainní tosaigh ó mhaoin, innealra agus trealamh go sócmhainní doláimhsithe, féach nóta 8.

## 9. Sócmhainní Doláimhsithe (ar lean)

| RTÉ | Bogearraí €'000 | Tionscadail bogearraí atá ar bun €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|
| **Costas** | | | |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2023 | 16,048 | 2,476 | 18,524 |
| Suimeanna Breise | - | 3,328 | 3,328 |
| Suimeanna Athrangaithe | 4,087 | (4,087) | - |
| Lagú | - | (204) | (204) |
| Diúscairt agus scor | (2,130) | - | (2,130) |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2023 | 18,005 | 1,513 | 19,518 |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2024 | 18,005 | 1,513 | 19,518 |
| Suimeanna Breise | - | 875 | 875 |
| Suimeanna Athrangaithe | 2,171 | (258) | 1,913 |
| Lagú | - | (284) | (284) |
| Diúscairt agus scor | (28) | - | (28) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2024** | **20,148** | **1,846** | **21,994** |
| **Amúchadh agus caillteanas lagaithe** | | | |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2023 | 14,361 | - | 14,361 |
| Amúchadh i leith na bliana | 1,686 | - | 1,686 |
| Diúscairt agus scor | (2,129) | - | (2,129) |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2023 | 13,918 | - | 13,918 |
| **Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2024** | 13,918 | - | 13,918 |
| Amúchadh i leith na bliana | 4,212 | - | 4,212 |
| Diúscairt agus scor | (28) | - | (28) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2024** | **18,102** | **-** | **18,102** |
| **Glanluach Leabhar** | | | |
| Amhail an 31 Nollaig 2023 | 4,087 | 1,513 | 5,600 |
| **Amhail an 31 Nollaig 2024** | **2,046** | **1,846** | **3,892** |

## 10. Fardail

| | Grúpa | | RTÉ | |
|---|---|---|---|---|
| | 2024 €'000 | 2023 €'000 | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
| **Obair atá idir lámha** | | | | |
| Cláracha intí | **441** | 449 | **411** | 418 |
| Cláracha coimisiúnaithe | **23,269** | 17,153 | **23,269** | 17,153 |
| **Cláracha críochnaithe** | | | | |
| Cláracha agus scannáin cheannaithe | **8,481** | 7,883 | **8,481** | 7,883 |
| Cláracha intí | **250** | 215 | **250** | 215 |
| Fardail eile | **91** | 176 | **-** | - |
| Sócmhainní á gcoinneáil lena nDíol arís | **-** | 138 | **-** | 138 |
| | **32,532** | 26,014 | **32,411** | 25,807 |

B'ionann luach iomlán na bhfardal a ídíodh i rith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2024 agus €85.0 milliún (2023: €86.8 milliún).

Baineann fardail eile le páipéar priontála atá ar láimh maidir leis an *RTÉ Guide*.

## 11. Trádáil agus Nithe Infhaighte eile, Réamhíocaíochtaí agus Ioncam Fabhraithe

| | Grúpa | | RTÉ | |
|---|---|---|---|---|
| | 2024 €'000 | 2023 €'000 | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | | |
| Nithe infhaighte trádála | **38,572** | 39,622 | **33,987** | 33,085 |
| Cáin ioncaim | **307** | 1,035 | **-** | - |
| Suimeanna Infhaighte eile | **38** | 47 | **38** | 47 |
| Réamhíocaíochtaí | **16,708** | 21,553 | **16,416** | 21,217 |
| Ioncam fabhraithe | **5,067** | 4,873 | **1,052** | 583 |
| | **60,692** | 67,130 | **51,493** | 54,932 |

Foilsítear an baol atá ann don Ghrúpa ó riosca creidmheasa agus airgeadra agus ó chaillteanas lagaithe a bhaineann le suimeanna infhaighte trádála agus eile i nóta 22.

## 12. Infheistíochtaí Leachtacha

| | Grúpa | | RTÉ | |
|---|---|---|---|---|
| | 2024 €'000 | 2023 €'000 | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
| Infheistíochtaí leachtacha – taiscí téarma | **14,000** | 15,098 | **14,000** | 15,098 |
| Meánráta ualaithe úis maidir le taiscí téarma | **3.15%** | 3.78% | **3.15%** | 3.78% |

Foilsítear an baol atá ann don Ghrúpa ó riosca rátaí úis agus anailís ar leochaileacht sócmhainní agus dliteanais airgeadais i nóta 22.

## 13. Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim

| | Grúpa | | RTÉ | |
|---|---|---|---|---|
| | 2024 €'000 | 2023 €'000 | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | | |
| Iarmhéideanna sa Bhanc | **27,199** | 31,791 | **15,359** | 17,256 |
| Taiscí inéilithe | **30,182** | 31,752 | **30,181** | 31,752 |
| Iomlán an airgid thirim agus na gcoibhéisí airgid thirim | **57,381** | 63,543 | **45,540** | 49,008 |
| Meánráta ualaithe úis | **1.30%** | 1.48% | **1.64%** | 1.82% |

Tugtar san áireamh le hiarmhéideanna sa bhanc €3.671 milliún (2023: €0.75 milliún) maidir le suimeanna i gcuntas na gClár Neamhspleách faoi réir Alt 116 den Acht Craolacháin 2009.

Foilsítear an baol atá ann don Ghrúpa ó riosca rátaí úis agus anailís ar leochaileacht sócmhainní agus dliteanais airgeadais i nóta 22.

## 14. Iasachtaí agus iasachtaíochtaí lena mbaineann ús

| | Ráta Úis % | Dáta Aibíochta | Grúpa 2024 €'000 | Grúpa 2023 €'000 | RTÉ 2024 €'000 | RTÉ 2023 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Saoráid chreidmheasa imrothlaigh | Costas an iasachtóra móide corrlach | 05-Noll-25 | **-** | - | **-** | - |
| Saoráid Iasachta Téarma Amúchta | Costas an iasachtóra móide corrlach | 05-Noll-25 | **10,000** | 7,000 | **10,000** | 7,000 |
| Iasacht tionscadail agus saoráid iasachta téarma | EURIBOR móide corrlach | 31-Ean-26 | **47,500** | 52,500 | **-** | - |
| | | | **57,500** | 59,500 | **10,000** | 7,000 |
| Arna anailísiú mar seo a leanas: | | | | | | |
| Neamhreatha | | | **45,000** | 47,500 | **-** | - |
| Reatha | | | **12,500** | 12,000 | **10,000** | 7,000 |
| | | | **57,500** | 59,500 | **10,000** | 7,000 |

Ar an 4 Nollaig 2024, chuaigh RTÉ i mbun saoráid creidmheasa imrothlach le Banc na hÉireann dar luach €30 milliún chun críocha caipitil oibre. Áirítear sa chomhaontú saoráide creidmheasa imrothlaigh €20 milliún nach raibh tarraingthe anuas amhail an 31 Nollaig 2024 agus saoráid iasachta téarma €10 milliún a bhí tarraingthe go hiomlán amhail an 31 Nollaig 2024.

An 1 Feabhra 2019, chuaigh an Grúpa i mbun 2 shaoráid iasachta bainc. Tá an chéad saoráid do €15m le híoc ar ais in 6 sciar chothroma de €2.5m gach 6 mhí agus cuireadh tús leis sin i Meán Fómhair 2023. Tá an dara saoráid de €45m le híoc ar ais go hiomlán ar an dáta aibíochta sa bhliain 2026.

## 14. Iasachtaí agus iasachtaíochtaí lena mbaineann ús (ar lean)

**Urrús an iasachtóra – saoráid iasachta tionscadail**
Bhí ar cheann de na coinníollacha maidir leis an tsaoráid iasachta do thionscadail a chur ar fáil go ndéanfadh 2rn comhaontú gníomhais urrúis a fhorghníomhú agus urrús mar seo a leanas a chur ar fáil don iasachtóir:
a) Tailte trí cinn déag de phríomhshuíomhanna tarchuradóireachta DTT;
b) Fearas agus feisteas uile 2rn ar shuíomhanna tarchuradóireachta DTT, san am i láthair agus tráth ar bith is faide anonn;
c) Ioncam cíosa uile agus léasanna oibriúcháin uile 2rn;
d) Cearta agus sochair a bhaineann le polasaithe árachais 2rn;
e) Cuntas fáltais an árachais; agus
f) Gníomhais Sannacháin lena gcruthaítear sannacháin urrúis maidir le conarthaí tráchtála áirithe agus Conarthaí Tógála DTT.

## 15. Suimeanna Trádála agus Iníoctha eile

| | Grúpa | | RTÉ | |
|---|---|---|---|---|
| | 2024 €'000 | 2023 €'000 | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
| Suimeanna Trádála is Iníoctha | **15,938** | 8,075 | **15,368** | 6,967 |
| Suimeanna atá dlite d'eintitis choimhdeacha | **-** | - | **220,353** | 207,672 |
| Fabhrú | **43,997** | 45,066 | **39,543** | 40,294 |
| Ioncam Iarchurtha | **5,528** | 23,819 | **1,740** | 19,873 |
| | **65,463** | 76,960 | **277,004** | 274,806 |

Foilsítear i nóta 22 an baol atá ann don Ghrúpa ó riosca airgeadra a bhaineann le suimeanna trádála agus eile is iníoctha.

## 16. Cánachas agus Leas Sóisialach

| | Grúpa | | RTÉ | |
|---|---|---|---|---|
| | 2024 €'000 | 2023 €'000 | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
| CBL | **5,442** | 5,096 | **4,895** | 4,480 |
| Párolla | **4,691** | 3,484 | **4,588** | 3,402 |
| Cáin ioncaim | **784** | - | **-** | - |
| | **10,917** | 8,580 | **9,483** | 7,882 |

## 17. Sochair Fostaithe

**Iomlán na sochar d'fhostaithe**

| | Grúpa | | RTÉ | |
|---|---|---|---|---|
| | 2024 €'000 | 2023 €'000 | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
| **Arna anailísiú mar seo a leanas:** | | | | |
| Dliteanais reatha | **8,213** | 7,731 | **7,949** | 7,567 |

Is é a thagann i gceist le fabhrú eile a bhaineann le fostaithe sochair d'fhostaithe, mar shampla luach saothair agus laethanta saoire a ndéantar soláthar ina leith de réir *IAS 19 Sochair d'fhostaithe*.

## 18. Soláthar

| Grúpa | Amhail an 1 Eanáir 2024 €'000 | Breisithe i rith na bliana €'000 | Soláthar a úsáid €'000 | Lascaine a leachtú €'000 | Amhail an 31 Nollaig 2024 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Costais athstruchtúraithe | 7,138 | 5,037 | (434) | 32 | **11,773** |
| Costais a bhaineann le pearsanra | 28,090 | (3,633) | (3,875) | 4,512 | **25,094** |
| Táillí dlíthíochta agus dlí | 5,806 | 1,884 | (468) | - | **7,222** |
| Iomlán | **41,034** | **3,288** | **(4,777)** | **4,544** | **44,089** |

| RTÉ | Amhail an 1 Eanáir 2024 €'000 | Breisithe i rith na bliana €'000 | Soláthar a úsáid €'000 | Lascaine a leachtú €'000 | Amhail an 31 Nollaig 2024 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Costais athstruchtúraithe | 7,128 | 5,037 | (424) | 31 | **11,772** |
| Costais a bhaineann le pearsanra | 28,090 | (3,633) | (3,875) | 4,512 | **25,094** |
| Táillí dlíthíochta agus dlí | 5,727 | 1,884 | (468) | - | **7,143** |
| Iomlán | **40,945** | **3,288** | **(4,767)** | **4,543** | **44,009** |

| | Grúpa | | RTÉ | |
|---|---|---|---|---|
| **Arna anailísiú mar seo a leanas:** | 2024 €'000 | 2023 €'000 | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
| Dliteanais neamhreatha | **11,599** | 22,683 | **11,598** | 22,679 |
| Dliteanais reatha | **32,490** | 18,351 | **32,411** | 18,266 |
| | **44,089** | 41,034 | **44,009** | 40,945 |

Tar éis straitéis nua RTÉ a fhógairt in 2024 agus oibleagáidí dochraideacha gaolmhara a d'eascair as sin agus an méadú a bhfuiltear ag súil leis ar oibleagáidí den sórt sin in 2025, cinneadh costais fhabhraithe áirithe a athaicmiú ó fhabhruithe go soláthair, i bhfianaise a n-éiginnteachta meastacháin. Tharla an t-athaicmiú laistigh de dhliteanais a bhí ann cheana agus ní raibh aon tionchar ag ráiteas ioncaim air.

Baineann costais athstruchtúraithe le hoibleagáidí dochraideacha a bhaineann le hoibleagáidí inchiallaithe a eascraíonn as an athrú ar straitéis RTÉ lena n-áirítear costais a bhaineann le líon na ndaoine agus costais a bhaineann le maoin a laghdú, lena n-áirítear feabhsú láithreán, athchóiriú agus oibreacha comhshaoil atá le tabhú i gcomhréir le rialacháin chomhshaoil mar aon le hoibleagáidí inchiallaithe a eascraíonn as dea-chleachtas seanbhunaithe. Áirítear sna costais athstruchtúraithe amhail an 31 Nollaig 2024 luach lascainithe na n-íocaíochtaí a bheidh de dhíth go dtí 2028 maidir le hoibleagáidí eile an Ghrúpa, faoi na scéimeanna athstruchtúraithe éagsula a ceadaíodh roimh 2024.

Baineann costais a bhaineann le pearsanra le hoibleagáidí dochraideacha i ndáil le hábhair a bhaineann le fostaithe agus conraitheoirí, lena n-áirítear éilimh phárolla atá ann cheana agus soláthar le haghaidh cánacha a bhaineann le pearsanra agus costais leasa shóisialaigh.

Baineann soláthair dhlíthíochta le héilimh dhlíthiúla leanúnacha agus costais dhlíthiúla ghaolmhara i gcoinne RTÉ. Déanann RTÉ soláthar sonrach don mheastachán is fearr dá chuid ar aon damáistí agus costais a d'fhéadfaí a dhámhachtain. Ní dhéantar soláthar ach amháin a mhéid a mheasann RTÉ gur dócha go mbeidh eis-sreabhadh sochar eacnamaíocha ann, agus gur féidir an méid a mheas go hiontaofa.

## 19. Infheistíocht i bhFochuideachtaí

| RTÉ | Iomlán €'000 |
|---|---|
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2024 | 65,827 |
| Suimeanna Breise | - |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2024** | **65,827** |

Bhí na fochuideachtaí seo a leanas ag RTÉ amhail an 31 Nollaig 2024:

| Fochuideachtaí | Céatadán den scairchaipiteal | Cineál Gnó |
|---|---|---|
| RTÉ Commercial Enterprises DAC | 100% | Foilseacháin, bearta tráchtála éagsúla & bearta eile |
| RTÉ Music DAC | 100% | Foilsitheoireacht Ceoil |
| RTÉ Transmission Network DAC (ag trádáil faoin ainm 2rn) | 100% | Bainistíocht ar shócmhainní an chraobhchórais craolacháin |
| RTÉ Licence Collections Limited | 100% | Díomhaoin |
| DTT Network Company | 100% | Díomhaoin |
| Seirbhísí Theilifís na Gaeilge Teoranta | 100% | Díomhaoin |

Tá athbhreithniú déanta ag an mBord ar an luach ar a dtugtar anonn fuílleach infheistíochta an Ghrúpa agus táthar sásta nach bhfuil aon táscairí lagaithe agus go bhfuil luach cóir á lua leo. Is in Éirinn a oibríonn na fochuideachtaí go léir agus tá an oifig chláraithe acu ag RTÉ, Domhnach Broc, Baile Átha Cliath 4. Is fochuideachta RTÉ Music DAC de chuid RTÉ Commercial Enterprises DAC agus é faoi lánúinéireacht.

I mí na Nollag 2024, d'íoc 2rn díbhinn €7.5 milliún le RTÉ. Aithnítear sin mar ioncam ag cuideachta RTÉ.

Bhí an comhfhiontar seo i leanas ag RTÉ amhail an 31 Nollaig 2024:

| An Chuideachta Comhfhiontair | Céatadán den scairchaipiteal | Cineál Gnó |
|---|---|---|
| Multiplex Broadcasting Services NI Limited | 66.6% | Seirbhísí teilifíse digití saor go haer a chraoladh i dTuaisceart Éireann agus seirbhísí ilphléacs gaolmhara eile |

I dTeach Murray, Sráid Murray, Béal Feirste atá oifig chláraithe Multiplex Broadcasting Services NI Limited.

Bhí an comhfhiontar seo i leanas ag RTÉ Commercial Enterprises DAC amhail an 31 Nollaig 2024:

| An Chuideachta Comhfhiontair | Céatadán den scairchaipiteal | Cineál Gnó |
|---|---|---|
| GAAGO Media DAC | 50% | Seirbhís IPTV a chraolann cluichí CLG go hidirnáisiúnta |

Tá oifig chláraithe GAAGO Media DAC suite ag Páirc an Chrócaigh, Bóthar Mhic Sheoin, Droim Conrach, Baile Átha Cliath 3.

Déantar an comhfhiontar thuas a chuntas ag baint leas as modh an chothromais mar a leagtar amach sna polasaithe cuntasaíochta. An 31 Nollaig 2024 dáta deiridh bliana airgeadais an chomhfhiontair.

## 19. Infheistíocht i bhFochuideachtaí (ar lean)

In 2024, rinneadh cinneadh an leas in GAAGO Media DAC a dhiúscairt. Mar thoradh ar an gcinneadh sin, rinneadh an leas airgeadais a athaicmiú chuig infheistíocht arna coinneáil lena díol i sócmhainní reatha ag luach de réir na leabharluach na sócmhainne ag an am sin, is é sin €660k. Bhí an chaibidlíocht maidir le díol á tabhairt chun críche ar dháta an tsínithe.

Sa bhliain roimhe sin, €3,581k sócmhainní an chomhfhiontair agus €2,236k a bhí sna dliteanais. Ba é €1,345k cothromas an chomhfhiontair, agus ba é €673k an sciar a bhí againn. B'ionann ioncam an chomhfhiontair agus €5,062k agus b'ionann brabús don tréimhse agus €761k. Fuarthas díbhinn €600k i rith na bliana roimhe sin.

Bhí infheistíocht luach €195k ag RTÉ Transmission Network DAC in Vizor Technology Limited ar an 31 Nollaig 2024. Tá oifig chláraithe Vizor Technology Limited i dTeach na Nuálaíochta, DCU Alpha, Seanbhóthar Fhionnghlaise, Baile Átha Cliath 11.

Léiríonn sé sin an costas a bhaineann le 1,372 scair tosaíochta a fháil in Vizor Technology Limited, rud a léiríonn leas neamh-urlámhais sa ghnó sin. Rinneadh dochar don infheistíocht i dtréimhse roimhe sin, ach tar éis measúnú a dhéanamh ar na feabhsuithe ar fheidhmíocht na trádála foluití, chinn na stiúrthóirí go raibh sé iomchuí an lagú taifeadta roimhe sin a aisiompú.

Bearta Oibre Ghrúpa RTÉ arna Rangú de réir an rannáin agus an eintitis dlí amhail an 31 Nollaig 2024:

| | RTÉ | RTÉ Commercial Enterprises DAC | RTÉ Music DAC | RTÉ Transmission Network DAC |
|---|---|---|---|---|
| **RANNÓG TRÁCHTÁLA** | | | | |
| Fógraíocht agus urraíocht maidir leis an teilifís a dhíol | • | | | |
| Fógraíocht agus urraíocht maidir leis an raidió a dhíol | • | | | |
| Fógraíocht agus urraíocht idirlín a dhíol | • | | | |
| Saoráidí léiriúcháin teilifíse a ligean ar cíos le tríú páirtí | | • | | |
| Ioncam ó theileachumarsáid tráchtála | | • | | |
| Díolachán ar earraí a bhaineann le cláracha | | • | | |
| Tráthliostaí cláracha a dhíol | | • | | |
| Córais chraoltóireachta agus saoráidí teicneolaíochta a chur ar fáil don tríú páirtí | | • | | |
| Díolachán ar earraí a bhaineann le cláracha | | • | | |
| Fógraí teilifíse don tríú páirtí a léiriú sa stiúideo | | • | | |
| Saoráidí léiriúcháin raidió a ligean ar cíos leis an tríú páirtí | | • | | |
| Stiúideo soghluaiste an Roadcaster agus díolacháin bolscaireachta | | • | | |
| Fógraí raidió a léiriú sa stiúideo | | • | | |
| Cóipcheart ceoil a dhíol | | | • | |
| Seirbhísí idirnáisiúnta físeáin arna n-éileamh ar tháille á soláthar. | | • | | |
| Ioncam a ghiniúint ó thaibhithe ceolfhoirne | • | | | |
| Iris an *RTÉ Guide* a chur ar fáil agus a fhoilsiú | | • | | |
| Fógraíocht san *RTÉ Guide* a dhíol | | • | | |
| Riarachán an Rannáin Tráchtála | • | | | |

## 19. Infheistíocht i bhFochuideachtaí (ar lean)

| | RTÉ | RTÉ Commercial Enterprises DAC | RTÉ Music DAC | RTÉ Transmission Network DAC |
|---|---|---|---|---|
| **AN RANNÁN MAIDIR LE LUCHT FÉACHANA AGUS ÉISTEACHTA, CAINÉIL AGUS MARGAÍOCHT** | | | | |
| Sceidil agus cainéil teilifíse seirbhíse poiblí a chraoladh saor go haer | • | | | |
| Sceidil agus cainéil raidió seirbhíse poiblí a chraoladh saor go haer | • | | | |
| Cur chun cinn agus margaíocht na seirbhísí agus na gcainéal | • | | | |
| Raon seirbhísí ar líne saor in aisce don phobal, bunaithe ar an bpobal agus ar an ngréasán, a chur ar fáil | • | | | |
| An RTÉ Player agus rte.ie a rith don lucht féachana in Éirinn agus go hidirnáisiúnta | • | | | |
| Cothú agus Forbairt maidir le teicneolaíocht nua de chuid na meánchumarsáide | • | | | |
| Deiseanna breise a chur ar fáil chun teacht ar ábhar nuachta seirbhísí poiblí RTÉ trí RTÉ News Now Online | • | | | |
| An Rannán maidir le Lucht Féachana agus Éisteachta, Cainéil agus Margaíocht a riar | • | | | |
| **AN RANNÁN ÁBHAIR** | | | | |
| Cláracha raidió agus teilifíse de dhéantús Éireannach a choimisiúnú agus a léiriú | • | | | |
| Coimisiúnú a dhéanamh de réir na reachtaíochta ar ábhar cláir ó léiritheoirí neamhspleácha de chuid an AE | • | | | |
| Cláracha raidió agus teilifíse de chuid na hÉireann agus ón iasacht a cheannach | • | | | |
| Ábhar cláir nach nuacht ná cúrsaí reatha a chur ar fáil do TG4 de réir na reachtaíochta | • | | | |
| Cartlanna an chainéil teilifíse agus na leabharlainne nuachta a chothabháil | • | | | |
| Ábhar leabharlainne agus cartlainne a dhíol | | • | | |
| Cartlanna agus leabharlann an chainéil raidió a chothabháil | • | | | |
| Taibhithe Ceolfhoirne | • | | | |
| Ceol ceolfhoirne a choimisiúnú, a léiriú a sheinm agus a thaifeadadh | • | | | |
| Riar an Rannáin Ábhair | • | | | |
| **AN RANNÁN NUACHTA & CÚRSAÍ REATHA** | | | | |
| Seirbhís bailithe nuachta náisiúnta agus idirnáisiúnta a chur ar fáil | • | | | |
| Léiriú a dhéanamh ar na cláracha nuachta ar an teilifís agus ar an raidió chomh maith le tráchtaireacht ar mhórimeachtaí agus cláracha eile | • | | | |
| Ábhar cláracha cúrsaí reatha a choimisiúnú agus a léiriú | • | | | |
| Ábhar cláracha nuachta agus cúrsaí reatha a chur ar fáil do TG4 de réir na reachtaíochta | • | | | |
| Ábhar nuachta agus cúrsaí reatha a chur ar fáil do sheirbhísí poiblí saor-rochtana ar líne RTÉ | • | | | |
| An riarachán ar an Rannán Nuachta agus Cúrsaí Reatha | • | | | |

## 19. Infheistíocht i bhFochuideachtaí (ar lean)

| | RTÉ | RTÉ Commercial Enterprises DAC | RTÉ Music DAC | RTÉ Transmission Network DAC |
|---|---|---|---|---|
| **AN RANNÁN LÍONRA** | | | | |
| Seirbhísí tarchurtha analógacha do chraoladh náisiúnta raidió a chur ar fáil | | | | • |
| Seirbhísí ilphléacs, tarchurtha agus dáilte a chur ar fáil d'oibritheoirí ilphléacs | | | | • |
| An cíos ar áiseanna coimhdeacha crann agus túr | | | | • |
| An riarachán maidir le 2rn | | | | • |
| **AN RANNÁN OIBRIÚCHÁIN & SEIRBHÍSÍ LÉIRIÚCHÁIN** | | | | |
| Seirbhísí teilifíse, raidió agus léiriúcháin ar líne a chur ar fáil don Rannán Ábhair agus Nuachta & Cúrsaí Reatha | • | | | |
| Seirbhísí teilifíse, raidió agus léiriúcháin ar líne a chur ar fáil don Lucht Féachana & Éisteachta, Cainéil agus Margaíocht | • | | | |
| Seirbhísí láithreáin agus seirbhísí tacaíochta gaolmhara bonneagair a chur ar fáil | • | | | |
| Riarachán an Rannáin Oibriúcháin | • | | | |
| **RANNÁIN EILE** | | | | |
| Na Rannáin Teicneolaíochta agus Athchóiriúchán, Acmhainní Daonna agus Airgeadais | • | | | |
| An Rannán Corparáideach, lena n-áirítear Cumarsáid Chorparáideach, Dlí agus seirbhísí ilphléacsaithe DTT a sholáthar do chraoltóirí (Saorview) | • | | | |
| **CEANNÁRAS NA CORPARÁIDE** | | | | |
| Seilbh ar ábhar infheistíochta i ngnóthaí a bhaineann le cúrsaí craolacháin | • | | | |
| Obair stiúrtha agus feidhmiúcháin an Chraoltóra Seirbhíse Poiblí | • | | | |

## 20. Oibleagáidí Sochair Scoir (Grúpa agus RTÉ)

Is é an Grúpa an príomhfhostóir urraíochta ar:
(a) Scéim Aoisliúntais RTÉ (scéim pinsin sochair shainithe ranníoca maoinithe agus bunaithe ar thuarastal deiridh nár ligeadh aon fhostaí nua isteach ann ón mbliain 1989 i leith);
(b) Scéim Pinsin "50/50" Riosca i bPáirt RTÉ (scéim pinisin ranníoca, maoinithe le sochar sainithe (DB) lárnach atá bunaithe ar leibhéal tuarastail teorannaithe maille le socrú bunaithe ar ranníoca sainithe (DC) i ndáil le tuilleamh ar leibhéal is airde ná an uasteorainn); agus
(c) Scéim Pinsin Sochair Shainithe RTÉ (scéim DC ranníoca, mhaoinithe) agus déantar ranníocaíochtaí le roinnt scéimeanna pinsin ranníoca sainithe eile thar ceann fostaithe.

Bunaíodh na scéimeanna thuas mar chistí iontaobhais ar leithligh, gach ceann arna bhainistiú ag bord iontaobhaithe atá freagrach as oibríochtaí na scéime a mhaoirsiú, lena n-áirítear sócmhainní na scéime a infheistiú.

## 20. Oibleagáidí Sochair Scoir (Grúpa agus RTÉ) (ar lean)

**(i) Muirear pinsin**

Seo a leanas muirear pinsin an fhostóra maidir le gach bliain de na scéimeanna éagsúla:

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| Scéim Aoisliúntais RTÉ | | |
| - costas seirbhíse reatha | **(123)** | (239) |
| Scéim "50/50" Riosca i bPáirt RTÉ (cuid DB) | | |
| - costas seirbhíse reatha | **(1,742)** | (1,240) |
| | **(1,865)** | (1,479) |
| | | |
| Scéim Pinsin "50/50" Riosca i bPáirt RTÉ (Sciar DC) | **(673)** | (657) |
| Scéim Pinsin Ranníocaíochta Sainithe RTÉ | **(10,999)** | (10,895) |
| Scéimeanna eile | **(33)** | (30) |

**(ii) Socruithe sochair shainithe**

Scéim Aoisliúntais RTÉ:

De réir mar a éilítear faoi *Acht na bPinsean, 1990*, déantar tuarascálacha luachála neamhspleácha achtúire bunaithe ar bhonn tuisceana faoin maoiniú fadtéarmach arna leagan amach de réir nósanna achtúireacha a chur ar fáil go rialta maidir le Scéim Aoisliúntais RTÉ. Is é an 1 Eanáir 2025 an dáta a luaitear leis an tuarascáil luachála is deireanaí ó achtúire maidir le cúrsaí maoiniúcháin. Baineann luacháil seo an achtúire ar an gcistíocht úsáid as modh luachála "na haoise slánaithe" chun an costas seirbhíse san am atá le teacht a ríomh, agus tuairiscítear barrachas arna ríomh de réir staid cistíochta iomlán seirbhíse. Déantar comparáid leis sin idir iomlán na ndliteanas (seirbhís chaite agus seirbhís ionchais) agus luach na sócmhainní móide luach ranníocaíochtaí ionchais an fhostaí agus an fhostóra arna lua de réir na rátaí caighdeánacha. Ní bhíonn tuarascáil luachála an achtúire maidir le cúrsaí maoiniúcháin ar fáil lena hiniúchadh ag an bpobal; ach ina ainneoin sin, cuirtear torthaí na luachála in iúl do na comhaltaí.

Tá luacháil déanta ag na hachtúirí freisin de réir an íoschaighdeáin maoinithe amhail an 1 Eanáir 2025 agus tuairiscítear barrachas. Cuireadh Deimhniú ar Mhaoiniú Achtúireacha ar aghaidh ar an mbonn sin. Chomhlíon an scéim an cúlchiste caighdeánach maoinithe freisin amhail an 1 Eanáir 2025 agus tá deimhniú ag dearbhú an toraidh sin curtha ar aghaidh chuig an Údarás Pinsean.

Mar a éilítear de réir chaighdeán cuntasaíochta IAS 19, ullmhaíonn Mercer, na hachtúirí, tuairisc ina leagtar amach staid Scéim Aoisliúntais RTÉ. Baintear leas as an modh luachála cuntasaíochta a shonraítear in IAS 19 chuige sin. Is é an cur chuige a bhaineann le IAS 19 maidir le luacháil agus tuairisciú cuntasaíochta maidir le ciste sochair shainithe, go mbaintear leas as modh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa chun muirir pinsin bhliantúla san am atá le theacht a ríomh, go leagtar luach ar shócmhainní de réir luach cóir reatha an mhargaidh agus go ndéantar lascainiú maidir le dliteanais ionchais (trí leas a bhaint as rátaí bannaí corparáide ardghráid ar gar an téarma ama atá leo don ré a mheastar a bhainfidh le dliteanais na scéime) chun teacht ar luach glan reatha maidir le dliteanais na scéime. Is ionann an difríocht idir an tsócmhainn agus luachálacha dliteanais amhail an 31 Nollaig 2024 agus sócmhainn €187.0 milliún.

Meastar go n-íocfaidh an Grúpa €0.2 milliún mar ranníocaíochtaí le Scéim Aoisliúntais RTÉ i rith na bliana 2025.

## 20. Oibleagáidí Sochair Scoir (Grúpa agus RTÉ) (ar lean)

Scéim Pinsin 50/50 Riosca i bPáirt RTÉ:
Is é an 1 Eanáir 2025 an dáta a luaitear leis an tuarascáil luachála achtúireachta is deireanaí maidir le Scéim Pinsin 50/50 Riosca i bPáirt RTÉ. Tuairiscítear le luacháil seo an achtúire ar an gcistíocht, lena n-úsáidtear modh luachála "na haoise slánaithe" chun an costas seirbhíse san am atá le teacht a ríomh, go bhfuil barrachas ar an scéim. Ní bhíonn tuarascáil luachála an achtúire maidir le cúrsaí maoiniúcháin ar fáil lena hiniúchadh ag an bpobal; ach ina ainneoin sin, cuirtear torthaí na luachála in iúl do na comhaltaí.

B'ionann ráta ranníocaíochta an fhostóra le sciar an tsochair shainithe de Scéim Pinsin '50/50' Riosca i bPáirt RTÉ don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024 agus 8.75% de luach saothair comhaltaí ar fostaithe iad (ar a dtugtar de shainmhíniú tuarastal inphinsin móide liúntais suas go dtí uasteorainn is €50,935 p.a. faoi láthair). Tá luacháil déanta ag na hachtúirí freisin de réir na bhforálacha MFS in *Acht na bPinsean, 1990* agus tuairiscítear barrachas.

Mar an gcéanna le Scéim Aoisliúntais RTÉ, ullmhaíonn Mercer tuairisc ina leagtar amach staid Scéim Pinsin "50/50" Riosca i bPáirt RTÉ agus leas á bhaint as an modh luachála cuntasaíochta a shonraítear in IAS 19. Maidir leis an scéim seo, is ionann an difríocht idir an tsócmhainn agus luacháil dliteanais amhail an 31 Nollaig 2024 agus sócmhainn €12.4 milliún.

Meastar go n-íocfaidh an Grúpa €1.9 milliún ina ranníocaíochtaí le Scéim Pinsin '50/50' Riosca i bPáirt RTÉ (rannóg DB) i rith 2025.

Baineann an gnáthriosca infheistíochta agus maoinithe a bhíonn i gceist le scéimeanna sochair shainithe leis an dá scéim, agus is féidir a bheith ag súil le luaineacht ghearrthéarmach maidir lena seasamh airgeadais. Tá teorainn, áfach, leis an riosca rialála, de bharr nach bhfuil aon riachtanas reachtúil in Éirinn go gcoinneodh fostóirí pleananna sochair shainithe ag imeacht nó go n-íocfaidís easnamh maoinithe sa chás go mbeadh easnamh ann.

**(iii) Glansócmhainn sochair shainithe**
Mar seo a leanas atá an ghlansócmhainn sochair shainithe maidir leis an dá shocrú sochair shainithe amhail an 31 Nollaig 2024:

| **Grúpa agus RTÉ** | **2024 €'000** | **2023 €'000** |
|---|---|---|
| Glansócmhainn pinsin i Scéim Aoisliúntais RTÉ | **186,958** | 179,985 |
| Glansócmhainn pinsin i Scéim Pinsin 50/50 Riosca i bPáirt RTÉ | **12,416** | 8,667 |
| | **199,374** | 188,652 |

## 20. Oibleagáidí Sochair Scoir (Grúpa agus RTÉ) (ar lean)

### Gluaiseacht i nglansócmhainn/(dliteanas) sochair shainithe
### Scéim Aoisliúntais RTÉ

| | Oibleagáid sochair shainithe | | Luach cóir shócmhainní an phlean | | Glansócmhainn/(dliteanais) sochair shainithe | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2024 €'000 | 2023 €'000 | 2024 €'000 | 2023 €'000 | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | **(890,216)** | (859,002) | **1,070,201** | 1,030,639 | **179,985** | 171,637 |
| **San áireamh sa Ráiteas Ioncaim** | | | | | | |
| Costas seirbhíse reatha | **(123)** | (239) | **-** | - | **(123)** | (239) |
| (Costas)/ioncam úis | **(30,172)** | (34,173) | **36,480** | 41,224 | **6,308** | 7,051 |
| | **(30,295)** | (34,412) | **36,480** | 41,224 | **6,185** | 6,812 |
| **San áireamh san OCI** | | | | | | |
| Gnóthachan/(caillteanas) atomhais | | | | | | |
| Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach ag eascairt ó: | | | | | | |
| Boinn tuisceana airgeadais | **(9,426)** | (56,419) | **-** | - | **(9,426)** | (56,419) |
| Boinn tuisceana dhéimeagrafacha | **-** | 15,540 | **-** | - | **-** | 15,540 |
| Taithí | **2,856** | (375) | **-** | - | **2,856** | (375) |
| Aischur ar shócmhainní an phlean gan ús san áireamh | **-** | - | **7,068** | 42,500 | **7,068** | 42,500 |
| | **(6,570)** | (41,254) | **7,068** | 42,500 | **498** | 1,246 |
| **Eile** | | | | | | |
| Ranníocaíochtaí fostóra | **-** | - | **290** | 290 | **290** | 290 |
| Ranníocaíochtaí fostaithe | **(192)** | (254) | **192** | 254 | **-** | - |
| Sochair íoctha | **54,207** | 44,706 | **(54,207)** | (44,706) | **-** | - |
| | **54,015** | 44,452 | **(53,725)** | (44,162) | **290** | 290 |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | **(873,066)** | (890,216) | **1,060,024** | 1,070,201 | **186,958** | 179,985 |

## 20. Oibleagáidí Sochair Scoir (Grúpa agus RTÉ) (ar lean)

### Scéim Pinsin 50/50 Riosca i bPáirt RTÉ

| | Oibleagáid sochair shainithe | | Luach cóir shócmhainní an phlean | | Glansócmhainn/(dliteanais) sochair shainithe | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2024 €'000 | 2023 €'000 | 2024 €'000 | 2023 €'000 | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | **(26,011)** | (19,667) | **34,678** | 28,620 | **8,667** | 8,953 |
| **San áireamh sa Ráiteas Ioncaim** | | | | | | |
| Costas seirbhíse reatha | **(1,742)** | (1,240) | **-** | - | **(1,742)** | (1,240) |
| (Costas)/ioncam úis | **(935)** | (825) | **1,294** | 1,251 | **359** | 426 |
| | **(2,677)** | (2,065) | **1,294** | 1,251 | **(1,383)** | (814) |
| **San áireamh san OCI** | | | | | | |
| Gnóthachan/(caillteanas) atomhais | | | | | | |
| Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach ag eascairt ó: | | | | | | |
| Boinn tuisceana airgeadais | **901** | (3,624) | **-** | - | **901** | (3,624) |
| Boinn tuisceana dhéimeagrafacha | **-** | 29 | **-** | - | **-** | 29 |
| Taithí | **937** | (62) | **-** | - | **937** | (62) |
| Aischur ar shócmhainní an phlean gan ús san áireamh | **-** | - | **1,425** | 2,484 | **1,425** | 2,484 |
| | **1,838** | (3,657) | **1,425** | 2,484 | **3,263** | (1,173) |
| **Cainéil** | | | | | | |
| Ranníocaíochtaí fostóra | **-** | - | **1,869** | 1,701 | **1,869** | 1,701 |
| Ranníocaíochtaí fostaithe | **(1,013)** | (929) | **1,013** | 929 | **-** | - |
| Sochair íoctha | **130** | 159 | **(130)** | (159) | **-** | - |
| Préimh árachais | **195** | 148 | **(195)** | (148) | **-** | - |
| | **(688)** | (622) | **2,557** | 2,323 | **1,869** | 1,701 |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | **(27,538)** | (26,011) | **39,954** | 34,678 | **12,416** | 8,667 |

## 20. Oibleagáidí Sochair Scoir (Grúpa agus RTÉ) (ar lean)

**(iv) Sócmhainní scéime**

B'ionann luach cothrom na sócmhainní amhail an 31 Nollaig agus:

| | Scéim Aoisliúntais RTÉ | | Scéim Pinsin 50/50 Riosca i bPáirt RTÉ: | |
|---|---|---|---|---|
| | 2024 Luach Cóir €'000 | 2023 Luach Cóir €'000 | 2024 Luach Cóir €'000 | 2023 Luach Cóir €'000 |
| Ionstraimí fiachais: | | | | |
| Bannaí rialtais | **766,556** | 637,611 | **-** | - |
| Bannaí corparáide | **-** | - | **-** | - |
| **Ionstraimí fiachais iomlána** | **766,556** | 637,611 | **-** | - |
| **Díorthaigh** | | | | |
| Cistí infheistíochta: | | | | |
| Cothromas | **94,833** | 197,737 | **13,569** | 12,413 |
| Bannaí | **-** | - | **20,700** | 20,146 |
| Airgead tirim | **33,572** | 59,813 | **-** | - |
| Maoin | **37,460** | 39,821 | **1,524** | 849 |
| Cistí fálaithe | **-** | 3,543 | **-** | - |
| Cothromas príobháideach | **123,306** | 111,134 | **-** | - |
| **Iomlán na gCistí infheistíochta** | **289,171** | 412,048 | **35,793** | 33,408 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim: | | | | |
| Airgead tirim | **4,297** | 20,172 | **162** | 172 |
| Iarmhéideanna infheistíochta eile | **-** | 370 | **3,999** | 1,098 |
| **Iomlán an airgid thirim agus na gcoibhéisí airgid thirim** | **4,297** | 20,542 | **4,161** | 1,270 |
| **Luach cóir iomlán na sócmhainní** | **1,060,024** | 1,070,201 | **39,954** | 34,678 |

Coinnítear gnáthscaireanna mar chistí le bunsócmhainní arna lua i margadh gníomhach. Coinnítear ionstraimí fiachais ar bhonn scagtha (Scéim Aoisliúntais RTÉ).

## 20. Oibleagáidí Sochair Scoir (Grúpa agus RTÉ) (ar lean)

**(v) Oibleagáid sochair shainithe**

**(i) Boinn tuisceana achtúireacha**

Thíos tá na boinn tuisceana phríomha a úsáideadh chun críocha na luachála cuntasaíochta bunaithe ar IAS 19 a rinneadh ar na scéimeanna pinsin.

| | Scéim Aoisliúntais RTÉ | | Scéim Pinsin 50/50 Riosca i bPáirt RTÉ | |
|---|---|---|---|---|
| | **2024** | **2023** | **2024** | **2023** |
| Meánráta réamh-mheasta maidir le hardú tuarastail: | | | | |
| As seo go ceann dhá bhliain | **2.50%** | 2.50% | **2.50%** | 2.50% |
| Sa dá bhliain ina dhiaidh sin | **2.50%** | 2.50% | **2.50%** | 2.50% |
| Ina dhiaidh sin | **2.50%** | 2.50% | **2.50%** | 2.50% |
| Meánráta réamh-mheasta maidir le hardú ar phinsin: | | | | |
| As seo go ceann dhá bhliain | **4.00%** | 4.00% | **2.20%** | 2.50% |
| Ina dhiaidh sin | **4.00%** | 4.00% | **2.20%** | 2.50% |
| Ráta lascaine | **3.40%** | 3.50% | **3.70%** | 3.60% |
| Toimhde bhoilscithe | **2.50%** | 2.50% | **2.20%** | 2.50% |

| Mortlaíocht | **Blianta** | **Blianta** | **Blianta** | **Blianta** |
|---|---|---|---|---|
| Ionchas saoil daoine a rachaidh ar scor amach anseo | | | | |
| Fear 65 bliain d'aois (saolaíodh 1969) | **24.3** | 24.2 | **24.3** | 24.2 |
| Bean 65 bliain d'aois (saolaíodh 1969) | **26.3** | 26.2 | **26.3** | 26.2 |
| Ionchas saoil pinsinéirí atá ann cheana | | | | |
| Fear 65 bliain d'aois (a saolaíodh 1959) | **23.6** | 23.5 | **23.6** | 23.5 |
| Bean 65 bliain d'aois (a saolaíodh 1959) | **25.4** | 25.3 | **25.4** | 25.3 |

Amhail an 31 Nollaig 2024, ba iad seo a leanas meánfhad ualaithe na n-oibleagáidí sochair shainithe:
Scéim Aoisliúntais RTÉ: 11 bliain
Scéim Pinsin 50/50 Riosca i bPáirt RTÉ: 27 bliain

## 20. Oibleagáidí Sochair Scoir (Grúpa agus RTÉ) (ar lean)

**(ii) Anailís íogaireachta**

Breithníodh an tionchar ar an oibleagáid sochair shainithe ag athruithe ar na príomhbhoinn tuisceana achtúireacha. Tá an tionchar a léirítear amhail an dáta tuairiscithe agus i ngach cás glactar leis nach bhfuil athrú ar aon bhonn tuisceana eile.

| | Scéim Aoisliúntais RTÉ | | Scéim Pinsin 50/50 Riosca i bPáirt RTÉ | |
|---|---|---|---|---|
| | Bonn Tuisceana | Oibleagáid shochair €000s | Bonn Tuisceana | Oibleagáid shochair €000s |
| Ráta lascaine | | | | |
| **Ráta reatha** | **3.40%** | **873,066** | **3.70%** | **27,538** |
| -0.25% | 3.15% | 897,486 | 3.45% | 29,428 |
| +0.25% | 3.65% | 849,708 | 3.95% | 25,799 |
| Ardú ar thuarastal & ar phinsin | | | | |
| **Bonn tuisceana reatha (fadtéarmach)** | **4.00%** | **873,066** | **2.50%** | **27,538** |
| 0.25% ardú níos ísle | 3.75% | 848,520 | 2.25% | 25,749 |
| 0.25% ardú níos airde | 4.25% | 898,627 | 2.75% | 29,328 |
| Mortlaíocht | | | | |
| **Bonn tuisceana reatha (fritháireamh ón tábla bunúsach)** | **-1 bhliain** | **873,066** | **-1 bhliain** | **27,538** |
| Níl aon fhritháireamh | 0 bliain | 830,327 | 0 bhliain | 26,917 |
| Fritháireamh dhá bhliain | -2 bhliain | 915,804 | -2 bhliain | 28,160 |

## 21. Cáin Iarchurtha

**Grúpa**

**Sócmhainní agus dliteanais cánach aitheanta iarchurtha**

| | Sócmhainní Comhlána | | (Dliteanais) Chomhlána | |
|---|---|---|---|---|
| | 2024 €'000 | 2023 €'000 | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
| Maoin, innealra agus trealamh | **-** | - | **(275)** | (834) |
| Sócmhainn phinsin | **-** | - | **(24,922)** | (23,582) |
| Caillteanais chánach | **24,922** | 23,582 | **-** | - |
| Sócmhainní/(Dliteanais) Cánach Comhlána | **24,922** | 23,582 | **(25,197)** | (24,416) |

## 21. Cáin Iarchurtha (ar lean)

**Glandliteanas cánach iarchurtha 2024**

| | Iarmhéid tosaigh glan €'000 | Aitheanta faoi ioncam €'000 | Aitheanta in ioncam cuimsitheach eile €'000 | Iarmhéid deiridh glan €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Maoin, innealra agus trealamh | (834) | 559 | - | **(275)** |
| Sócmhainn phinsin | (23,582) | (870) | (470) | **(24,922)** |
| Caillteanais chánach | 23,582 | 1,340 | - | **24,922** |
| Glansócmhainní/(Dliteanais) Cánach | (834) | 1,029 | (470) | **(275)** |

**Grúpa**
**Glandliteanas cánach iarchurtha 2023**

| | Iarmhéid tosaigh glan €'000 | Aitheanta faoi ioncam €'000 | Aitheanta in ioncam cuimsitheach eile €'000 | Iarmhéid deiridh glan €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Maoin, innealra agus trealamh | (1,125) | 291 | - | (834) |
| Sócmhainn phinsin | (22,574) | - | (1,008) | (23,582) |
| Caillteanais chánach | 22,574 | 1,008 | - | 23,582 |
| Glan Sócmhainní/(Dliteanais) Cánach | (1,125) | 1,299 | (1,008) | (834) |

**RTÉ**
**Sócmhainní agus dliteanais cánach aitheanta iarchurtha**

| | Sócmhainní Comhlána | | (Dliteanais) Chomhlána | |
|---|---|---|---|---|
| | 2024 €'000 | 2023 €'000 | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
| Maoin, innealra agus trealamh | **1,794** | 1,424 | **-** | - |
| Sócmhainn phinsin | **-** | - | **(24,922)** | (23,582) |
| Caillteanais chánach | **24,922** | 23,582 | **-** | - |
| Sócmhainní/(Dliteanais) Cánach Comhlána | **26,716** | 25,006 | **(24,922)** | (23,582) |

## 21. Cáin Iarchurtha (ar lean)

### Glansócmhainn cánach iarchurtha 2024

| | Iarmhéid tosaigh glan €'000 | Aitheanta faoi ioncam €'000 | Aitheanta in ioncam cuimsitheach eile €'000 | Iarmhéid deiridh glan €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Maoin, innealra agus trealamh | 1,424 | 370 | - | **1,794** |
| Sócmhainn phinsin | (23,582) | (870) | (470) | **(24,922)** |
| Caillteanais chánach | 23,582 | 1,340 | - | **24,922** |
| Glansócmhainní Cánach | 1,424 | 840 | (470) | **1,794** |

### RTÉ
### Glansócmhainn cánach iarchurtha 2023

| | Iarmhéid tosaigh glan €'000 | Aitheanta faoi ioncam €'000 | Aitheanta in ioncam cuimsitheach eile €'000 | Iarmhéid deiridh glan €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Maoin, innealra agus trealamh | 1,342 | 82 | - | 1,424 |
| Sócmhainn phinsin | (22,574) | - | (1,008) | (23,582) |
| Caillteanais chánach | 22,574 | 1,008 | - | 23,582 |
| Glansócmhainní Cánach | 1,342 | 1,090 | (1,008) | 1,424 |

**Sócmhainní cánach iarchurtha neamhaitheanta (Grúpa agus RTÉ)**
Tagann an t-ioncam ó tháille an cheadúnais teilifíse a fhaigheann RTÉ trí "dheontas i gcabhair" faoi réir ag cáin chorparáide le héifeacht ón 1 Eanáir 2007. Tá caillteanas trádála a thugtar ar aghaidh chun críche cánach is ionann is €663 milliún ag an nGrúpa amhail an 31 Nollaig 2024 (2023: €663 milliún). Mar gheall ar an éiginnteacht a bhaineann leis an tráth a mbainfí leas dáiríre as na caillteanais seo níor aithníodh ach sócmhainn chánach iarchurtha €24.9 milliún (2023: €23.6 milliún).

## 22. Ionstraimí Airgeadais agus Bainistíocht Riosca Airgeadais (An Grúpa agus RTÉ)

**(a) Forléargas ar chúrsaí bainistíochta maidir le riosca airgeadais**
**(i) Timpeallacht riosca**
Bheadh baol ann don Ghrúpa maidir le riosca airgeadais a bhainfeadh le riosca creidmheasa, riosca leachtachta, riosca maidir le malairt eachtrach, rátaí úis agus cúrsaí oibriúcháin.

Tá freagracht fhoriomlán ar Bhord RTÉ as creat oibre bainistíochta an Ghrúpa maidir le cúrsaí riosca a chur ar bun agus maoirseacht a dhéanamh ina leith agus tá polasaithe ceadaithe ag an mBord maidir leis na réimsí is mó a mbeadh baol ag baint leo maidir le riosca airgeadais don Ghrúpa. Rannóg Airgeadais an Ghrúpa atá freagrach as an mbainistíocht maidir leis na bearta cistíochta uile, agus sin de réir na bpolasaithe cistíochta, an bhainistíocht maidir le hairgead tirim, riosca maidir le malairt eachtrach agus riosca maidir le creidmheas chontrapháirtithe san áireamh.

Is in Éirinn a dhéantar an chuid is mó de ghnó RTÉ. Dá bhrí sin, is in airgeadra an euro den chuid is mó a ainmnítear an sreabhadh airgid oibriúcháin agus infheistíochta. Is maidir le híocaíocht ar chláracha ceannaithe a ainmnítear in airgeadra dollar Stáit Aontaithe Mheiriceá nó steirling is mó a thagann baol maidir le hairgeadra eachtrach i gceist. Tá de pholasaí ag RTÉ fálú a dhéanamh ar bhonn tráchtála ag tús na bliana airgeadais ar mhórchuid na bpríomhshuimeanna geallta in airgeadra eachtrach trí réamhchonarthaí in airgeadra dollar Stáit Aontaithe Mheiriceá agus steirling a cheangal. Bíonn dáta aibíochta is lú ná 15 mí ón 31 Nollaig 2024 le gach réamhchonradh i malairt eachtrach. Ní dhéantar na réamhchonarthaí seo i malairt eachtrach a lua le ceangal fálúcháin go sonrach ó thaobh na cuntasaíochta de ach feictear ina dhiaidh sin féin gur fálú eacnamaíochta dáiríre atá i gceist leo.

Déantar dí-ainmniú ar ionstraimí airgeadais tráth na socraíochta nó an díolacháin.

## 22. Ionstraimí Airgeadais agus Bainistíocht Riosca Airgeadais (An Grúpa agus RTÉ) (ar lean)

**(ii) Rangú na n-ionstraimí airgeadais**

Déantar na sócmhainní airgeadais agus na dliteanais airgeadais ar fad, taobh amuigh de na bearta soláthair agus dliteanais a bhaineann le fostaithe, a lua ar an gcostas amúchta, ach amháin na sócmhainní díorthaigh/(dliteanais díorthaigh) a rangaítear mar seo a leanas:

| GRÚPA | Ionstraimí airgeadais dhíorthaigh arna lua ar an luach cóir tríd an Ráiteas Ioncaim 2024 €'000 | 2023 €'000 | Sócmhainní/(dliteanais) Arna lua ag an gcostas amúchta 2024 €'000 | 2023 €'000 | Iomlán 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Airgeadais Neamhreatha** | | | | | | |
| Sócmhainní Airgeadais | **-** | - | **195** | 673 | **195** | 673 |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | **93** | - | **-** | - | **93** | - |
| **Iomlán na Sócmhainní Airgeadais Neamhreatha** | **93** | - | **195** | 673 | **288** | 673 |
| **Sócmhainní Airgeadais Reatha** | | | | | | |
| Suimeanna infhaighte trádála agus eile | **-** | - | **38,610** | 39,669 | **38,610** | 39,669 |
| Infheistíochtaí leachtacha | **-** | - | **14,000** | 15,098 | **14,000** | 15,098 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | **-** | - | **57,381** | 63,543 | **57,381** | 63,543 |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | **333** | 17 | **-** | - | **333** | 17 |
| **Iomlán na Sócmhainní Airgeadais Reatha** | **333** | 17 | **109,991** | 118,310 | **110,324** | 118,327 |
| **Iomlán na Sócmhainní Airgeadais** | **426** | 17 | **110,186** | 118,983 | **110,612** | 119,000 |
| | | | | | | |
| **Dliteanais Airgeadais Neamhreatha** | | | | | | |
| Iasachtaí agus iasachtaíochtaí lena mbaineann ús | **-** | - | **(45,000)** | (47,500) | **(45,000)** | (47,500) |
| Dliteanas Léasa | **-** | - | **(3,302)** | (3,427) | **(3,302)** | (3,427) |
| **Iomlán na nDliteanas Airgeadais Neamhreatha** | **-** | - | **(48,302)** | (50,927) | **(48,302)** | (50,927) |
| **Dliteanais Airgeadais Reatha** | | | | | | |
| Suimeanna iníoctha trádála agus eile | **-** | - | **(65,463)** | (76,960) | **(65,463)** | (76,960) |
| Iasachtaí agus iasachtaíochtaí lena mbaineann ús | **-** | - | **(12,500)** | (12,000) | **(12,500)** | (12,000) |
| Sochair fostaithe | **-** | - | **(8,213)** | (7,731) | **(8,213)** | (7,731) |
| Dliteanas Léasa | **-** | - | **(614)** | (554) | **(614)** | (554) |
| Ionstraimí airgeadais dhíorthaigh | **-** | (29) | **-** | - | **-** | (29) |
| **Iomlán na nDliteanas Airgeadais Reatha** | **-** | (29) | **(86,790)** | (97,245) | **(86,790)** | (97,274) |
| **Iomlán na nDliteanas Airgeadais** | **-** | (29) | **(135,092)** | (148,172) | **(135,092)** | (148,201) |

## 22. Ionstraimí Airgeadais agus Bainistíocht Riosca Airgeadais (An Grúpa agus RTÉ) (ar lean)

| RTÉ | Ionstraimí airgeadais dhíorthaigh arna lua ar an luach cóir tríd an Ráiteas Ioncaim 2024 €'000 | 2023 €'000 | Sócmhainní/(dliteanais) Arna lua ag an gcostas amúchta 2024 €'000 | 2023 €'000 | Iomlán 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Airgeadais Neamhreatha** | | | | | | |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | **93** | - | **-** | - | **93** | - |
| **Iomlán na Sócmhainní Airgeadais Neamhreatha** | **93** | - | **-** | - | **93** | - |
| **Sócmhainní Airgeadais Reatha** | | | | | | |
| Suimeanna infhaighte trádála agus eile | **-** | - | **34,025** | 33,132 | **34,025** | 33,132 |
| Infheistíochtaí leachtacha | **-** | - | **14,000** | 15,098 | **14,000** | 15,098 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | **-** | - | **45,540** | 49,008 | **45,540** | 49,008 |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | **333** | 17 | **-** | - | **333** | 17 |
| **Iomlán na Sócmhainní Airgeadais Reatha** | **333** | 17 | **93,565** | 97,238 | **93,898** | 97,255 |
| **Iomlán na Sócmhainní Airgeadais** | **426** | 17 | **93,565** | 97,238 | **93,991** | 97,255 |
| **Dliteanais Airgeadais Neamhreatha** | | | | | | |
| Dliteanas Léasa | **-** | - | **(1,739)** | (1,603) | **(1,739)** | (1,603) |
| **Iomlán na nDliteanas Airgeadais Neamhreatha** | **-** | - | **(1,739)** | (1,603) | **(1,739)** | (1,603) |
| **Dliteanais Airgeadais Reatha** | | | | | | |
| Suimeanna iníoctha trádála agus eile | **-** | - | **(277,004)** | (274,806) | **(277,004)** | (274,806) |
| Iasachtaí agus iasachtaíochtaí lena mbaineann ús | **-** | - | **(10,000)** | (7,000) | **(10,000)** | (7,000) |
| Sochair fostaithe | **-** | - | **(7,949)** | (7,567) | **(7,949)** | (7,567) |
| Dliteanas Léasa | **-** | - | **(352)** | (297) | **(352)** | (297) |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | **-** | (29) | **-** | - | **-** | (29) |
| **Iomlán na nDliteanas Airgeadais Reatha** | **-** | (29) | **(295,305)** | (289,670) | **(295,305)** | (289,699) |
| **Iomlán na nDliteanas Airgeadais** | **-** | (29) | **(297,044)** | (291,273) | **(297,044)** | (291,302) |

Is ionstraimí airgeadais iad na conarthaí réamhchonarthaí malairte eachtraí arna dtomhas ag luach cóir tríd an mbarrachas nó tríd an easnamh.

**(b) Riosca creidmheasa**

**Forléargas**

Is ionann riosca creidmheasa agus an baol go dtarlódh caillteanas airgeadais don Ghrúpa sa chás go mainneodh custaiméir nó frithpháirtí le hionstraim airgeadais déanamh de réir coinníollacha conartha.

## 22. Ionstraimí Airgeadais agus Bainistíocht Riosca Airgeadais (An Grúpa agus RTÉ) (ar lean)

Is ionann an tsuim a thugtar anonn maidir le sócmhainní airgeadais agus an tsuim uasta a mbeifí i mbaol a chaillte i ndáil le neamhchosaint creidmheasa. Seo a leanas an tsuim uasta maidir le nochtadh do riosca creidmheasa ar an dáta tuairiscithe:

| | | Suim ghlanluacha Grúpa | | Suim ghlanluacha RTÉ | |
|---|---|---|---|---|---|
| | Nótaí | 2024 €'000 | 2023 €'000 | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
| Nithe infhaighte trádála | 11 | **38,572** | 39,622 | **33,987** | 33,085 |
| Infheistíochtaí leachtacha | 12 | **14,000** | 15,098 | **14,000** | 15,098 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | 13 | **57,381** | 63,543 | **45,540** | 49,008 |
| Ionstraimí airgeadais dhíorthaigh | | **333** | 17 | **333** | 17 |
| | | **110,286** | 118,280 | **93,860** | 97,208 |

Tá nósanna imeachta mionsonraithe ag an nGrúpa chun monatóireacht agus bainistiú a dhéanamh ar an riosca creidmheasa a bhaineann lena sócmhainní airgeadais mar a leagtar amach thíos.

**Riosca Creidmheasa maidir leis an Státchiste**

Tá nochtadh i gceist don Ghrúpa maidir le riosca creidmheasa maidir leis na frithpháirtithe lena bhfuil cuntais bhainc ag an nGrúpa agus lena ndéantar idirbheartaíocht ar na margaí airgeadais. Tá na hinfheistíochtaí leachtacha, airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim, agus ionstraimí airgeadais díorthaigh i seilbh contrapháirtithe airgeadais a bhfuil rátáil creidmheasa íosta de BBB acu de réir rátáil Standard & Poors.

Is cistí na hinfheistíochtaí leachtacha, airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim atá infheistithe le hinstitiúidí airgeadais in Éirinn agus uasteorainn leis na méid a choinnítear le banc nó institiúid amháin tráth ar bith. Le hinstitiúidí de chuid na hÉireann agus de chuid na Ríochta Aontaithe atá ionstraimí airgeadais díorthaigh agus níor tharla aon chaillteanas don Ghrúpa mar gheall ar mhainneachtain frithpháirtithe den sórt sin a gcuid dualgas a chomhlíonadh.

**Riosca creidmheasa maidir le custaiméirí**

Tá árachas creidmheasa ag an nGrúpa agus socraítear teorainneacha creidmheasa do na custaiméirí ar fad. I bhfianaise chineál mhargadh na fógraíochta agus margaí eile ina mbíonn RTÉ ag feidhmiú, bhí nochtadh suntasach i gceist do RTÉ maidir le gníomhaireachtaí fógraíochta faoi leith agus custaiméirí eile i rith na bliana. Tá de pholasaí ag RTÉ teorainneacha a leagan síos maidir leis an tsuim chomhthiomsaithe dá mbeadh nochtadh maidir le gach custaiméir faoi leith. Bíonn an nochtadh sin agus na huasteorainneacha a ghabhann leis faoi réir ag athbhreithniú agus monatóireacht leanúnach.

B'ionann an nochtadh uasta do riosca creidmheasa maidir le nithe infhaighte trádála ar an dáta tuairiscithe íochta de réir réigiúin tíreolaíochta:

| | Suim ghlanluacha Grúpa | | Suim ghlanluacha RTÉ | |
|---|---|---|---|---|
| | 2024 €'000 | 2023 €'000 | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
| Éire | **36,304** | 37,163 | **32,532** | 31,517 |
| An Ríocht Aontaithe | **2,248** | 2,414 | **1,443** | 1,536 |
| Réigiúin eile | **20** | 45 | **12** | 32 |
| Nithe Infhaighte Trádála | **38,572** | 39,622 | **33,987** | 33,085 |

## 22. Ionstraimí Airgeadais agus Bainistíocht Riosca Airgeadais (An Grúpa agus RTÉ) (ar lean)

B'ionann an nochtadh uasta do riosca creidmheasa maidir le nithe infhaighte trádála ar an dáta tuairiscithe de réir chineál an chustaiméara:

| | Suim ghlanluacha Grúpa | | Suim ghlanluacha RTÉ | |
|---|---|---|---|---|
| | 2024 €'000 | 2023 €'000 | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
| Féichiúnaithe neamhghníomhaireachta | **8,124** | 8,012 | **4,381** | 3,623 |
| Féichiúnaithe eile — gníomhaireacht | **30,448** | 31,610 | **29,606** | 29,462 |
| Nithe Infhaighte Trádála | **38,572** | 39,622 | **33,987** | 33,085 |

Is ionann féichiúnaí gníomhaireachta agus gníomhaire nó gníomhaireacht fógraíochta, eadhon, duine, comhlacht nó cuideachta a roghnaíonn nó a chuireann spás fógraíochta in áirithe thar ceann an fhógróra.

Is leis an bhféichiúnaí is mó atá ag an nGrúpa a bhaineann €4.4 milliún (11%) de luach na suime a thugtar anonn maidir le nithe infhaighte trádála amhail an 31 Nollaig 2024 (2023: €4.9 milliún).

Seo a leanas an ré a bhain le nithe infhaighte trádála ar an dáta tuairiscithe:

| | Grúpa | | | RTÉ | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Comhlán 2024 €'000 | Lagú 2024 €'000 | Glan 2024 €'000 | Comhlán 2024 €'000 | Lagú 2024 €'000 | Glan 2024 €'000 |
| Níl thar téarma | **18,141** | **-** | **18,141** | **16,300** | **-** | **16,300** |
| Dlite thar théarma 0-30 lá | **17,740** | **(532)** | **17,208** | **14,790** | **(231)** | **14,559** |
| Dlite thar théarma 31-120 lá | **3,404** | **(492)** | **2,912** | **3,135** | **(298)** | **2,837** |
| Níos mó ná 120 lá | **732** | **(421)** | **311** | **552** | **(261)** | **291** |
| | **40,017** | **(1,445)** | **38,572** | **34,777** | **(790)** | **33,987** |

| | Grúpa | | | RTÉ | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Comhlán 2023 €'000 | Lagú 2023 €'000 | Glan 2023 €'000 | Comhlán 2023 €'000 | Lagú 2023 €'000 | Glan 2023 €'000 |
| Níl thar téarma | 17,374 | - | 17,374 | 14,963 | - | 14,963 |
| Dlite thar théarma 0-30 lá | 18,733 | (408) | 18,325 | 15,593 | (198) | 15,395 |
| Dlite thar théarma 31-120 lá | 3,893 | (393) | 3,500 | 2,692 | (305) | 2,387 |
| Níos mó ná 120 lá | 1,084 | (661) | 423 | 644 | (304) | 340 |
| | 41,084 | (1,462) | 39,622 | 33,892 | (807) | 33,085 |

### 22. Ionstraimí Airgeadais agus Bainistíocht Riosca Airgeadais (An Grúpa agus RTÉ) (ar lean)

Mar seo a leanas a bhí an ghluaiseacht maidir le soláthar do lagú maidir le nithe infhaighte trádála i rith na bliana:

| | Grúpa | | RTÉ | |
|---|---|---|---|---|
| | 2024 €'000 | 2023 €'000 | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | **1,462** | 1,462 | **807** | 807 |
| Scaoilte le linn na bliana | **(17)** | - | **(17)** | - |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig | **1,445** | 1,462 | **790** | 807 |

Ní bhraitear aon neamhchosaint ar chreidmheas i ndáil le réamhíocaíochtaí.

**(c) Riosca leachtachta**

Is ionann an riosca leachtachta agus an baol nach mbeidh an Grúpa in acmhainn dualgas airgeadais a shásamh de réir mar a bhíonn dlite. Is é an cur chuige atá ag RTÉ maidir le bainistíocht ar chúrsaí leachtachta go gcinntítear oiread agus is féidir go mbíonn dóthain leachtachta ann chun dliteanais airgeadais a shásamh nuair a dhlitear sin, faoi ghnáthchúinsí oibre agus faoi chúinsí anáis, gan caillteanas doghlactha a thabhú ná dul i mbaol dochar do dhea-chlú an Ghrúpa. Tá an Grúpa i mbun caibidlíochta faoi láthair chun comhaontuithe iasachta atá ann cheana a bhfuil aibíocht níos mó ná bliain amháin acu a athmhaoiniú agus táthar ag súil go ndéanfar an t-iarmhéid iasachta sin a athchaibidliú le linn 2025 agus go gcuirfear síneadh leis an dáta aibíochta.

Leagtar amach sna táblaí a leanas tréimhsí aibíochta na gconarthaí maidir le dliteanais airgeadais, íocaíochtaí úis a ghabhann le hiasachtaí san áireamh chomh maith leis an nglansreabhadh airgid neamhlascainithe is féidir a chur i leith ionstraimí airgeadais díorthaigh.

Seo a leanas tréimhsí aibíochta na gconarthaí maidir le dliteanais airgeadais:

| **31-Noll-24** **Grúpa** | Suim ghlanluacha €'000 | Sreabhadh airgid conarthaí €'000 | Laistigh de 1 bhliain €'000 | 1-2 bhliain €'000 | 2-5 bliana €'000 | Níos mó ná 5 bliana €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Iasachtaí agus iasachtaíochtaí lena mbaineann ús | **57,500** | **60,154** | **14,693** | **45,461** | **-** | **-** |
| Suimeanna iníoctha trádála agus eile | **65,463** | **65,463** | **65,463** | **-** | **-** | **-** |
| Sochair fostaithe | **8,213** | **8,213** | **8,213** | **-** | **-** | **-** |
| | **131,176** | **133,830** | **88,369** | **45,461** | **-** | **-** |

## 22. Ionstraimí Airgeadais agus Bainistíocht Riosca Airgeadais (An Grúpa agus RTÉ) (ar lean)

| **31-Noll-23 Grúpa** | **Suim ghlanluacha €'000** | **Sreabhadh airgid conarthaí €'000** | **Laistigh de 1 bhliain €'000** | **1-2 bhliain €'000** | **2-5 bliana €'000** | **Níos mó ná 5 bliana €'000** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Iasachtaí agus iasachtaíochtaí lena mbaineann ús | 59,500 | 66,800 | 11,535 | 7,562 | 47,703 | - |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | 29 | 29 | 29 | - | - | - |
| Suimeanna iníoctha trádála agus eile | 76,960 | 76,960 | 76,960 | - | - | - |
| Sochair fostaithe | 7,731 | 7,731 | 7,731 | - | - | - |
| | 144,220 | 151,520 | 96,255 | 7,562 | 47,703 | - |

Seo a leanas tréimhsí aibíochta na gconarthaí maidir le dliteanais airgeadais:

| **31-Noll-24 RTÉ** | **Suim ghlanluacha €'000** | **Sreabhadh airgid conarthaí €'000** | **Laistigh de 1 bhliain €'000** | **1-2 bhliain €'000** | **2-5 bliana €'000** | **Níos mó ná 5 bliana €'000** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Iasachtaí agus iasachtaíochtaí lena mbaineann ús | **10,000** | **10,419** | **10,419** | **-** | **-** | **-** |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | **-** | **-** | **-** | **-** | **-** | **-** |
| Suimeanna iníoctha trádála agus eile | **277,004** | **277,004** | **277,004** | **-** | **-** | **-** |
| Sochair fostaithe | **7,949** | **7,949** | **7,949** | **-** | **-** | **-** |
| | **294,953** | **295,372** | **295,372** | **-** | **-** | **-** |

| **31-Noll-23 RTÉ** | **Suim ghlanluacha €'000** | **Sreabhadh airgid conarthaí €'000** | **Laistigh de 1 bhliain €'000** | **1-2 bhliain €'000** | **2-5 bliana €'000** | **Níos mó ná 5 bliana €'000** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Iasachtaí agus iasachtaíochtaí lena mbaineann ús | 7,000 | 7,324 | 7,324 | - | - | - |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | 29 | 29 | 29 | - | - | - |
| Suimeanna iníoctha trádála agus eile | 274,806 | 274,806 | 274,806 | - | - | - |
| Sochair fostaithe | 7,567 | 7,567 | 7,567 | - | - | - |
| | 289,402 | 289,726 | 289,726 | - | - | - |

## 22. Ionstraimí Airgeadais agus Bainistíocht Riosca Airgeadais (An Grúpa agus RTÉ) (ar lean)

Mar a nochtadh i nóta 14, tá saoráid iasachta téarmaí agus saoráid chreidmheasa imrothlaigh ag an nGrúpa le Banc na hÉireann chomh maith le saoráid iasachta tionscadail agus saoráid chlub iasachtaí téarmaí le Barclays Bank PLC. Tá cúnaint iasachta ag an dá shaoráid sin agus má sháraítear iad amach anseo d'fhéadfadh go mbeadh ar an nGrúpa nó ar an gcuideachta na hiasachtaí a aisíoc níos luaithe ná mar a luaitear sna táblaí thuas. Léiríonn na híocaíochtaí úis sna táblaí thuas réamhrátaí úis an mhargaidh amhail an dáta tuairiscithe agus d'fhéadfadh athrú teacht ar na méideanna sin de réir mar a thagann athrú ar rátaí úis sa mhargadh. Seachas iasachtaí agus íosachtaíochtaí lena mbaineann ús, níltear ag súil go dtarlóidh an sreabhadh airgid a áirítear san anailís aibíochta thuas i bhfad níos luaithe nó ag méideanna mórán difriúla.

Amhail an 31 Nollaig 2024, bhí saoráid rótharraingthe neamhtharraingthe €10 milliún i bhfeidhm ag RTÉ agus saoráid chreidmheasa imrothlach neamhtharraingthe €20 milliún.

**(d) Riosca airgeadra**

Is é an euro airgeadra feidhme eintitis uile an Ghrúpa. Mar gheall ar nádúr gnéithe áirithe den ghnó, go háirithe cláracha teilifíse ceannaithe agus cearta ó thar lear, bíonn nochtadh ann i gcás RTÉ don toradh ar athruithe i rátaí malartaithe airgeadra eachtrach. Is iad dollar na Stát Aontaithe agus steirling na hairgeadraí a dtagann an riosca seo chun cinn maidir leo.

Réamhchonarthaí in airgeadra eachtrach den chuid is mó a úsáideann an Grúpa chun fálúchán eacnamaíochta a dhéanamh ar an riosca airgeadra. Déantar athrú ar luach cóir réamhchonarthaí in airgeadra eachtrach a lua sa Ráiteas Ioncaim. Amhail an 31 Nollaig 2024 b'ionann luach cóir na sócmhainne díorthaí gaolmhaire agus €426,000 (2023: €17,000) agus b'ionann dliteanas díorthach agus €nialas (2023: €29,000).

Déanann an Grúpa agus RTÉ ar a laghad 60% dá nochtadh airgeadra eachtrach buiséadaithe a fhálú maidir le cláracha teilifíse cheannaithe agus cearta ó thar lear.

Ní raibh aon sócmhainní ábhartha ag an nGrúpa ná ag na fochuideachtaí ainmnithe in airgeadra eachtrach amhail an 31 Nollaig 2024 ná 2023.

Ní raibh aon dliteanais airgeadais ag RTÉ ainmnithe in airgeadra eachtrach ach amháin iad sin a leagtar amach sna táblaí seo a leanas.

**Briseadh síos ar shuimeanna iníoctha trádála de réir airgeadra**

| | 2024<br>€'000 | 2023<br>€'000 |
|---|---|---|
| **Grúpa** | | |
| Euro | **15,042** | 7,800 |
| GBP | **78** | 238 |
| USD | **817** | 16 |
| Eile | **1** | 21 |
| | **15,938** | 8,075 |

## 22. Ionstraimí Airgeadais agus Bainistíocht Riosca Airgeadais (An Grúpa agus RTÉ) (ar lean)

**Briseadh síos ar shuimeanna iníoctha trádála de réir airgeadra**

| | 2024<br>€'000 | 2023<br>€'000 |
|---|---|---|
| **RTÉ** | | |
| Euro | **14,474** | 6,741 |
| GBP | **76** | 189 |
| USD | **817** | 16 |
| Eile | **1** | 21 |
| | **15,368** | 6,967 |

Bhí na rátaí malartaithe suntasacha seo i bhfeidhm i rith na bliana:

| | Meánráta | | Spot-ráta an Dáta Tuairiscithe | |
|---|---|---|---|---|
| | 2024 | 2023 | 2024 | 2023 |
| EUR €1 = USD $ | **1.0824** | 1.0813 | **1.0389** | 1.1050 |
| EUR €1 = GBP £ | **0.8466** | 0.8698 | **0.8292** | 0.8691 |

Sa bhainistíocht a dhéantar maidir le rioscaí airgeadra, féachann an Grúpa leis an tionchar ó athruithe gearrthéarmacha ar thuilleamh an Ghrúpa a mhaolú. Baineann an Grúpa úsáid as conarthaí réamhcheannacháin airgeadra eachtrach chun an luaineacht a eascraíonn as an nochtadh seo d'airgeadra eachtrach a laghdú. Mar thoradh air sin, maolaíonn an Grúpa an riosca suntasach ó ghluaiseachtaí i rátaí malairte eachtraigh.

**Grúpa**
Bheadh tionchar dearfach nó diúltach suas le €99,490 (31 Nollaig 2023: €30,591) ar Ráiteas Ioncaim an Ghrúpa ag athrú móide nó lúide 10% ar rátaí malartaithe airgeadra eachtraigh ábhartha, bunaithe ar dhliteanais airgeadais a luaitear in airgeadra eachtrach a bhí gan íoc amhail an 31 Nollaig 2024.

**RTÉ**
Bheadh tionchar dearfach nó diúltach suas le €99,327 (31 Nollaig 2023: €25,112) ar Ráiteas Ioncaim RTÉ ag athrú móide nó lúide 10% ar rátaí malartaithe airgeadra eachtraigh ábhartha, bunaithe ar dhliteanais airgeadais a luaitear in airgeadra eachtrach a bhí amuigh amhail an 31 Nollaig 2024.

**(e) Riosca Ráta Úis**
Amhail an 31 Nollaig 2024, bhí iasachtaí iomlána €57.5 milliún ag an nGrúpa (2023: €59.5 milliún).

Ar an 4 Nollaig 2024, chuaigh RTÉ i mbun saoráid creidmheasa imrothlach le Banc na hÉireann dar luach €30 milliún chun críocha caipitil oibre. Áirítear sa chomhaontú saoráide creidmheasa imrothlaigh €20 milliún nach raibh tarraingthe anuas amhail an 31 Nollaig 2024 agus saoráid iasachta téarmaí €10 milliún a bhí tarraingthe go hiomlán amhail an 31 Nollaig 2024.

## 22. Ionstraimí Airgeadais agus Bainistíocht Riosca Airgeadais (An Grúpa agus RTÉ) (ar lean)

An 1 Feabhra 2019, chuaigh an Grúpa i mbun comhaontú do shaoráid iasachta do thionscadail, trína fhochuideachta 2rn, le Barclays Bank Ireland PLC agus Banc na hÉireann, i leith méid comhlán €60 milliún a raibh €47.5 milliún de tarraingthe amhail an 31 Nollaig 2024.

D'fhágfadh gluaiseacht 1% sa ráta úis tionchar chun sochair nó chun dochair ab ionann is €0.7 milliún ar an Ráiteas Ioncaim.

Ar an dáta tuairiscithe, bhí próifíl rátaí úis na sócmhainní airgeadais úsmhara ag RTÉ mar seo a leanas:

| **Grúpa** | **Suim ghlanluacha 2024 €'000** | **Suim ghlanluacha 2023 €'000** |
|---|---|---|
| **Ionstraimí Rátaí Seasta** | | |
| Sócmhainní Airgeadais | **44,182** | 46,850 |
| **Ionstraimí Rátaí Inathraithe** | | |
| Sócmhainní Airgeadais | **27,199** | 31,791 |

| **RTÉ** | **Suim ghlanluacha 2024 €'000** | **Suim ghlanluacha 2023 €'000** |
|---|---|---|
| **Ionstraimí Rátaí Seasta** | | |
| Sócmhainní Airgeadais | **44,181** | 46,850 |
| **Ionstraimí Rátaí Inathraithe** | | |
| Sócmhainní Airgeadais | **15,359** | 17,256 |

D'fhágfadh gluaiseacht 1% maidir leis an ráta úis ar na sócmhainní airgeadais úsmhara ag RTÉ toradh chun sochair nó chun dochair ar an Ráiteas Ioncaim ab ionann is €0.6 milliún (glan ar cháin).

## 22. Ionstraimí Airgeadais agus Bainistíocht Riosca Airgeadais (An Grúpa agus RTÉ) (ar lean)

**(f) Luachanna córa**

Taispeántar sa tábla seo a leanas luach cóir na sócmhainní airgeadais agus na ndliteanas airgeadais, maille lena leibhéal san ordchóras maidir le luach cóir. Ní luaitear eolas maidir le luach cóir sócmhainní airgeadais ná dliteanas airgeadais nach ndéantar a mheas ar an luach cóir sa chás gur meastachán réasúnta ina leith sin an luach cóir.

| Grúpa [1] | Suim ghlanluacha 2024 €'milliún | Luach cóir leibhéal 2 2024 €'milliún | Suim ghlanluacha 2023 €'milliún | Luach cóir leibhéal 2 2023 €'milliún |
|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní airgeadais a mheastar ar a luach cóir** | | | | |
| Conarthaí réamh-mhalairte | **0.4** | **0.4** | - | - |
| **Dliteanais airgeadais a mheastar ar a luach cóir** | | | | |
| Conarthaí réamh-mhalairte | **-** | **-** | - | - |
| **Dliteanais airgeadais nach meastar ar a luach cóir** | | | | |
| Iasachtaí agus iasachtaíochtaí lena mbaineann ús | **57.5** | **57.5** | 59.5 | 59.5 |

| RTÉ [1] | Suim ghlanluacha 2024 €'milliún | Luach cóir leibhéal 2 2024 €'milliún | Suim ghlanluacha 2023 €'milliún | Luach cóir leibhéal 2 2023 €'milliún |
|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní airgeadais a mheastar ar a luach cóir** | | | | |
| Conarthaí réamh-mhalairte | **0.4** | **0.4** | - | - |
| **Dliteanais airgeadais a mheastar ar a luach cóir** | | | | |
| Conarthaí réamh-mhalairte | **-** | **-** | - | - |
| **Dliteanais airgeadais nach meastar ar a luach cóir** | | | | |
| Iasachtaí agus iasachtaíochtaí lena mbaineann ús | **10.0** | **10.0** | 7.0 | 7.0 |

1 Ní dhearna an Grúpa ná RTÉ luach cóir a nochtadh maidir le hionstraimí airgeadais de leithéid suimeanna trádála infhála agus iníoctha ná sochair fostaithe, ó tharla gur meastachán réasúnta ar luachanna córa iad a gcuid suimeanna glanluacha.

Bhí an luach cóir ar ionstraimí airgeadais díorthaigh bunaithe ar an ordlathas luachála cothroime. Rinneadh an luach cóir ar réamhchonarthaí i malartú eachtrach agus ar an mbabhtáil ráta úis a ríomh de réir an mhodh luachála seo a leanas:

Leibhéal 2: ionchuir, seachas na praghsanna gan choigeartú a luaitear ar mhargaí gníomhacha maidir le sócmhainní agus dliteanais den chineál céanna, is féidir a bhreathnú maidir leis an tsócmhainn nó an dliteanas, más go díreach (i.e. mar phraghsanna) nó go hindíreach (i.e. díorthú ó phraghsanna).

Níor tháinig aon athrú i rith na tréimhse tuairiscithe seo ná an tréimhse roimhe seo ar an modh luachála maidir le Leibhéal 2 ná ar na hionstraimí a ndéantar luacháil orthu leis an modh oibre seo. Níor tharla aon aistriú idir leibhéil san ordlathas luacha chóir.

## 22. Ionstraimí Airgeadais agus Bainistíocht Riosca Airgeadais (An Grúpa agus RTÉ) (ar lean)

Léiríonn na táblaí seo a leanas na teicnící luachála a úsáideadh chun luachanna córa Leibhéal 2 a thomhas, chomh maith leis na hionchuir shuntasacha neamh-inbhraite a úsáideadh.

### Ionstraimí airgeadais a mheastar ar a luach cóir

| Cineál | Teicníc luachála | Ionchuir shuntasacha neamh-inbhraite | Idirchaidreamh idir ionchuir shuntasacha neamh-inbhraite agus tomhas ar luach cóir |
|---|---|---|---|
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | Bunaítear luachanna córa ar mheastacháin do chonarthaí comhchosúla arna dtrádáil i margadh gníomhach. | Níl infheidhme | Níl infheidhme |

### Ionstraimí airgeadais nach meastar ar a luach cóir

| Cineál | Teicníc luachála | Ionchuir shuntasacha neamh-inbhraite |
|---|---|---|
| Iasachtaí agus iasachtaíochtaí lena mbaineann ús | Sreabhadh airgid lascainithe bunaithe ar rátaí úis luaite le hiasachtaithe. | Níl infheidhme |

### (g) Ionstraimí airgeadais dhíorthaigh

Leagtar amach thíos an sreabhadh airgid de réir conarthaí a bhaineann leis na hionstraimí airgeadais dhíorthaigh:

| 31-Noll-24 | Suim ghlanluacha €'000 | Sreabhadh airgid conarthaí €'000 | Laistigh de 1 bhliain €'000 | 1–2 bhliain €'000 | 2–5 bliana €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Grúpa** | | | | | |
| **Glandliteanais dhíorthacha** | | | | | |
| Réamhchonarthaí i malairt eachtrach (insreabhadh) | **426** | **426** | **333** | **93** | **-** |

| 31-Noll-24 | Suim ghlanluacha €'000 | Sreabhadh airgid conarthaí €'000 | Laistigh de 1 bhliain €'000 | 1–2 bhliain €'000 | 2–5 bliana €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **RTÉ** | | | | | |
| **Glandliteanais dhíorthacha** | | | | | |
| Réamhchonarthaí i malairt eachtrach (insreabhadh) | **426** | **426** | **333** | **93** | **-** |

## 22. Ionstraimí Airgeadais agus Bainistíocht Riosca Airgeadais (An Grúpa agus RTÉ) (ar lean)

| 31-Noll-23 | Suim ghlanluacha €'000 | Sreabhadh airgid conarthaí €'000 | Laistigh de 1 bhliain €'000 | 1–2 bhliain €'000 | 2–5 bliana €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Grúpa** | | | | | |
| **Glansócmhainní díorthacha** | | | | | |
| Réamhchonarthaí i malairt eachtrach (eis-sreabhadh) | (12) | (12) | (12) | - | - |

| 31-Noll-23 | Suim ghlanluacha €'000 | Sreabhadh airgid conarthaí €'000 | Laistigh de 1 bhliain €'000 | 1–2 bhliain €'000 | 2–5 bliana €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **RTÉ** | | | | | |
| **Glansócmhainní díorthacha** | | | | | |
| Réamhchonarthaí i malairt eachtrach (eis-sreabhadh) | (12) | (12) | (12) | - | - |

Déantar aon ghnóthachan nó caillteanas ag eascairt as athrú ar luach cóir réamhchonarthaí i malairt eachtrach a lua go díreach sa Ráiteas Ioncaim.

## 23. Ceangaltais, Teagmhais agus Barántais Airgeadais

### (a) Gealltanais chaipitil

| | Grúpa | | RTÉ | |
|---|---|---|---|---|
| | 2024 €'000 | 2023 €'000 | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
| Faoi chonradh ach gan soláthar déanta ina leith | **7,477** | 5,958 | **7,096** | 5,160 |
| Údaraithe ach gan conradh socraithe ina leith | **4,080** | 2,735 | **2,903** | 1,980 |
| | **11,557** | 8,693 | **9,999** | 7,140 |

### (b) Ceangaltais maidir le ceannachán cláracha/ceart

| | Grúpa | | RTÉ | |
|---|---|---|---|---|
| | 2024 €'000 | 2023 €'000 | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
| Faoi chonradh ach gan soláthar déanta ina leith | **119,157** | 126,186 | **119,157** | 126,186 |

### (c) Dliteanais theagmhasacha

De bharr nádúr a oibríochtaí, tá an Grúpa ina pháirtí in imeachtaí éagsúla dlí le tríú páirtithe a d'eascair i rith gnáthchúrsaí gnó. Cé nach féidir a thomhas go cruinn an dliteanas a d'fhéadfadh a bheith ann faoi na himeachtaí éagsúla, tá an Bord sásta go bhfuil soláthar dóthanach déanta don toradh is dócha a bheidh ar na himeachtaí sin.

## 23. Ceangaltais, Teagmhais agus Barántais Airgeadais (ar lean)

**(d) Barántais**
Amhail an 31 Nollaig 2024 cheangail RTÉ le saoráid barántais dar luach €8.8 milliún a rachaidh in éag ar an 15 Feabhra 2028.

**(e) Seirbhísí teilifíse digiteacha i dTuaisceart Éireann**
Tá comhfhiontar nasctha ag RTÉ le TG4 maidir le seirbhísí teilifíse digiteacha a chur ar fáil i dTuaisceart Éireann agus tá gealltanas cistíochta ar RTÉ faoin gcomhaontú sin a thiocfaidh in éag i mí na Nollag 2034. Ba ionann an gealltanas a bhí fós ann amhail an 31 Nollaig 2024 agus €4.2 milliún.

## 24. Deontais

**(a) Deontais Chaipitil**

| | Grúpa | | RTÉ | |
|---|---|---|---|---|
| | 2024 €'000 | 2023 €'000 | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
| Iarmhéid Tosaigh | **3,632** | 4,014 | - | - |
| Scaoilte chuig an Ráiteas Ioncaim | **(382)** | (382) | - | - |
| | **3,250** | 3,632 | - | - |
| **Arna hanailísiú mar a leanas:** | | | | |
| Dliteanais neamhreatha | **2,868** | 3,250 | - | - |
| Dliteanais reatha | **382** | 382 | - | - |
| | **3,250** | 3,632 | - | - |

D'eisigh an DTCAGSM deontas caipitil a thosaigh sa bhliain 2017 le RTÉ Transmission Network DAC, fochuideachta de chuid RTÉ i ndáil le socrú do bhanda minicíochta Speictream 700 MHz a ghlanadh faoi mar a ordaítear faoi threoracha ón AE. Tá an ghluaiseacht maidir leis an deontas i rith na bliana i gcomhréir le polasaí cuntasaíochta an Ghrúpa.

**(b) Deontais Eile**
Bhronn Fondúireacht Eolaíochta Éireann deontas €650,000 ar an gclársceidealú a bhaineann leis an eolaíocht in 2023. Fuarthas €225,000 san iomlán le linn na bliana (2023: €302,147).

Bronnadh deontas €867,456 ar RTÉ ó Chartlann an BAI in 2022 i leith Scéimeanna Cartlainne agus Cartlannaíochta na Cartlainne a dhigitiú. Fuarthas €120,226 de sin in 2024 (2023: €Nialas). Sa bhliain 2021 bronnadh deontas €66,911 ar RTÉ faoi scéim Fuaim & Fís an BAI i leith maoiniú cláracha. Fuarthas €38,124 le linn na bliana (2023: €26,560).

Bhronn an Chomhairle Ealaíon deontas €170,000 ar RTÉ in 2024 (2023: €170,000) maidir le hOíche Chultúir. Fuarthas €170,000 sa bhliain (2023: €170,000).

Bhronn an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (DTCAGSM) deontas €2,430,000 ar RTÉ sa bhliain 2021 maidir le hábhar a léiriú, a sholáthar agus a choimeád mar chuid de chlár comórtha Dheich mBliana na gCuimhneachán. Fuarthas €120,000 le linn na bliana (2023: €1,180,000).

## 24. Deontais (ar lean)

In 2024, bhronn an Comhairle Oidhreachta na hÉireann deontas €60,000 ar RTÉ i ndáil le hábhar a léiriú, a sheachadadh agus a choimeád. Fuarthas €60,000 de sin in 2024.

Bhronn an DTCAGSM deontas €100,000 ar RTÉ chun an Ghaeilge a chur chun cinn (2023: €100,000). Fuarthas €100,000 sa bhliain (2023: €100,000).

Bhronn an DTCASGM deontas €100,000 ar RTÉ in 2024 (2023: €45,000) i ndáil leis an Tionscnamh Ealaíne Digití. Fuarthas sin le linn na bliana (2023: €45,000).

Bhronn an DTCASGM deontas €55,000 ar RTÉ (2023: €50,000) i ndáil le Cruinniú na nÓg. Fuarthas sin le linn na bliana (2023: €50,000).

Bronnadh deontas ilbhliantúil €720,000 ar RTÉ ón Roinn Gnóthaí Eachtracha óna Ciste Dúshláin na Meán Éire Dhomhanda chun clúdach agus tuairisciú nuachta idirnáisiúnta a leathnú laistigh de RTÉ. Úsáideadh €417,839 de sin le linn na bliana (2023: €276,864).

In 2023 agus 2024, bronnadh deontas €35,096 ar RTÉ ó Údarás na Gaeltachta chun tacú leis na hintéirnigh Ghaeilge atá lonnaithe sa Ghaeltacht. Fuarthas €63,096 sa bhliain (2023: €Nialas).

In 2024, fuair RTÉ deontas €33,096 ó Spórt Éireann ionas go bhféadfadh intéirneacht RTÉ 2024 tacú lena dtionscnamh Mná sa Spórt.

## 25. Idirbhearta na bPáirtithe Gaolmhara

**(a) Idirbhearta le páirtithe gaolmhara nach daoine den lucht bainistíochta príomhthábhachta iad**

Is corparáid reachtúil é RTÉ a bunaíodh mar Chorparáid Craolacháin Seirbhíse Poiblí faoi faoin *Acht um Údarás Craolacháin, 1960*. Is é an Rialtas a cheapann comhaltaí Bhord RTÉ. Meastar go dtagann an grúpa faoi rialú an Rialtais agus áirítear dá bhrí sin an Rialtas mar pháirtí gaolmhar de réir mar a thugtar sainmhíniú air sin sna caighdeáin chuntasaíochta. Chuir an Grúpa an díolúine i bhfeidhm in *IAS 24 Nochtadh Páirtithe Gaolmhara* lena ndíolmhaítear eintiteas ó na ceanglais maidir le nochtadh páirtithe gaolmhara i leith an Rialtais agus eintiteas a bhaineann leis an Rialtas mura rud é go bhfuil idirbhearta suntasach ina n-aonar nó suntasach i dteannta a chéile.

I mbun an ghnáthghnó dó bhí an grúpa páirteach in idirbhearta leis an Rialtas, agus le heintitis a bhaineann leis an Rialtas, maidir le seirbhísí fógraíochta agus seirbhísí eile den chineál céanna a chur ar fáil, chomh maith le ceannachán agus díolachán ar earraí agus ar sheirbhísí le ranna Rialtais agus eintitis atá faoi rialú Rialtas na hÉireann. Is é An Post a bhailíonn táille an cheadúnais teilifíse thar ceann na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

Amhail an 31 Nollaig 2024, b'ionann an t-iomlán a bhí le híoc ag RTÉ le gnóthais fhochuideachtaí agus €220.4 milliún (2023: €207.7 milliún).

## 25. Idirbhearta na bPáirtithe Gaolmhara (ar lean)

**(b) Idirbhearta le daoine den lucht bainistíochta príomhthábhachta [1]**
Chun críche na gcoinníollacha maidir le nochtadh a thagann faoi *IAS 24 Nochtadh maidir le Páirtithe Gaolmhara* is iad a thagann faoi scáth an téarma "daoine den lucht bainistíochta príomhthábhachta" (i.e. na daoine sin a dtugtar údarás dóibh agus a leagtar freagracht orthu maidir le pleanáil, stiúradh agus rialú a dhéanamh ar bheartaíocht an ghrúpa) comhaltaí Bhord RTÉ, an Príomh-Stiúrthóir, Foireann Ceannaireachta RTÉ agus na feidhmeanna corparáide a thuairiscíonn go díreach chuig an bPríomh-Stiúrthóir. €3.437 milliún an tsuim iomlán i gcúiteamh a íocadh le pearsanra bainistíochta in 2024 (2023: €4.032 milliún). Bhí an tsuim sin comhdhéanta de thuarastail agus de shochair ghearrtéarmacha d'fhostaithe de €3.014 milliún (2023: €2.853 milliún), sochair pinsin iar-fhostaíochta de €0.405 milliún (2023: €0.393 milliún), sochair fhoirceanta €nialas (2023: €0.768 milliún) agus sochair fhadtéarmacha eile de €0.018 milliún (2023: €0.018 milliún).

In 2024, rinneadh scaoilíocaíocht amháin ina n-áirítear ann ranníocaíocht i leith táillí dlí a comhaontaíodh le hiar-chomhalta den bhord feidhmiúcháin roimhe seo ar chostas iomlán €475k. Sa tréimhse chomparáideach, rinneadh scaoilíocaíochtaí €768k ar an iomlán le hiar-chomhaltaí den bhord feidhmiúcháin roimhe sin.

B'ionann ceannacháin RTÉ ó Multiplex Broadcasting Services N.I. Limited, ar a bhfuil roinnt stiúrthóirí atá mar chuid d'fhoireann Ceannaireachta RTÉ freisin, in 2024 agus €0.8 milliún (2023: €0.7 milliún) agus bhain sé sin le Líonra tarchurtha.

B'ionann tacaíocht cur chun cinn do chuideachtaí atá faoi úinéireacht/faoi rialú chomhaltaí an Bhoird nó príomhphearsanra bainistíochta eile in 2024 agus €13,850 (2023: €14,600).

**Téarmaí agus coinníollacha na n-idirbheart le páirtithe gaolmhara**
Is ar na téarmaí céanna atá i réim maidir le hidirbhearta neamhthuilleamaíocha a dhéantar an díolachán agus an ceannachán le páirtithe gaolmhara.

1 Tugtar san áireamh le páirtithe gaolmhara daoine den lucht bainistíochta mórthábhachta agus eintitis sheachtracha atá faoina smacht.

## 26. Dliteanas Léasa

| | Grúpa | | RTÉ | |
|---|---|---|---|---|
| | 2024 €'000 | 2023 €'000 | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
| **Dliteanais Léasa** | | | | |
| **Arna anailísiú mar** | | | | |
| Neamhreatha | **3,302** | 3,427 | **1,739** | 1,603 |
| Reatha | **614** | 554 | **352** | 297 |
| | **3,916** | 3,981 | **2,091** | 1,900 |
| **Anailís aibíochta:** | | | | |
| Bliain 1 | **614** | 554 | **352** | 297 |
| Bliain 2 | **633** | 477 | **368** | 217 |
| Bliain 3 | **536** | 495 | **267** | 230 |
| Bliain 4 | **483** | 504 | **210** | 235 |
| Bliain 5 | **447** | 450 | **201** | 177 |
| Ina dhiaidh sin | **1,203** | 1,501 | **693** | 744 |
| | **3,916** | 3,981 | **2,091** | 1,900 |

Níl aon riosca suntasach leachtachta i ndán don Ghrúpa maidir lena dliteanais léasa. Déantar monatóireacht ar dhliteanais léasa laistigh d'fheidhm Airgeadais an Ghrúpa.

## 27. Ceadú an Bhoird

Cheadaigh Bord RTÉ na ráitis airgeadais i leith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2024 an 6 Meitheamh 2025.

# Aguisín le Ráitis Airgeadais an Ghrúpa - Láithreoirí Ar an Aer agus an Fhoireann Ceannaireachta

**Na 10 Láithreoir a thuill na hÍocaíochtaí is Airde ar Bhonn Tuilleamh le haghaidh 2024 agus 2023**

| | | 2024 | | 2023 | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Stádas** | **Aonair** | **Áit** | **€** | **Áit** | **€** |
| Cladaghgreen Ltd (as seirbhísí Joe Duffy) | Conraitheoir | 1 | 351,000 | 1 | 351,000 |
| Derrough Media Ltd (as seirbhísí Claire Byrne) | Conraitheoir | 2 | 280,000 | 2 | 280,000 |
| Pamanco Ltd (as seirbhísí Patrick Kielty)* | Conraitheoir | 3 | 257,657 | - | - |
| Baby Blue Productions Ltd (as seirbhísí Miriam O'Callaghan) | Conraitheoir | 4 | 246,708 | 3 | 263,500 |
| Brendan O'Connor/BOC Communications Ltd (as seirbhísí Brendan O'Connor) | Conraitheoir | 5 | 244,099 | 6 | 245,004 |
| What Next Productions Ltd (as seirbhísí Ray Darcy) | Conraitheoir | 6 | 220,409 | 4 | 250,000 |
| Mary Wilson | Fostaí | 7 | 209,545 | 7 | 199,194 |
| D Media Ltd (as seirbhísí Dháithí Uí Shé) | Conraitheoir | 8 | 196,885 | - | - |
| George Lee | Fostaí | 9 | 195,939 | 10 | 185,674 |
| Darragh Maloney | Fostaí | 10 | 194,902 | 9 | 186,650 |

*Mar a deimhníodh go poiblí roimhe seo níor bhain Pamanco Ireland Ltd leas as foráil chonartha chun suas le €50k de chaiteachas taistil dearbhaithe a éileamh le linn 2024.

**Bunús an ullmhaithe:**
Tá Stiúrthóirí RTÉ freagrach as an Ráiteas Tuilleamh a ullmhú go cuí agus a chur i láthair go cothrom do na tréimhsí iomchuí.

Déantar na láithreoirí de chuid RTÉ a thuil na híocaíochtaí is airde don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 a ullmhú ar bhonn fabhruithe faoi chritéir tomhais agus luachála IFRS. Baineann sé leis an gcostas conraithe arna thabhú go díreach ag RTÉ le haghaidh 2024 a bhaineann le fostaithe nó conraitheoirí neamhspleácha a bhfuil caidreamh díreach acu le RTÉ agus a bhaineann le seirbhísí a thugtar sa bhliain sin. Áirítear ar chostas fostaithe tuarastail, ranníocaíocht pinsin fostóra, sochar comhchineáil agus sochair ghaolmhara. Is ionann an costas a aithnítear do chonraitheoirí agus costais agus táillí iníoctha le haghaidh seirbhísí a soláthraíodh in 2024 agus níl CBL san áireamh. Ní thuilleann conraitheoirí tuarastail agus ní dhéanann RTÉ aon ranníocaíocht pinsin ar a son.

D'eisigh iniúchóirí an Ghrúpa tuarascáil dearbhaithe réasúnta ar na 10 láithreoir is airde pá a chuirtear i láthair sa tábla thuas.

Rinne Deloitte a chuid oibre dearbhaithe a phleanáil agus a dhéanamh, chun an fhaisnéis agus na mínithe uile a mheas siad a bheith riachtanach a fháil, chun fianaise leordhóthanach a chur ar fáil dóibh chun dearbhú réasúnach a thabhairt gur ullmhaíodh an sceideal thuas, ar gach slí ábharthach, i gcomhréir leis na critéir is infheidhme.

**Tuilleamh Fhoireann Ceannaireachta Bhuan RTÉ don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024**

| | Tuarastal € | Pinsean € | Liúntais € | Eile € | Iomlán € |
|---|---|---|---|---|---|
| Kevin Bakhurst | 250,000 | 62,500 | 25,000 | 2,454 | 339,954 |
| Steve Carson | 56,091 | 7,853 | - | 376 | 64,320 |
| Daniel Coady | 157,798 | 17,358 | - | 1,057 | 176,213 |
| Eimear Cusack | 216,300 | 32,445 | 24,500 | 1,449 | 274,694 |
| Gavin Deans | 213,645 | 23,501 | - | 1,431 | 238,577 |
| Mari Hurley | 78,583 | 11,002 | - | 527 | 90,112 |
| Adrian Lynch | 221,749 | 44,350 | 24,700 | 1,486 | 292,285 |
| Deirdre McCarthy | 221,749 | 33,262 | 24,700 | 1,486 | 281,197 |
| Patricia Monahan | 60,285 | 6,631 | - | 404 | 67,320 |
| Richard Waghorn | 231,797 | 34,770 | 19,000 | 1,553 | 287,120 |

**Tuilleamh Fhoireann Ceannaireachta Bhuan RTÉ don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023**

| | Tuarastal € | Pinsean € | Liúntais € | Eile € | Iomlán € |
|---|---|---|---|---|---|
| Kevin Bakhurst | 119,235 | 29,809 | 11,924 | 799 | 161,767 |
| Eimear Cusack | 216,404 | 32,461 | 24,500 | 1,450 | 274,815 |
| Adrian Lynch | 217,308 | 43,462 | 24,700 | 1,456 | 286,926 |
| Deirdre McCarthy | 213,800 | 32,719 | 25,512 | 1,459 | 273,490 |
| Paula Mullooly | 203,365 | 26,801 | 28,711 | 1,283 | 260,160 |
| Richard Waghorn | 227,155 | 34,073 | 19,000 | 1,522 | 281,750 |

# Aguisín le Ráitis Airgeadais an Ghrúpa - Polasaithe Cuntasaíochta

## 1. Bunús na Cuntasaíochta

Leagtar amach thíos liosta iomlán ár bpolasaithe cuntasaíochta. Cuireadh na polasaithe cuntasaíochta i bhfeidhm go comhleanúnach nuair a bhíothas ag déileáil le míreanna a mheastar gur míreanna ábhartha iad maidir le ráitis airgeadais an Ghrúpa agus RTÉ ach amháin i gcás na gcaighdeán nua agus na leasuithe ar na caighdeáin arna leagan amach thíos.

Iarmhéideanna comparáideacha
Rinneadh iarmhéideanna comparáideacha ar leith laistigh d'aicmí sócmhainne nó dliteanais a athlua ar bhonn atá comhréireach le cur i láthair na bliana reatha.Go sonrach, rinneadh iarmhéideanna áirithe laistigh de dhliteanais a athaicmiú chun cineál na n-oibleagáidí a léiriú ar bhealach níos fearr agus chun ailíniú le haicmithe agus nochtaí na bliana reatha.Rinneadh na hathruithe sin chun comhréireacht agus inchomparáideacht fheabhsaithe a áirithiú thar thréimhsí.

**(a) Eintiteas tuairiscithe**
Is corparáid reachtúil é RTÉ a bunaíodh faoin *Acht um Údarás Craolacháin, 1960* agus tá an chorparáid sainlonnaithe in Éirinn. Cuimsíonn ráitis airgeadais chomhdhlúite RTÉ amhail an 31 Nollaig 2024 an chorparáid reachtúil agus gach eintiteas arna rialaíonn sé (dá dtagraítear in éineacht mar an "Grúpa").

**(b) Ráiteas maidir le comhlíonadh**
Ullmhaíodh ráitis airgeadais RTÉ agus an Ghrúpa de réir na gCaighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRSanna) mar a ghlac an tAontas Eorpach (AE) leo agus atá in éifeacht don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024 agus feidhmítear iad de réir fhorálacha na reachtaíochta craolacháin. Roghnaigh an Grúpa a ráitis airgeadais chomhdhlúite chomh maith le ráitis airgeadais eintitis máthairchuideachta RTÉ a chur i láthair de réir fhorálacha *Acht na gCuideachtaí 2014* a mhéid agus is gá chun léiriú fíor agus cóir a thabhairt. Dá réir sin tá Ráiteas máthairchuideachta RTÉ maidir le Staid Airgeadais, Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid agus Ráiteas maidir le hAthruithe ar Chothromas curtha i láthair leis na ráitis airgeadais chomhdhlúite freisin, mar a d'éileodh *Acht na gCuideachtaí 2014* de ghnáth. Tá leasú déanta ar Ráiteas Ioncaim Grúpa RTÉ de réir mar a cheadaítear faoi *Acht na gCuideachtaí 2014*, Sceideal 3 Cuid II, Alt A4(5).

**(c) Bunús an Ullmhaithe**
Ullmhaíodh ráitis airgeadais RTÉ agus an Ghrúpa ar bhonn an chostais stairiúil arna mhodhnú ag an tomhas ag luach cóir na n-ionstraimí airgeadais díorthaigh agus na n-oibleagáidí sochair scoir. I euro, airgeadra feidhmiúcháin eintitis ar fad an Ghrúpa, tugtha go dtí an míle is gaire (€000) a ullmhaíodh ráitis airgeadais an Ghrúpa.

Chun ráitis airgeadais a ullmhú de réir IFRSanna ní mór don bhainistíocht breithiúnais, meastacháin, agus boinn tuisceana a thabhairt a mbíonn tionchar acu ar fheidhmiú na bpolasaithe cuntasaíochta agus ar an líon sócmhainní, dliteanas, ioncaim agus caiteachais a thuairiscítear. D'fhéadfadh torthaí iarbhír a bheith difriúil ó na meastacháin sin. Déantar na meastacháin agus na boinn tuisceana taobh thiar díobh a athbhreithniú ar bhonn leanúnach. Sa tréimhse a ndéantar na meastacháin a athbhreithniú a aithnítear na hathbhreithnithe a dhéantar chomh maith le haon tréimhse ina dhiaidh sin a mbeadh tionchar acu uirthi. Le luacháil ar an scéim pinsin sochair shainithe agus le hionstraimí airgeadais a bhaineann na príomhréimsí a mbíonn breithiúnais shuntasacha nó castacht i gceist nó le réimsí a mbíonn tábhacht le breithiúnais agus meastacháin i dtaobh ráitis airgeadais an Ghrúpa agus tá cur síos orthu sna polasaithe cuntasaíochta ábhartha thíos agus sna nótaí bainteacha.

**(d) Caighdeáin nua agus athchóirithe a ghlacadh**
Ghlac an Grúpa le linn na bliana le roinnt leasuithe ar chaighdeáin an IFRS agus le léirmhínithe arna n-eisiúint ag an IASB a raibh éifeacht leo go ceann tréimhse bliana ag tosú an 1 Eanáir 2024 nó ina dhiaidh. Ar ghlacadh léi sna leasuithe agus nochtuithe, ní raibh aon tionchar ábhartha ar nochtuithe ná ar na méideanna arna dtuairisciú sna ráitis airgeadais seo.

# Aguisín le Ráitis Airgeadais an Ghrúpa - Polasaithe Cuntasaíochta
(ar lean)

### 1. Bunús na Cuntasaíochta (ar lean)

**(e) Caighdeáin atá eisithe ach nach bhfuil éifeacht leo fós**
Níl éifeacht fós le roinnt caighdeán nua, leasuithe ar chaighdeáin agus léirmhínithe agus níor cuireadh i bhfeidhm iad is na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú. Níl i gceist ag an nGrúpa na caighdeáin seo a chur i bhfeidhm roimh an am; déanfar, ina ionad sin, iad a chur i bhfeidhm ón dáta éifeachta de réir mar a shocraítear sin i gcomhréir le dáta a n-aontú ag an AE.

Áirítear orthu sin:

| | |
|---|---|
| • IFRS 18 Cur i láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais | Dáta feidhmithe an 1 Eanáir 2027 |
| • IFRS 19 Fochuideachtaí gan Cuntasacht Phoiblí: Nochtaí | Dáta feidhmithe an 1 Eanáir 2027 |
| • Leasuithe ar IAS 21 — Tionchar na n-athruithe ar rátaí malairte eachtraí | Dáta feidhmithe an 1 Eanáir 2025 |
| • Leasuithe ar IFRS 9 agus IFRS 7 maidir le haicmiú agus tomhas ionstraimí airgeadais | Dáta feidhmithe an 1 Eanáir 2026 |
| • Feabhsuithe Bliantúla ar Chaighdeáin Chuntasaíochta IFRS:<br>- IFRS 1: Cuntasaíocht fálaithe ag glacadóir céaduaire<br>- IFRS 7: Gnóthachan nó caillteanas ar dhí-aithint<br>- IFRS 7: Nochtadh difríochta iarchurtha idir luach cóir agus praghas idirbhirt<br>- IFRS 7: Nochtaí maidir le tabhairt isteach agus riosca creidmheasa<br>- IFRS 9: Dí-aithint léasa ar dhliteanais léasa<br>- IFRS 9: Praghas idirbhirt<br>- IFRS 10: 'Gníomhaire de facto' a chinneadh'<br>- IAS 7: Modh an chostais | Dáta feidhmithe an 1 Eanáir 2026 |

Ní dóigh leis na stiúrthóirí go mbeidh tionchar ábhartha ag glacadh na gcaighdeán atá liostaithe thuas ar ráitis airgeadais an Ghrúpa sna tréimhsí amach anseo.

### 2. Aitheantas Ioncaim

Tá ioncam, nach bhfuil CBL ná idirbhearta idir cuideachtaí sa Ghrúpa san áireamh ann, comhdhéanta d'ioncam a eascraíonn as táillí ceadúnais agus maoiniú rialtais, díolacháin fógraíochta, urraíocht, úsáid saoráidí agus líonra tarchurtha an Ghrúpa, ioncam ciorclaíochta agus imeachtaí, agus ioncam ó ábhar, earraí díolacháin agus ioncam gaolmhar. Luaitear ioncam glan ó aon lascainí socraíochta agus méide.

Tá IFRS 15 i bhfeidhm i ndáil le gach sruth ioncaim an Ghrúpa seachas ar ioncam ón táille cheadúnais agus maoiniú rialtais a thagann faoi *IAS 20 Cuntasaíocht maidir le Deontais ón Rialtas agus Cúnamh ón Rialtas a Nochtadh*.

Déantar na sruthanna ioncaim eile, mar atá leagtha amach thíos, a aithint nuair a aistrítear na seirbhísí nó earraí atá geallta chuig na custaiméirí. Tá cur chuige 5 chéim glactha ag an nGrúpa maidir le tráthú aitheantais ioncaim bunaithe ar oibleagáidí feidhmíochta i gconarthaí custaiméirí. Is éard atá i gceist leis seo an conradh le custaiméirí a aithint, na hoibleagáidí feidhmíochta a aithint, praghas an idirbhirt a ríomh, an praghas a leithroinnt chuig na hoibleagáidí feidhmíochta laistigh den chonradh agus ioncam a aithint nuair atá na hoibleagáidí feidhmíochta bainte amach.

**(a) Ioncam ón táille cheadúnais agus maoiniú rialtais**
Tá An Post ainmnithe ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (DTCAGSM) ina ghníomhaire bailiúcháin don táille ceadúnais teilifíse. Déanann An Post an t-ioncam ón Táille Cheadúnais a bhailiú agus a íoc leis an DTCAGSM, glan ó chostais bailithe. Ina theannta sin, íocann an Roinn Coimirce Sóisialta (DSP) ioncam ón táille cheadúnais thar ceann daoine atá incháilithe do cheadúnas teilifíse 'saor in aisce'. Íocann an DSP an t-ioncam seo chuig an DTCAGSM gach mí.

## 2. Aitheantas Ioncaim (ar lean)

Mar a fhoráiltear in Alt 123 den *Acht Craolacháin 2009* arna leasú le hAlt 69 den *Acht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist) 2011* íocann an DTCAGSM "deontas i gcabhair" neamh-inaisíoctha le RTÉ ó na táillí ceadúnais a bhailítear. Is ionann sin agus an méid a íoctar leis ón DSP chomh maith leis an méid a bhailíonn An Post, glan ar chostais bhailithe agus tobhach 7% leis an gCiste Craoltóireachta.

Arna fháil a aithnítear ioncam ón Táille Cheadúnais atá iníoctha ag an DSP. Déantar an t-ioncam eile ar fad ón táille cheadúnais a áireamh ar thuairisc a fháil ó An Post ar líon na gceadúnas a ceannaíodh i rith na tréimhse.

Aithnítear deontais rialtais eile sa tréimhse lena mbaineann siad nó má bhaineann siad le caiteachas caipitiúil cuirtear siar iad agus déantar iad a amúchadh thar shaolré na sócmhainne gaolmhaire.

**(b) Ioncam fógraíochta agus urraíochta**
Aithnítear ioncam fógraíochta teilifíse ar fheachtas a chur i gcrích. Aithnítear an t-ioncam fógraíochta eile go léir ar tharchur/ar fhoilsiú. Luaitear ioncam fógraíochta glan ó choimisiúin gníomhaireachtaí. Aithnítear ioncam urraíochta go cothrom thar shaolré an chláir urraithe, an fhoilseacháin urraithe, srl.

**(c) Ioncam ó tharchuradóireacht agus ó shaoráidí**
Eascraíonn an t-ioncam ó chúrsaí tarchuradóireachta agus saoráidí ón úsáid a bhaineann an tríú páirtí as craobhchóras tarchuradóireachta, dáileacháin agus ilphléacsúcháin an Ghrúpa agus ó áiseanna stiúideo. Aithnítear suimeanna de réir mar a chuirtear na saoráidí ar fáil do thríú páirtithe.

**(d) Ioncam ciorclaíochta agus imeachtaí**
Ó fhoilsiú agus chiorclaíocht an *RTÉ Guide* a eascraíonn ioncam ciorclaíochta agus an t-ioncam comhlán a luaitear. Ar bhonn ghlanmhéid na gcóipeanna díolta ag deireadh na tréimhse gearrtha díolacháin gach eagrán a aithnítear ioncam.

Ó imeachtaí poiblí arna n-eagrú ag Ceolfhoirne RTÉ a eascraíonn ioncam imeachtaí. Aithnítear é de réir mar a thionóltar na himeachtaí agus mar a bhíonn suimeanna dlite.

**(e) Ioncam ó ábhar, earraí díolacháin agus ioncam gaolmhar**
Is ionann ábhar, earraí díolacháin agus ioncam gaolmhar méideanna a ghintear ó ábhar agus seirbhísí RTÉ a chuirtear ar fáil do thríú páirtithe. Aithnítear ioncam de réir mar a chuirtear an tseirbhís ar fáil nó ar earraí a sheachadadh chuig tríú páirtí.

## 3. Tuairisciú Rannóige
Déantar anailís rannóige, a ullmhaítear de réir chaighdeán *IFRS 8 Rannóga Oibriúcháin*, a leagan amach i nóta 2(d). Is iad na rannáin príomhrannóga tuairiscithe ag RTÉ. Tá anailís rannóige eile mar a éilítear faoin *Acht Craolacháin 2009* leagtha amach i nóta 2(e).

I nóta 2(d), déantar an t-ioncam tráchtála a lua maidir leis an rannán Tráchtála den chuid is mó. Tuairiscítear ioncam 2rn sa rannán Líonraí. Luaitear an t-ioncam ó dhíolachán na cartlainne agus na leabharlainne sa rannán Ábhair. Luaitear ioncam ó sheirbhísí ilphléacsanna a chur ar fáil agus roinnt cineálacha beaga eile ioncaim maidir le réimsí eile. Is feidhm é tuairisciú an ioncaim ón táille cheadúnais laistigh de gach rannán den ioncam sin a lua le gach cainéal agus seirbhís ar leithligh.

### 3. Tuairisciú Rannóige (ar lean)

Déantar costais arna dtabhú ag rannán agus ar son rannáin a lua taobh istigh den rannán sin. Baintear leas as bunús cuí ionsúcháin lán-chostais nó leithdháileadh úsáide chun costas réasúnach agus cóir a leagan ar lár-sheirbhísí roinnte agus idir-rannacha a úsáideann na rannáin sin. Bíonn an leithdháileadh bunaithe ar phrionsabail chuntasaíochta an chostais arna gcur i bhfeidhm go seasta agus go hoibiachtúil.

Baineann costas léiriúcháin, coimisiúin agus ceannacháin ar chláir theilifíse agus raidió le cainéil teilifíse agus raidió saor go haer RTÉ a chur ar fáil. Déantar na costais sin a ghearradh ar na rannáin maidir le hÁbhar agus Nuacht & Cúrsaí Reatha de réir mar is cuí. Ionas gur féidir an costas dáiríre a bhaineann le cainéil teilifíse agus raidió saor go haer RTÉ a chur ar fáil a léiriú go cothrom, ní chionroinntear na costais sin i leith seirbhísí ar líne áit a gcuirtear deiseanna breise ar fáil chun rochtain a fháil ar an ábhar a sholáthraítear. Sa chás go dtarlaíonn costas díreach maidir le cearta ar líne a cheannach nó athúsáid a bhaint as ábhar, nó ábhar a chruthú lena úsáid ar líne go príomha, déantar an costas sin a ghearradh ar sheirbhísí ar líne. Tá RTÉ ag cur lena aschur neamhlíneach agus is ar na hardáin dhigiteacha atá níos mó cláracha á gcraoladh den chéad uair anois agus le haistriú chuig cur chuige ar líne ar dtús i ndáil le clúdach nuachta.

Chun an straitéis ar líne ar dtús seo a léiriú, leithroinntear cuid chuí den costas maidir leis an ngnáthbhonneagar bailithe nuachta a leithroinnt ar na seirbhísí ar líne. Sa chás go bhfaightear ábhar d'fhonn a úsáid i gcláracha craolta agus a úsáid go díreach le seirbhísí ar líne, déantar an costas a bhaineann le hábhar mar sin a fháil a leithdháileadh ag teacht leis na prionsabail leithdháilte costais a leagtar amach thuas.

### 4. Fardail Cláracha

Déantar fardail cláracha a luacháil ag a gcostas nó ag a nglanluach inréadaithe, cibé is lú.

Is ionann fardail cláracha dúchasacha is cláracha a dhéanann RTÉ intí nó cláracha a dhéanann RTÉ a choimisiúnú ó léiritheoirí neamhspleácha. Áirítear ar chostais stoc cláracha intí costais dhíreacha cláracha lena n-áirítear saoráidí léirithe agus costais lucht oibre. Bíonn costais na stoc cláracha coimisiúnaithe bunaithe ar luach an chonartha. Gearrtar fardail na gcláracha dúchasacha go hiomlán chuig an Ráiteas ar an gcéad tarchur.

Is ionann fardail cláracha faighte agus cláracha agus scannáin a cheannaíonn RTÉ ó stiúideonna agus ó chraoltóirí tríú páirtí. Sainmhínítear costais na bhfardal cláracha faighte mar an luach conartha ceadúnais tríú páirtí a íocann RTÉ leis an stiúideo nó leis an gcraoltóir. Gearrtar fardail cláracha faighte chuig an Ráiteas Ioncaim bunaithe ar luach ionchasach gach tarchur mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Gnéchláracha: | 75% ar an gcéad tarchur |
| | 25% ar an dara tarchur |
| Sraitheanna: | 99% ar an gcéad tarchur |
| | 1% ar an dara tarchur |

Is éard is fardail chearta spóirt ná na cearta imeachtaí spóirt a chraoladh. Sainmhínítear costais na bhfardal cearta spóirt mar an luach conartha a chomhaontaíonn an Grúpa leis an gcomhlacht spóirt cuí nó le sealbhóir na gceart. Sa chás go n-eisíonn RTÉ focheadúnais maidir le cearta spóirt don tríú páirtí, déantar an t-ioncam agus an costas a ghabhann leis sin a lua ar bhonn glan sa Ráiteas Ioncaim. Gearrtar fardail chearta spóirt chuig an Ráiteas Ioncaim de réir mar atá na himeachtaí spóirt a bhaineann leis na cearta á gcraoladh.

## 5. Idirbhearta in Airgeadra Eachtrach

Aistrítear idirbhearta a bhíonn ainmnithe in airgeadra eachtrach go dtí airgeadraí feidhme eintitis an ghrúpa faoi seach ag rátaí malartaithe a bhíonn i bhfeidhm ar dhátaí na n-idirbheart. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgid a bhíonn ainmnithe in airgeadra eachtrach ar an dáta tuairiscithe go dtí an t-airgeadra feidhme ag an ráta malartaithe a bhíonn i bhfeidhm an dáta sin. Áirítear aon ghnóthachain nó aon chaillteanais mar thoradh ar athrú ar rátaí malartaithe i ndiaidh dháta an idirbhirt mar ghnóthachan nó caillteanas malartaithe sa Ráiteas Ioncaim.

## 6. Maoin, Innealra agus Trealamh

### (a) Aitheantas agus tomhas

Léirítear maoin, innealra agus trealamh ag costas stairiúil glan ar dhímheas carntha agus ar aon chaillteanas lagaithe carntha.

Áirítear ar chostas caiteachas a bhaineann go díreach le sócmhainn a éadáil. Áirítear ar chostas sócmhainne féintógtha costais ábhair agus saothair dhírigh agus aon chostas eile a bhain go díreach le bail oibre a chur ar an tsócmhainn don úsáid bheartaithe chomh maith leis na costais a bhain le nithe a bhaint anuas agus a thabhairt den láthair chomh maith leis an láthair ar a mbeidís a athchóiriú. Déantar bogearraí a cheannaítear atá riachtanach le go n-oibreodh trealamh a chaipitliú mar chuid den trealamh sin.

Sa chás gur dócha gur i ndán don Ghrúpa a bheidh an tairbhe eacnamaíochta a bhaineann leis an tsócmhainn agus gur féidir costas na míre ar tháinig sé ina áit a thomhas go hiontaofa áirítear costais dá éis sin i suim ghlanluacha sócmhainne nó aithnítear ina sócmhainn ar leith í, mar is cuí. Cuirtear gach costas deisithe agus cothabhála eile de mhuirear in aghaidh an Ráitis Ioncaim sa tréimhse airgeadais ina dtarlaíonn siad.

Luaitear stoic de mhionpháirteanna breise ag a gcostas nó a nglanluach inréadaithe, cibé is lú agus cuirtear san áireamh iad i dtionscadail Chaipitil atá ar bun.

### (b) Dímheas

Soláthraítear dímheas ar gach maoin, innealra agus trealamh, seachas talamh ruílse, ag rátaí a ríomhtar chun costas gach sócmhainne a dhíscríobh ar bhonn na líne dírí thar a saol úsáideach measta, lúide luach iarmharach measta.

Seo a leanas na príomhrátaí a úsáidtear:

| | | | |
|---|---|---|---|
| Foirgnimh | 2.5% | - | 25% |
| Gléasra & trealamh | 7.5% | - | 20% |
| Fearais & feistis | 10% | - | 25% |

Is ionann tionscadail chaipitil atá ar bun is an costas a bhaineann le maoin, innealra agus trealamh a cheannach agus a shuiteáil sula gcuirtear ag obair iad. Muirearaítear dímheas ar shócmhainní ó dháta a gcoimisiúnaithe.

Sa chás go mbíonn saolré úsáideach éagsúil ag páirteanna de mhíreanna maoine, innealra nó trealaimh is mar mhíreanna (mór-chomhpháirteanna) maoine, innealra nó trealaimh ar leithligh a dhéantar cuntas orthu agus dímheastar iad dá réir.

### (c) Lagú

De réir *IAS 36 Lagú Sócmhainní* déantar suim ghlanluacha foirgneamh, innealra agus trealaimh a athbhreithniú ar gach dáta deireadh bliana lena chinneadh cibé an bhfuil aon léiriú ar lagú agus bíonn siad faoi réir thástáil lagaithe sa chás go léiríonn imeachtaí nó athruithe ar imthosca gur féidir nach mbeidh na luachanna anonn in-aisghabhála. Má bhíonn aon léiriú den chineál sin i gceist is í suim in-aisghabhála na sócmhainní a mheastar.

### 6. Maoin, Innealra agus Trealamh (ar lean)

Mar thoradh ar an straitéis a bhí ann le déanaí, rinneadh roinnt foirgneamh a dhímheas thar thréimhse níos giorra toisc go ndearnadh athmheasúnú ar a saolré úsáide. Rinneadh athbhreithniú freisin ar shaolré ionchais sócmhainní bogearraí doláimhsithe le linn 2024 as ar eascair amúchadh thar thréimhse níos giorra tar éis an athmheasúnaithe sin.

**(d) Costais iasachta**
Mar chuid de chostas na sócmhainne a dhéantar caipitliú ar chostais iasachta a bhaineann go díreach leis an tsócmhainn a cheannach, a thógáil nó a tháirgeadh agus a ghlacann tréimhse shuntasach lena réiteach dá húsáid bheartaithe. Déantar gach costas iasachta eile a chuntas sa tréimhse inar tharla siad. Bíonn costais iasachta comhdhéanta d'ús agus costais eile a thabhaíonn eintiteas maidir le cistí a fháil ar iasacht. Níor caipitlíodh aon chostas iasachtaíochta sa tréimhse reatha ná sa tréimhse chomparáideach.

### 7. Sócmhainní Doláimhsithe

**(a) Aitheantas agus tomhas**
A mhéid is gur dócha gur i ndán don Ghrúpa a bheidh an tairbhe eacnamaíochta a bhaineann leis an tsócmhainn amach anseo agus gur féidir costas na sócmhainne a thomhas go hiontaofa a aithnítear sócmhainn doláimhsithe, sócmhainn neamh-airgeadaíochta nach bhfuil substaint fhisiceach ag baint léi. Meastar an tsócmhainn a bheith so-aitheanta nuair atá sí indeighilte nó go n-eascraíonn sí ó chearta conarthacha nó ó chearta dlíthiúla eile, cibé acu an mbíonn na cearta sin inaistrithe nó indeighilte ón nGrúpa nó ó chearta agus oibleagáidí eile, nó nach mbíonn.

Iompraítear sócmhainní doláimhsithe ag costas lúide aon amúchadh fabhraithe agus aon chaillteanais lagaithe fabhraithe. Baineann sócmhainní doláimhsithe an Ghrúpa go hiomlán le bogearraí.

Ní dhéantar caipitliú ar chaiteachas ina dhiaidh sin ach amháin má chuireann sé le tairbhe eacnamaíochta na sócmhainne ar leith lena mbaineann sé amach anseo.

**(b) Amúchadh**
Déantar sócmhainní doláimhsithe, a bhfuil saol eacnamaíoch úsáideach finideach acu, a amúchadh leis an Ráiteas Ioncaim ar bhonn líne dhíreach thar a saol úsáideach measta ón dáta a bhfuil siad ar fáil lena n-úsáid. I gcás bogearraí ríomhaireachta, is ionann a saol eacnamaíoch úsáideach go ginearálta agus trí go cúig bliana.

**(c) Lagú**
De réir *IAS 36 Lagú Sócmhainní* déantar suim ghlanluacha sócmhainní doláimhsithe a athbhreithniú ar gach dáta deireadh bliana lena chinneadh cibé an bhfuil aon léiriú ar lagú agus bíonn siad faoi réir tástáil lagaithe sa chás go léiríonn imeachtaí nó athruithe ar imthosca gur féidir nach mbeidh na luachanna anonn in-aisghabhála. Má bhíonn aon léiriú den chineál sin i gceist is í suim in-aisghabhála na sócmhainní a mheastar.

### 8. Ionstraimí Airgeadais

**(a) Ionstraimí airgeadais neamhdhíorthaigh**
Tá ionstraimí airgeadais neamhdhíorthaigh comhdhéanta de thrádáil agus nithe infhaighte eile (gan réamhíocaíochtaí san áireamh), infheistíochtaí leachtacha, airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim, airgead tirim srianta, iasachtaí agus iasachtaíochtaí, ioncam carntha, sochair fostaithe agus trádáil agus nithe iníoctha eile.

Aithnítear ar dtús ionstraimí airgeadais neamhdhíorthaigh ag luach cóir. Ina dhiaidh sin tomhaistear ionstraimí airgeadais neamhdhíorthaigh mar a leagtar amach thíos.

**Infheistíochtaí i bhfochuideachtaí**
Ag costas a aithnítear infheistíochtaí RTÉ i bhfochuideachtaí ina Ráiteas ar Staid Airgeadais, lúide caillteanais lagaithe.

## 8. Ionstraimí Airgeadais (ar lean)

**Nithe infhaighte trádála agus earraí infhaighte eile**
Tugtar nithe infhaighte trádála agus eile ag costas amúchta, a thagann a bheag nó a mhór le luach cóir ó tharla nádúr gearrthéarmach na sócmhainní seo. Iompraítear nithe infhaighte trádála ag suim an tsonraisc bunaigh lúide aon lagú maidir le suimeanna a bhféadfadh sé tarlú nach bhféadfaí iad a in-aisghabháil. Aithnítear lagú mar sin má tá fianaise oibiachtúil ann i ndiaidh na chéad aitheanta go bhféadfadh sé nach bhféadfaí in-aisghabháil a dhéanamh ar iarmhéid go hiomlán ná cuid de.

**Infheistíochtaí leachtacha**
Tá infheistíochtaí leachtacha comhdhéanta de thaiscí gearrthéarmacha ag a bhfuil dáta aibíochta nach mó ná trí mhí ón dáta a bhfuarthas iad ach nach lú ná dhá mhí dhéag ó dháta dheireadh na bliana. Ós rud é go dtagann aibíocht na n-infheistíochtaí sin lasmuigh den chreat ama lena n-aicmiú mar airgead tirim agus coibhéisí airgid faoi *IAS 7 Ráitis maidir le Sreabhadh Airgid*, láimhseáiltear na hiarmhéideanna gaolmhara mar shócmhainní airgeadais ag luach cóir ar dháta tionscanta agus luaitear iad mar chostas amúchta ina dhiaidh sin Aithnítear an t-ioncam ar na sócmhainní seo ar bhonn an ráta úis atá in éifeacht.

**Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim**
Tá airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim comhdhéanta d'iarmhéideanna bainc agus taiscí inghlaoite atá inchomhshóite go héasca go dtí suimeanna airgid thirim a bhfuiltear ar an eolas fúthu ag a luachanna iompair nó gar dó agus bíonn faoi réir riosca neamh-shuntasach go n-athróidh luach. Sa chás is go rangaítear taiscí inghlaoite mar choibhéisí airgid thirim, is aibíocht trí mhí nó níos lú ón dáta a bhfuarthas iad a bhíonn leis na hiarmhéideanna bainteacha. Aithnítear an t-ioncam ar na sócmhainní seo ar bhonn an ráta úis atá in éifeacht.

**Fiachais agus Iasachtaí**
Taifeadtar fiachais agus iasachtaí ar a bhfuil ús ar dtús ag luach cóir, an luach cóir ar an gcomaoin infhaighte, glan ar chostais idirbheartaíochta a bhaineann. Ina dhiaidh sin tomhaistear iasachtaí ar ráta athraitheach ag costas amúchta ag baint leas as an modheolaíocht ráta úis atá in éifeacht.

**Suimeanna iníoctha trádála agus eile**
Tugtar nithe iníoctha trádála agus eile ag costas amúchta, a thagann a bheag nó a mhór le luach cóir ó tharla nádúr gearrthéarmach na sócmhainní seo.

**(b) Ionstraimí airgeadais díorthaigh**
Tá an Grúpa nochtaithe do rioscaí margaidh a bhaineann le hathruithe ar rátaí úis agus ar rátaí malartaithe airgeadra. Tá an Grúpa i mbun babhtáil ar ráta úis chun bainistiú a dhéanamh ar athruithe ar rátaí úis ar iasachtaí an Ghrúpa. Baintear leas as réamhchonarthaí airgeadra eachtrach chun athruithe ar Dollar SAM agus Steirling a bhainistiú maidir le hidirbheartaíochtaí tuartha. Ní théann an Grúpa i mbun conarthaí díorthaigh amhantracha.

Trí lascainiú a dhéanamh ar an sreabhadh airgid measta ar an socrú babhtála chun luach reatha a léiriú ag baint leas as an ráta margaidh cuí a chinntear luach cóir na babhtála ar ráta úis. Cinntear luach cóir na réamhchonarthaí airgeadra eachtrach bunaithe ar luach reatha an réamhphraghais atá tugtha.

Aithnítear ionstraimí airgeadais díorthaigh ag luach cóir ar dtús agus atomhaistear iad ina dhiaidh sin go dtí luach cóir gach dáta tuairiscithe. Rangaíonn an Grúpa ionstraimí airgeadais díorthaigh mar shócmhainní nó dliteanais airgeadais ag luach cóir trí bharrachas nó easnamh nó mar fháluithe sreabhaidh airgid. Cuirtear aon ghnóthachain nó caillteanais a bhíonn mar thoradh ar athruithe ar luach cóir na ndíorthach isteach díreach sa Ráiteas Ioncaim, seachas an chuid de na fáluithe sreabhaidh airgid atá ag obair agus a aithnítear sa Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach (mar a bhfuil cur síos thíos air).

## 8. Ionstraimí Airgeadais (ar lean)

**Fáluithe Sreabhaidh Airgid**
Nuair a chuirtear tús le fálú sreabhaidh airgid ainmníonn agus cláraíonn an Grúpa go foirmiúil an gaol fáluithe inar mian leis an nGrúpa a chur i bhfeidhm i gcuntasaíocht fálaithe agus an cuspóir bainistithe riosca agus straitéis le tabhairt faoin bhfálú.

Nuair a ainmnítear ionstraim airgeadais díorthaigh ar fhálú sreabhaidh airgid dliteanas aitheanta, aithnítear cuid éifeachtach aon chaillteanais nó gnóthachain ar an ionstraim airgeadais díorthaigh go díreach sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach. Aithnítear cuid neamhéifeachtach aon ghnóthachain nó caillteanais láithreach sa Ráiteas Ioncaim. Athrangaítear an méid a charntar i gcothromas sa Ráiteas Ioncaim sa tréimhse chéanna a mbíonn tionchar ag an ní fálaithe ar an mbarrachas nó ar an easnamh.

Mura mbeidh an ionstraim fálaithe ag comhlíonadh na gcritéar do chuntasaíocht fhálaithe nó má tharraingítear siar an t-ainmniúchán cuirtear deireadh go hionchasach leis an gcuntasaíocht fhálaithe.

## 9. Sochair Fostaithe

**(a) Oibleagáidí sochair scoir**
Déanann an Grúpa, trí Scéim Aoisliúntais RTÉ, Scéim Pinsin Ranníocaíochta Sainithe RTÉ, Scéim Pinsin “50/50” Riosca i bPáirt RTÉ (scéim chumaisc a bhfuil gnéithe sochair shainithe agus gnéithe ranníocaíochta sainithe léi) agus scéimeanna ranníocaíochta sainithe eile, ranníocaíochtaí pinsin do líon suntasach fostaithe.

Maidir leis na scéimeanna ranníocaíochtaí sainithe agus le gné ranníocaíochtaí sainithe Scéim Pinsin “50/50” Riosca i bPáirt RTÉ, fabhraítear ranníocaíochtaí agus aithnítear iad sa Ráiteas Ioncaim sa tréimhse a saothraíonn na fostaithe cuí iad.

Maidir le Scéim Aoisliúntais RTÉ, scéim sochair shainithe aoisliúntais maoinithe agus gné sochair shainithe de Scéim Pinsin “50/50” Riosca i bPáirt RTÉ, nochtar an difríocht idir luach margaidh shócmhainní na scéime agus luach reatha dhliteanais na scéime ó mheasúnú achtúireach, á ríomh ag baint leas as modh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa, mar shócmhainn/dliteanas sa Ráiteas ar Staid Airgeadais. Is í an tsuim a chuirtear in aghaidh an Ráitis Ioncaim ná costas achtúireach na sochar pinsean a ghealltar d’fhostaithe a saothraíodh le linn na bliana móide aon fheabhsúcháin sochair a deonaíodh do chomhaltaí i rith na bliana.

Cinneann an Grúpa an (t-ioncam)/costas úis glan tríd an ráta lascaine a úsáidtear chun an oibleagáid shochair shainithe a thomhas ag tús na tréimhse a chur i bhfeidhm leis an dliteanas/(sócmhainn) sochair shainithe glan ag tús na tréimhse, ag cur san áireamh athruithe i rith na tréimhse mar thoradh ar ranníocaíochtaí agus íocaíochtaí sochair. Léirítear an costas/(t-ioncam) úis glan mar mhír airgeadais sa Ráiteas Ioncaim. Déantar atomhais ar an dliteanas sochair sainithe glan, torthaí ar shócmhainní an phlean agus tionchar na teorann sócmhainne a aithint láithreach sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach.

Nuair a athraítear sochair aon phlean, déantar an t-athrú ar an sochar a bhaineann le seirbhís san am atá caite a aithint láithreach sa Ráiteas Ioncaim.

**(b) Sochair foirceanta**
Aithnítear sochair scoir mar chaiteachas nuair is léir go mbíonn an Grúpa tiomanta, is gan aon fhéidearthacht ann tarraingt siar, do phlean mionsonraithe fostaíocht a fhoirceannadh roimh an ngnáthdháta scoir nó sochair foirceanta a sholáthar mar thoradh ar thairiscint a rinneadh le hiomarcaíocht dheonach a spreagadh. Aithnítear sochair d’iomarcaíochtaí deonacha mar chaiteachas má tá tairiscint ar iomarcaíocht dheonach déanta ag an nGrúpa, más dócha go nglacfar leis an tairiscint, agus gur féidir an líon glactha a mheas go hiontaofa.

## 9. Sochair Fostaithe (ar lean)

**(c) Sochair ghearrthéarmacha**
Ar bhonn neamh-lascainithe a thomhaistear oibleagáidí sochair ghearrthéarmacha fostaithe agus déantar iad a chur san áireamh de réir mar a sholáthraítear an tseirbhís.

**(d) Sócmhainn pinsin a aithint**
Le rialú 14 ó Choiste Léirmhíniúcháin na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRIC 14), soláthraítear treoraíocht maidir le méid an bharrachais atá le haithint agus cuirtear teorainn leis an tsócmhainn atá le haithint do luach láithreach na dtairbhí eacnamaíocha atá ar fáil don eintiteas i bhfoirm aisíocaíochtaí. Is é an bunús atá leis an mbarrachas a aithint don dá scéim sochair shainithe de chuid RTÉ ná sa chás go leanann gach scéim ar aghaidh ar feadh tréimhse éiginnte go dtí go bhfaigheann an pinsinéir deireanach bás, go gcuirfí aon bharrachas atá fágtha ar ais chuig RTÉ.

## 10. Cáin Ioncaim

**(a) Aitheantas**
Tá cáin ioncaim comhdhéanta de cháin reatha agus cáin iarchurtha. Aithnítear caiteachas cáin ioncaim sa Ráiteas Ioncaim seachas a mhéid a bhaineann sé le míreanna a aithnítear go díreach i gcothromas agus sa chás sin a aithnítear i gcothromas.

**(b) Cáin reatha**
Is ionann cáin reatha agus an cháin ionchasach iníoctha ar ioncam incháinithe don bhliain, ag baint leas as na rátaí cánach achtaithe nó atá achtaithe go substaintiúil ar an dáta tuairiscithe, agus aon leasú ar cháin iníoctha maidir le blianta roimhe sin. Tá cáin chorparáide na hÉireann dlite ar ioncam inchánaithe an Ghrúpa. Bhí ioncam a saothraíodh ó tháille ceadúnais an Ghrúpa roimh an 31 Nollaig 2006 díolmhaithe ó cháin chorparáide.

**(c) Cáin iarchurtha**
Aithnítear cáin iarchurtha leis an modh clár comhardaithe ina soláthraítear do dhifríochtaí idir an tsuim de shócmhainní agus dliteanais a iompraítear do chríocha tuairiscithe airgeadais agus na suimeanna a úsáidtear chun críocha cánach. Níl sócmhainní ná dliteanais cánach iarchurtha faoi réir lascainiú agus déantar iad a thomhais ag rátaí cánach a mheastar a bhainfidh leis an tréimhse a bhfíoraítear an tsócmhainn nó a socraítear an dliteanas bunaithe ar na rátaí cánach agus na dlíthe cánach atá achtaithe nó achtaithe go substainteach ar dháta deireadh na bliana.

Aithnítear dliteanais chánach ar mhaithe le gach difríocht shealadach chánach seachas an chéad aithint sócmhainne nó dliteanais in idirbheart nach comhcheangal gnó é agus nach mbíonn tionchar aige ar an mbrabús cuntasaíochta ná ar an mbrabús ná ar an gcaillteanas inchánaithe tráth a ndéantar an t-idirbheart.

A mhéid agus is dócha a bheidh brabúis inchánaithe ar fáil ina aghaidh agus ar féidir an difríocht shealadach a úsáid a aithnítear sócmhainn chánach iarchurtha. Déantar sócmhainní cánach a athbhreithniú ar gach dáta tuairiscithe agus laghdaítear iad a mhéid is nach dóigh níos mó go mbainfear an sochar cánach bainteach amach.

Déantar sócmhainní agus dliteanais chánach a fhritháireamh má tá ceart dlí infheidhmithe ann sócmhainní agus dliteanais chánach a fhritháireamh agus go mbaineann siad le cáin ioncaim atá á ghearradh ag an údarás céanna cánach ar an eintiteas céanna inchánaithe.

### 11. Ioncam agus Costais Airgeadais

Tá ioncam airgeadais comhdhéanta d'ioncam ó ús ar airgead tirim agus d'infheistíochtaí leachtacha agus gluaiseachtaí luacha chóir ar ionstraimí airgeadais díorthaigh a aithnítear tríd an Ráiteas Ioncaim.

Tá caiteachais airgeadais comhdhéanta d'ús ar iasachtaí, ús diúltach ar thaiscí, díscaoileadh na lascaine ar chostas athstruchtúrtha agus gluaiseachtaí luacha chóir ar ionstraimí airgeadais díorthaigh a aithnítear tríd an Ráiteas Ioncaim.

### 12. Ioncam Díbhinne

Tugtar díbhinní a íocadh agus a fuarthas ó chuideachtaí an ghrúpa san áireamh i ráitis airgeadais eintiteas RTÉ agus na cuideachta maidir leis an tréimhse a ndearnadh na díbhinní atá i gceist a fhógairt agus a aontú lena linn.

### 13. Deontais

Aithnítear deontais sa Ráiteas Ioncaim sa bhliain airgeadais lena mbaineann. Aithnítear deontais mar ioncam nó baineadh iad ón gcostas a ghabhann leo, chomh fada agus atá dearbhú réasúnach faighte go gcomhlíonfaidh an Grúpa aon choinníollacha atá leis an deontas agus go bhfaighfear an deontas. Déantar ioncam ón táille cheadúnais a chuntas i gcomhréir leis an *IAS 20 Cuntasaíocht maidir le Deontais ón Rialtas agus Cúnamh ón Rialtas* a nochtadh.

Déantar deontais chaipitil a lua mar ioncam iarchurtha agus déantar iad a thabhairt san áireamh leis an Ráiteas Ioncaim ar bhonn atá ag teacht leis an bpolasaí dímheasa maidir leis na sócmhainní cuí.

### 14. Léasanna

**An Grúpa mar léasaí**

Measann an Grúpa cibé an léas é conradh nó an bhfuil léas mar chuid den chonradh, nuair a chuirtear tús leis an gconradh. Aithníonn an Grúpa sócmhainn ceart ar úsáid agus dliteanas léasa comhfhreagrach i leith gach socrú léasa inarb é an léasaí é, ach amháin i gcás léasanna gearrthéarmacha (a shainmhínítear mar léasanna le téarma léasa 12 mhí nó níos lú). Maidir leis na léasanna sin, aithníonn an Grúpa na híocaíochtaí léasa mar chostas oibriúcháin ar bhonn na líne dírí thar thréimhse an léasa.

Déantar an dliteanas léasa a thomhas ar dtús ag luach reatha na n-íocaíochtaí léasa nach bhfuil íoctha ag an dáta tosaithe, arna lascainiú trí úsáid a bhaint as a ráta iasachta incriminteach.

Tá sócmhainní ceart ar úsáid comhdhéanta de thomhas tosaigh an dliteanais léasa chomhfhreagraigh, íocaíochta léasa a rinne ag an lá tosaithe nó roimhe, lúide aon tionscnaimh léasa a fuarthas agus aon chostais dhíreacha tosaigh. Déantar iad a thomhas ina dhiaidh sin ar chostas lúide dímheas carntha agus caillteanais lagaithe.

Déantar sócmhainní ceart ar úsáid a dhímheas sa tréimhse níos giorra de théarma an léasa agus saol úsáideach na sócmhainne bunaidh. Tosaíonn an dímheas ag dáta tosaithe an léasa.

### 15. Sócmhainní á gcoinneáil lena ndíol arís

Aicmítear an comhfhiontar mar chomhfhiontar arna shealbhú lena dhíol tráth a ghlanluacha toisc go n-aisghabhfar an méid go príomha trí idirbheart díolacháin seachas trí úsáid leanúnach. Amhail ag deireadh na bliana, chomhlíon an tsócmhainn na critéir maidir le haitheantas mar shócmhainn arna sealbhú lena hathdhíol. Mar a leagtar amach i nóta 19, rinneadh an tsócmhainn a dhiúscairt tar éis dheireadh na bliana.

## Réamhrá

Lean Gealltanais RTÉ cur chuige nua do 2024 agus rinneadh athstruchtúrú orthu chun go mbeidís ailínithe leis na cúig sprioc atá inár straitéis Treo Nua RTÉ 2025-2029 (straitéis). Leis an gcur chuige sin, cuireadh gníomhaíochtaí 2024 i láthair go láidir mar réamhtheachtaí chun straitéis nua RTÉ a chur i gcrích agus bhí siad ina mbunchloch aici. Thapaíomar an deis seo freisin chun an tacar méadrachta gealltanais a bhí ann roimhe seo a chuíchóiriú agus chun leibhéal na huaillmhéine do shláinte bhranda RTÉ a atógáil ó 2023 a athshocrú.

**Ráiteas straitéise RTÉ – cúig sprioc**

- Sprioc 1: An lucht féachana agus éisteachta a mhealladh le hábhar ar ardchaighdeán a théann i gcion orthu
- Sprioc 2: Táirgí agus seirbhísí sruthaithe den scoth a chur ar fáil
- Sprioc 3: Léiriúchán a éagsúlú agus tacú le forbairt earnálach ar fud na hÉireann
- Sprioc 4: Bainistiú agus feidhmíocht láidir airgeadais a chinntiú
- Sprioc 5: Eagraíocht inbhuanaithe, fhreagrach agus iontaofa a fhorbairt

De bhun alt 102(3) den Acht, cuireadh Ráiteas Gealltanais Feidhmíochta (Gealltanais) 2024 RTÉ faoi bhráid Choimisiún na Meán (CnaM) agus an Aire Ealaíon, Meán, Cumarsáide, Cultúir agus Spóirt i mí na Bealtaine 2024, agus foilsíodh achoimre ina dhiaidh sin ar RTÉ.ie. Cuirtear achoimre ar chomhlíonadh Ghealltanais 2024 i láthair anseo i gcomhréir le halt 102(5) den Acht. I gcomhréir le hAlt 102(4) den Acht, rinneadh tuarascáil ar leithligh atá níos mionsonraithe maidir le gealltanais a chomhlíonadh nó eile a chur faoi bhráid CnaM agus an Aire i mí Márta 2025.

### Sprioc 1: An lucht féachana agus éisteachta a mhealladh le hábhar ar ardchaighdeán a théann i gcion orthu

| | Spriocbheart | Toradh |
|---|---|---|
| **a.** | An dearcadh i measc an phobail go bhfuil RTÉ ábhartha do mhuintir na hÉireann a choinneáil ag >63% | Rinneadh maith den ghealltanas den chuid is mó agus 61% de dhaoine fásta ag aontú leis an ráiteas sin. |
| **b.** | Sciar teilifíse RTÉ a choinneáil (daoine fásta 15+, an lá ar fad) ag 27% | Rinneadh maith den ghealltanas. |
| **c.** | Sciar raidió RTÉ a choinneáil (daoine fásta 15+, an lá ar fad) ag >30% | Rinneadh maith ar chuid mhór den ghealltanas le sciar 29.6% |
| **d.** | Dearcadh an phobail go gcuireann RTÉ ábhar N&CR atá iontaofa ar fáil a choinneáil ag >70% | Rinneadh maith den ghealltanas. |
| **e.** | Na daoine i measc an phobail a bhfuil de dhearcadh acu go gcuireann RTÉ seirbhís chuimsitheach ar fáil do lucht labhartha na Gaeilge a choinneáil ag >60% | Rinneadh maith den ghealltanas. |
| **f.** | 'Soláthar 365' TG4 a shásamh i gcomhréir le ceanglais Alt 120 den Acht | Rinneadh maith den ghealltanas. |

# Gealltanais Feidhmíochta 2024
(ar lean)

## Sprioc 2: Táirgí agus seirbhísí sruthaithe den scoth a chur ar fáil

| | Spriocbheart | Toradh |
|---|---|---|
| **a.** | An dearcadh i measc an phobail go bhfuil ábhar agus seirbhísí den scoth ag RTÉ a choinneáil ag >58% | Ní dhearnadh maith den ghealltanas ag 55% Tugtar achoimre i straitéis RTÉ ar phleananna chun infheistíocht a dhéanamh i scileanna digiteacha agus i dtreochlár táirgí don RTÉ Player agus do na haipeanna nua Nuachta RTÉ agus Fuaime RTÉ. Mar thoradh air sin, beidh eispéireas níos fearr ag an lucht féachana, agus beidh rochtain ag daoine ar ábhar líneach agus ar ábhar ar éileamh araon. Leis na hathruithe seo, tá sé mar aidhm ag RTÉ an scór seo a mhéadú. |
| **b.** | An meánsciar seachtainiúil den lucht féachana agus éisteachta a mhealltar chuig seirbhísí uile RTÉ a choinneáil ag 90% nó os a chionn i measc daoine (18+) | Rinneadh maith ar chuid mhór den ghealltanas ag aimsiú 88% |
| **c.** | Cuairteanna ar phunann táirgí digiteacha RTÉ a mhéadú, thar thréimhse níos fadtéarmaí go >705m | Rinneadh maith den ghealltanas. |
| **d.** | Monatóireacht a dhéanamh ar an Am a Caitheadh ar RTÉ agus tuairisciú ina leith (daoine fásta 15+ & 15–34) | Rinneadh maith den ghealltanas. |
| **e.** | An dearcadh i measc an phobail go bhfuil teacht go héasca ar chláir agus ar sheirbhísí RTÉ ar réimse deiseanna a choinneáil ag >68% | Rinneadh maith den ghealltanas. |

## Sprioc 3: Léiriúchán a éagsúlú agus tacú le forbairt earnálach ar fud na hÉireann

| | Spriocbheart | Toradh |
|---|---|---|
| **a.** | Cur leis an infheistíocht in Earnáil na Léiriúchán Neamhspleách go dtí €47.3m faoi réir méadú a bheith ar mhaoiniú poiblí agus ceanglais caiteachais reachtúla a shásamh (alt 116 den Acht) | Rinneadh maith den ghealltanas. |
| **b.** | An dearcadh níos airde i measc an lucht féachana go gcuireann RTÉ drámaíocht Éireannach ar ardchaighdeán ar fáil a choinneáil ag >65% | Rinneadh maith den ghealltanas. |
| **c.** | Tuarascáil maidir le mná agus glórtha mná ar an aer | Rinneadh maith den ghealltanas. |


## Sprioc 4: Bainistiú agus feidhmíocht láidir airgeadais a chinntiú

| | Spriocbheart | Toradh |
|---|---|---|
| **a.** | An buiséad bliantúil a bhaint amach (Glanbharrachas/Easnamh) | Rinneadh maith den ghealltanas. |
| **b.** | Punann seirbhísí RTÉ a chur i gcrích taobh istigh de na costais oibriúcháin buiséadaithe. | Rinneadh maith den ghealltanas. |
| **c.** | Gníomhaíochtaí tráchtála RTÉ a oibriú go héifeachtach chun an glantoradh is fearr a bhaint as gníomhaíochtaí seirbhíse poiblí RTÉ | Rinneadh maith den ghealltanas. |
| **d.** | Caiteachas iomlán ar ábhar agus ar dháileachán mar 80% de na Costais Oibriúcháin | Rinneadh maith ar chuid mhór den ghealltanas ag 78% |
| **e.** | COCPanna* ina % de Chostais Oibriúcháin Iomlána<br>*Costais oibriúcháin cúrsaí pearsanra | Rinneadh maith den ghealltanas. |

## Sprioc 5: Eagraíocht inbhuanaithe, fhreagrach agus iontaofa a fhorbairt


| | Spriocbheart | Toradh |
|---|---|---|
| **a.** | Dearcadh an phobail go bhfuil RTÉ luachmhar do shochaí na hÉireann a fhás go dtí >77% | Rinneadh maith ar chuid mhór den ghealltanas ag 74% |
| **b.** | Dearcadh an phobail a choinneáil go bhfuil RTÉ iontaofa ag >52% | Ní dhearnadh maith den ghealltanas agus ní raibh ach 41% ag aontú leis. Sa chomhthéacs sin, is méadú é sin ar na scóir muiníne sa dara leath de 2023, agus sinn i lár géarchéime clú. Tá RTÉ dírithe ar mhuinín an phobail a athbhunú trí chlaochlú eagraíochtúil agus cultúir. Tá RTÉ ag díriú ar mhéaduithe bliantúla agus tá sé mar aidhm aige a scór muiníne a mhéadú go 55% in 2025. |

**Iarrataí um Shaoráil Faisnéise ("SF") chuig RTÉ**




Foinse: RTÉ

**Gearáin a rinneadh le Coimisiún na Meán maidir le hábhar craolta de chuid RTÉ**




Foinse: RTÉ
* 21 gearán a bhí ag feitheamh cinnidh tráth scríofa na tuarascála (deireadh R1 2025)

**Tuarascáil Cóirthrádála RTÉ 2024**
Tá RTÉ tugtha dá chinntiú go gcloítear i mbun trádála le prionsabail na cóiriomaíochta agus go n-oibrítear taobh istigh de chreat dlí an AE agus den reachtaíocht náisiúnta araon. Mheas RTÉ gur chuí polasaí agus nós imeachta dá chuid féin a chur i bhfeidhm, Polasaí agus Nós Imeachta Cóirthrádála RTÉ, a fhoilsítear ar shuíomh gréasáin RTÉ. (Final-Fair-Trading-Doc-260522-.pdf (rte.ie). Tugadh an cháipéis cothrom go dáta go deiridh in 2022 agus cuireadh tús le hathbhreithniú pleanáilte ar an bpolasaí i ndiaidh dheireadh na bliana.

Bunaíodh an Coiste maidir le Cóirthrádáil chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Pholasaí agus na Nósanna Imeachta. Is coiste é de chuid Bhord RTÉ. Ba iad Susan Ahern (Cathaoirleach) agus Shirley Bradshaw comhaltaí an Choiste ag deireadh na bliana. Tá an Coiste seo freagrach as maoirseacht neamhspleách a dhéanamh ar an bPolasaí Cóirthrádála i ndáil lena chur i bhfeidhm agus is féidir leis an gCoiste athbhreithniú tráthrialta a dhéanamh ar an bpolasaí chomh maith le hathbhreithniú a dhéanamh ar an bpróiseas maidir le gearáin. Rinne an tOifigeach Cóirthrádála, Eleanor Bleahane, tuairisciú go díreach leis an gCoiste i rith na bliana 2024. Lean an tOifigeach Cóirthrádála de chomhairle agus treoir a chur ar fáil do réimsí ábhartha in RTÉ maidir le cúrsaí cóirthrádála.

**Tuairisc faoi Alt 22 den *Acht um Nochtadh Cosanta 2014***
Ceanglaíonn Alt 22 den *Acht um Nochtadh Cosanta, 2014* ar RTÉ tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú maidir le nochtadh cosanta a rinneadh faoin *Acht um Nochtadh Cosanta, 2014*. I gcomhlíonadh an choinníll sin, tuairiscíonn RTÉ nach bhfuarthas aon nochtadh cosanta amháin i rith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2024.

# Stair Airgeadais

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 | 2022 €'000 | 2021 €'000 | 2020 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **RÁITEAS IONCAIM** | | | | | |
| Ioncam ón gceadúnas teilifíse & maoiniú rialtais | **222,311** | 193,296 | 195,642 | 196,131 | 196,623 |
| Ioncam tráchtála | **158,095** | 150,739 | 152,053 | 148,342 | 134,519 |
| **Ioncam iomlán** | **380,406** | **344,035** | **347,695** | **344,473** | **331,142** |
| Costais Oibriúcháin (roimh dhímheas, amúchadh agus míreanna eisceachtúla) | **(362,221)** | (349,336) | (339,288) | (331,345) | (307,691) |
| **EBITDA** | **18,185** | **(5,301)** | **8,407** | **13,128** | **23,451** |
| Dímheas agus amúchadh | **(14,495)** | (11,815) | (11,765) | (11,654) | (13,543) |
| Gnóthachan/(Caillteanas) ar shócmhainní a dhiúscairt | **6** | 33 | 12 | 73 | (8) |
| Infheistíochtaí a dhiúscairt | **-** | - | 36 | - | - |
| **Brabús/(Caillteanas) ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin tar éis míreanna eisceachtúla** | **3,696** | **(17,083)** | **(3,310)** | **1,547** | **9,900** |
| Glanioncam/(glanchostas) airgeadais | **1,587** | 6,752 | 320 | 1,219 | (99) |
| Cáin | **249** | 1,215 | 197 | (407) | (1,863) |
| **Barrachas/(Easnamh) don bhliain** | **5,532** | **(9,116)** | **(2,793)** | **2,359** | **7,938** |
| **CLÁR COMHARDAITHE** | | | | | |
| **Sócmhainní neamhreatha agus reatha** | | | | | |
| Maoin, innealra agus trealamh | **55,345** | 57,774 | 58,145 | 62,810 | 60,982 |
| Sócmhainní doláimhsithe | **3,986** | 5,663 | 4,252 | 7,968 | 4,772 |
| Sócmhainn phinsin | **199,374** | 188,652 | 180,590 | 147,714 | 150,816 |
| Fardail | **32,532** | 26,014 | 25,951 | 27,105 | 26,669 |
| Infheistíochtaí airgid agus leachtacha | **71,381** | 78,641 | 114,062 | 101,392 | 87,165 |
| Sócmhainní eile | **62,111** | 67,820 | 62,831 | 61,484 | 71,509 |
| **Iomlán na sócmhainní** | **424,729** | **424,564** | **445,831** | **408,473** | **401,913** |
| **Dliteanais neamhreatha agus reatha** | | | | | |
| Sochair fostaithe — athstruchtúrú | **-** | - | 7,392 | 8,792 | 13,411 |
| Sólathairtí | **44,089** | 41,034 | - | - | - |
| Dliteanais eile | **149,534** | 161,247 | 206,105 | 197,554 | 190,358 |
| Iomlán na ndliteanas | **193,623** | 202,281 | 213,497 | 206,346 | 203,769 |
| Cothromas | **231,106** | 222,283 | 232,334 | 202,127 | 198,144 |
| **Iomlán an chothromais agus na ndliteanas** | **424,729** | **424,564** | **445,831** | **408,473** | **401,913** |
| **SREABHADH AIRGID** | | | | | |
| Airgead tirim glan ginte/(ionsúite) ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin | **7,250** | (16,701) | 26,085 | 27,682 | 22,560 |
| Eis-sreabhadh airgid glan maidir le héadáil ar mhaoin, innealra, trealamh agus sócmhainní doláimhsithe | **(10,480)** | (13,116) | (9,682) | (11,629) | (8,178) |
| Glanfháltais ó dhíol maoine, innealra agus trealaimh | **6** | 62 | 15 | 77 | 20 |
| **FOSTAITHE** | | | | | |
| **Líon iomlán na bhfostaithe amhail an 31 Nollaig** | **1,853** | 1,836 | 1,868 | 1,871 | 1,866 |
| **FTE iomlán amhail an 31 Nollaig** | **1,740** | 1,734 | 1,735 | 1,755 | 1,758 |

Raidió Teilifís Éireann
Baile Átha Cliath 4, Éire.

RTÉ
Dublin 4, Ireland.

**T:** +353 1 208 3111
**F:** +353 1 208 3080

**E:** info@RTE.ie
www.RTE.ie

twitter.com/rte
linkedin.com/company/rte